EirGrid.ie

Tuarascáil um Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara 2025

Meastóireacht ar Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara Líonraí



EirGrid

Table of contents

01 Réamhrá 4

Maidir leis an tuarascáil seo 6
Brollach 8

02 Ár Straitéis um Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara an Líonra 10

Cé muid féin agus cad a dhéanaimid 12
Nasctha ar mhaithe le dul chun cinn 13
Ár Straitéis Chorparáideach 14
Ár straitéis um rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara 15
Ár luachanna 16
Ár bprionsabail rannpháirtíochta 17
Cén chaoi a n-oibrímid? 17
An speictream rannpháirtíochta 18
Príomhfhócais rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara 21
Cé hiad ár bpáirtithe leasmhara? 22
Ár rannpháirteachas le páirtithe leasmhara a fheabhsú 28
Buaicphointí 2025 34

Tabhair do d'aire, go dtagraíonn na hamlínte sa doiciméad seo don bhliain féilire:

C1 = Eanáir – Márta
C2 = Aibreán – Meitheamh
C3 = Iúil – Meán Fómhair
C4 = Deireadh Fómhair – Nollaig

03 Cás-Staidéir 38

Cás-staidéar a haon: Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath 41
Cás-staidéar a dó:Rannpháirtíocht iascach 44
Cás-staidéar a trí:An Clár Comhpháirteach um Oibreoir Córais 47
Cás-staidéar a ceathair:Suirbhé Ghrúpa Úsáideoirí Oibritheoir an Mhargaidh 49
Cás-staidéar a cúig:Cistiú Sochair Pobail na Bithéagsúlachta 52
Cás-staidéar a sé:Cleachtadh Faisnéise Margaidh 56
Cás-staidéar a seacht:Comhráite Ceilteacha 59

04 Tuarascálacha um Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara an Líonra 62

Tionscadail feabhsaithe eangaí agus rannpháirtíocht phoiblí 64
Custaiméirí agus naisc agus tionscadail nasctha 88
Beartas um Nasc Seasmhach (BNS) 98
An eangach agus an margadh a oibriú agus a fhorbairt 102
Rannpháirtíocht Eorpach, Rialtais agus beartais 114
Amach ón gcósta 128
Ár gcomhpháirtíocht le hÚinéir na Sócmhainní Tarchurtha (ÚST) 138
Ár gcomhpháirtíocht leis an Oibreoir Córais Dáileacháin (OCD) 146
Slándáil an tsoláthair 150
Taighde ar fhuinneamh 158
Inbhuanaitheacht 166
Pleanáil straitéiseach agus líonraí amach anseo 176


05 Aguisíní Comhairliúcháin 2025 182



Réamhrá



01



Maidir leis an tuarascáil seo

In 2018, thug an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) dreasacht nua isteach le haghaidh EirGrid (mar Oibritheoir Córais Tarchurtha), agus Líonraí BSL (mar Oibritheoir Córais Dáilte) i dtaca le rannpháirteachas le páirtithe leasmhara.

Is é is cuspóir don dreasacht seo, mar atá luaite ag an CRU, cultúir a chur chun cinn laistigh den Oibritheoir Córais Tarchurtha (OCT) agus den Oibritheoir Córais Dáilte (OCD) a chuireann páirtithe leasmhara (i.e. custaiméirí, gineadóirí, pobail áitiúla agus eile) i gcroílár an méid a dhéanann na cuideachtaí líonra. Cinntíonn sé sin go soláthraíonn na hOibritheoirí Córais torthaí ardcháilíochta do chustaiméirí fuinnimh agus don phobal i gcoitinne. Bhunaigh an CRU Painéal ina raibh ionadaithe ó pháirtithe leasmhara chun measúnú agus marcáil a dhéanamh ar EirGrid agus Líonraí BSL maidir le cáilíocht, dea-chur chun feidhme agus éifeachtacht a straitéise páirtithe leasmhara sa bhliain roimhe seo. Cinntear leis an scór sin an dreasacht airgeadais a fhaigheann na cuideachtaí, rud a imríonn tionchar díreach ar na hioncaim dreasachta a thuilltear.

Éilíonn an próiseas seo ar EirGrid ár straitéis agus ár soláthar maidir le rannpháirteachas cuimsitheach, cothrom le dáta le páirtithe leasmhara, ár gcainéil agus ár dtionscnaimh

chun rannpháirtíocht a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus tionchair dhearfacha inléirithe ar pháirtithe leasmhara, ar ghrúpaí páirtithe leasmhara nó ar an ngnó a léiriú.

Tugtar cuntas sa tuarascáil seo ar rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ó cheann ceann 2025, agus béim á leagan ar thorthaí na rannpháirtíochta sin. Tá rannpháirtíocht éifeachtach ríthábhachtach dár saothar, agus is trí mhachnamh ar rathúlacht na rannpháirtíochta sin a bheimid in ann ár gcur chuige a chur in oiriúint níos mó.

Rachaidh an t-aiseolas ó pháirtithe leasmhara ar fud an tionscail, na sochaí agus comhlachtaí reachtúla i bhfeidhm orainn go leanúnach, ionas gur féidir linn athrú dearfach a dhéanamh do chách.

An comhthéacs ina n-oibrímid

Téimid i dteagmháil go gníomhach le lucht déanta beartas, leis an tionscal agus leis an tsochaí ar gach leibhéal, ón leibhéal áitiúil go dtí an leibhéal Eorpach, i gcomhréir lenár gcuspóirí straitéiseacha agus le beartas Rialtais. Mar sin féin, is gnó rialáilte muid freisin, agus tarlaíonn ár rannpháirtíocht laistigh de thimpeallacht rialála. Lenár straitéis rannpháirtíochta soláthraítear na prionsabail agus na huirlisí chun a chinntiú, bímis ag caint lenár gcustaiméirí nó lenár bpobail áitiúla, go bhfuilimid soiléir faoinár n-oibleagáidí rialála agus ár gcuspóirí. Leis an bplean seo dírítear ar ár rannpháirtíocht laistigh dár sainchúram mar OCT agus is ceanglas é faoi PR5 CRU/20/154, Athbhreithniú Praghsanna CRU 5 Creat Rialála, Dreasachtaí agus Páipéar Cinnidh um Dhreasachtaí agus Tuairisciú, agus leanfaidh sé ar aghaidh faoi shocruithe Athbhreithniú Praghsanna 6 (PR6).

Straitéis Chorparáideach EirGrid

Tá tréimhse straitéis chorparáideach 2020-2025 EirGrid ag teacht chun deiridh anois. Tá a Straitéis Chorparáideach 2026–2030 a tabhairt chun críche ag EirGrid faoi láthair. Mar chuid d'fhorbairt na straitéise sin, tá EirGrid ag obair go dlúth le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go ngabhtar éilimh agus tuairimí páirtithe leasmhara agus go dtugtar san áireamh iad agus ár bpleananna á bhforbairt againn. Cuideoidh an straitéis chorparáideach nua seo lenár gcuid oibre a mhúnlú do na cúig bliana amach romhainn agus leagfaidh sí béim ar na príomhréimsí fócais don eagraíocht sa tréimhse seo.

Straitéis EirGrid um Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Le linn 2024, , chuir EirGrid feabhas mór ar ár ndoiciméadacht rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara chun é a dhéanamh i bhfad níos struchtúrtha agus níos mionsonraithe, agus ghlac ár bpáirtithe leasmhara go dearfach leis sin. In 2025, lean EirGrid dár straitéis um rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a fhorbairt i gcomhréir leis an straitéis chorparáideach thuasluaite. Tá an obair sin á cur i gcrích faoi láthair.



Errol Close
Príomhoifigeach Seirbhísí Corparáideacha ag Grúpa EirGrid

Is cúis áthais dom Tuarascáil ar Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara EirGrid 2025 a chur i láthair. Léirítear sa doiciméad seo ár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara in 2025 mar oibritheoir córais tarchurtha na hÉireann.

Tá fás tagtha ar an gclár oibre atá ar bun againn ar fud líonraí, margaí agus oibríochtaí i scála agus i gcastacht araon. Ní bhainfear é amach ach amháin trí rannpháirtíocht agus comhoibriú éifeachtach le páirtithe leasmhara ar fud na hearnála.

In 2025, chuir EirGrid roinnt tionscadail shuntasacha bonneagair ar aghaidh ar fud ár bPunainne Seachadta Líonra, agus béim ar leith ar ár gcláir agus tionscadail bhonneagair is mó tosaíochta, ar sainaithníodh mar na cinn a chuir na tairbhí is mó ar fáil don eangach agus dár bpáirtithe leasmhara.

Chonacthas dul chun cinn mór ar ár gClár Baile Átha Cliath a Chumhachtú, agus ceithre phríomhthionscadal á dtabhairt ar láimh chuig ár gcomhpháirtí seachadta Líonraí BSL. Sheolamar gníomhaíochtaí rannpháirtíochta poiblí freisin dár gcláir An tlarthuaisceart a Chumhachtú agus Cill Mhantáin a Chumhachtú, rud a threiseoidh an t-eangach, a chomhtháthóidh tuilleadh fuinnimh in-athnuaite, agus a shásóidh éileamh méadaitheach ar leictreachas sa réigiún, chun tacú le fás agus forbairt eacnamaíoch.

Bhain ríthábhacht lenár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ar fud an Chósta Theas ó cheann ceann na bliana chun ceadú do EirGrid príomhthionscadail idirnasctha a chur ar aghaidh lena n-áirítear Tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh agus Céim 2 den tionscadal Tonn Nua. Mar chuid den obair sin, bhí dlúth-chomhoibriú EirGrid le páirtithe leasmhara mara ríthábhachtach, agus cumasaíodh leis freisin réitigh éagsúla a chomhchruthú.

Rinne EirGrid méid suntasach dul chun cinn freisin maidir lenár gclár Margaí Straitéiseacha roimh ath-lánpháirtiú an Mhargaidh Leictreachais Aonair le margaí níos leithne leictreachais na hEorpa, ar chríochnú an Idirnascaire Cheiltigh. Is bealach tábhachtach iad ár gCeardlanna Tionscail maidir le Margaí na Todhchaí le haghaidh comhoibrithe le hionadaithe tionscail agus cuireann siad nuashonruithe ar fáil faoin gclár.

I dteannta an méid thuas, ba phríomhfhócas do 2025 é Straitéis Chorparáideach Ghrúpa EirGrid 2026-2030 (a bheidh le seoladh in R1 2026). Bhain an próiseas seo le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ar fud na hearnála chun eolas a chur ar fáil d'fhorbairt na straitéise agus chun a chinntiú go ngabhfaí a gcuid riachtanas agus tuairimí.



Ina theannta sin, bhí EirGrid rannpháirteach le CRU agus le príomhpháirtithe leasmhara eile ó cheann ceann na bliana maidir leis an bpróiseas AP6, ar foilsíodh an cinneadh deiridh ina leith i mí na Nollag 2025. Beidh cistiú AP6 ríthábhachtach le EirGrid a chumasú chun méid bonneagair nach bhfacthas riamh roimhe seo a sheachadadh sna blianta amach romhainn, rud a thacóidh le beartas an Rialtais a sheachadadh i bpríomhlimistéir amhail tithíocht, aeráid agus tionscal.

Trí thosaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ar fud ár gclár oibre go léir, tá sé mar aidhm againn a chinntiú go mbeidh an deis ag páirtithe leasmhara ár gcinnteoireacht a mhúnlú.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil libh as an rannpháirtíocht luachmhar ar fad le linn 2025 agus táim ag tnúth le comhoibriú leanúnach amach anseo.



Ár Straitéis um Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara an Líonra



02

Cé muid féin agus cad a dhéanaimid

Is é EirGrid, mar Oibritheoir Córais Tarchurtha, a fhorbraíonn, a bhainistíonn agus a oibríonn an eangach tarchurtha in Éirinn. Iompraíonn an eangach cumhacht ón áit a ngintear í go dtí an áit a dteastaíonn sí. Tá EirGrid ar thús cadhnaíochta freisin maidir le haistriú slán na heangaí leictreachais chuig todhchaí ísealcharbóin inbhuanaithe.

Tugann an eangach cumhacht don tionscal agus do ghnólachtaí a úsáideann méideanna móra leictreachais. Tugann sé cumhacht freisin don líonra dáileacháin, atá á reáchtáil ag Líonraí BSL, a sholáthraíonn an leictreachas a úsáidtear i dtithe, i ngnólachtaí, i scoileanna, in ospidéil agus i bhfeirmeacha.

Táimid á rialú mar sholáthraí seirbhíse monaplachta. Déanaimid ár seirbhísí ar mhaithe le gach úsáideoir leictreachais agus chun tacú leis an ngeilleagar. Cinntímid go mbíonn leictreachas ar fáil i gcónaí nuair a bhíonn gá leis agus san áit a bhfuil gá leis, gach soicind de gach lá, agus go ceann blianta fada amach romhainn. Déanaimid an costas seo go héifeachtach agus ar mhaithe le gach úsáideoir leictreachais.

Is é EirGrid, mar Oibreoir Margaidh in Éirinn, i gcomhpháirt le SONI, mar Oibreoir Margaidh i dTuaisceart Éireann, a reáchtálann an margadh mórdhíola leictreachais uile-oileáin (An Margadh Leictreachais Aonair) tríd an gcomhfhiontar conarthach Oibritheoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEMO), rud a chinntíonn go mbíonn cumhacht iontaofa ag úsáideoirí leictreachais i gcónaí ar phraghas iomaíoch. Déanaimid é sin ar an mbealach is éifeachtaí is féidir ó thaobh costais de, ar mhaithe le gach úsáideoir leictreachais. Tá Oibritheoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEMO), comhfhiontar idir SONI agus EirGrid, freagrach as an margadh leictreachais aonair a riar agus a shocrú.


I mí Dheireadh Fómhair 2022, rinne an Rialtóir Fóntais (RF) agus CRU faoi seach SONI agus EirGrid a athainmniú mar Oibritheoir Ainmnithe sa Mhargadh Leictreachais (OAML) i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn faoi seach. Soláthraíonn na OAMLanna, ag obair le chéile mar SEMOpx, ceantanna lá roimh ré agus socraíocht cúplála ionlae maidir le trádáil sa Mhargadh Leictreachais Aonair.

Leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Rialtas na hÉireann, cuirtear cumhacht ghaoithe amach ón gcósta i gcroílár thiomantas an Stáit 80% dár leictreachas a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite i gcomhréir le spriocanna an Rialtais. Tá sé de chúram ar EirGrid an bonneagar eangaí tarchurtha amach ón gcósta a fhorbairt, a oibriú agus úinéireacht a bheith aige air, rud a thabharfaidh an chumhacht a ghineann feirmeacha gaoithe amach ón gcósta isteach inár n-eangach leictreachais náisiúnta.

Tá EirGrid freagrach as idirnaisc le heangacha comharsanacha a fhorbairt agus a oibriú, amhail leis an Eangach Náisiúnta sa Ríocht Aontaithe tríd an Idirnascaire Thoir Thiar. Tá idirnaisc ar bun againn amach anseo le Tuaisceart Éireann (tríd an Idirnascaire Thuaidh Theas) agus leis an bhFrainc (tríd an Idirnascaire Ceilteach). Cumasaímid freisin idirnaisc arna bhforbairt agus arna n-oibriú ag tríú páirtithe, amhail an tIdirnascaire Greenlink. Tugaimid dár n-aire go gcuirtear uaillmhianta maidir le hidirnascadh breise thar na cinn atá ann cheana agus atá á dtógáil in iúl i Ráiteas Beartais Náisiúnta an Rialtais maidir le hIdirnascadh Leictreachais 2023.

Nasctha ar mhaithe le dul chun cinn

Ag EirGrid, téimid i dteagmháil go réamhghníomhach leis an tsochaí, leis an tionscal agus le páirtithe leasmhara reachtúla ar fud na hÉireann agus mhór-roinn na hEorpa. Tá comhoibriú bunúsach chun ligean do EirGrid ár spriocanna a bhaint amach agus athrú dearfach a spreagadh do chách ag an am céanna.




Ár Straitéis Chorparáideach

Teastaíonn níos mó leictreachais ó Éirinn, agus ní mór dó a bheith níos glaine. Tá ról ar leith ag EirGrid maidir leis an gcóras cumhachta a athrú agus maidir le hÉirinn a bheith réidh don fhuinneamh in-athnuaite.

Bhí bonn eolais ag ár straitéis 2020-25 ó spriocanna athraithe aeráide agus ar an idirthréimhse is gá chuig todhchaí ísealcharbóin in-athnuaite. Chun go n-oibreoidh an straitéis agus chun na spriocanna sin a bhaint amach, tá gá le heangach leictreachais níos láidre agus níos solúbtha.

Ciallaíonn sé seo níos mó piolóin, níos mó línte lasnairde, níos mó fostáisiúin agus níos mó cáblaí faoi thalamh. Chun ár leictreachas a dhaingniú sa lá atá inniu ann agus chun todhchaí chobhsaí a chinntiú do na glúnta atá le teacht.

Tá a Straitéis Chorparáideach 2026–2030 a tabhairt chun críche ag EirGrid faoi láthair. Mar chuid d'fhorbairt na straitéise sin, tá EirGrid ag obair go dlúth le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go ngabhtar éilimh agus tuairimí páirtithe leasmhara agus go dtugtar san áireamh iad agus ár bpleananna á bhforbairt againn. Cuideoidh an straitéis chorparáideach nua seo lenár gcuid oibre a mhúnlú do na cúig bliana amach romhainn agus leagfaidh sí béim ar na príomhréimsí fócais don eagraíocht sa tréimhse seo. Foilseofar ár straitéis nua in 2026.



Ár Straitéis Chorparáideach 2020-25.

Ár straitéis um rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara

Tá rannpháirteachas éifeachtach le páirtithe leasmhara riachtanach chun ligean do EirGrid an córas cumhachta a athrú ó bhonn do na glúnta atá le teacht agus tá sé mar chuid dár straitéis chorparáideach trí na spriocanna tacaíochta seo a leanas:

Ag obair le páirtithe leasmhara ar son athrú dearfach agus dul i mbun rannpháirtíochta ar mhaithe le torthaí níos fearr do chách

Aithnímid an gá atá le comhoibriú agus idirphlé oscailte lenár bpáirtithe leasmhara go léir chun ár spriocanna a bhaint amach. Chomh maith le teagmháil a dhéanamh leo siúd a mbíonn tionchar ag an méid a dhéanaimid orthu, oibrímid gach lá leo siúd a bhfuil sócmhainní tarchurtha eangaí acu agus a thógann iad. Faighimid treoir ón Rialtas agus ó na rialtóirí, agus oibrímid i gcomhpháirtíocht leo chun beartas Rialtais a bhaint amach.

Feabhas a chur ar an eangach agus ar an margadh uile-oileáin

Chun a chinntiú go bhfuil oibriú agus forbairt an chórais chumhachta agus an mhargaidh sábháilte, slán agus iontaofa, téimid i mbun oibre ó lá go lá agus comhoibrímid go rialta lenár gcustaiméirí, le comhlachtaí ionadaíocha tionscail agus le príomhpháirtithe leasmhara eile. Trí rannpháirtíocht rialta, thráthúil agus éifeachtach na bpáirtithe leasmhara, tá sé mar aidhm againn ár seirbhísí a sholáthar ar bhealach a léiríonn éifeachtúlacht agus nuálaíocht araon.



Ár luachanna

Tá rannpháirtíocht éifeachtach ríthábhachtach do gach uile fheidhm ar fud ár n-eagraíochta agus tá luachanna EirGrid mar bhonn taca léi. Léiríonn na luachanna seo ár meon agus ár gcur chuige agus muid ag dul i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara go léir chomh maith lena chéile.

01

Táimid trédhearcach

Táimid oscailte, ionraic agus réamhghníomhach inár gcumarsáid.

Leis an Trédhearcacht, cothaítear **Muinín**

02

Táimid comhoibríoch

Oibrímid lenár gcomhghleacaithe agus lenár bpáirtithe seachtracha chun torthaí a bhaint amach dár bpáirtithe leasmhara

Leis an gComhoibriú, gintear **Rath**

03

Táimid freagrach

Táimid muiníneach as ár gcuid inniúlachtaí agus soiléir maidir lenár gcuid teorainneacha

Leis an **bhFreagracht**, cumasaítear cumasú

04

Táimid uaillmhianach

Cuirimid brú orainn féin ár gcuspóirí a chur i gcrích.

Leis an **Uaillmhian**, seachadtaítear Feidhmíocht

Ár bprionsabail rannpháirtíochta

D'fhorbraíomar prionsabail rannpháirtíochta EirGrid chun bonn eolais a chur faoi thorthaí níos fearr inár gcinnteoireacht.

Tá na prionsabail seo mar bhonn ag gach rannpháirtíocht leis an tionscal, le custaiméirí, le pobail agus le baill den phobal.

Fiúntach

Rannpháirt a thabhairt do pháirtithe leasmhara a luaithe agus is féidir.

Ionchuimsitheach

Eolas a thabhairt i dteanga shimplí, inrochtana

Comhsheasmhach

Dóthain ama a thabhairt do dhaoine chun a gcuid tuairimí a nochtadh

Comhoibríoch

Dóthain deiseanna soiléire a chur ar fáil don rannpháirtíocht

Cómhálartach

Cinntí agus tosca a dhéanann difear do na cinntí sin a mhíniú

Soiléir

Cumarsáid a dhéanamh le gach duine a bhí i dteagmháil linn agus míniú conas a rinne an t-aiseolas difear don chinneadh deiridh

Cén chaoi a n-oibrímid?

Ar fud ár gcuid oibre ar fad, bíonn deiseanna ag páirtithe leasmhara tionchar a imirt ar ár gcinntí ar bhealaí éagsúla.

Cé gur minic a bhíonn tosca rialála nó tosca eile ann bainteach leis an gcinnteoireacht, táimid oscailte don chomhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara, agus is mian linn an comhar sin a spreagadh go gníomhach, chun réitigh agus cuir chuige nua a fhorbairt le chéile.



An speictream rannpháirtíochta

Is uirlis é an speictream rannpháirtíochta a úsáidimid go coitianta chun na cineálacha éagsúla cur chuige i leith rannpháirtíochta a chatagóiriú. Cuireann sé ar ár gcumas tuiscint a fháil ar conas is féidir tionchar a imirt ar chinneadh agus na modhanna is fearr a roghnú le haghaidh rannpháirtíocht éifeachtach páirtithe leasmhara. Tá sé tábhachtach go mbeimid soiléir lenár bpáirtithe leasmhara faoin leibhéal tionchair is féidir a imirt ar aon ábhar chun a chinntiú go bhfuil comhthuiscint againn ar chuspóir ár rannpháirtíochta agus go mbíonn rannpháirtíochtaí trédhearcach i gcónaí.

01 Eolas a Thabhairt

- Eolas inrochtana
- Feachtais feasachta poiblí
- Feachtais sna meáin
- Litreacha agus ríomhphoist chuig páirtithe leasmhara
- Bróisiúir agus nuacht maidir le tionscadail

02 Comhairle

- Comhairliúcháin fhoirmiúla
- Suirbhéanna
- Grúpaí fócais
- Imeachtaí

03 Rannpháirtíocht

- Cruinnithe déthaobhacha
- Fóraim Phobail
- Ceardlanna tionscail
- Ceardlanna poiblí
- Fóraim maidir le bonneagar
- Grúpaí Úsáideoirí Oibritheoirí an Mhargaidh
- Comhdhálacha
- Cruinnithe duine le duine
- Plé rannpháirtíoch m.sh. laethanta oscailte/lá le haonad eolais móibíleach

04 Comhoibriú

- Comhairle Chomhairleach Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú
- Grúpaí stiúrtha, ceardlanna agus tascfhórsaí
- Cláir Chomhpháirtíochta Oibre
- Comhoibriú suntasach le heintitis na hEorpa agus OCTanna eile
- Rannpháirtíocht thráthúil le húdaráis áitiúla
- Comhpháirtíochtaí scoile agus oideachais (lena n-áirítear urrúíochtaí)
- Rannpháirtíocht rialta leis an lucht acadúil
- Bainistiú saincheisteanna cuntasaíochta

Bíonn cur chuige EirGrid le rannpháirtíocht curtha in oiriúint i gcónaí. Déanaimid machnamh ar na leibhéil éagsúla tuisceana teicniúla ar na páirtithe leasmhara atá rannpháirteach chomh maith le cineál an tionscadail nó an tionscnaimh.

I gcás gach príomhthionscadail nó príomhthionscnaimh, bainimid úsáid freisin as plean rannpháirtíochta saincheaptha ina sainaithnítear na bealaí a úsáidfimid chun faisnéis a chur ar fáil dár bpáirtithe leasmhara. D'fhéadfadh na bearta seo a leanas bheith ina measc:

- Teagmháil dhíreach le custaiméirí agus le páirtithe leasmhara trí ríomhphost agus ar an bhfón
- Bróisiúir agus nuashonruithe tionscadail a chur ar fáil trí ríomhphost, suíomh gréasáin agus seachadadh díreach
- Fóraim phobail a bhunú do gach mórthionscadal eangaí
- Rannpháirtíocht ghníomhach i gcomhdhálacha tionscail / trádála a théann i dteagmháil go díreach le forbróirí agus soláthraithe
- Fóraim, meithleacha agus ceardlanna tionscail a óstáil agus páirt a ghlacadh iontu
- Fógraíocht sa phreas áitiúil agus náisiúnta
- Faisnéis a chur ar fáil tríd ár suíomh gréasáin
- Fógraíocht agus aimpliú ar chainéil meán sóisialta EirGrid
- Fógraíocht ar ardáin dhigiteacha eile
- Litreacha chuig úinéirí talún agus comhlachtaí reachtúla
- Urlabhraithe a chur ar fáil le haghaidh plé ar na meáin chraolta (náisiúnta agus réigiúnach)
- Urlabhraithe a chur ar fáil le haghaidh plé ar na meáin chlóite (náisiúnta agus réigiúnach)
- Seimineáir ghréasáin a stiúradh
- Suirbhéanna ar chustaiméirí





Príomhfhócais rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara

Tá rannpháirteachas éifeachtach le páirtithe leasmhara dírithe ar a chinntiú go mbíonn an deis ag na daoine a mbíonn tionchar ag ár gcuid oibre orthu tionchar a imirt ar thoradh sula ndéantar cinneadh, agus iad ar an eolas faoi oibleagáidí rialála EirGrid ag an am céanna.

Trí dhul i dteagmháil go gníomhach lenár bpáirtithe leasmhara go léir, tá sé mar aidhm ag EirGrid an méid seo a leanas a chur ar fáil:





01

Deiseanna rialta agus tráthúla don chumarsáid agus don chomhoibriú

02

Trédhearcacht maidir le cinnteoireacht





03

Deiseanna chun saincheisteanna a réiteach, chun bearnaí a aimsiú agus chun comhpháirtíocht a mhéadú

04

Seachadadh nuálach agus éifeachtúil seirbhíse (ar fud na heangaí agus an mhargaidh)



Cé hiad ár bpáirtithe leasmhara?

Tá timpeallacht páirtithe leasmhara EirGrid dinimiciúil i bhfianaise na n-athruithe leanúnacha a tharlaíonn san éiceachóras fuinnimh. Trí riachtanais, éilimh agus leasanna athraitheacha na bpáirtithe leasmhara a aithint agus a thuiscint, is féidir linn ár rannpháirtíochtaí a fheabhsú trí na gníomhaíochtaí a chur in oiriúint chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na bpáirtithe leasmhara. Chun ionchuimsitheacht a chur chun cinn, déanaimid an cleachtadh mapála sin ag leibhéal gráinneach, rud a chinntíonn go ngabhaimid ár bpáirtithe leasmhara uile. I measc na bpáirtithe leasmhara áirítear:

Earnáil na tionsclaíochta

Cuimsíonn ár gcustaiméirí iad siúd atá nasctha go díreach leis an gcóras tarchurtha. Gineann roinnt custaiméirí leictreachas ó gnáthfhoinsí nó ó fhoinsí in-athnuaite. Tá éileamh ard ar leictreachas ag custaiméirí eile, nach féidir ach leis an gcóras tarchurtha a sholáthar. Soláthraíonn Ballstáit eile na seirbhísí riachtanacha chun an córas tarchurtha a oibriú, amhail taobh an éilimh agus aonaid stórála. Soláthraíonn custaiméirí idirnascaire seirbhísí fuinnimh agus córais do chórais leictreachais eile. Téimid i dteagmháil freisin leis na soláthróirí leictreachais agus leis na páirtithe leasmhara a bhfuil leas acu in oibriú agus i bhfeabhsú an chórais tarchurtha.

Tá sé mar aidhm ag EirGrid seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar do chustaiméirí agus do pháirtithe leasmhara an tionscail eile laistigh dár srianta rialála. Tugaimid freagra ar réimse leathan riachtanas ar fud na hearnála mórdhíola fuinnimh in Éirinn. Aithnímid go bhfuil go leor dár gcustaiméirí ríthábhachtach chun 80% de riachtanais leictreachais na hÉireann a bhaint amach ó fhoinsí in-athnuaite agus ó chóras leictreachais ísealcharbóin tríd an méid seo a leanas:

- Giniúint leictreachais
- Stóráil Leictreachais
- Soláthróirí leictreachais,
- Idirnasc
- Teicneolaíochtaí breise
- Soláthar na seirbhísí riachtanacha chun an córas a oibriú go slán, go háirithe ag amanna ina mbíonn dul i bhfód mór ar ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite.

Leis an Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí agus le 'Ráiteas Beartais an Rialtais maidir leis an gCreat le haghaidh Chóras Tarchur Eischósta Leictreachais na hÉireann',' cuireadh de chúram ar EirGrid eangach nua leictreachais amach ón gcósta a fhorbairt agus úinéireacht a bheith aici uirthi. Tugtar isteach leis sin raon níos éagsúla fós de pháirtithe leasmhara a mbeidh EirGrid rannpháirteach leo sna blianta amach romhainn. Cuirfidh EirGrid leis an gcaidreamh atá ann cheana le forbróirí feirmeacha gaoithe amach ón gcósta, le heagraíochtaí sa slabhra soláthair, le gnólachtaí innealtóireachta, le sainchomhairleachtaí, le gníomhaireachtaí Rialtais agus leis an Meitheal Oibre ar Bhia Mara agus ar Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta chun eangach nua leictreachais amach ón gcósta a fhorbairt agus a sheachadadh. Tá rannpháirtíocht le custaiméirí agus le páirtithe leasmhara tionscail eile tábhachtach dúinn chun cruth a chur ar an gcaoi a bhfreastalaímid ar riachtanais athraitheacha ár gcustaiméirí, agus ar an gcaoi a ndéanaimid an córas tarchurtha a phleanáil, a fhorbairt agus a oibriú.

Reachtúil agus eile

Bímid i dteagmháil le:

- Gnólachtaí,
- An Saol Acadúil,
- Eagraíochtaí ionadaíocha an tionscail,
- ENRanna agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha,
- Údaráis pholaitiúla, agus
- Comhlachtaí reachtúla agus comhlachtaí stáit eile ar gach leibhéal.

Cuidíonn sé seo linn léargas a fháil orthu siúd a bhfuil spéis ar leith acu inár bpleananna nó i saincheist ar leith. Cinntíonn sé freisin go bhfuilimid ag plé leis an mbeartas a théann i bhfeidhm ar ár n-oibríochtaí agus dá bhrí sin ar ár gcustaiméirí.

Téimid i dteagmháil le go leor grúpaí sainleasa ar fud go leor réimsí ar nós an chomhshaoil, na turasóireachta agus na hoidhreachta. Chomh maith leis sin, téimid i dteagmháil leis na ranna Rialtais ábhartha ar bhonn rialta.

An tSochaí

Cuireann EirGrid pobail i gcroílár ár gcinnteoireachta agus bonneagar eangaí á sholáthar againn. Nuair a smaoinímid ar fhorbairt eangaí, téimid i gcomhairle le húinéirí talún áitiúla, le pobail áitiúla a bhféadfadh tionchar a bheith acu orthu agus leis an bpobal i gcoitinne. Áirítear leis seo:

- Úinéirí talún nó cuideachtaí aonair ar leo talamh,
- Baill de phobail áitiúla,
- Gnólachtaí agus grúpaí, agus
- Údaráis áitiúla agus ionadaithe tofa.

Tá gá le hathrú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar an eangach suas go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin. Chun tacú leis sin, tá méadú comhréireach déanta againn ar ár rannpháirtíocht le húinéirí talún agus le pobail. Is príomhthosaíocht leanúnach é foghlaim conas is fearr fás agus feabhas a chur ar ár gcuid oibre.


Agus muid ag leanúint de bheith ag obair i dtreo spriocanna rialtais, beidh orainn leanúint de bhonneagar eangaí nua a fhorbairt — de bhreis ar mar a rinneadh le deich mbliana anuas. Tá sé tábhachtach go bhfaighimis tacaíocht ó úinéirí talún aonair, óna gcomharsana, agus óna bpobail níos leithne sna réimsí ina bhfuil bonneagar straitéiseach á sholáthar againn. Tá rannpháirtíocht luath ríthábhachtach chun a áirithiú go n-éistfear le hábhair imní daoine. Déanaimid ár ndícheall i ngach cás oibriú go dlúth le páirtithe leasmhara chun a chinntiú, nuair is féidir, go ndéanfaimid na tionscadail is insoláthartha a bharrfheabhsú trí rannpháirtíocht le pobail áitiúla.


Liosta na bpáirtithe leasmhara

Tá roinnt samplaí de na páirtithe leasmhara is minice a mbímid ag dul i dteagmháil leo liostaithe sa tábla thíos. Tá lucht féachana difriúil ag gach rannpháirtíocht agus níl aon ord tosaíochta ann. Ní féidir tátal tábhachta a bhaint as ord an liosta. Tá an liosta seo neamh-uileghabhálach.

	Grúpa Páirtithe Leasmhara	Lena n-áirítear
TIONSCAL	**Custaiméirí**	Gineadóirí, idirnascairí, úsáideoirí móra fuinnimh, soláthróirí fuinnimh, comhbhailitheoirí ar thaobh an éilimh, soláthraithe stórála fuinnimh
	Tionscal an Fhuinnimh	Oibritheoir Córais Dáilte (OCD), Úinéir na Sócmhainní Tarchurtha (ÚST), Líonraí Gáis Éireann,, Grúpaí Ionadaíocha Tionscail, Grúpaí Ionadaíocha Earnála, Forbróirí, Soláthraithe
	Oibreoirí Córais Tarchurtha (OCTanna)	Réseau de Transport d'Électricité (RTE), an tOibreoir Náisiúnta Oibritheoir Córais Fuinnimh (NESO) agus eile
	Comhlachtaí Tionscail	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, Comhlachas Meiriceánach, Comhlachas na hÉireann, Comhlachas na Fraince, Comhlachais na Breataine-na hÉireann, Gnó i bPobal na hÉireann, Fuinneamh Gaoithe na hÉireann, Cumann Fhuinneamh Gréine na hÉireann
AN tSOCHAÍ	**Pobail, úinéirí talún, Ionadaithe Tofa, Eagraíochtaí Deonacha & Pobail**	Pobail a bhfuil mórthionscadail bhonneagair,ionadaithe tofa agus eile
	Comhpháirtithe Oideachais, Tomhaltóirí Leictreachais, Saoránaigh Fuinnimh, an Pobal	Rannpháirtíochtaí agus comhpháirtíochtaí sochaíocha níos leithne
REACHTÚIL	**Rialtas agus Gníomhaireachtaí Rialtais**	Ranna ábhartha agus gníomhaireachtaí ábhartha
	An tAontas Eorpach (AE)	An Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa, An Chomhairle Eorpach
	Boird Chomhairleacha an Rialtais	**Éire:** An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide, an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach, an Chomhairle Oidhreachta. **RA:** An Coiste um Athrú Aeráide
	Údaráis Áitiúla	Comhairlí áitiúla, údaráis phleanála, Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae (CCMA)
	Gníomhaireachtaí poiblí	Gníomhaireachtaí poiblí ábhartha
	Bonneagar	Iarnród Éireann, Bonneagar Iompair Éireann, Uisce Éireann, an Oifig um Bainistiú Bóithre (RMO),

Grúpa Páirtithe Leasmhara	Lena n-áirítear
Rialáil	An Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU), An Coiste um Mhargadh Leictreachais Aonair (SEM),Údarás Rialála an Limistéir Mhuirí (MARA) an Oifig um an Margadh Gáis agus Leictreachais (OFGEM), Coimisiún Rialála Fuinnimh na Fraince (CRE) URNI (Rialtóir Fóntais Thuaisceart Éireann), Coimisinéirí Shoilse na hÉireann
Na meáin	Meáin chlóite (réigiúnach agus náisiúnta), meáin chraolta (réigiúnach agus náisiúnta), trádáil, airgeadas, feirmeoireacht, muirí, digiteach agus sóisialta
ENRanna	Cairde na Cruinne, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (FAÉ), Líonra Comhshaoil na hÉireann, SciFest, Nuálaithe Sóisialta Óga (NSÓ), Clár na Scoileanna Glasa de chuid An Taisce
Comhpháirtithe Teicneolaíochta	Soláthraithe teicneolaíochta tríú páirtí a chruthaíonn, a choinníonn ar bun agus a thacaíonn leis na réitigh agus na seirbhísí teicneolaíochta crua-earraí agus bogearraí lena gcumasaítear na hoibríochtaí eangaí agus margaidh atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo
Meithleacha Machnaimh, Institiúidí Taighde agus Beartais	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) an Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha(IIEA), an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA), Lárionad Beartais na hEorpa (EPC), An Institiúid Taighde um Chumhacht Leictreach (EPRI), Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI), an Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC), CIGRE (an Chomhairle Idirnáisiúnta um Mhórchórais Leictreacha)
An Saol Acadúil	Ollscoileanna agus comhlachtaí taighde
Institiúidí Cairte	Innealtóirí na hÉireann, Cuntasóirí Cairte, Institiúid um Pleanáil, Institiúid na hInnealtóireachta agus na Teicneolaíochta
Neamhpholaitiúil – An Eoraip	Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E), Comhordú Oibreoirí na gCóras Leictreachais, Suiteálaithe Gáis Cláraithe, an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI), Oifig Chomh-leithdháilte, European Subsea Cable Association, ACER


Ár gCuid Páirtithe Leasmhara
Earnáil na Tionsclaíochta
Reachtúil
Eile
Sochaí
Custaiméirí
Forbróirí
Grúpaí Fuinnimh In-athnuaite
Grúpaí Ionadaíochta na hEarnála
Úsáideoirí Leictreachais
Tionscal an Fhuinnimh
Oibreoirí an Chórais Tarchurtha
SEMO
Rialtas
Gníomhaireachtaí an Rialtais
CRU
OCD
Gníomhaireachtaí Poiblí
Soláthraithe eile bonneagar reachtúil
Údaráis Áitiúla
Boird Chomhairleacha an Rialtais
Institiúidí/ Eagraíochtaí Airgeadais
Slabhra an tSoláthair
Lucht Acadúil
Institiúidí an Rialtais
Eagraíochtaí Neamhrialtasacha
Fostaithe
Eorpacha lena n-áirítear ENTSO-E
Meithleacha Machnaimh, Institiúidí Taighde agus Beartais
Comhpháirtithe Oideachais
Eagraíochtaí Deonacha agus Pobail
Ionadaithe Tofa
Úinéirí Talún
Tomhaltóirí Leictreachais
Saoránaigh Fuinnimh
An Pobal i gCoitinne
Pobail




EirGrid
EirGrid
EirGrid
EirGrid

Ár rannpháirteachas le páirtithe leasmhara a fheabhsú

Déanann[1] Painéal NSEE measúnú bliantúil ar fheidhmíocht EirGrid OCT i dtaca le hAthbhreithniú Praghsanna 5 (AP5) ar Dhreasacht um Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara.

Agus machnamh á dhéanamh againn ar ár gcur chuige i leith an phlean seo, chuireamar san áireamh aiseolas agus moltaí Phainéal na Meastóireachta ar Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara sa Líonra don OCT (mar a dhoiciméadaítear i dTuarascáil Chlabhsúir 2024) agus muid ag leanúint lenár straitéis agus gníomhaíochtaí um rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a fhorbairt agus a neartú.

Chuireamar i dtábhacht cuid de na príomhthionscnaimh a bhfuil EirGrid ag obair orthu cheana féin, atá ábhartha do na moltaí seo, thíos:

Ag forbairt ár gcur chuige i leith rannpháirteachas le páirtithe leasmhara

Bheadh tuilleadh faisnéise maidir le tagarmharcáil úsáideach chun dearcadh níos fearr a fháil ar an obair rannpháirtíochta atá a cur i gcrích ag EirGrid. Ba cheart tagarmharcáil inmheánach a dhéanamh go soiléir chun comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht agus méadrachtaí agus cleachtais laistigh den OCT chun cuidiú le dea-chleachtais agus réimsí feabhais a shainaithint. Bheadh sé tairbheach don tuarascáil doiciméadú a dhéanamh má tá an rannpháirtíocht ag teacht leis an dea-chleachtas. Bheadh sé sin ina chuidiú go háirithe i dtaca le tagarmharcáil idirnáisiúnta agus malartú eolais.

De réir mar a leanaimid orainn ag cur feabhas ar eispéireas na bpáirtithe leasmhara, tá EirGrid ag plé go réamhghníomhach le OCTanna eile, ní hamháin ar fud na hEorpa ach ar scála domhanda, chun léargais a roinnt maidir le dea-chleachtas um rannpháirteachas le páirtithe leasmhara. Agus ár straitéis chorparáideach nua agus cur chuige chomhfhreagrach rannpháirtíochta páirtithe leasmhara á forbairt againn, tabharfaimid na breathnóireachtaí sin san áireamh.

Moladh don OCT a bheith níos sonraithe faoin gcaoi a n-úsáidtear sásraí chun páirtithe leasmhara a choinneáil ar an eolas agus faoin gcaoi a ndéantar monatóireacht agus tuairisciú ar fhreagraí in EirGrid. Ina theannta sin, bheadh sé úsáideach a fheiceáil conas a dhéantar monatóireacht agus tuairisciú ar mheicníochtaí rannpháirtíochta sa chuideachta agus trasna sruthanna oibre éagsúla, mar shampla, an mbaintear úsáid as ceachtanna oibre i réimse amháin le haghaidh tionscadail eile.

De réir mar a leanaimid de bheith ag forbairt straitéis rannpháirteachais le páirtithe leasmhara EirGrid, ceann dár bpríomhfhócas is ea comhsheasmhacht agus soiléireacht a chinntiú inár rannpháirtíochtaí uile. Mar shampla, lean EirGrid de Cheardlanna an Mhargaidh Chumhachta don Todhchaí a fheabhsú agus bhí na rannpháirtithe sásta leo. Mar thoradh air sin, tá EirGrid ag léiriú go leor de na feabhsuithe sin i réimsí eile den ghnó faoi láthair, lena n-áirítear an Grúpa Úsáideoirí Oibríochtaí Margaidh (MOUG).

1 Leagtar amach mionsonraí maidir le Dreasacht um Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara AP5 den EirGrid OCT in Cuid 7.7 de CRU/20/154, CRU/20/154, Creat Rialála, Dreasachtaí agus Páipéar Cinnidh Tuairiscithe AP5 de chuid CRU.

Moladh freisin go bhféadfadh EirGrid measúnuithe neamhspleácha rialta ar mheon nó ar mhuinín a dhéanamh le grúpaí páirtithe leasmhara.

Fad is atá ár straitéis chorparáideach nua á forbairt, mar aon le cur chuige comhfhreagrach i ndáil le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, tugann EirGrid dá aire an moladh seo chun measúnú rialta ar dhearcadh nó iontaoibh a dhéanamh.

I mí na Bealtaine 2025, thug foireann Rannpháirtíochta Páirtithe leasmhara cuireadh do Rannpháirtithe sa Mhargadh a n-aiseolas a roinnt tríd ár gcéad suirbhé ar Ghrúpa Úsáideoirí na nOibreoirí Margaidh (MOUG). Fuaireamar aiseolas dearfach agus moltaí luachmhara, ar féidir go leor díobh a thabhairt ar aghaidh chuig cruinnithe amach anseo. Comhroinneadh torthaí an tsuirbhé ag cruinniú Mheabhrán Comhthuisceana mhí Mheán Fómhair anseo.

Amach anseo, tá sé beartaithe againn tuilleadh suirbhéanna a eisiúint chun leanúint d'aiseolas na rannpháirtithe a bhailiú agus chun a chinntiú go léireofar a gcuid moltaí sna cruinnithe atá ar na bacáin. Ar a sheal féin, cuideoidh sé sin lenár rannpháirtíocht le rannpháirtithe margaidh a neartú agus caidreamh comhoibríoch láidir a thógáil.

Le tuilleadh faisnéise a fháil faoi shuirbhé GÚOM do rannpháirtithe agus faoi na torthaí, féach an chuid den tuarascáil seo faoin gCás-staidéar.

Rannpháirtíocht phoiblí EirGrid

Maidir le rannpháirtíocht phoiblí agus leis an bpobal, is cosúil go bhfuil cur chuige nuálach á úsáid ag an OCT agus tá sé gníomhach ar fud na tíre ag plé le pobail éagsúla lena n-áirítear úinéirí talún, feirmeoirí agus iascaigh. D'fhéadfadh go mbeadh deis ann leas a bhaint as na pobail seo chun tionchar agus éifeachtacht a ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta a mheas, lena n-áirítear fóraim phobail agus maoiniú ar mhaithe leis an bpobal

I mí na Nollag 2021, chun meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh ar thionchar na ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta pobail ar thógáil bonneagair leictreachais in Éirinn agus ar a éifeacht ar dhlús a chur leis an aistriú fuinnimh níos leithne, sheol EirGrid clár taighde trí bliana le foireann taighde Ionad MaREI. . Is é MaREI an tIonad Taighde um Fhuinneamh, Aeráid agus Muir de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, atá ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain, arna chomhordú ag an ERI i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

Ba é aidhm an tionscadail iniúchadh a dhéanamh ar straitéis rannpháirtíochta poiblí EirGrid atá ag teacht chun cinn trí thaighde eimpíreach agus cáilíochtúil, agus í a mhapáil agus a thagarmharcáil i gcoinne treochtaí idirnáisiúnta agus samplaí de rannpháirtíocht an phobail le bonneagar eangaí fuinnimh. Áiríodh leis sin léargais ildisciplíneacha a tharraingt ar rannpháirtíocht an phobail le hidirnascairí, réimse ar tugadh aird theoranta air ar fud an domhain. D'fhéach an tionscadal freisin le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag maoiniú sochar pobail trí anailís chomparáideach a dhéanamh ar thrí chás-staidéar éagsúla in Éirinn.

Ba í an bhonntuiscint go bhfuil níos mó i gceist le haistriú fuinnimh na hÉireann ná uasghrádú lom teicniúil ar an mbonneagar eangaí, ach go mbeidh gá le claochlú mór sochaíoch sa chaoi a dtéann pobail i ngleic agus a dtairbhíonn siad de chórais fuinnimh. Trí mheán an tionscadail STEPS, rinne na taighdeoirí iniúchadh ar an gcaoi a bhfuil EirGrid ag cur rannpháirtíocht phoiblí i gcroílár a straitéise bonneagair chun cuidiú leis an athrú sin a bhaint amach. D'oibrigh siad i dteannta na rannpháirtíochta leithne a rinne EirGrid, lean siad í, d'fhreastail siad uirthi, agus rinne siad cáineadh uirthi, ag labhairt dóibh go díreach le páirtithe leasmhara agus pobail, agus comparáid á déanamh idir cuir chuige idirnáisiúnta, agus scrúdú á dhéanamh ar thionchar na ngníomhartha sin trí mhodhanna taighde ildisciplíneacha.

I measc na bpríomhthorthaí bhí:

- Meastar gur uirlisí luachmhara iad Cistí Sochair Pobail chun tacú le pobail a ndéantar difear dóibh agus chun gníomhú ar son na haeráide ar leibhéal an phobail a chur chun cinn ach tá gá le fothú acmhainneachta níos láidre agus ailíniú le spriocanna inbhuanaitheachta náisiúnta fadtéarmacha.
- Éilíonn an rannpháirtíocht éifeachtach tacaíocht láidir eagraíochtúil agus ailíniú idir spriocanna straitéiseacha agus tionscnaimh áitiúla.
- Le próiseas sé chéim agus fóraim phobail EirGrid cuirtear spásanna cuimsitheacha ar fáil don idirphlé, rud a chuireann ar chumas pobal dul i bhfeidhm ar roghanna teicneolaíochta agus tacú le spriocanna forbartha inbhuanaithe níos leithne.
- Tairbhíonn an taighde idirnascaire de chur chuige ildisciplíneach, lena gcuimsítear dearcthaí cultúrtha agus oidhreachta chun rannpháirtíocht an phobail a dhoimhniú.

Chuir an tionscadal moltaí ar fáil freisin maidir le rannpháirtíocht phoiblí fhadtéarmach a fhorbairt, lena n-áirítear treoir agus straitéisí meastóireachta tionchair chun saoránacht fuinnimh a chothú.

Mar fhocal scoir, leagtar béim sa taighde ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht luath, chuimsitheach agus oiriúnaitheach an phobail maidir le haistriú fuinnimh na hÉireann a chur i gcrích. Cuideoidh taighde MaREI le EirGrid a chur chuige a bheachtú, ag cinntiú go leanfaidh an comhoibriú le pobail ag forbairt go láidir agus ag neartú de réir mar a théann Éire i dtreo todhchaí fuinnimh níos inbhuanaithe.

Ba í an bhonntuiscint go bhfuil níos mó i gceist le haistriú fuinnimh na hÉireann ná uasghrádú lom teicniúil ar an mbonneagar eangaí, ach go mbeidh gá le claochlú mór sochaíoch sa chaoi a dtéann pobail i ngleic agus a dtairbhíonn siad de chórais fuinnimh. Trí thionscadal STEPS, scrúdaigh taighdeoirí an chaoi a bhfuil EirGrid ag cur rannpháirtíocht an phobail i gcroílár a straitéise bonneagair chun cabhrú leis an athrú sin a bhaint amach. D'oibrigh siad i dteannta na rannpháirtíochta leithne a rinne EirGrid, lean siad í, d'fhreastail siad uirthi, agus rinne siad cáineadh uirthi, ag labhairt dóibh go díreach le páirtithe leasmhara agus pobail.

Rannpháirtíocht EirGrid leis an tionscal

Tá OCT chun tacaíocht bainistíochta níos sinsearaí don straitéis um rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a léiriú, chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn, chun saincheisteanna a dhíbhlocáil agus chun acmhainní a ghealladh. Bheadh sé tairbheach dá léireodh OCT an chaoi a bhformhuiníonn an fhoireann shinsearach ceannaireachta rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus an chaoi a bhfuil siad rannpháirteach go gníomhach i dtacú leis an straitéis.

Tugann ár bhfoireann feidhmiúcháin tacaíocht iomlán do rannpháirtíocht EirGrid leis na páirtithe leasmhara, a bhuaileann le chéile ar bhonn tráthrialta le páirtithe leasmhara tionscail chun a chinntiú go leanfaidh a léargais agus aiseolas ar aghaidh á ngabháil ar leibhéal sinsearach.

Anuas ar ár rannpháirtíocht rialta, tá baill d'fhoireann feidhmiúcháin EirGrid ag plé le custaiméirí agus comhlachtaí ionadaíocha chun a chinntiú go bhfuil páirtithe leasmhara tionscail rannpháirteach go gníomhach i dtacú le forbairt Straitéis Chorparáideach Ghrúpa EirGrid 2026-2030.

Mhol an Painéal gur cheart do OCT rannpháirtíocht níos soiléire sa mhargadh agus rannpháirtíocht níos soiléire sa bheartas agus sa phróiseas nasctha a léiriú. Ní mór don iarracht a bheith níos tráthúla agus níos trédhearcaí. Ba cheart é sin a fheabhsú tríd an rannpháirtíocht leanúnach le hionadaithe tionscail chun ionchur a fháil maidir le próiseas na dtairiscintí nasctha atá ann cheana i ndáil le Treoir RED III agus leis an mBeartas um Nasc Seasmhach. Tugadh faoi deara gur cheart do OCT leanúint d'fheabhas a chur ar an gcomhoibriú agus ar an rannpháirtíocht le haghaidh tionscadal ag gach céim den phróiseas nasctha.

Maidir le Treoir REDIII, i mí na Nollag 2024 agus i mí Eanáir 2025, bhuail EirGrid le hionadaithe tionscail ag lorg ionchur maidir leis an bpróiseas tairisceana atá ann cheana ó chustaiméirí a bhfuil taithí acu agus ó ghrúpaí ionadaíocha tionscail i ndiaidh Threoir REDIII agus fhoilsiú Threoir an Bheartais um Nasc Seasmhach – Gineadóir agus Seirbhísí Córais ('BNS-SGC'). Chuir páirtithe leasmhara tionscail aiseolas agus ábhair imní tosaigh ar fáil chun cabhrú lenár dtogra próisis nua a mhúnlú, togra a cuireadh faoi bhráid an CRU an 31 Eanáir 2025. Leis sin, tabharfar isteach próiseas nua um Measúnú Teicniúil Ardleibhéil ('HLTA'), chun dlús a chur le hamlínte próisis tairisceana agus chun rannpháirtíocht níos luaithe a cheadú.

Trí na rannpháirtíochtaí sin, tá sé mar aidhm ag EirGrid tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara chomh maith le deis a thabhairt aiseolas a ionchorprú nuair is féidir linn, agus soiléireacht á tabhairt ag an am céanna maidir lenár n-oibleagáidí agus ár gcuspóirí rialála.

Maidir leis an bpróiseas tairisceana naisc, tá athruithe á dtabhairt isteach tar éis an cheanglais REDIII a chomhlíonadh agus BNS-SGC a thabhairt isteach, rud a chruthóidh próiseas clinic dhá chéim chun a chinntiú go mbeidh tionscadail aibí go leor ag custaiméirí ar iarratas a dhéanamh ar an bpróiseas. Leis an gclinic dhá chéim beidh rannpháirtíocht fhiúntach luath agus an deis saincheisteanna a aithint níos luaithe sa phróiseas. Éascóidh tairseach nua iarratais ar líne turas níos rianúla do chustaiméirí freisin.

Mhol comhalta den phainéal go mba cheart don OCT machnamh ar "Grúpa Idirchaidrimh Tionscail um Fhoinsí In-athnuaite" a chur ar bun, le haghaidh forbróirí mórscála gus forbróirí amach ón gcósta, ionas go bhféadfadh rannpháirtíocht fheabhsaithe a bheith idir foinsí in-athnuaite agus an OCT.

Aontaíonn EirGrid go bhfuil comhoibriú leanúnach ríthábhachtach. Bhunaigh agus d'éascaigh CRU agus EirGrid grúpa oibre ar dtús i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara eile. Dá n-athbhunófaí an fóram seo, bheadh EirGrid an-sásta dul i mbun oibre arís. Idir an dá linn, leanann EirGrid de bheith i dteagmháil le custaiméirí agus le páirtithe leasmhara tionscail ar fud roinnt fóraim dhifriúla.

Ba cheart don OCT sceideal de gach comhairliúchán a chur ar fáil chomh fada roimh ré agus is féidir le cur ar chumas páirtithe leasmhara pleanáil a dhéanamh ar bhealach éifeachtach.

Tuigeann EirGrid an gá atá le pleanáil agus ullmhú éifeachtach maidir le comhairliúcháin. Dá bhrí sin, cuirtear na comhairliúcháin uile a bheidh ar siúl, chomh fada agus is eol dúinn, don bhliain amach romhainn san áireamh ag deireadh gach Plean um Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara.

Déanann EirGrid iarracht freisin go leor ama a thabhairt don tionscal chun freagairt d'aon chomhairliúcháin bhreise, agus ag an am céanna cinntíonn siad go mbeidh an comhairliúchán críochnaithe laistigh den tréimhse a shanntar.

Tionscadail nuálaíochta EirGrid

Tugadh faoi deara gur tacaíodh le 22 tionscadal taighde in 2023 ach nár soláthraíodh aon fhaisnéis maidir le huimhreacha tionscadail le haghaidh 2024. Bheadh sé tairbhiúil dá bhféadfaí na méadracha a sholáthar le haghaidh 2024 agus do bhlianta roimhe sin, le príomhthorthaí ó na tionscadail sin.

I mí an Mhárta 2025, d'fhoilsigh EirGrid ár dTuarascáil Bhliantúil Nuálaíochta inar doiciméadaíodh nuálaíocht agus dul chun cinn taighde a rinne EirGrid in 2024. Chlúdaigh an tuarascáil seo 32 tionscadal go mion, ar críochnaíodh 9 díobh in 2024 (bliain féilire)[2]. Sular foilsíodh é, rinne EirGrid comhairliúchán, inar tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara dréacht-tuarascáil a athbhreithniú agus freagairt do cheisteanna ar leith.

Tá an Tuarascáil Bhliantúil Nuálaíochta 2025 ceaptha lena foilsiú in 2026, agus díreofar ar 30 de na tionscadail sin léi.

In 2025, d'fhoilsigh EirGrid 6 pháipéar taighde freisin agus d'oibrigh sé le hos cionn 20 comhlacht seachtrach, agus 50 smaoineamh á ndoiciméadú lena n-iniúchadh amach anseo.

Mar fhreagairt don aiseolas ó pháirtithe leasmhara, chuireamar réimse aschur taighde leis ónár bpríomhthionscadail nuálaíochta in 2025 sa chaibidil faoin Taighde Fuinnimh den tuarascáil seo.

2 Le tuilleadh sonraí a fháil, féach an nasc a leanas: Tuarascáil Bhliantúil Nuálaíochta 2024.

Comhairliúchán na tuarascála seo

An 25 Feabhra 2026, d'fhoilsigh EirGrid a Dhréacht-Tuarascáil um Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara 2025 agus bhí sí ar fáil le breathnú uirthi agus le dul i gcomhairle léi ar shuíomh gréasáin EirGrid. Iarradh ar pháirtithe leasmhara ansin a bhfreagraí comhairliúcháin a chur isteach trí Thairseach Comhairliúcháin EirGrid. Bhí an tairseach ar oscailt go dtí an 26 Márta 2026, nuair a tháinig deireadh leis an tréimhse chomhairliúcháin.


Rinneadh barúlacha na gcomhairlí a fuarthas a ghrúpáil sna téamaí seo a leanas:

- Beartas maidir le naisc
- Seoladh Anuas
- Pleanáil le haghaidh éaradh seirbhíse agus Clár Comhpháirteach um Chlaochlú Éartha Seirbhíse (JOTP)
- Cur chuige EirGrid maidir le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara

Tá sonraí iomlána faoi fhreagra EirGrid ar bharúlacha comhairliúcháin a fuarthas tríd an bpróiseas comhairliúcháin le fáil inár bPáipéar Freagartha Comhairliúcháin.



Buaicphointí 2025



Tá ról bunúsach le comhlíonadh ag rannpháirtíocht éifeachtach páirtithe leasmhara le cur ar chumas EirGrid an córas cumhachta a chlaochlú do an glúnta amach romhainn. In 2025, rinneamar dul chun cinn nach beag thar raon sruthanna oibre. Seo a leanas roinnt de na buaicphointí ón 12 mhí seo caite:

Tionscadail uasghrádaithe eangaí agus rannpháirtíocht phoiblí

In 2025, chuaigh EirGrid i mbun rannpháirtíocht fhairsing le páirtithe leasmhara iascach agus mara chun tacú leis an gcéad chéim de shuirbhéanna mara agus cósta mar chuid den tionscadal Amach ón gCósta a Chumhachtú - An Cósta Theas.

D'éascaigh EirGrid freisin comhoibriú suntasach agus éifeachtúlachtaí maidir le príomhthionscadail bhonneagair i mBaile Átha Cliath a sheachadadh trí mheán Fhóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath (féach ár Cás-Staidéir 2025).

Thosaigh EirGrid rannpháirtíocht fhairsing san larthuaisceart agus muid ag leanúint ar aghaidh ag stiúradh seachadadh an bhonneagair eangaí ríthábhachtaigh sa cheantar sin.

An Custaiméir agus Naisc

In 2025, mhéadaigh EirGrid an líon clinicí custaiméirí le tuilleadh deiseanna a thabhairt do chustaiméirí dul i gcomhairle le saineolaithe EirGrid ag céim luath dá dtionscadail.

Thugamar isteach próiseas feabhsaithe réamh-rannpháirtíochta freisin do chustaiméirí ionchasacha atá ag féachaint le hiarratas a dhéanamh trí mheán an bheartais nua BNS-SGC.

Mar thoradh ar fheabhsú leanúnach EirGrid ar thaithí ár gcustaiméirí, tháinig méadú ar rannpháirtíochtaí saincheaptha agus duine le duine amhail an próiseas réamh-rannpháirtíochta thuasluaite, ach freisin ar an gcleachtadh faisnéise margaidh a raibh leibhéal suntasach rannpháirtíochta saincheaptha, duine le duine le páirtithe leasmhara tionscail i gceist leis (féach ár rannán Staidéir Chásanna le haghaidh tuilleadh eolais).

Beartas um Nasc Seasmhach (BNS)

Ba é EirGrid a bhí taobh thiar de rannpháirtíocht shuntasach le hionadaithe tionscail ar bhonn míosúil chun aiseolas a bhailiú chomh maith le léargais agus eolas suas chun dáta a chomhroinnt le BNS.

In 2025, rinne EirGrid 6 chás bhreise a shamhaltú freisin (15 chás san iomlán) chun tacú le héilimh na bpáirtithe leasmhara tionscail.


Glacadh go maith in 2025 le hiarrachtaí EirGrid rannpháirtíocht leis an tionscal agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara a chur lenár modheolaíocht agus próiseas samhaltaithe.

An eangach agus an margadh a oibriú agus a fhorbairt

I mí Dheireadh Fómhair 2025, d'fhoilsigh EirGrid páipéar comhairliúcháin maidir le Modh Soláthair LDES, ar príomh-gharsprioc í chun tacú le cuspóirí dícharbónúcháin na hÉireann.

Sholáthair EirGrid an clár bliantúil tiomanta éartha seirbhíse do 2026 chun tacú le comhordú leanúnach idir EirGrid agus páirtithe leasmhara an tionscail.

Chomhlíon EirGrid ár gcéad suirbhé bliantúil ar rannpháirtithe GÚOM chun tacú lenár saothar chun na seisiúin sin a fheabhsú agus leanúint de riachtanais páirtithe leasmhara a chomhlíonadh.





Rannpháirtíocht Eorpach, rialtais agus beartais

Leanann EirGrid leis an idirchaidreamh le páirtithe leasmhara an Rialtais, lena n-áirítear príomh-Thascfhórsaí agus Grúpaí Oibre cruthaithe, go háirithe an Tascfhórsa um Dlús a Chur Faoin mBonneagar (a bunaíodh in 2025) chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le fuinneamh in-athnuaite, príomhbhonneagar eangaí agus an tírdhreach fuinnimh sa todhchaí a sheachadadh, agus chun nithe a bhaineann le hinacmhainneacht fuinnimh a phlé.

Rannchuidigh EirGrid leis an Tionscadal um Luathú an Bhonneagair agus an Phlean Gníomhaíochta freisin, a foilsíodh i mí na Nollag 2025, chun cuidiú le seachadadh éifeachtúil an bhonneagair ar fud na hÉireann a bhrú ar aghaidh.

Cuirfear tús le hobair chun tacú le hUachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh in 2026.

In 2025, mhéadaigh EirGrid ár ngníomhaíocht ar leibhéal AE agus ar leibhéal domhanda araon. I measc na bpríomhréimsí fócais bhí Parlaimint na hEorpa, chomh maith lenár gcuid oibre chun tacú le forbairt shamhail ISON ina mbíonn deis ag EirGrid eolas agus foghlaim thábhachtach a roinnt lenár gcomhghleacaithe go hidirnáisiúnta.

Amach ón gcósta

I mí an Mhárta 2025, tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí fairsing, d'fhoilsigh EirGrid Amach ón gCósta a Chumhachtú – An Cósta Theas Céim 3 Rannpháirtíocht agus Tuarascáil Comhairliúcháin.

I mí an Mhárta 2025, shínigh EirGrid i dteannta le IDA agus Fiontraíocht Éireann Meabhrán Tuisceana lenár dtiomantas a chur ar bhonn foirmiúil chun a chinntiú go mbainfear an leas is fearr as tionchar eacnamaíoch na forbartha gaoithe amach ón gcósta do chuideachtaí na hÉireann.

I mí na Samhna 2025, chríochnaigh EirGrid go rathúil an chéad chéim de na suirbhéanna mara agus cósta chun tacú le limistéar Tonn Nua de Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe an Chósta Theas (SC-DMAP) de chuid Rialtas na hÉireann.

Chomhlíon EirGrid an clárú do cheant Tonn Nua ORESS, an cáiliú agus an ceant féin a cuireadh i gcrích i mí na Samhna 2025.

Ár gcomhpháirtíocht le hÚinéir na Sócmhainní Tarchurtha (ÚST)

Amhail ó dheireadh 2025, d'éirigh le naoi gcinn de na hocht n-idirghabháil déag bogadh isteach in oibríochtaí gnó mar is gnách laistigh den OCT agus ÚST, ónar tháinig comhlíonadh 50% don Chlár Comhpháirteach um Chlaochlú Éartha Seirbhíse (JOTP)

Sa Phunann Seachadta Líonra in R3 2025, bhí 391 tionscadal san iomlán inar tuairiscíodh faoi thrí phríomh-gharsprioc mar a bhí Ceadú Caipitil, Comhaontú Tionscadail agus Fuinnmhiú.

In 2025, chríochnaíomar rannpháirtíocht luath ar 14 thionscadal, agus thionscnaíomar rannpháirtíocht luath maidir le 6 thionscadal bhreise nua.

Ár gcomhpháirtíocht leis an Oibreoir Córas Dáileacháin (OCD)

In 2025, tá obair shuntasach déanta ag EirGrid agus Líonraí BSL chun leanúint leis an dearadh coincheapúil mionsonraithe ar an tsamhail oibriúcháin OCT-OCD a fhorbairt.

I mí na Nollag 2025, chuaigh EirGrid agus Líonraí BSL i dteagmháil le páirtithe leasmhara chun eolas cothrom le dáta a thabhairt dóibh maidir le dul chun cinn na Samhla Oibriúcháin OCT-OCD, lenar áiríodh forbhreathnú ar na 4 phríomh-choincheap laistigh den dearadh, agus nuashonrú ar na pleananna atá le cur chun feidhme.

Tríd an gcomhoibriú feabhsaithe, tá EirGrid agus Líonraí BSL tar éis leanúint den dul chun cinn a spreagadh ar fud ár gcomhshruthanna oibre.

Slándáil an tSoláthair

D'fhoilsigh EirGrid ár nIonchas Geimhridh i mí Dheireadh Fómhair 2025 a léiríonn an maolú suntasach ar leordhóthanacht an gheimhridh arna soláthar trí thoilleadh neamh-mhargaidh arna sholáthar faoi Chlár CRU maidir le Slándáil an tSoláthair.

Chuir EirGrid 7 Rabhadh Corrlaigh in iúl le linn 2025 nuair a bheadh an córas tar éis dul isteach i Riocht Foláirimh gan leas na nAonad Giniúna Éigeandála Sealadacha (TEG) neamh-mhargaidh atá ar fáil agus na nAonad Coinnithe atá ann cheana (REU) a daingníodh faoi Chlár Slándála Soláthair an CRU.

In 2025, bhí EirGrid i gceannas ar ghníomh earnála fuinnimh le GNI, Líonraí BSL, DECC, CRU, agus an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (NORA). Tháinig saineolaí ábhair ón bPortaingéil isteach sa ghníomh mar bhreathnóir, rud a thugann léargas luachmhar ar an bhfreagairt sa Phortaingéil ar theagmhas Leithinis na hIbéire i mí Aibreáin 2025.

D'fhoilsigh EirGrid an Measúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní den chéad uair i mí an Mhárta 2025 i ndiaidh comhairliúchán uile-Eorpach inar iarradh ionchur ó bhreis is 15 chomhlacht ar fud na hearnála fuinnimh.

Taighde ar Fhuinneamh

In 2025, d'fhoilsigh EirGrid 6 pháipéar taighde agus d'oibrigh le hos cionn 20 comhlacht seachtrach, agus 50 smaoineamh á ndoiciméadú lena dtaiscéaladh amach anseo.

I mí an Mhárta 2025, d'fhoilsigh EirGrid ár dTuarascáil Bhliantúil Nuálaíochta inar mionsonraíodh an dul chun cinn a rinneadh thar 32 tionscadal difriúil nuálaíocht, ar tugadh 9 gcinn acu i gcrích in 2024.

Bhí comórtas CleanerGrid (Eangach níos Glaine) de chuid EirGrid rathúil ar bhonn leanúnach in 2025, agus d'éascaigh ár saothar chun caidreamh acadúil a neartú agus rannpháirtíocht a dhéanamh le tallann na todhchaí.

Tá an líon is mó páipéir EirGrid riamh glactha ag CIGRE do Chomhdháil Pháras 2026, atá ar an gceann is mó dá leithéid ar domhan.

Inbhuanaitheacht

In 2025, ghnóthaigh EirGrid Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach, lena ndeimhnítear ár n-eagraíocht do na trí bliana amach romhainn.

Choinnigh EirGrid an Comhartha Óir um Thaisteal níos Cliste ón Údarás Náisiúnta Iompair, agus 85% d'fhostaithe EirGrid i mbun comaitéireachta trí chóracha inbhuanaithe in 2025.

In 2025, lean EirGrid dá chomhpháirtíocht le SciFest trí urraíocht don Ghradam Aeráide Níos Glaine, agus bhí sé i dteagmháil go gníomhach le scoláirí agus oideoirí chun réitigh nuálacha a chur chun cinn ar mhaithe le todhchaí inbhuanaithe.

In 2025 chonacthas an chéad bhliain d'urraíocht EirGrid ar an téama Fuinneamh Scoileanna Glasa de chuid An Taisce. Mar chuid den tionscnamh sin, chuaigh EirGrid i dteagmháil le hiar-bhunscoileanna agus bunscoileanna ar fud na tíre chun feasacht a mhúscailt faoinár n-obair chomh maith le faoi chuspóirí aeráide na hÉireann.

Pleanáil straitéiseach agus líonraí amach anseo

In 2025, bhí EirGrid rannpháirteach le comhlachtaí reachtúla agus tionscail chun fiosrú a dhéanamh ar an éileamh ar fhuinneamh amach anseo, go háirithe i ndáil le hÚsáideoirí Móra Fuinnimh (LEUnna) chomh maith le hiompar agus téamh leictrithe.

Thacaigh EirGrid le forbairt na Straitéise um Chóras Leictreachais Dícharbónaithe (DESS) ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) freisin.

Trí dhlúth-chomhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara, chuir EirGrid chun cinn forbairt ar an bPlean Forbartha Tarchurtha 2026.







Cás-Staidéir 2025



03



Mar fhreagairt ar mholadh Phainéal an NSEE i dTuarascáil Clabhsúir 2024 , tá sraith cás-staidéir curtha san áireamh againn thíos atá nua do thuarascáil na bliana seo. Is é aidhm na gcás-staidéar seo raon leathan rannpháirtíochtaí a ghabháil mar aon leis na príomhfhócais, na bealaí agus na torthaí.

I measc na n-ábhar a chumhdaítear tá:

- Comhoibriú le Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath
- Rannpháirtíocht iascach
- Rannpháirtíocht an Chláir Chomhpháirtigh um Oibritheoir Córais
- Suirbhé Ghrúpa Úsáideoirí Oibritheoir an Mhargaidh
- Rannpháirtíochtaí le tionscadail bhithéagsúlachta
- Cleachtadh Faisnéise Margaidh
- Comhráite Ceilteacha

Cás-staidéar a haon:
Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath



Léargas ginearálta

Comhthéacs straitéiseach/ faisnéis chúlra

Bhunaigh EirGrid Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath (FBBÁC) in 2022 chun tacú le comhordú, pleanáil, forbairt agus monatóireacht ar phríomhthionscadail bhonneagair, i gcomhar leis an Rialtas agus gníomhaireachtaí a fhaigheann urraíocht ón stát. Óna thionscnamh, bhí ról ríthábhachtach ag an bhfóram i bpríomhpháirtithe leasmhara bonneagair agus fóntais a thabhairt le chéile i dteannta le húdaráis áitiúla, chun smaointe agus faisnéis a chomhroinnt maidir le hoibreacha bonneagair a bhí pleanáilte ar fud chathair Bhaile Átha Cliath.

Trínár rannpháirtíocht rialta, éascaíonn DIF an méid a leanas:

- Comhroinnt eolais, pleananna, ábhar imní, dúshlán agus ceachtanna atá foghlamtha.
- Cur chuige éifeachtúil, comhoibríoch agus nuálach maidir le dearadh réiteach.
- Fuascailt fadhbanna agus réiteach ag céim luath / sula gcuirtear tús le haon obair, rud atá ríthábhachtach.
- Fadhbanna agus éifeachtúlachtaí araon a shainaithint chun tacú le tionscadail an aimsir a sheasamh agus an cur isteach a íoslaghdú.
- Dlúth-chomhordú, go háirithe i measc comhghleacaithe ó eagraíochtaí difriúla.
- Cur chuige cuíchóirithe i leith forbairt agus seachadadh bonneagair i mBaile Átha Cliath.
- Feasacht níos mó ar chomhairliúcháin phoiblí agus fógraí atá ar na bacáin.

Príomhábhair fócais dár rannpháirtíocht (an méid atáimid ag iarraidh a bhaint amach)

Cumarsáid agus comhoibriú

Tugann Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath deis do EirGrid oibriú go dlúth le gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí reachtúla eile chun deiseanna comhoibrithe a aithint agus chun smaointe agus faisnéis a roinnt maidir le hoibreacha bonneagair atá beartaithe ar fud na cathrach. Príomhbhuntáiste a bhaineann leis an bhfóram is ea go dtairgeann sé deis do na baill comhordú a dhéanamh, agus i roinnt cásanna, oibreacha seachadta tionscadal atá beartaithe a chomhdhlúthú, chun cur isteach a íoslaghdú agus éifeachtúlachtaí á gcur chun cinn. Trí shaineolas teicniúil a thabhairt le chéile ó réimse earnálacha, is fóram é freisin d'fhuascailt chomhroinnte fadhbanna agus nuálaíocht, chun tacú níos mó le pleanáil agus seachadadh éifeachtúil.

Seachadadh

Príomhábhar fócais do EirGrid san obair le DIF is ea an Clár Baile Átha Cliath a Chumhachtú a bhrú ar aghaidh ar bhealach atá éifeachtúil agus comhoibríoch araon, agus ag teacht le spriocanna an Rialtais.

Grúpaí spriocpháirtithe leasmhara

Tionscal, sochaí agus reachtúil.

Bealaí straitéiseacha chuig rannpháirtíocht (an chaoi a rabhamar rannpháirteach)

Cad iad na grúpaí ar bhaineamar leas astu (dár rannpháirtíocht), cén chaoi ar bailíodh an t-aiseolas, agus cén rannpháirtíocht a éascaíodh

Oibríonn an DIF ar an dá leibhéal a leanas:

- **Príomhleibhéal** – sa phríomhfhóram tugtar le chéile gach ball agus buaileann sé le chéile ar bhonn ráithiúil.
- **Leibhéal tionscadail** – meithleacha spriocdhírithe ina dtugtar le chéile comhghleacaithe ó bhalleagraíochtaí difriúla.

Príomhthéamaí aiseolais

Cad iad na príomhthéamaí a tháinig aníos ón aiseolas a fuarthas?

In 2025, dhírigh an DIF ar réimse dúshlán bonneagair comhroinnte lenar áiríodh na cinn a leanas:

Iarnród Éireann

Dúshlán: Mar chuid de thionscadal cáblaí Fhionnghlaise-an Phoirt Thuaidh 220 kV, pleanáladh cuid den bhealach ar dtús chun bheith curtha gar do chiorcaid chomharthaíochta Iarnród Éireann gar don Chanáil Ríoga. Thug Iarnród Éireann ábhair imní aníos maidir le an dlúthfhogasacht sin óir go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le trasnaíocht leictreamhaighnéadach (TLM), rud a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar iontaofacht a gcórais comharthaíochta.

Glasbhealach na Canálach Ríoga

Dúshlán: Bhain go leor dúshlán le teacht ar an mbealach optamach idir Fionnghlas agus an Port Thuaidh. Leis an gCanáil Ríoga cuireadh conair den scoth nach raibh chomh hionrach céanna le gabháil soir trasna lár na cathrach, rud a laghdaíonn míchaoithiúlacht do chónaitheoirí agus gnóthais, agus a íslíonn go mór costais an tionscadail.

Bonneagar BusConnects, Baile Átha Cliath (Príomh-Scéim Conaire Bus ó Bhaile Munna/ Fhionnghlas go Lár na Cathrach) – Pacáiste Oibre Dulta Chun Cinn feadh Bhóthar Fhionnghlaise (1.6km)

Dúshlán: Trí mheán DIF, shainaithin na baill coinbhleacht tionscadal idir EirGrid agus BusConnects a mhéid a bhaineann le bealach cáblaí Fhionnghlaise - An Phoirt Thuaidh agus Scéim BusConnects idir Baile Munna/ Fionnghlas agus Lár na Cathrach. Gan an fóram, bhí fíorbhaol ann nárbh fheasach do na scéimeanna sin faoi bhealaí agus amlínte a chéile. Ceann de na príomhthorthaí ar an gcomhoibriú sin ab ea an comhaontú chun na hoibreacha a chur in alt a chéile. Aontaíodh go dtosófaí ar na hoibreacha duchtála cáblaí an chláir 'Baile Átha Cliath a Chumhachtú' ar dtús, agus an Scéim BusConnects ó Bhaile Munna/Fhionnghlas go Lár na Cathrach ina ndiaidh, chun moilleanna a dhíothú, cuidiú le ceanglais athbhunaithe a íoslaghdú, agus coinbhleachtaí sceidealaithe a chosc agus cur isteach ar an bpobal a laghdú, agus ag iarraidh moilleanna féideartha ar Scéim BusConnects Bhaile Munna/ Fhionnghlas a sheachaint ag an am céanna.

Torthaí

Cad iad torthaí ár rannpháirtíochtaí?

Iarnród Éireann – dúshláin theicniúla fuascailte

Toradh: Trí obair i gcomhar a chéile trí mheán DIF, bhí EirGrid agus Iarnród Éireann in ann na rioscaí a mheasúnú agus aontú ar réiteach a d'oibrigh do gach páirtí leasmhar. Deimhníodh trí anailís mhionsonraithe nár bhain aon riosca EMI le gnáthoibríochtaí, agus gur féidir cásanna fánacha fabhtanna a bhainistiú leis na cosaintí atá ann cheana. Tríd an rannpháirtíocht onnghníomhach sin, seachnaíodh moilleanna, cinntíodh an tsábháilteacht, agus neartaíodh an comhoibriú idir an dá eagraíocht.

Glasbhealach na Canálach Ríoga

Toradh: Trínár rannpháirtíochtaí trí mheán DIF, d'oibrigh EirGrid go dlúth le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus lena Scéim Taistil Ghníomhaigh chun duchtanna cáblaí 220 kV a áireamh laistigh de rothbhealach nua atá tógtha ar bhruach na Canálach Ríoga ó Dhroichead Cross Guns go dtí Bóthar na Trá Thuaidh. Sa chás sin, d'éirigh go fíormhaith le sainaithint na ndeiseanna comhair chun réiteach a chomhfhorbairt do gach duine a bhí páirteach.

BusConnects – Ardphacáiste Oibre feadh Bhóthar Fionnghlaise (1.6km)

Toradh: Trí obair go dlúth le baill DIF, táthar tar éis oibreacha beartaithe ar thionscadal a thabhairt le chéile anois mar chuid d'ardphacáiste oibre chun a chinntiú go ndéantar seicheamhú cúramach ar an obair, agus tús á chur leis an obair ar dhuchtáil cáblaí i mí an Mhárta 2026.

Tá sé mar aidhm ag comhairliúchán leanúnach idir EirGrid agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair maidir leis na bealaí cábla Baile Átha Cliath a Chumhachtú atá fágtha agus Scéimeanna BusConnects amach anseo an fhéidearthacht go mbeidh tionchair dhiúltacha idir na tionscadail seo amach anseo a laghdú.

Toradh breise DIF do 2025

Meitheal Chuan Átha Cliath

In 2025, bhunaigh DIF freisin meitheal bhreise páirtithe leasmhara ar a dtugtar Meitheal Chuan Átha Cliath, lena n-áirítear ionadaíocht ó ghníomhaireachtaí, fóntais agus an earnáil phríobháideach. Is é is aidhm don ghrúpa comhphlé, comhroinnt feasa, pleanáil straitéiseach tionscadail agus comhoibriú a chumasú chun tacú le cur chuige iomlánaíoch éifeachtúil ar oibreacha atá ann cheana agus atá beartaithe laistigh de Chuan Bhaile Átha Cliath. Bhí a chéad chruinniú ag an ngrúpa seo cheana féin, agus glacadh go fíordhearfach leis.

Cás-staidéar a dó: **Rannpháirtíocht iascach**



Léargas ginearálta

Comhthéacs straitéiseach/ faisnéis chúlra

In 2025, chuaigh EirGrid i mbun sraith suirbhéanna mara agus cósta, i dteannta Green Rebel agus Fugro, ar fud chósta theas na hÉireann, tar éis cur i bhfeidhm rathúil ar cheadúnas úsáide muirí EirGrid ó ÚRLM, an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí.

Ba phríomh-gharsprioc iad na suirbhéanna sin laistigh de thionscadal EirGrid Amach ón gCósta a Chumhachtú – An Cósta Theas, ina bhfuiltear ag iarraidh an bonneagar tarchurtha eangaí is gá chun 900 MW de ghiniúint gaoithe amach ón gcósta a nascadh le pointí nasctha eangaí feadh chósta theas na hÉireann.

Ar feadh tréimhse isteach is amach ar 12 seachtain, rinneadh suirbhéanna cuimsitheacha geoifisiceacha, geoiteicniúla agus comhshaoil ar bhealach féideartha do chábla onnmhairithe ó láithreán Tonn Nua, mar chuid de Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe an Chósta Theas de chuid Rialtas na hÉireann (SC-DMAP). Rinneadh suirbhéanna breise geoifisiceacha agus comhshaoil ar an talamh freisin.

Is príomhpháirtithe leasmhara iad iascairí fireanna agus baineanna i bhforbairt an fhuinnimh amach ón gcósta, agus coinníonn Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh EirGrid cumarsáid rialta dhlúth leis an bpobal mara ó cheann ceann na bliana.

Mar chuid den obair a rinneadh go díreach roimh na suirbhéanna mara agus cósta, rith EirGrid feachtas rannpháirtíochta ar cuireadh tús leis i mí na Samhna 2024, agus comhfhreagras leanúnach ar bun ag druidim le fíordháta tosach feidhme an tsuirbhé (Iúil 2025) agus ar fud thréimhse an tsuirbhé féin.

Príomhábhair fócais dár rannpháirtíocht (an méid atáimid ag iarraidh a bhaint amach)

Cumarsáid agus comhoibriú

Éilíodh méid suntasach comhordaithe le páirtithe leasmhara mar cuid de na suirbhéanna mara, sa tréimhse roimh an suirbhé féin agus lena linn. Áiríodh leis na hábhair fócais dár rannpháirtíocht nascadh le páirtithe leasmhara ábhartha laistigh den phobal mara, caidreamh a fhorbairt, bealaí rannpháirtíochta rialta a chruthú, aiseolas agus ábhair imní a bhailiú, eolas cothrom le dáta a chur ar fáil agus ceisteanna a fhreagairt.

Trédhearcacht

Ba cheanglas riachtanach don tionscadal iad dúnadh na meánna. Dá thoradh sin, príomhábhar fócais dár rannpháirtíocht ab ea nuashonruithe tráthúla cruinne a éascú idir soithí an tsuirbhé agus na pobail iascaigh. Cheadódh sé sin don dá shoitheach suirbhéireachta agus d'iascairí fireanna/baineanna oibriú go sábháilte. I roinnt cásanna, bhí na meánna dúnta go hiomlán agus obair shuirbhéireachta ar bun, mar sin d'fhorbair EirGrid pacáistí cúitimh atá sorochtana, fianaise-bhunaithe freisin mar chuid dár gcur chuige.

Seachadadh

Beidh na sonraí a bhailítear ó na suirbhéanna sin riachtanach chun pleananna a mhúnlú do shuiteáil an bhonneagair tarchurtha le haghaidh fuinneamh gaoithe amach ón gcósta, agus todhchaí fuinnimh níos glaine d'Éirinn trí chabhrú chun ár bpróisis innealtóireachta roghanna, gnéithe teicniúla agus dearthóireachta a mhúnlú, agus cur lenár dtuiscint ar an gcomhshaol i bhfoisceacht ár mbealaí cáblaí féideartha amach ón gcósta agus suíomhanna féideartha fostáisiún amach ón gcósta. Trí fheasacht a mhúscailt agus tacaíocht a fháil dár gcuid oibre, bhíomar in ann a áirithiú freisin go mbíonn an caidreamh oibre ceart i bhfeidhm chun glacadh, forbairt agus seachadadh a éascú.

Grúpaí spriocpháirtithe leasmhara

Tionscal, sochaí, reachtúil.

Bealaí straitéiseacha chuig rannpháirtíocht (an chaoi a rabhamar rannpháirteach)

Cén rannpháirtíocht a spreag EirGrid?

Mar chuid den obair a rinneadh go díreach roimh na suirbhéanna féin, reáchtáil EirGrid 12 imeacht comhairliúcháin ar fud chósta theas na hÉireann. Trí mheán ár rannpháirtíochtaí, bhíomar in ann punann páirtithe leasmhara a ndeachthas i bhfeidhm orthu a thógáil, a bhí comhdhéanta de 48 soitheach san iomlán.

Sular cuireadh tús leis na suirbhéanna, reáchtáil EirGrid cruinnithe rialta le hiascairí (chomh maith le mairnéalaithe) agus le hionadaithe tionscadal, forbróirí fuinnimh in-athnuaite agus comhlachtaí rialála tríd an meitheal Bia Mara/Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta (FIAC). Díríodh na cruinnithe sin ar nuashonruithe agus amlínte do na tionscadail, agus aghaidh á tabhairt ar ábhair imní faoi fheachtais suirbhéireachta ag teacht aníos.

Thionscnaíomar roinnt cuairteanna ar chalafort agus cruinnithe buail isteach an phobail chun bualadh go díreach le hiascairí agus na pobail áitiúla sula dtosódh aon obair.

Áiríodh le tuilleadh rannpháirtíochta nuashonruithe rialta tionscadail agus straitéisí maolaithe trí mheán nuashonruithe seachtainiúla faoin bhfeachtas suirbhéireachta.

Bhunaigh EirGrid roinnt cainéil dhigiteacha freisin as ar baineadh leas mar an phríomhfhoinse cumarsáide d'eolas cothrom le dáta faoin tionscadal ó thús deireadh 2025. Coinníodh rannpháirtíochtaí trí mheán na ngrúpaí sin chuig cumarsáid a bhaineann le tionscadal, ach áiríodh leo freisin grianghraif faoi bhaoithe iascaigh i gconairí, agus roinnt grianghraif spéisiúla ón tionscadal ar ghrinneall na farraige/tuinnín ar mhaithe le heolas agus spéis a mhúscailt.

Trí rannpháirtíocht a dhéanamh go rialta agus go díreach le hiascairí fireanna agus baineanna, bhíomar in ann iontaoibh a fhorbairt agus caidreamh a neartú laistigh den limistéar agus timpeall air.

Chuaigh EirGrid i dteagmháil leis an Údarás Áitiúil Tithe Solais chomh maith le Coimisinéir Soilse na hÉireann, Oifig Hidreagrafach na Ríochta Aontaithe agus leis an Roinn Iompair mar na príomhúdaráis atá freagrach as sábháilteacht loingseoireachta in uiscí na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe.

Bhí na nuashonruithe sin comhdhéanta de chomhordanáidí baoithe MetOcean, saintréithe baoithe MetOcean agus amlínte feistithe.

Príomhthéamaí aiseolais

Cad iad na príomhthéamaí a tháinig aníos ón aiseolas a fuarthas?

I rith na tréimhse comhairliúcháin, bhí an deis ag páirtithe leasmhara aon ábhair imní nó iarrataí a thógáil. Ina measc bhí:

- An iarraidh chun teorainn a chur le hionramhálacha soithí suirbhéireacht chuig na criosanna eisiaimh bunaithe. Mar fhreagairt dó sin, cheartaigh na soithí suirbhé a gcuid gluaiseachtaí dá réir. Cinntíodh leis sin go bhféadfadh an t-iascach leanúint ar aghaidh suas chomh fada le teorainn na gcriosanna eisiaimh le linn an fheachtais suirbhéireachta.
- Tugadh ábhair imní aníos maidir le srianta ar iascadh á bhforchur thar bhealach féideartha don chábla onnmhairithe. Mar fhreagairt air sin, chinntigh EirGrid gur cuireadh bearta maolaithe i bhfeidhm a cheadaigh d'iascairí fireanna agus baineanna a gcuid trealaimh a fháil ar ais agus iad ag taisteal idir láithreáin oibre, rud a chumasaigh gnáthfheidhmiú na modhanna iascaireachta sin feadh na mbealaí úd.
- Tugadh ábhair imní aníos freisin maidir leis an gcur isteach féideartha ar láithreacha sceathraí éisc. Mar sin féin, bhí EirGrid in ann na hábhair imní sin a mhaolú óir nach dtarlódh suirbhéanna le linn tráthanna sceathraí, mar a mhionsonraítear sna coinníollacha maidir le Ceadúnas Úsáide Muirí.

Torthaí

Cad iad torthaí ár rannpháirtíochta?

Trí mheán ár rannpháirtíochtaí, bhí EirGrid in ann cumarsáid shoiléir, chomhsheasmhach agus thráthrialta a chinntiú chomh maith le hiontaoibh fheabhsaithe idir an tionscal iascaigh agus forbróirí.

Tugadh ardán lenár rannpháirtíochtaí freisin d'iascairí fireanna agus baineanna, chomh maith le húsáideoirí mara, le hábhair imní a chur in iúl agus nuashonruithe a fháil go díreach. Sa mhullach air sin, bhí EirGrid in ann freisin réiteach níos tapa ar phríomhfhadhbanna a éascú.

Trí obair go dlúth i bpáirt a chéile leis na pobail iascaigh, chumasaíomar freisin réitigh éagsúla a chomhchruthú lena n-áirítear sceidil cheartaithe don tsuirbhéireacht chun cur isteach a íoslaghdú le linn bhuaicshéasúir na hiascaireachta, teorainn a chur le limistéir eisiaimh, agus cur isteach ar iascach a íoslaghdú.

Thug páirtithe leasmhara an tionscail iascaigh aiseolas cheana féin go raibh siad an-bhuíoch den eolas rialta cothrom le dáta ó EirGrid, chomh maith lenár gcur chuige comhoibríoch chun fadhbanna a réiteach.

I ndiaidh na rannpháirteachas sin, leanfaidh siad orthu ag cur lenár gcur chuige in 2026 agus ceachtanna foghlamtha á gcur san áireamh acu le haghaidh comhoibriú le páirtithe leasmhara amach anseo.

Cás-staidéar a trí:
An Clár Comhpháirteach um Oibreoir Córais



Léargas ginearálta

Comhthéacs straitéiseach/ faisnéis chúlra

Is é an Clár Comhpháirteach um Oibritheoir Córais (CCOC) atá freagrach as dlúthchomhoibriú éifeachtúil a éascú idir na hoibritheoirí córais (EirGrid mar Oibritheoir Córais Tarchurtha agus Líonraí BSL mar Oibritheoir Córais Dáilte) ionas gur féidir linn aghaidh a thabhairt i gcomhpháirt ar éilimh chórais agus réitigh lánchórais a sheachadadh.

Trí obair go dlúth i bpáirt a chéile trí mheán roinnt fóraim dhifriúla faoi choimirce JSOP, cinntíonn na baill go léirítear tosaíochtaí agus ionchur an dá eagraíocht i dtorthaí an chláir, agus cur chuige iomlánaíoch don seachadadh á ghlacadh acu.

Príomhábhair fócais dár rannpháirtíocht (an méid atáimid ag iarraidh a bhaint amach)

Cumarsáid agus comhoibriú

D'fhonn ailíniú agus tuiscint chomhpháirteach ar ghníomhaíochtaí a chinntiú, buaileann baill JSOP le chéile go rialta i socruithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon, lena n-áirítear na cinn a leanas:

- Fóram seachtainiúil um Sheachadadh Tionscadal.
- Meitheal seachtainiúil um Shamhail Oibriúcháin.
- An Bord Idirchaidrimh Bainistíochta Míosúil (MLB).
- Nuashonrú Míosúil ón gCeannaireacht.
- Bord Plé Ráithiúil.
- Idirghníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla ó lá go lá.

Ailíniú méadaithe

Táthar tar éis ár gcruinnithe rialta a threisiú le béim á cur ar chaidreamh a chothú ar fud na foirne. Tacaíodh leis an méid sin trí mheán cruinnithe rialta pearsanta chun cuidiú le caidreamh a fhorbairt chomh maith le tuiscint a fháil ar thosaíochtaí a chéile.

Trédhearcacht

D'fhonn timpeallacht oibre thrédhearcach éifeachtach a chothú, tugann an JSOP spreagadh don chomhphlé oscailte macánta. Ina theannta sin, bíonn na comhphléití tairbheach agus na réitigh spriocdhírithe, rud a spreagann a thuilleadh ár bhfócas ar an seachadadh.

Grúpaí spriocpháirtithe leasmhara

Tionscal, sochaí, reachtúil, agus rialála.

Bealaí straitéiseacha chuig rannpháirtíocht (an chaoi a rabhamar rannpháirteach)

Cad iad na grúpaí as ar bhaineamar leas (dár rannpháirtíocht), cén chaoi ar bailíodh an t-aiseolas, agus cén rannpháirtíocht a éascaíodh

Leis an JSOP cinntítear rannpháirtíocht láidir i measc na bpáirtithe leasmhara uile trí bhealaí iolracha. I dteannta na ngrúpaí thuasliostaithe, féachann na baill ar bhonn leanúnach do dheiseanna chun aiseolas a bhailiú chomh maith le bealaí inar féidir linn ár rannpháirtíocht a fheabhsú.

Is príomhchuid dár gcur chuige freisin í an tsolúbthacht. Cuireann sé sin ar chumas na mball oibriú ar bhealach atá lúfar ionas gur féidir linn leanúint den mhéid is gá a sheachadadh.

Príomhthéamaí aiseolais

Cad iad na príomhthéamaí aiseolais atá tagtha chun cinn as ár gcuid rannpháirteachas?

Ba rud tábhachtach do rath an chláir ó thús deireadh 2025 é JSOP chun díriú ar chaidreamh láidir. Trí thuiscint a fháil ar dhearcthaí a chéile, agus obair le chéile trí dhúshláin chomhroinnte, bhíomar in ann dul chun cinn agus seachadadh chuspóirí an chláir a éascú.

Torthaí

Cad iad torthaí ár rannpháirteachas?

Bhí an comhoibriú dlúth thar an JSOP ríluachmhar chun tacú le príomhshruthanna oibre ó cheann ceann na bliana.

Gnóthachtáil shuntasach in 2025 ab ea ár ndearadh coincheapúil mionsonraithe a dhréachtú, ar doiciméad 180+ leathanach é, ina dtugtar breac-chuntas ar na prionsabail atá mar bhonn taca faoin gcaoi a bhfeidhmeoidh Samhail Oibriúcháin Amach Anseo sa chleachtas.

Bhí an dréachtdoiciméad ina thoradh ar ionchur cuimsitheach ó OCT agus OCD araon, agus áiríodh leis athbhreithniú cuimsitheach ar SÁnna trasna an dá eagraíocht lenar gineadh tuairim is 1500 trácht agus fiosrú, a bhfuil aghaidh tugtha orthu go léir anois.

Cé gur próiseas é sin ónar theastaigh iarracht agus rannpháirtíocht chuimsitheach idir EirGrid agus Líonraí BSL, bhí an caidreamh láidir a chothaíomar ann chun tacú leis an gclár ó thús deireadh an phróisis sin, agus chinntigh sé go rabhamar in ann comhoibriú ar bhealach éifeachtach, óna dtagann toradh a dtacaíonn an dá eagraíocht leis.

Cás-staidéar a ceathair: **Suirbhé Ghrúpa Úsáideoirí Oibritheoir an Mhargaidh**



Léargas ginearálta

Comhthéacs straitéiseach/ faisnéis chúlra

Is cruinniú démhíosúil é Ghrúpa Úsáideoirí Oibritheoir an Mhargaidh (MUOG) a thugann le chéile Oibritheoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEMO) agus rannpháirtithe sa mhargadh, chun nuashonruithe a sholáthar ar raon leathan ábhar amhail socraíochtaí, trádáil, comhéadan an mhargaidh, eisiúintí TF agus margaí ex-ante.

Feartar fáilte roimh idir 100-200 rannpháirtí chuig gach cruinniú GÚOM, rud a fhágann gur príomhfhóram straitéiseach é chun eolas cothrom le dáta a chomhroinnt, chomh maith leis an deis a chur ar fáil do comhphlé oscailte agus aon fhiosruithe a fhreagairt.

I mí na Bealtaine 2025, thug EirGrid cuireadh do Rannpháirtithe Margaidh a gcuid aiseolais a chomhroinnt trínár gcéad suirbhé ar Ghrúpa Úsáideoirí Oibritheoir an Mhargaidh (GÚOM).

Ba é ab aidhm don suirbhé seo tuiscint a fháil ar an gcaoi ar féidir le EirGrid na seisiúin sin a fheabhsú a thuilleadh chun a chinntiú go leanann siad d'éilimh páirtithe leasmhara a shásamh an oiread agus is féidir.

Príomhábhair fócais dár rannpháirtíocht (an méid atáimid ag iarraidh a bhaint amach)

Ailíniú méadaithe

Ba iad na suirbhéanna bliantúla a thabhairt isteach an rud a chuir ar ár gcumas dúinn a bheith ag teacht níos fearr le tosaíochtaí páirtithe leasmhara. Trí inneachar MUOG a ailíniú le héilimh páirtithe leasmhara, tá sé d'aidhm ag EirGrid comhphlé débhealaigh a chinntiú maidir le rialachas an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEM) agus timthriall leanúnach a éascú maidir le haiseolas a bhailiú, a phróiseáil, a cheartú agus an trédhearcacht ann.

Cumarsáid agus comhoibriú

Tríd an gcomhphlé déthreo a chinntiú, tá sé d'aidhm ag EirGrid iontaoibh a chothú agus caidreamh a neartú idir SEMO agus rannpháirtithe margaidh, agus cur chuige comhoibríoch á chur chun cinn aige. Croí-ábhar fócais is ea chun a chinntiú go dtugtar cuireadh do rannpháirtithe margaidh aiseolas a thabhairt, ceisteanna a chur agus éisteacht a fháil. Tá sé chomh tábhachtach céanna go ngnóthaíonn MLA infheictheacht ar phríomhphointí ionas gur féidir aghaidh a thabhairt orthu.

Trédhearcacht

Príomhghné den chur chuige feabhsaithe is ea a chinntiú ní hamháin go mbailítear an t-aiseolas, ach go gcuirtear i ngníomh é, agus go gcuirtear aon cheartuithe nó cinntí a dhéantar de bharr an aiseolais ó pháirtithe leasmhara, in iúl ar bhealach oscailte trí mheán GÚOM. Agus an méid sin á dhéanamh, tá sé d'aidhm againn an lúb aiseolais a dhúnadh agus an deis á tabhairt do rannpháirtithe margaidh a fháil amach an chaoi a bhfuil a n-aiseolas ag dul i bhfeidhm ar ár gcur chuige.

Seachadadh

Trí mheán seisiúin dhea-struchtúrtha, tá sé d'aidhm ag EirGrid a chinntiú go bhfaigheann páirtithe leasmhara nuashonruithe soiléire tráthúla, ionas gur féidir leo freagairt go comhréireach agus a gcuid cuspóirí oibriúcháin straitéiseacha a chur i bhfeidhm i gcás inarb ábhartha.

Grúpaí spriocpháirtithe leasmhara

Páirtithe leasmhara tionscail, rannpháirtithe margaidh.

Bealaí straitéiseacha chuig rannpháirtíocht (an chaoi a rabhamar rannpháirteach)

Cén chaoi ar bailíodh aiseolas, agus ar éascaíodh rannpháirtíocht?

I gcás an chéad suirbhé GÚOM in 2025, bailíodh aiseolas trí shuirbhé ar líne a seoladh go díreach chuig páirtithe leasmhara trí r-phost. Fágadh an suirbhé ar oscailt ar feadh cheithre seachtaine chun dóthain ama a thabhairt do rannpháirtithe chun freagairt. Díríodh ceisteanna ar inneachar seisiún, deiseanna rannpháirtíochta, agus moltaí maidir le feabhsú.

Áiríodh leis na samplaí de cheisteanna suirbhé:

1. An bhfuil aon ábhair nó limistéir ar leith ar mhaith leat clúdach a fheiceáil orthu ar bhonn níos rialta sa GÚOM?
2. Cé chomh húsáideach a cheap tú an t-inneachar a bheith a cuireadh i láthair le linn an GÚOM?
3. An mbraitheann tú go bhfuil dóthain deiseanna ann le haghaidh ceisteanna agus idirghníomhaíochta le linn GÚOM?
4. An bhfuil aon rud ann a mholfá a chuirfeadh cuma níos mealltaí ar GÚOM?
5. Cé chomh héifeachtach atá GÚOM ag cuidiú le d'eagraíocht chun ullmhú do na hathruithe margaidh ag teacht aníos?
6. An bhfuil tú sásta leis an GÚOM a bheith á reáchtáil ar bhonn fíorúil, nó an mbeadh spéis agat i reáchtáil an GÚÓM ar bhonn pearsanta?
7. Cén chaoi a gcuirfeá síos ar an iomlán ar do leibhéal reatha sástachta leis an GÚOM?

Príomhthéamaí aiseolais

Cad iad na príomhthéamaí a tháinig aníos ón aiseolas a fuarthas?

Trí mheán an tsuirbhé, fuair EirGrid aiseolas dearfach agus moltaí luachmhara, ar féidir go leor acu a thabhairt anonn chuig cruinnithe amach anseo.

I measc na n-ábhar aiseolais, áiríodh iad seo a leanas:

- Ábhair láithreoireachta a fhoilsiú roimh na cruinnithe GÚOM.
- Beidh saineolaithe ábhair ar fáil le linn na gcruinnithe GÚOM chun tacú le réiteach fiosruithe.
- Seisiúin athoiliúna maidir le bunphrionsabail mhargaidh a thabhairt isteach.
- Foirm moltaí d'ábhair amach anseo le háireamh sna cruinnithe ag teacht aníos.
- Beidh seisiúin ceisteanna agus freagraí san áireamh mar chuid de gach GÚOM agus nótaí leantacha le foilsiú mar ábhar tagartha.
- Tuilleadh seisiúin phearsanta le reáchtáil sa bhreis ar na cruinnithe ar líne.
- Seisiúin 'bhuntúis' do rannpháirtithe nach bhfuil an oiread aithne chéanna acu ar thrádáil nó ábhair theicniúla.

Torthaí

An bhfuil aon fheabhsuithe ar a bhfuil EirGrid ag obair de bharr na rannpháirtíochta sin?

Chuir EirGrid ár dtorthaí ón suirbhé i láthair trí mheán GÚOM i mí Mheán Fómhair 2025. D'éascaigh sé sin dúnadh na lúibe aiseolais chomh maith le trédhearcacht a chumasú agus muid ag leanúint ar aghaidh ag cur deiseanna ar fáil do pháirtithe leasmhara chun tacú linn a gcuid éileamh a chomhlíonadh.

As seo amach, táimid ag beartú tuilleadh suirbhéanna a eisiúint chun leanúint d'aiseolas rannpháirtithe a bhailiú, agus chun a chinntiú go léirítear a gcuid moltaí sna cruinnithe amach anseo. Ar a sheal féin, cuideoidh sé sin lenár rannpháirtíocht le rannpháirtithe margaidh a neartú agus caidreamh comhoibríoch láidir á thógáil.

Cás-staidéar a cúig: **Cistiú Sochair Pobail na Bithéagsúlachta**



Léargas ginearálta

Comhthéacs straitéiseach/ faisnéis chúlra

Is fada an bhithéagsúlacht ina croí-ábhar fócais laistigh de chreat forbartha eangaí EirGrid, rud a chinntíonn gurb í an bhithéagsúlacht a mhúnlaíonn gach cinneadh maidir le bealach agus teicneolaíocht. Mar sin féin, ó fógraíodh an éigeandáil náisiúnta bithéagsúlachta agus aeráide in 2019, rinne EirGrid ár dtiomantas d'athbhunú an dúlra a fhás agus a luathú i gcomhréir le seachadadh eangaí a luathú.

Ón mbliain 2022 i leith, tá snáithe neamhspleách bithéagsúlachta le fáil i mBeartas Sochair Pobail EirGrid, ag a bhfuil cistiú comhionann arna shannadh don bhithéagsúlacht, inbhuanaitheacht, agus tionscadail atá dírithe ar an bpobal. Trí thosaíocht a thabhairt don bhithéagsúlacht, ní hamháin go dtugaimid cosaint don limistéar atá buailte ag ár n-obair, ach táimid ag fágáil oidhreacht dhearfach don bhithéagsúlacht sna pobail atá buailte.

Ba é an chéad tionscadal a chomhlíon an struchtúr cistiúcháin é tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh dár slánaíodh cistiú sochair pobail dar luach €2.4m. Le linn na chéad chéime den chistiú, fuair EirGrid líon íseal iarratas incháilithe ar thionscadail bithéagsúlachta, ónar tháinig gannchaitheamh na gcistí a bhí ar fáil. Mar sin féin, bhí an gannchaitheamh fós imfhálaithe do thionscadail bhithéagsúlachta, agus dá réir sin rinneadh é a thar-rolladh chuig céim 2 den chiste.

Roimh an gcéim iarratais ar chiste do chéim 2 den Chiste Sochair Pobail Cheiltigh, agus chun líon ard iarratas a éascú, chuir EirGrid clár cothaithe acmhainneachta pobail i bhfeidhm, i gcomhar le riarthóir an chiste, SECAD. Bhí sé d'aidhm ag an gcleachtadh fothaithe acmhainneachta sin grúpa pobail a chur ar an eolas agus a chumasú ar bhealach níos fearr chun tionscadail bithéagsúlachta a phleanáil dá bpobal, a bheadh ag teacht go hiomlán leis an mbeartas poiblí agus leis an mbonn fianaise eolaíochta is déanaí. Mar chuid den obair sin, le haghaidh chéim 2 d'fhorbraíomar ceanglais bhithéagsúlachta ar leith laistigh de threoirlínte cothrom le dáta do chéim 2. Tugtar na treoirlínte do SECAD agus do na pobail áitiúla araon.

Príomhábhair fócais dár rannpháirtíocht (an méid atáimid ag iarraidh a bhaint amach)

Comhroinnt eolais

Príomhcheanglas chun plean tionscadail bithéagsúlachta a fhorbairt is ea bonnlíne éiceolaíochta a bhunú chun an ghnáthóg agus na speicis atá le fáil ag suíomh a shainaithint. Féadfaidh na gnéithe den sórt sin atá ann cheana cosaint a éileamh le linn an Tionscadail Sochair Pobail, agus/nó ba cheart iad a chomhtháthú le cuspóirí an tionscadail. Trí shaineolas éiceolaíochta infhaighte a chur ar fáil, bhí EirGrid in ann comhroinnt faisnéise agus pleanáil tionscadal a éascú, ní hamháin chun tacú le hiarratais ar chistiú, ach freisin chun a chinntiú gur uasmhéadaíodh na tairbhí éiceolaíochta leis.

Cumarsáid agus comhoibriú

Trí obair go dlúth leis na pobail, bhíomar in ann cur isteach iarratas mionsonraithe ar thionscadal bithéagsúlachta a éascú, lenar áiríodh bonnlínte éiceolaíochta, pleananna bainistíocht agus bainistíocht ar fhorbairtí amach anseo.

Seachadadh

Tá ceanglais EirGrid maidir leis an sruth bithéagsúlachta ag teacht le Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht an Rialtais. Ar leibhéal níos áitiúla, thacaigh EirGrid freisin le rannpháirtíochtaí éagsúla le húdaráis áitiúla agus leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, chun cúnamh a thabhairt le haon dúshlán áitiúil a thagann aníos agus tionscadal bithéagsúlachta á chur chun feidhme.

Grúpaí spriocpháirtithe leasmhara

Sochaí, reachtúil.

Bealaí straitéiseacha chuig rannpháirtíocht (an chaoi a rabhamar rannpháirteach)

Cad iad na grúpaí as ar bhaineamar leas

Tá Comhpháirtíocht SECAD ar cheann de na heagraíochtaí is forásaí d'fhorbairt phobail in Éirinn, agus tá a ceanncheathrú in oirthear Chorcaí. Mar an Riarthóir Ciste atá ceaptha do Chiste Sochair Pobail an Idirnascaire Cheiltigh, oibríonn EirGrid go dlúth le SECAD chun bainistíocht éifeachtach na gcistí laistigh de chreat Bheartas an Chiste Sochair Pobal de chuid EirGrid a chinntiú agus i gcomhréir leis an Straitéis do Chiste Sochair Pobail an Idirnascaire Cheiltigh. Oibríonn EirGrid go dlúth freisin le SECAD ar rannpháirtíocht pobail agus fothú acmhainneachta chun sochair don phobal a bharrfheabhsú.

Príomhthéamaí aiseolais

Cad iad na gníomhartha a rinne EirGrid?

Ag teacht sna sála ar ár rannpháirtíocht le SECAD agus le pobail áitiúla, thacaigh EirGrid leis na tionscnaimh a leanas:

- **Seimineár gréasáin bithéagsúlachta do thionscadal ar leith** – eolas a chomhroinnt agus ceisteanna a fhreagairt. Don imeacht sin, thugamar cuireadh freisin d'aoichainteoirí ó thionscadail bhithéagsúlachta pobail eile chun a léargas agus taithí a chomhroinnt i dteannta smaointe nua, agus spreagadh á thabhairt do na grúpaí eile.
- **Caint san Eochaill maidir le Réitigh chun Bithéagsúlacht a Fhuinnmhiú (mar chuid den tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide)** – mar chuid den imeacht sin, labhair Robert Fennelly, príomh-éiceolaí sinsearach EirGrid, faoi na bearta bithéagsúlachta atá á gcur chun feidhme ag EirGrid mar chuid dár bhforbairt bonneagair eangaí, lena n-áirítear an tIdirnascaire Ceilteach fomhuirí. D'éascaigh an chaint don deis do pháirtithe leasmhara pobail ceisteanna a chur, agus eolas agus aiseolas áitiúil a chomhroinnt.
- **Tacaíocht d'iarratais ar thionscadal bithéagsúlachta ar líne agus pearsanta** – chuir na foirne bithéagsúlacht EirGrid agus SECAD saineolas agus tacaíocht d'iarratasóirí ciste chun cuidiú leo a n-iarratais ar thionscadal bithéagsúlachta a fhorbairt, i dteannta rannpháirtíochtaí leantacha.
- **Tacaíocht rannpháirtíochta níos leithne** – thacaigh EirGrid freisin le hiarratasóirí ciste ina gcuid rannpháirtíochtaí leis na húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí amhail an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.
- **Smaointeoireacht ar réitigh** – trí obair go dlúth le SECAD agus leis na pobail áitiúla, bhíomar in ann tacú le réiteach fadhbanna agus saineolas ar láimh agus comhoibriú spriocdhírithe a thairiscint.

Torthaí

Cad iad torthaí na rannpháirtíochtaí sin?

De thoradh an fhothaithe acmhainneachta a dhéantar tar éis Chéim 1 den chistiú, tá dúbailt an lín iarratas le fáil i gcéim 2 den chiste:

Céim	An cistiú atá ar fáil	Cistiú bithéagsúlachta bronnta	Líon na dtionscadal arna gcistiú
1	€320,000	€198,987	16
2	€361,013	€344,828	36

Thug EirGrid anall gannchaitheamh dar luach €121,013 ó chéim a haon chuig céim a dó.

Faightear thíos cuid de na tionscadail bhithéagsúlachta atá á gcistiú agus á dtacú le EirGrid mar chuid den Chiste Sochair Pobail de chuid an Idirnascaire Cheiltigh:

Athchóiriú Linnte Líonra Gorm Glas Eochaille (Luach: €33,819) chun an linn agus an limistéar mórthimpeall uirthi a athbheochan agus a athchóiriú, agus bithéagsúlacht nádúrtha an tsuímh á saothrú.

Tionscadal Bainistíochta Fiailí ar Loch an Doire (Luach: €79,677) chun speicis fiailí a bhaint, leibhéil ocsaigine a athbhunú agus bithéagsúlacht an cheantair a fheabhsú. Tacaíocht ó Chomhairle Slatiascaireachta na hÉireann agus SSTRAI, forbróidh sí Loch an Doire mar phríomhiascach ina bhfuil rochtain fheabhsaithe do dhaoine le míchumas, sainsaoráidí slatiascaireachta, agus oiliúint sa bhithshlándáil.

Baint Speiceas Ionrach i gCoill Ghleann Bodhar (Luach €44,986) chun gnáthóg dhúchasach choillearnaí a chosaint agus bithéagsúlacht a fheabhsú. Táthar tar éis plean an tionscadail a fhorbairt trí chomhairliúchán fairsing lena mbaineann Coiste Choill & Loch an Ghleanna Bhodhair, páirtithe leasmhara áitiúla, agus saineolaithe éiceolaíochta.

Tionscadal Caomhnaithe Beach na hÉireann (Luach: €5,000) chun feasacht a ardú faoi phailneoirí agus pobail a chumhachtú chun gnáthóga atá báúil do phailneoirí a chruthú. Músclóidh an tionscadal feasacht ar ról ríthábhachtach na bpailneoirí trí mheán ceardlanna, gníomhaíochtaí praiticiúla. Comhoibreoimid le pobail áitiúla, scoileanna, agus grúpaí comhshaoil chun bithéagsúlacht a chur chun cinn, gnáthóga atá fabhrach do phailneoirí a chruthú, agus daoine aonair a chumhachtú i bhfoirm eolas praiticiúil ar chaomhantas.

Tionscadal teagaisc do Bheachadóirí Chorcaí (Luach: €2,924) chun tacú le beachadóirí galair a thabhairt faoi deara agus a dhiagnóisiú le micreascóip chomhshuite.

Tá EirGrid ag leanúint ar aghaidh ag tacú le pobail ina ngníomhartha atá dírithe ar an mbithéagsúlacht, agus tugann sé spreagadh dóibh siúd a fhaigheann tacaíocht le haghaidh cúnamh teicniúil i gcéim 2, chun tionscnaimh bhithéagsúlacht a sheachadadh i gcéim 3.

Cás-staidéar a sé:
Cleachtadh Faisnéise Margaidh



Léargas ginearálta

Comhthéacs straitéiseach/ faisnéis chúlra

An 18 Feabhra 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU) a Pháipéar Cinnidh Beartaithe maidir le Beartas Nasctha do Mhórúsáideoirí Fuinnimh. Ba é ba chuspóir leis an bpáipéar conair a leagan amach d'iarratais ar nascadh leis an eangach ó lárionaid sonraí, agus tionchar féideartha na spriocanna náisiúnta don fhuinneamh in-athnuaite agus d'astuithe carbóin á íoslaghdú.

Leagadh amach sa pháipéar ceanglais d'oibritheoirí an chórais leictreachais agus gáis chun Cleachtadh Faisnéise Margaidh (CFM) a dhéanamh chun tuiscint níos fearr a fháil ar an éileamh meántéarmach a d'fhéadfadh teacht ó lárionaid sonraí ionchasacha, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt fhéideartha ar chur chuige ag cloí le plean.

Trí rannpháirtíocht a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara, ba í an aidhm tuiscint a fháil ar na hionchais le haghaidh an éilimh amach anseo ar lárionaid sonraí sna 15 bliana amach romhainn lena n-áirítear amlínte, scála (méid MW), rátaí rampála, próifíl an éilimh (éileamh leanúnach nó éagsúil in imeacht ama), sainroghanna maidir le suíomh, giniúint bheartaithe agus cumas na saoráide chun éileamh solúbtha a chur ar fáil.

I gcás naisc atá ann cheana le lárionaid sonraí, ba í an aidhm léargais a fháil ar an áit ina bhfuil barrachas toillte nó toilleadh gan úsáid (ach ar conradh), agus a fháil amach más féidir an toilleadh sin a thabhairt ar ais don chóras.

Príomhábhair fócais dár rannpháirtíocht (an méid atáimid ag iarraidh a bhaint amach)

Cumarsáid agus comhoibriú

D'fhonn léargais a bhailiú ó phríomhpháirtithe leasmhara, agus ar iarratas ón CRU, d'oibrigh EirGrid i gcomhar le Líonraí BSL agus le Líonraí Gáis Éireann chun Cleachtadh Faisnéise Margaidh a dhéanamh leis an gcuspóir tuiscint níos fearr a fháil ar ionchais amach anseo don éileamh a d'fhéadfadh a bheith ar lárionaid sonraí as seo go ceann 15 bliana. Áiríodh leis na hábhair fócais rannpháirtíochtaí don Chleachtadh Faisnéise Margaidh:

Cumarsáid agus comhoibriú

D'fhonn na príomhchritéir a leagtar amach ag CRU a ghabháil, ghlac EirGrid agus na hOibritheoirí Córais eile cur chuige comhoibríoch agus chomhdhréachtaigh siad an ceistneoir agus machnamh á dhéanamh ar ábhair ábhartha eile an tionscail. Sheol EirGrid an ceistneoir freisin maidir lenár dtairseach chomhairliúcháin, agus bhí an comhairliúchán ar siúl ón 30 Bealtaine go dtí 1 Lúnasa 2025, agus agallaimh bhreise á reáchtáil i dteannta rannpháirtithe i mí Mheán Fómhair 2025.

I rith na tréimhse comhairliúcháin, reáchtáil EirGrid feachtas cumarsáide spriocdhírithe, lenar áiríodh inneachar físeán agus inneachar láithreáin gréasáin. Seoladh r-phoist go díreach freisin chuig na páirtithe leasmhara ábhartha lenar áiríodh teagmhálaithe cláraithe chomh maith le custaiméirí SD ar conradh (iad siúd ag a raibh comhaontú nasctha curtha i bhfeidhm) le cur in iúl dóibh faoi raon feidhme an chleachtaidh, agus an deis a thabhairt a bpleananna amach anseo a chomhroinnt ionas go bhféadfaí iad a áireamh san anailís sonraí ina diaidh sin, a thabharfaí ar láimh do CRU.

Trédhearcacht

D'fhonn rannpháirtíocht fhorleathan a spreagadh agus chun a chinntiú go raibh an tuarascáil chomh cuimsitheach agus ab fhéidir, bhí an rúndacht an-tábhachtach don MIE. Chun tacú leis an gcur chuige sin, reáchtáladh agallaimh aonair leis na páirtithe leasmhara, agus comhiomlánaíodh agus rinneadh anaithnidiú ar na torthaí sonraí (seachas tagairt a dhéanamh d'fhorbróirí / saoráidí aonair).

Grúpaí spriocpháirtithe leasmhara

Tionscal (lárionaid sonraí ionchasacha agus nasctha)

Bealaí straitéiseacha chuig rannpháirtíocht (an chaoi a rabhamar rannpháirteach)

Cad iad na grúpaí ar bhaineamar leas astu (dár rannpháirtíocht), cén chaoi ar bailíodh an t-aiseolas, agus cén rannpháirtíocht a éascaíodh

D'fhonn an leibhéal is mó rannpháirtíochta a chinntiú, chinntigh EirGrid agus Oibritheoirí Córais eile go raibh an Cleachtadh Faisnéise Margaidh curtha in oiriúint chun éilimh na bpáirtithe leasmhara bainteacha a chomhlíonadh. Dá thoradh sin, tharla cumarsáid agus comhoibriú thar bhealaí iolracha, agus bíonn príomhróil ag agallaimh aonair agus cumarsáid dhíreach chun sonraí íogaire a bhailiú agus trédhearcacht a chinntiú i dteannta na deise chun comhphlé bríomhar a dhéanamh idir príomhpháirtithe leasmhara agus na hOibritheoirí Córais.

Príomhthéamaí aiseolais

Cad iad na príomhthéamaí a tháinig aníos ón aiseolas a fuarthas?

Cé gur rúnda iad torthaí sonracha MIE, tá roinnt príomhphointí aiseolais ann ó rannpháirtithe agus páirtithe leasmhara. Áiríodh leo sin an méid éilimh a leag gach rannpháirtí amach ina aighneacht, an áit a raibh an t-éileamh sin suite, cé chomh fada chun cinn ar an bpróiseas a bhí siad, chomh maith leis an gcaoi a raibh sé ar intinn acu giniúint a chur ar fáil do na saoráidí atá beartaithe.

Thug na páirtithe leasmhara aiseolas freisin le linn na gcruinnithe aonair, agus thug roinnt acu faoi deara gur fhear siad roimh an deis uathúil plé a dhéanamh ar a gcuid pleananna i bhfóram comhpháirteach i dteannta EirGrid, Líonraí BSL agus Líonraí Gáis Éireann. Bhí an cur chuige comhoibríoch a ghlac na hOibritheoirí Córais chun tabhairt faoi thasc cuimsitheach ríthábhachtach freisin do rath an chleachtaidh.

Torthaí

Cén toradh a bhí ar an nGníomh Faisnéise Margaidh?

Tar éis dhúnadh an tsuirbhé, sceidealaigh EirGrid agus Oibritheoirí Córais eile cruinniú le CRU chun plé a dhéanamh ar ár dtorthaí tosaigh lena n-áirítear an leibhéal iomlán éilimh a léirítear sna haighneachtaí, i dteannta na miondealuithe réigiúnacha. Rinneamar na chéad chéimeanna eile a phlé freisin.

D'eagraigh EirGrid glaonna leis an Rialtas freisin chun achoimre a chur ar fáil maidir leis na réamhthorthaí ón suirbhé sula n-eiseofar an tuarascáil féin.

Tá na freagairtí don Chleachtadh Faisnéise Margaidh beartaithe chun cur leis an bhforbairt beartais ag CRU agus chun cuidiú le forbairt fhéideartha ar chur chuige plean-bhunaithe a mhúnlú, arna stiúradh ag CRU, i gcomhréir le beartas an Rialtais.

D'fhoilsigh CRU a bheartas nua Beartas Nasctha do Mhórúsáideoirí Fuinnimh an 12 Nollaig 2025.

Cás-staidéar a seacht: **Comhráite Ceilteacha**



Léargas ginearálta

Comhthéacs straitéiseach/ faisnéis chúlra

Is tionscadal bonneagair straitéiseach mór é an tIdirnascaire Ceilteach lena gcumasófar malartú 700 meigeavata leictreachais thar 575 ciliméadar idir Éire agus an Fhrainc, agus a bheith mar an gcéad idirnascaire idir Éire agus mór-roinn na hEorpa.

Nascfar an fostáisiún leictreachais atá ann i gCnoc Rátha (in oirthear Chorcaí) tríd an nasc leis an bhfostáisiún in La Martyre (Finistère, an Fhrainc), rud a chuirfidh le soláthar níos sláinte agus níos inbhuanaithe a fháil tríd an aon nasc díreach fuinnimh ag Éirinn le Ballstát an Aontais Eorpaigh a chur ar fáil. Tá an tionscadal seo á fhorbairt ag EirGrid, an t-oibritheoir córais tarchurtha in Éirinn, agus ag a chomhpháirtí sa Fhrainc, mar atá Réseau de Transport d'Électricité (RTE).

I mí an Mheithimh 2025, fearadh fáilte chuig oirthear Chorcaí roimh na Méaraí is ionadaithe do na comúin éagsúla sa Fhrainc trína ritheann Tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh mar chuid d'imeacht um chomhar pobail chun caidreamh i measc pobal a chothú agus deis don chomhoibriú amach anseo a chruthú.

I gcaitheamh an dá lá, fuair siad léargas mionsonraithe ar ghnéithe éagsúla den tionscadal in Éirinn, lenar áiríodh tiomáint ar bhealach cábla, turas ar láithreán an stáisiúin tiontaire, agus cuairt ar an áit theacht i dtír ag Trá an Chaisleáin Chria, Eochaill.

Anuas ar na gnéithe teicniúla den tionscadal, bhuail na méaraí le hionadaithe pobail ó oirthear Chorcaí, chun rannpháirt a ghlacadh i gcomhrá pobail maidir le EirGrid agus cur chuige rannpháirtíochta EirGrid agus RTÉ chun an eangach leictreachais a aistriú ó bhreoslaí iontaise chuig fuinneamh in-athnuaite, agus na dúshláin agus deiseanna a bhaineann leis sin do na pobail a óstálann bonneagar eangaí.

Príomhábhair fócais dár rannpháirtíocht

Cumarsáid agus comhoibriú

Mar an tOibritheoir Córais Tarchurtha (OCT), tá ról lárnach againn i ndícharbónú earnáil an leictreachais, ag tacú le rolladh amach na giniúna in-athnuaite agus ag cuidiú leis an Rialtas uaillmhianta aeráide na hÉireann, agus tacú ag an am céanna le forbairt eacnamaíoch shóisialta an stáit.

Baineann tábhacht náisiúnta agus don Aontas Eorpach le tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh, agus mar chuid dár rannpháirtíocht phoiblí, is príomhábhar fócais é eolas a chothú i measc an phobail ionas go mbeidh páirtithe leasmhara in ann tuiscint láidir a fháil ar ár gcuid oibre.

Ina theannta sin, is príomhfhócas freisin é iontaoibh agus feasacht a chothú, agus a chinntiú go mbíonn an caidreamh oibre ceart i bhfeidhm chun glacadh, forbairt agus seachadadh amach anseo a éascú.

Grúpaí spriocpháirtithe leasmhara

Sochaí, reachtúil.

Bealaí straitéiseacha chuig rannpháirtíocht (an chaoi a rabhamar rannpháirteach)

Cad iad na grúpaí ar bhaineamar leas astu dár rannpháirtíocht

Trí na pobail ón dá thaobh a thabhairt le chéile, trí mheán Fhóram Pobail an Idirnascaire Cheiltigh, bhí páirtithe leasmhara in ann a gcuid tuairimí a phlé go hoscailt chomh maith le smaointe a chomhroinnt leis an ngrúpa.

Príomhthéamaí aiseolais

Cad iad na príomhthéamaí a tháinig aníos ón aiseolas a fuarthas?

I gcaitheamh an imeachta dhá lá, reáchtáladh comhphléití idir an dá phobal (arna n-éascú le hateangairí) agus clúdaíodh na hábhair a leanas iontu:

- Tionchar an bhonneagair fuinnimh ar fhiadhúlra agus talmhaíocht áitiúil, i dteannta smaointeoireacht faoi réitigh.
- Tionchar ar na pobail áitiúla agus bealaí chun daoine a thabhairt le chéile.
- Bealaí chun daoine óga a chur i rannpháirt níos mó le forbairt a bpobal, agus chun a n-eolas ar an tábhacht agus na tairbhí a bhaineann le bonneagar fuinnimh atá láidir.
- Ag díriú isteach ar naisc chomhroinnte Cheilteacha na hÉireann agus na Fraince d'imeachtaí comhoibríocha lena mbaineann téama pobail amach anseo.

Torthaí

Cad iad na tairbhí agus torthaí ón rannpháirtíocht seo?

Is eiseamláir é an tIdirnascaire Ceilteach ar fhíor-chomhoibriú idir an dá thír, pobail éagsúla á dtabhairt le chéile, chun plé a dhéanamh ar leasanna sibhialta agus beartais.

Tá Éire agus an Fhrainc tiomanta do chaidreamh déthaobhach a neartú agus a dhoimhniú a thuilleadh agus léiríodh an méid sin ar leibhéal pobail.

Trí rannpháirtíocht éifeachtach le páirtithe leasmhara, tá sé d'aidhm againn tacaíocht leanúnach a bhaint amach dár gcuid oibre agus muid ag bogadh i dtreo chéimeanna deiridh thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh. Leanann an tionscadal de bheith ina ábhar mór spéise i gcoitinne agus i measc páirtithe leasmhara, rud a chuireann luach le cuspóirí rannpháirtíochta páirtithe leasmhara an tionscadail agus an phobail araon chomh maith le cuspóir foriomlán EirGrid maidir le heolas agus feasacht an phobail a mhéadú i ndáil le ról athraitheach an chórais cumhachta.





2025 Tuarascálacha um Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara an Líonra



04

Tionscadail feabhsaithe eangaí agus rannpháirtíocht phoiblí





Léargas ginearálta


Tá sé riachtanach dár gcuid oibre go mbeadh teagmháil againn leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile. Ní féidir linn ár spriocanna um gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach agus soláthar inbhuanaithe leictreachais a chinntiú do na glúnta amach romhainn ach amháin le tacaíocht an phobail agus na bpáirtithe leasmhara.

Léirítear inár Straitéis Teagmhála Poiblí an chaoi a bhforbraímid caidreamh ar an talamh agus a bhfaighimid aiseolas ar thionscadail sula dtosaíonn siad ionas gur féidir linn torthaí níos fearr a bhaint amach do chách.

Sula ndéanaimid an eangach a fhorbairt nó a uasghrádú, déanaimid teagmháil le húinéirí talún, ionadaithe pobail, grúpaí leasmhara, páirtithe leasmhara áitiúla chun tuiscint níos fearr a fháil ar a riachtanais agus ar an gceantar áitiúil araon, agus faisnéis á roinnt go tráthúil agus go hionchuimsitheach ag an am céanna.

Ina theannta sin, oibrímid go réamhghníomhach le grúpaí comhshaoil speisialaithe, agus le páirtithe leasmhara reachtúla ábhartha eile amhail ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, údaráis phleanála agus comhlachtaí forordaithe eile chun a chinntiú go bhfuil tionscadail EirGrid comhsheasmhach le beartas pleanála náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Tá sé d'aidhm ag EirGrid oidhreacht dhearfach pleanála agus comhshaoil Tá forbairt agus athchóiriú an mhargaidh chomh maith lenár n-athimeascadh i margaí na hEorpa le nasc an Idirnascaire Cheiltigh fós ina bpríomhthosaíochtaí agus muid ag leanúint de chreat iomaíoch a sholáthar a thacaíonn le hinfheistíocht. Mar shampla, bithéagsúlacht na hÉireann a fheabhsú agus aon tionchar féideartha a bhaineann le forbairt bonneagair straitéisigh ríthábhachtach a theorannú ag an am céanna.

Ar deireadh, táimid i gcónaí ag iarraidh feabhas a chur ar rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus leanúint de bheith ag obair go nuálach agus aiseolas ar an obair a dhéanaimid á chur san áireamh againn.



Straitéis

Mar chuid dár gcur chuige, bainimid úsáid as próiseas comhsheasmhach sé chéim mar chreat chun roghanna a fhiosrú agus cinntí a dhéanamh. Ár gcur chuige maidir le rannpháirteachas Mar chuid dár gcur chuige, úsáidimid próiseas comhsheasmhach sé chéim mar chreat chun roghanna a fhiosrú agus cinntí a dhéanamh.

De ghnáth, bíonn rannpháirteachas leis an bpobal, le pobail áitiúla, le húinéirí talún agus le páirtithe leasmhara eile ag tarlú le linn chéimeanna 3 agus 4, agus arís ag céimeanna 5 agus 6 ar an scéim na gCistí Sochair Pobail. Mar sin féin, tá cineál na rannpháirtíochta curtha in oiriúint don tionscadal ag gach céim agus riachtanais na bpáirtithe leasmhara á gcur san áireamh ag an am céanna. Mar shampla déanfaimid iarracht i gcónaí dul i mbun comhairliúchán foirmiúil tráth a mbeidh páirtithe leasmhara in ann bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht ach freisin nuair a bheidh faisnéis shubstaintiúil le cur i láthair. Déantar é sin chun cuma cleachtas 'bosca seiceála' a sheachaint agus chun moill a d'fhéadfadh a bheith ar sheachadadh príomhthionscadal a sheachaint.

Is féidir rannpháirtíocht lenár gcustaiméirí, leis an earnáil fuinnimh i gcoitinne agus le páirtithe leasmhara reachtúla agus eile a bheith ag gach céim.

Céim 1 Conas a dhéanaimid riachtanais na heangaí leictreachais a shainaithint?

Céim 2 Cén teicneolaíochtaí ar féidir leo na riachtanais sin a chomhlíonadh?

Céim 3 Cad í an rogha is fearr agus cén ceantar a bheadh is feiliúnaí chun é sin a dhéanamh?

Céim 4 Cá háit go díreach ar cheart dúinn dul i mbun tógála?

Céim 5 Iarratas ar chead pleanála.

Céim 6 Tógáil, fúinnmhiú (déanamh beo) agus sochair a roinnt.

Próiseas Sé Chéim maidir le Forbairt Eangaí

An Próiseas Sé Chéim Forbartha Eangaí.

I gcás gach príomhthionscadail nó príomhthionscnaimh, bainimid úsáid freisin as plean rannpháirtíochta saincheaptha ina sainaithnítear na bealaí a úsáidfimid chun faisnéis a chur ar fáil dár bpáirtithe leasmhara. Maidir le rannpháirtíocht phoiblí, d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:

- Fóraim phobail a bhunú do gach mórthionscadal eangaí.
- Ríomhphoist chuig custaiméirí agus páirtithe leasmhara.
- Bileoga faisnéise tionscadail, nuachtlitreacha agus nuashonruithe.
- Litreacha chuig úinéirí talún agus comhlachtaí reachtúla.
- Cruinnithe duine le duine.
- Laethanta eolais.
- Imeachtaí don Phobal.
- Fógraíocht sa phreas áitiúil agus náisiúnta, ar chainéil na meán sóisialta agus ar ardáin dhigiteacha eile.
- Faisnéis a chur ar fáil tríd ár suíomh gréasáin.

Maidir le tionscadail forbartha eangaí, áirítear lenár rannpháirteachas le páirtithe leasmhara freisin promóisean in áiteanna poiblí agus laethanta oscailte sa cheantar áitiúil inar féidir le daoine den phobal bualadh leis an bhfoireann tionscadail agus a gcuid ceisteanna a fhreagairt. Iarrtar ar pháirtithe leasmhara aiseolas a thabhairt i bhformáidí éagsúla, lena n-áirítear foirmeacha aiseolais ar líne agus ag laethanta oscailte, trí fhóraim agus seimineáir ghréasáin agus trí ríomhphost nó litir. Is féidir le páirtithe leasmhara dul i dteagmháil go díreach le hOifigigh Idirchaidrimh Pobail (CLO) nó le hOifigigh Idirchaidrimh Talmhaíochta (ALO) agus le hOifigigh Idirchaidrimh Iascaigh (FLO) tiomnaithe le haghaidh gach tionscadail forbartha eangaí. Is féidir le custaiméirí dul i dteagmháil go díreach lena mBainisteoir Cuntais Chustaiméirí.

Pleanáil eangaí

Tá sé riachtanach freisin dár dtionscadail go n-oibreoimid i gcomhar le páirtithe leasmhara reachtúla agus neamhreachtúla (lena n-áirítear comhlachtaí forordaithe). Maidir le rannpháirtíocht reachtúil páirtithe leasmhara ar thionscadail, (agus go deimhin le haghaidh gníomhaíochtaí neamhthionscadail eile) déanfaidh ár bhfoireann Pleanála & Comhshaoil teagmháil dhíreach le páirtithe leasmhara ábhartha, agus go ginearálta cuirfidh siad an tionscadal i láthair ina chomhthéacs forbartha straitéisí níos leithne, comhthéacs ábhartha beartais agus plean rialaithe, agus pléifidh siad réimse saincheisteanna teicniúla, comhshaoil agus éiceolaíocha a thagann chun cinn mar chuid de chomhaontú ar raon feidhme togra tionscadail.

Chomh maith leis seo, bíonn EirGrid ag plé le páirtithe leasmhara reachtúla in dhá phríomhfhormáid eile:

1) Comhairliúchán agus Rannpháirtíocht Réamhiarratais

Le linn na gcéimeanna éagsúla de fhorbairt an tionscadail, rachaidh EirGrid i mbun comhairliúcháin réamhiarratais shonraigh leis an údarás toilithe ábhartha, agus le comhlachtaí forordaithe eile a shainaithnítear. Áirítear leis seo comhairliúchán foirmiúil réamhiarratais leis an gCoimisiún Pleanála (ACP) agus/nó leis na húdaráis phleanála ábhartha, chomh maith le teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara comhshaoil

agus páirtithe leasmhara eile amhail an tSeirbhís um Pháirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Bonneagar Iompair Éireann, agus na rannóga ábhartha éagsúla de na húdaráis áitiúla. Ligeann sé seo dúinn caidreamh a chothú leis na comhlachtaí forordaithe sin a dhéanfaidh aighneachtaí maidir le togra tionscadail, nó a bheidh ag cinneadh ar thogra tionscadail sa deireadh, ar bhealach oscailte agus trédhearcach – chun an togra atá ag teacht chun cinn a chur i láthair agus comhairle fhoirmiúil a fháil maidir lena raon feidhme agus maidir le nithe ábhartha eile.

Chomh maith leis sin, tugann sé deis dúinn breac-chuntas a thabhairt ar na roghanna eile a breithníodh le haghaidh tionscadail, chomh maith le forbhreathnú a thabhairt ar an ngá straitéiseach agus ar an gcomhthéacs pleanála agus beartais le haghaidh forbairt bheartaithe.

Trí oibriú ar an mbealach seo, is féidir le EirGrid aon amhras nó saincheisteanna a eascraíonn do na páirtithe leasmhara sin a thuiscint óna ndearcadh sonrach féin, ionas gur féidir aghaidh a thabhairt orthu a luaithe is féidir, rud a chinntíonn iarratas pleanála atá láidir, agus a chuireann togra i láthair atá i gcomhréir le prionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inbhuanaithe.

2) Rannpháirtíocht pleanála

Faoi láthair, ullmhaíonn EirGrid Plean Cur Chun Feidhme Eangaí gach cúig bliana. Is plean é seo ar leibhéal náisiúnta, atá faoi réir Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta, agus léiríonn sé an raon feidhme agus an cur chuige pleanála a ghlactar don Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP).

Ar leibhéal réigiúnach, tá EirGrid i mbun trí Chreat straitéiseacha um Fhorbairt Eangaí a ullmhú agus a fhoilsiú, chun léiriú a thabhairt ar na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha (RSESanna) atá ullmhaithe ag na trí Thionól Réigiúnacha, agus a chaithfidh, de réir an dlí, a bheith i bhfeidhm ar an gcóras pleanála áitiúil. Tugann na pleananna seo pictiúr cuimsitheach ar fhorbairt phleanáilte na heangaí ar leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha, mar aon lenár gcur chuige maidir le dearadh, toiliú, cúram comhshaoil agus seachadadh.

Ar deireadh, ar an leibhéal áitiúil, tá EirGrid ag forbairt roinnt creat-doiciméad atá sonrach don tionscadal freisin.

Rannpháirteachas leis an bPobal

Trí rannpháirteachas éifeachtach le páirtithe leasmhara, tá sé d'aidhm againn tacaíocht leanúnach a bhaint amach dár gcuid oibre agus a chinntiú go bhfuil an seachadadh ailínithe le hamlínte an tionscadail.

Tá sé d'aidhm againn freisin feasacht a mhúscailt faoi obair EirGrid agus faoinár misean chun torthaí níos fearr a bhaint amach do chách. Cuid ríthábhachtach de seo ná eolas a chothú sa phobal ionas go mbeidh tuiscint láidir ag páirtithe leasmhara ar ár gcuid oibre.

Sa ról atá againn mar Oibreoir Córais Tarchurtha, tá ról lárnach againn i ndícharbónú earnáil an leictreachais, ag tacú le feidhmiú céimneach na giniúna in-athnuaite, agus ag cabhrú leis an Rialtas uaillmhianta aeráide na hÉireann a bhaint amach agus ag an am céanna ag tacú le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta an Stáit

Ar deireadh, tá sé thar a bheith tábhachtach dúinn ag EirGrid caidreamh láidir a chothú ar fud na réigiún ina bhfuilimid gníomhach. Ní hamháin chun muinín a chothú ach freisin chun a chinntiú go bhfuil caidreamh oibre ceart i bhfeidhm chun glacadh, forbairt agus seachadadh a éascú amach anseo.

Rannpháirtíocht le húinéirí talún

Tá rannpháirtíocht úinéirí talún ríthábhachtach chun bonneagar eangaí a ghlacadh agus a sholáthar ar an iomlán. Tá Aonad Bainistíochta Talún ag EirGrid le foireann Oifigeach Idirchaidrimh Talmhaíochta a théann i dteagmháil le húinéirí talún ar thionscadail ag na céimeanna forbartha is luaithe. Bíonn plé againn le húinéirí talún agus muid ag iarraidh pleanáil cá háit an bonneagar ar fad a chur. Is é ról an Oifigigh Idirchaidrimh Talmhaíochta faisnéis tionscadail a sholáthar d'úinéirí talún, agus tuiscint a fháil ar na leasanna agus na srianta sonracha maidir le gach gabháltas talún aonair. Tríd an eolas sin a fhorbairt, tá Oifigigh Idirchaidrimh Talmhaíochta in ann oibriú go dlúth le húinéirí talún chun aiseolas a bhailiú agus chun aghaidh a thabhairt ar aon cheisteanna nó ábhair imní a ardaítear maidir le tionscadail tarchurtha atá beartaithe.

Fóraim Phobail agus Thionscail

Trínár bhFóraim Phobail agus Thionscail, cuidímid lena chinntiú go mbíonn deiseanna rialta ag na daoine a bhfuil tionchar aige seo orthu páirt a ghlacadh go díreach i bpleanáil na hoibre atá beartaithe ina gceantar.

Tá cathaoirleacht neamhspleách ar gach fóram pobail, agus áirítear leis an mballraíocht ionadaithe ó ghrúpaí pobail áitiúla chomh maith le comhairleoirí contae áitiúla agus baill den chomhlachas tráchtála. Áirítear seo a leanas lenár bhfóraim do pháirtithe leasmhara:

- **Fóraim Phobail** (éagsúil ar fud gach tionscadal nua forbartha eangaí) e.g. Fóram Pobail Cheiltigh, Chonnacht Thuaidh agus Chill Dara na Mí.
- **Fóram Gnó maidir le Baile Átha Cliath a Chumhachtú** (Cuireann Fóram Gnó maidir le Baile Átha Cliath a Chumhachtú fóram ar fáil le haghaidh idirphlé idir páirtithe leasmhara agus foireann tionscadail EirGrid. Seasann na baill ar son tuairimí gnólachtaí áitiúla i ndáil le Baile Átha Cliath a Chumhachtú agus tugann siad aiseolas agus treoir maidir le riachtanais agus tosaíochtaí áitiúla. Foilsítear tuarascálacha na gcruinnithe sin ar shuíomh gréasáin Chlár Bhaile Átha Cliath , gabhtar an t-aiseolas ón dá fhóram agus cuirtear ar fáil don phobal é. Líon na mball: 10)
- **Baile Átha Cliath a Chumhachtú Fóram Rannpháirteachais le Páirtithe Leasmhara** (Is fóram uathúil é seo do Baile Átha Cliath a Chumhachtú agus tugann sé le chéile bainisteoirí páirtithe leasmhara ó roinnt comhlachtaí poiblí éagsúla a oibríonn sa chathair agus timpeall uirthi. Líon na mball/gcomhlachtaí: 8)
- **Líon na mball de Chomhairle Chomhairleach Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú (TLM): 30 aoi ar tugadh cuireadh dóibh** *(Féach ar ár gcaibidil ar an gComhairle Chomhairleach Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú (TLM) le haghaidh tuilleadh faisnéise ar Chomhairle Chomhairleach TLM.)*
- **Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath** (Tugann Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath an deis dúinn oibriú go dlúth le gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí reachtúla eile chun smaointe agus faisnéis a roinnt maidir le hoibreacha bonneagair atá beartaithe ar fud na cathrach. Líon na mball: 45)
- **An Fóram Comhéadain Ardvoltais** (Bhunaigh EirGrid an Fóram Comhéadain Ardvoltais ag deireadh 2022. Le Cathaoirleach neamhspleách, is cumasóir ríthábhachtach é chun príomhpháirtithe leasmhara ó earnálacha an leictreachais agus na mbóithre a thabhairt le chéile. Tá obair faoin bhfóram ar leith seo tagtha i gcrích anois, agus roinnt aschur agus moltaí atá tugtha ar aghaidh anois isteach sa mheitheal Chomhpháirteach idir Leictreachas agus Iompar, a thuairiscíonn chuig an Tascfhórsa um Luathú na bhFoinsí In-athnuaite Leictreachais.)

Cistí sochair pobail

Tuigimid an tábhacht a bhaineann le pobail áitiúla maidir le tacú lenár dtionscadail forbartha eangaí agus dá bharr sin, bhunaigh EirGrid an scéim Ciste Sochair Pobail. Tríd an scéim seo, cumasaímid gach Fóram Pobail chun tionscadail éagsúla athchóirithe agus feabhsúcháin ina gceantar áitiúil a mhaoiniú.

Déanann gach Fóram Pobail cinneadh le chéile maidir leis an gcaoi is fearr a gcaithfear an maoiniú agus is minic a dhírítear an t-airgead ar dheiseanna chun tacú le folláine fhisiciúil agus mheabhrach an phobail áitiúil.

In 2025, dhámh EirGrid €821,265 san iomlán ar ghrúpaí pobail in Oirthear Chorcaí, ar fud 53 tionscadal difriúil, mar chuid den chéim chéanna cistiúcháin. Eisíodh €240,000 do thionscadail phobail agus eisíodh €236,437 do thionscadail inbhuanaitheachta. Fuair na tionscadail bhithéagsúlachta suim dar luach €344,828 i gcistiú, tar éis gannchaitheamh á thabhairt anall ó Chéim 1.

Rannpháirtíocht le grúpaí comhshaoil

Ag EirGrid, tá athchóiriú dúlra na hÉireann chomh lárnach dár straitéis agus atá dícharbónú. Agus ó d'fhógair rialtas na hÉireann an éigeandáil bithéagsúlachta agus aeráide in 2019, tá dlús mór curtha againn lenár ngníomhaíocht bithéagsúlachta chun a chinntiú go bhfuil ár dtionchar dearfach agus forásach araon.

Tá ár bhFoireann Éiceolaíochta i gceannas ar gach tionscnamh bithéagsúlacht de chuid EirGrid agus cinntíonn ár gCreat Forbartha go mbíonn bithéagsúlacht lánpháirtithe sa chinnteoireacht mar fhochritéar inár nAnailísí Ilchritéar.

Is ball gníomhach é EirGrid sna fóraim agus sna fócasghrúpaí bithéagsúlachta a leanas:

- An Comhrialtas Amach ón gCósta um Fhuinneamh agus Dúlra (OCeaN).
- Grúpa Oibre um Bhainistíocht Chomhtháite Fásra de chuid Thionscnamh na hEangaí In-athnuaite
- Grúpa Oibre um Bhainistíocht Chomhtháite Fásra de chuid Thionscnamh na hEangaí In-athnuaite
- Malartú Eolais OCT de chuid Tionscnamh na Eangaí In-athnuaite ar Shaincheisteanna a bhaineann le BirdLife
- Grúpa oibre tionscail na hÉireann ar Ghnóthachan Glan Bithéagsúlachta.
- Gnó sa Phobal in Éirinn
- Comhdháil Rannóg Éiceolaíochta na hÉireann d'Institiúid Chairte na hÉiceolaíochta agus na Bainistíochta Comhshaoil (CEIEEM).
- Gnó ar son na Bithéagsúlachta.
- Shíníomar gealltanas Gnó ar son an Dúlra freisin.

Rannpháirtíocht le pobail iascaireachta

Bíonn Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh tiomnaithe EirGrid ag plé leis na pobail iascaireachta ó cheann ceann na bliana, rud a fheidhmíonn ról ríthábhachtach i bhforbairt rathúil an bhonneagair gaoithe amach ón gcósta agus na dtionscadal idirnasctha. Is príomhpháirtithe leasmhara iad na hiascairí fireanna agus baineanna i bhforbairt an bhonneagair amach ón gcósta, trí obair go dlúth leo cumasaítear dul chun cinn an tionscadail agus cosaint á tabhairt don chultúr traidisiúnta & oidhreacht mhara, slite beatha agus éiceachórais.

Tá EirGrid mar chuid de Mheitheal ORE/Bia Mara freisin – grúpa a bhunaigh an Rialtas chun plé a éascú ar chúrsaí a eascraíonn as idirghníomhaíocht na dtionscal bia mara agus fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta, ag cur dea-chleachtas chun cinn agus ag spreagadh idirchaidreamh le hearnálacha eile sa timpeallacht mhuirí.

Seó Bóthair Fuinnimh do Shaoránaigh

Tá na himeachtaí sin, i gcomhpháirt le ESBN, SEAI; agus le tacaíocht ó údaráis áitiúla ábhartha, dírithe ar eolas a thabhairt do phobail áitiúla faoin gcaoi a bhfuil EirGrid ag beartú go seasfaidh an eangach leictreachais an aimsir, agus faisnéis a chomhroinnt maidir le micrighiniúint, iarfheistiú baile, uasghráduithe fuinnimh agus fadhbanna réigiúnacha um fhorbairt fuinnimh.

Leanamar orainn ag óstáil Turais Taistil Shaoránach an Fhuinnimh in 2025 agus chuireamar feabhas ar an bhformáid chun ceadú do rannpháirtíocht níos fearr idir lucht freastail agus na painéalaithe. D'éascaigh ár bhformáid nua rannpháirtíochtaí, chomh maith le ceadú níos mó ama a chur in áirithe do Cheisteanna agus Freagraí leis an lucht féachana. In 2025 d'fheidhmigh EirGrid mar óstach do cheithre imeacht i Liatroim, Ceatharlach, Tiobraid Árann agus Dún na nGall. D'éascaigh na himeachtaí sin rannpháirtíocht luath le páirtithe leasmhara sna príomhlimistéir thionscadail, go háirithe san Iarthuaisceart.

Cur chun feidhme: pleanáil

Tá punann suntasach tionscadal ag EirGrid agus tá a straitéisí rannpháirtíochta féin ag gach ceann acu. Mar gheall ar an méid ollmhór oibre atá ar siúl, níl sa liosta thíos ach na príomhghníomhaíochtaí rannpháirtíochta a bhaineann le pleanáil agus seachadadh agus níl sé uileghabhálach.

Spriocanna	Rannpháirtíochtaí 2025	Torthaí
Creataí Straitéiseacha do na Limistéir Tionóil Réigiúnaigh a Fhoilsiú	**Rannpháirtíochtaí sa Chreat Straitéiseach:** Tar éis fhoilsiú an Chreata Straitéisigh do limistéir Thionóil Réigiúnacha an Oirthir agus Lár Tíre, agus an Deiscirt in 2025, reáchtáil EirGrid roinnt rannpháirtíochtaí leis na Tionóil ábhartha agus Comhairlí Contae chun ár bpleananna a phlé.	**Rannpháirtíochtaí sa Chreat Straitéiseach:** Tugann na rannpháirtíochtaí seo deis luath chun cumarsáid agus rannpháirtíocht a dhéanamh maidir lenár riachtanais forbartha eangaí – lena n-áirítear tionscadail eangaí atá beartaithe do réigiún nó do limistéar riaracháin ar leith a aithint, agus ár gcur chuige straitéiseach i leith fhorbairt eangaí. Cuireann siad deiseanna ar fáil dúinn freisin ár bpleananna agus ár mbeartais a thabhairt isteach i bpleananna forbartha reachtúla amach anseo.



Spriocanna	Rannpháirtíochtaí 2025	Torthaí
Tionscadail a sheachadadh tríd an bpróiseas pleanála agus toilithe	**Rannpháirtíocht réamhphleanála:** In 2025, d'fhreastail EirGrid ar dhá chruinniú leis an gCoimisiún Pleanála (ACP) chun plé a dhéanamh ar sholáthar na n-iarratas pleanála. Bhí dhá chruinniú againn freisin leis an Údarás Rialála Limistéir Mhuirí (MARA) chun plé a dhéanamh ar chur chuige i leith iarratas. Ar deireadh, reáchtáil EirGrid trí rannpháirtíocht réamh-iarratais le húdaráis áitiúla maidir leis na tionscadail a leanas: • Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – dátaí éagsúla – Mór-Sholáthar Lárnach agus Tionscadal Chill Dara/Bhaile Átha Cliath • Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin – dátaí éagsúla – Clár Bhaile Átha Cliath • Comhairle Contae na Mí – Márta 2025 – Tionscadal Fhionnghlaise-na Mí Thoir • Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas – Meitheamh 2025 - Tionscadal Chill Dara/ Bhaile Átha Cliath • Comhairle Contae Chill Dara – Meitheamh 2025 - Tionscadal Chill Dara/Bhaile Átha Cliath • Comhairle Contae Chill Mhantáin - mí Lúil 2025 - Cill Mhantáin a Chumhachtú • Comhairle Chontae na Mí - Meán Fómhair 2025 - Oibreacha ar Stáisiún 110 kV Chionn Átha Gad • Comhairle Contae Cheatharlach - Nollaig 2025 - Uasghrádú ar Líne 110 kV idir Baile Bhluindín agus An Muileann gCearr • Comhairle Contae Chill Mhantáin - mí Lúil 2025 - Cill Mhantáin a Chumhachtú • Comhairle Chontae na Mí - Meán Fómhair 2025 - Oibreacha ar Stáisiún 110 kV Chionn Átha Gad • Comhairle Contae Cheatharlach - Nollaig 2025 - Uasghrádú ar Líne 110 kV idir Baile Bhluindín agus An Muileann gCearr Bhí na cruinnithe sin ceaptha leis an tionscadal a chur i láthair na gcomhairlí, plé a dhéanamh ar aon fhadhbanna ar leith a bhí ábhartha ar leibhéal áitiúil, agus plé a dhéanamh ar an amlíne do chur isteach an iarratais pleanála.	**Pleanáil agus Toiliú:** Tugann an tionscnamh seo deis dúinn comhairle a chur ar ACP agus/nó údaráis áitiúla ábhartha faoi thionscadail atá le teacht a bhfuil ceanglais phleanála agus/nó ceanglais toilithe ag baint leo. Cuirfidh na cruinnithe sin ar ár gcumas freisin faisnéis a chomhroinnt, aon fhadhbanna nó deiseanna a thagann chun cinn a phlé, agus bealaí oibre a bhunú chun na tionscadail a chur i gcrích go rathúil tríd an bpróiseas toilithe. Cabhróidh sé sin freisin le hiarratais a luathú tríd an bpróiseas pleanála.

Spriocanna	Rannpháirtíochtaí 2025	Torthaí
Nuashonrú ar raon feidhme staidéir chomhshaoil fianaisebhunaithe	**Staidéir chomhshaoil fhianaisebhunaithe:** In R3 2025, bhí EirGrid rannpháirteach le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear Bonneagar Iompair Éireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus Fóram SEA Náisiúnta, chun tacú le measúnuithe ar thionscadail seachadta eangaí.	**Staidéir chomhshaoil fhianaisebhunaithe:** Chuidigh na rannpháirtíochtaí sin chun a chinntiú go ndírítear ár Staidéir Chomhshaoil Fhianaisebhunaithe ar ábhair cothrom le dáta atá ábhartha.
Rannpháirtíocht le Líonraí BSL agus le comhlachtaí reachtúla	**Rannpháirtíocht le Líonraí BSL agus le comhlachtaí reachtúla:** Ó thús deireadh 2025, choinnigh EirGrid air ag bualadh leis na foirne pleanála agus comhshaoil i Líonraí BSL maidir le cúrsaí tionscadal-sonracha agus straitéiseacha araon. Buaileann EirGrid freisin le Comhairle Chathair na Gaillimhe agus Líonraí BSL chun plé a dhéanamh ar thionscadal Chaisle na Gaillimhe.	**Rannpháirtíocht BSL agus comhlachtaí reachtúla:** Oibríonn EirGrid agus Líonraí BSL go dlúth chun fadhbanna comónta a shainaithint, faisnéis a roinnt agus deiseanna a shainaithint chun feabhas a chur ar sheachadadh bonneagair tarchuir tríd an bpróiseas pleanála, comhshaoil agus toilithe. Téann an cur chuige comhroinnte sin chun tairbhe an Choimisiúin Pleanála (ACP) agus na n-údarás áitiúil freisin.
Gníomhú ar son an dúlra (Straitéiseach) lena n-áirítear Plean Straitéiseach EirGrid don Bhithéagsúlacht 2025-2035	**Príomh-Rannpháirtíochtaí Straitéiseacha Dúlra (2025):** In 2025, bhí EirGrid rannpháirteach le páirtithe leasmhara éagsúla lena n-áirítear Líonraí BSL, Uisce Éireann agus Uiscebhealaí Éireann faoi ghnéithe éagsúla dár bPlean Straitéiseach don Bhithéagsúlacht 2025-2035, lena n-áirítear ár gcur chuige i leith na méadrachta, an tuairiscithe agus an chistiúcháin.	**Príomh-Rannpháirtíochtaí Straitéiseacha Dúlra (2025):** Chuidigh na rannpháirtíochtaí sin chun eolas a chur ar fáil le haghaidh Phlean Straitéiseach EirGrid don Bhithéagsúlacht 2025-2035, a foilsíodh i mí na Nollag 2025.
Sonraí comhshaoil EirGrid a chomhroinnt chun tacú le Straitéis Sonraí Oscailte an Rialtais	**Sonraí comhshaoil á gcomhroinnt:** In 2025, bhí EirGrid i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara seo a leanas chun plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaimis sonraí comhshaoil a roinnt ar an mbealach is fearr chun tacú le taighde agus forbairt ag páirtithe seachtracha: • Líonraí BSL • Comhpháirtíocht Lapairí Pórúcháin • Cairde Éanlaith Éireann • An Grúpa Éireannach maidir le Míolta Móra agus Deilfeanna • Cairde na Cruinne	**Sonraí comhshaoil á gcomhroinnt:** I ndiaidh na rannpháirteachas sin, dheimhnigh EirGrid ár ngealltanais maidir le comhroinnt sonraí le Birdwatch chomh maith le ceanglais sonraí EIP agus IWDG maidir leis an Lapaire Pórúcháin. Chomh maith leis sin, roinn EirGrid n bunachar sonraí is déanaí de shuíomhanna atá geallta le haghaidh suiteálacha atreoraithe eitilte éan le Líonraí BSL.

Cur chun feidhme: Seachadadh

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Tionscadal forbartha eangaí Chill Dara-na Mí		
Tionscadal forbartha eangaí Chill Dara-na Mí	**Rannpháirtíochtaí tionscadail Chill Dara-na Mí:** D'éirigh leis an gCoimisiún Pleanála cead pleanála a fháil don tionscadal seo i mí an Mhárta 2025. Táimid ag Céim 6 den tionscadal faoi láthair: tógáil, fuinnmhiú agus comhroinnt tairbhí. Leanfaimid orainn a bheith rannpháirteach agus ag dul i gcomhar leis an bhFóram Pobail, údaráis áitiúla, údaráis bóithre náisiúnta agus páirtithe leasmhara eile ó thús deireadh na céime sin chun réitigh optamacha seachadta tionscadail a chinntiú. Tá urraíochtaí áitiúla pleanáilte againn freisin feadh bhealach an tionscadail leis na Comhlachais Tráchtála, grúpaí pobail chomh maith le heagraíochtaí spórt agus cultúrtha, chun cuidiú chun feasacht a fhorbairt agus ár gcomhpháirtíochtaí a neartú.	**Torthaí rannpháirtíochta tionscadail Chill Dara-na Mí:** Tá rannpháirtíocht éifeachtach le páirtithe leasmhara fíorthábhachtach, go háirithe agus muid ag tabhairt faoin gcéim ríthábhachtach seo de thionscadal Chill Dara-na Mí.
Gníomhaíocht fhóram pobail Chill Dara-na Mí	**Rannpháirtíocht leis an bhfóram pobail:** Lean an fóram ar aghaidh ag bualadh le chéile ar bhonn ráithiúil in 2025, chun forbairt na straitéise sochair pobail don tionscadal seo a chur ar aghaidh.	**Rannpháirtíocht leis an bhfóram pobail:** Cuidíonn ár bhfóraim phobail chun a chinntiú go mbailítear ionchur pobail go rialta chun cuidiú le cinnteoireacht faoin tionscadal a mhúnlú chomh maith leis an straitéis don chiste sochair pobail a mhúnlú. Is príomhardán freisin iad chun nuashonruithe tionscadail a chomhroinnt agus caidreamh le páirtithe leasmhara a choinneáil agus a neartú, rud a thacaíonn a thuilleadh le straitéis rannpháirtíochta poiblí EirGrid.
Gníomhaíocht chiste sochair pobail Chill Dara-na Mí	**Ciste sochair pobail:** In 2025, sheol EirGrid ciste sochair pobail i limistéar tionscadail forbartha eangaí Chill Dara-na Mí. Baineann luach iomlán €4,610,000 leis an gciste, agus beidh sé ina thacú le réimse tionscadal don inbhuanaitheacht, pobal agus bithéagsúlacht. D'fheidhmigh EirGrid mar óstach freisin do roinnt ceardlanna faisnéise agus imeachtaí buail isteach i mí na Samhna 2025, le go mbeadh an deis ag grúpaí agus eagraíochtaí áitiúla chun tuilleadh a fhoghlaim faoin gciste.	**Ciste sochair pobail:** Áiritheofar leis an bpróiseas seo go bhforbraítear straitéis an chiste ar bhealach trédhearcach, agus aiseolas á bhailiú ó pháirtithe leasmhara. Cinnteoidh na rannpháirtíochtaí sin freisin go gcoinnítear príomhpháirtithe leasmhara agus ionadaithe tofa áitiúla ar an eolas maidir le pleananna forbartha don chiste sochair pobail chomh maith le deis a thabhairt dóibh rannchuidiú agus aon tacaíocht straitéiseach a thabhairt le pleanáil, breithniúcháin fhéideartha agus cur chun feidhme.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Tionscadal treisithe eangaí na Mí Thoir – Bhaile Átha Cliath Thuaidh		
Tionscadal treisithe eangaí na Mí Thoir – Bhaile Átha Cliath Thuaidh	**Rannpháirtíochtaí tionscadail na Mí Thoir – Bhaile Átha Cliath Thuaidh:** D'éirigh leis an gCoimisiún Pleanála cead pleanála a fháil don tionscadal seo i mí Feabhra 2025 (faoi réir 14 choinníoll). Táimid ag Céim 6 den tionscadal faoi láthair: tógáil, fuinnmhiú agus comhroinnt tairbhí. Leanfaimid orainn ag dul i rannpháirt agus i gcomhar leis an bhfóram pobail, údaráis áitiúla, údaráis bóithre náisiúnta agus páirtithe leasmhara eile ó thús deireadh na céime sin chun réitigh optamacha seachadta tionscadail a chinntiú.	**Torthaí rannpháirtíochta na Mí Thoir – Bhaile Átha Cliath Thuaidh:** Tá rannpháirtíocht éifeachtach le páirtithe leasmhara fíor-riachtanach, go háirithe agus muid ag tabhairt faoin gcéim ríthábhachtach seo de thionscadal na Mí Thoir – Bhaile Átha Cliath Thuaidh.
Gníomhaíocht fhóram pobail na Mí Thoir – Bhaile Átha Cliath Thuaidh	**Rannpháirtíocht leis an bhfóram pobail:** Lean an fóram ar aghaidh ag bualadh le chéile ar bhonn ráithiúil in 2025, chun forbairt na straitéise sochair pobail don tionscadal seo a chur ar aghaidh.	**Rannpháirtíocht leis an bhfóram pobail:** Cuidíonn ár bhfóraim phobail chun a chinntiú go mbailítear ionchur pobail go rialta chun cuidiú le cinnteoireacht faoin tionscadal a mhúnlú chomh maith leis an straitéis don chiste sochair pobail a mhúnlú. Is príomhardán freisin iad chun nuashonruithe tionscadail a chomhroinnt agus caidreamh le páirtithe leasmhara a choinneáil agus a neartú, rud a thacaíonn a thuilleadh le straitéis rannpháirtíochta poiblí EirGrid.
Gníomhaíocht chiste sochair pobail na Mí Thoir – Bhaile Átha Cliath Thuaidh	**Ciste sochair pobail:** In 2025, sheol EirGrid ciste sochair pobail i limistéar na Mí Thoir agus Bhaile Átha Cliath Thuaidh. Baineann luach iomlán €3,478,300 leis an gciste, agus beidh sé ina thacú le réimse tionscadal sna ceantair áitiúla ag díriú ar inbhuanaitheacht, pobal agus bithéagsúlacht. I mí na Samhna 2025, d'fheidhmigh EirGrid mar óstach freisin do roinnt ceardlanna faisnéise agus imeachtaí buail isteach i gCill Bhríde, Baile an Bhóthair, agus Teampall Mhaighréide, le go mbeadh an deis ag grúpaí agus eagraíochtaí áitiúla chun tuilleadh a fhoghlaim faoin gciste.	**Ciste sochair pobail:** Áiritheofar leis an bpróiseas seo go bhforbraítear straitéis an chiste ar bhealach trédhearcach, agus aiseolas á bhailiú ó pháirtithe leasmhara. Cinnteoidh na rannpháirtíochtaí sin freisin go gcoinnítear príomhpháirtithe leasmhara agus ionadaithe tofa áitiúla ar an eolas maidir le pleananna forbartha don chiste sochair pobail chomh maith le deis a thabhairt dóibh rannchuidiú agus aon tacaíocht straitéiseach a thabhairt le pleanáil, breithniúcháin fhéideartha agus cur chun feidhme.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Tionscadal forbartha eangaí Laoise – Chill Chainnigh		
Tionscadal forbartha eangaí Laoise – Chill Chainnigh	**Rannpháirtíochtaí tionscadail Laoise – Chill Chainnigh:** In 2025, leanamar de bheith ag plé le príomhpháirtithe leasmhara tábhachtacha maidir leis na limistéir tionscadail a leanas: • Stáisiún 400 kV Chúil na Baice a thógáil • An stáisiún 110 kV gás-inslithe • An líne 110 kV ó Bhaile Átha Í go Port Laoise • An líne lúibe 400kV isteach go stáisiún Chúil na Baice Cuireadh deiseanna ar fáil don phobal agus d'úinéirí talún chun aiseolas a thabhairt agus aon ábhair imní a thabhairt aníos. I dteannta ár rannpháirtíochtaí tionscadail, bhí EirGrid rannpháirteach freisin leis na pobail áitiúla lenar áiríodh urraíocht ar an gcéad dlúthdhiosca atá léirithe ag Cór Fear Thigh Mochua. Is cúis áthais dúinn comhoibriú a dhéanamh leis an bpobal áitiúil ar an tionscnamh seo agus chuaigh gach fáltas ó sheoladh dhíolacháin an dlúthdhiosca chuig carthanachtaí áitiúla sa cheantar.	**Rannpháirtíochtaí tionscadail Laoise – Chill Chainnigh:** I gcaitheamh 2025, bhí ár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ríthábhachtach, go háirithe le linn na gcéimeanna criticiúla sin de thionscadal forbartha eangaí Laoise-Chill Chainnigh. Trí aird a dhíriú ar ár gcaidreamh leis na pobail áitiúla a neartú, tacaímid a thuilleadh le straitéis rannpháirtíochta poiblí EirGrid, rud atá ríthábhachtach chun seachadadh eangaí a chur chun cinn.
Gníomhaíocht fóraim pobail Laoise – Chill Chainnigh	**Fóram pobail:** In 2025, lean EirGrid de rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus nuashonruithe rialta á gcur ar fáil trí mheán an fhóraim pobail. I dteannta a chéile, d'athbhreithníomar céim 1 den chiste sochair pobail agus chinntíomar go ndearnadh aiseolas ó pháirtithe leasmhara a ghabháil chun céim dheireanach an chistithe a mhúnlú.	**Fóram pobail:** Is trí rannpháirtíocht leanúnach trí mheán ár bhfóram pobail a chinntítear go mbeidh an deis ag páirtithe leasmhara cinntí a mhúnlú maidir le riar cistí dá gceantar.
Gníomhaíocht chiste sochair pobail Laoise – Chill Chainnigh	**Ciste sochair pobail:** In 2025, bhí EirGrid rannpháirteach sna tionscadail phobail atá roghnaithe le haghaidh chistiú chéim 2. Áireofar leis sin dul chun cinn an tionscadail a rianú chomh maith le rannpháirtíochtaí éagsúla chun inneachar a chruthú le spreagadh a thabhairt d'iarratais don chéim dheireanach den chistiú.	**Ciste sochair pobail:** Trí mheán na rannpháirtíochta leanúnaí, bhíomar in ann cistiú a riar ar thionscadail a bhí roghnaithe do chéim 2, agus an próiseas le haghaidh rolladh amach cistí amach anseo a athbhreithniú. Leanamar orainn ag déanamh monatóireachta ar dhul chun cinn ar thionscadail chistithe faoi chéim 2 ó thús deireadh na bliana, chinntigh sé sin freisin go leanaimid orainn caidreamh a thógáil leis na pobail áitiúla.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Tionscadal forbartha eangaí Thuaisceart Chonnacht		
Tionscadal forbartha eangaí Thuaisceart Chonnacht	**Rannpháirtíochtaí tionscadail Chonnacht Thuaidh:** In 2025, choinníomar orainn ag dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara ag dá cheann an tionscadail (Béal an Átha agus Bealach an Doirín). Áiríodh orthu sin rannpháirtíocht leis na hÚdaráis Áitiúla, Fóram Pobail, Ionadaithe tofa, agus an pobal i gcoitinne maidir le hoibreacha a bhí fós ar bun. Baineadh leas as an rannpháirtíocht sin chun páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoin athdhromchlú bóithre a rinneadh go luath in 2025. Bhíomar rannpháirteach freisin leis na ceantair iolracha ar fud limistéar an tionscadail ag deireadh 2025 chun iad a chur ar an eolas maidir leis na chéad chéimeanna eile den tionscadal agus muid ag bogadh i dtreo na tógála in 2026.	**Rannpháirtíochtaí tionscadail Chonnacht Thuaidh:** Cabhróidh na rannpháirtíochtaí seo le feasacht ar an tionscadal a éascú agus cuirfidh siad deiseanna ar fáil don phobal aiseolas a thabhairt agus aon imní a ardú de réir mar a théann an tógáil ar aghaidh. Is dócha go dtarlóidh cur isteach agus moill, go háirithe ar na bóithre is cúinge ó Bhéal Átha na Muice go Béal an Átha, nuair a thosófar ar thógáil. Dá bhrí sin, trí leanúint lenár leibhéal ard rannpháirtíochta, tacófar lenár n-aidhm a chinntiú go gcuirtear an pobal ar an eolas i gceart.
Fóram pobail Chonnacht Thuaidh	**Fóram pobail:** D'óstáil EirGrid trí chruinniú den fhóram pobail in 2025, chun straitéis sochair pobail an tionscadail a fhorbairt, rud a fuair formhuiniú ón bhfóram i mí na Bealtaine 2025. Ba phríomhardán freisin é an fóram chun nuashonruithe tionscadail a chomhroinnt agus muid ag dul chun cinn i dtreo na tógála.	**Fóram pobail:** I gcaitheamh 2025, bhí ár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ríthábhachtach chun an straitéis cistiúcháin a fhorbairt, agus aiseolas agus léargais páirtithe leasmhara á mbailiú.
Tionscadal forbartha eangaí Fhine Gall-An Mhí Thoir		
Tionscadal forbartha eangaí Fhine Gall-An Mhí Thoir	**Rannpháirtíochtaí tionscadail Fhine Gall-An Mhí Thoir:** In R1 2025, d'fhógair EirGrid an Rogha is Fearr Feidhmíochta atá Ag Teacht Chun Cinn do chrios na bhfostáisiún, agus táimid ag obair anois chun láithreán sainiúil a shainaithint laistigh den chrios, sula mbogann siad isteach sa chéim phleanála. Leanfaidh EirGrid de bheith i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear údaráis áitiúla, comhlachais tráchtála agus grúpaí pobail.	**Rannpháirtíochtaí tionscadail Fhine Gall-An Mhí Thoir:** Tá rannpháirtíocht éifeachtach le páirtithe leasmhara fíorthábhachtach, go háirithe agus muid ag tabhairt faoin gcéim ríthábhachtach seo de thionscadal forbartha eangaí Chill Dara-na Mí.
	Fóram pobail: In 2025, sholáthair EirGrid éascaitheoir fóraim neamhspleách don tionscadal seo. Leanfaidh an earcaíocht don fhóram pobail ar aghaidh i gcomhréir le forbairt an tionscadail.	**Fóram pobail:** Bainfidh ríthábhacht leis an bhfóram pobail chun an straitéis chistithe a fhorbairt, chomh maith le deiseanna a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara chun ár gcuid cinntí a mhúnlú.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Tionscadal forbartha eangaí Chill Dara-Bhaile Átha Cliath		
Tionscadal forbartha eangaí Chill Dara-Bhaile Átha Cliath	**Rannpháirtíochtaí tionscadail Chill Dara-Bhaile Átha Cliath:** In 2025, rith EirGrid comhairliúchán poiblí maidir leis na pleananna tionscadail atá beartaithe do Chill Dara-Baile Átha Cliath. Ba é ab aidhm don chomhairliúchán aiseolas a bhailiú maidir leis an teicneolaíocht shainroghnaithe don dá fhostáisiún, agus na criosanna atá beartaithe dá suíomh. I rith na tréimhse comhairliúcháin, reáchtáil EirGrid trí imeacht faisnéise buail isteach ó thús deireadh an lae. Labhraíomar freisin le cónaitheoirí i bhfoisceacht gach creasa, agus sholáthraíomar bróisiúir agus bileoga mionsonraithe faoi na tionscadail. Bhí príomhfhaisnéis agus eolas chun dáta ar fáil freisin le hamharc orthu agus le híoslódáil ar láithreán gréasáin an tionscadail.	**Rannpháirtíochtaí tionscadail Chill Dara-Bhaile Átha Cliath:** Is iad comhairliúchán poiblí agus rannpháirtíocht an phobail na príomhrudaí a chinntíonn gurb iad siúd a dtéann ár n-obair i bhfeidhm orthu a mhúnlaíonn ár gcinntí. Bhain ríthábhacht leis an gcomhairliúchán agus na rannpháirtíochtaí comhbhainteacha freisin chun tacú lenár gcuid oibre chun caidreamh láidir leis na pobail áitiúla a fhorbairt agus forbairt agus seachadadh an tionscadail á chur ar aghaidh againn. Leanfaidh an comhairliúchán leis an bpobal maidir le gnéithe an tionscadail amach anseo chun an tionscadal a threorú agus é ag gabháil trí gach céim de.
Fóram pobail Chill Dara-Bhaile Átha Cliath	**Fóram pobail:** Tá EirGrid ag obair faoi láthair ar straitéis fóraim phoiblí don tionscadal seo, i gcomhréir le hamlínte tionscadail.	**Fóram pobail:** Bainfidh ríthábhacht leis an bhfóram pobail chun an straitéis chistithe a fhorbairt, chomh maith le deiseanna a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara chun ár gcuid cinntí a mhúnlú.

An tIarthuaisceart a Chumhachtú		
An tIarthuaisceart a Chumhachtú (tionscadail forbartha eangaí)	**Rannpháirtíochtaí tionscadail an Iarthuaiscirt:** In 2025, lean EirGrid ar aghaidh lenár rannpháirtíocht faoin tionscadal seo. Áiríodh orthu sin turas taistil a óstáil i Liatroim chomh maith le rannpháirtíocht le Comhlachais Tráchtála agus eagraíochtaí eile ar fud an réigiúin. D'óstálamar freisin ár gcéad chomhairliúchán poiblí don tionscadal seo idir mí Mheán Fómhair agus mí na Samhna 2025. Bhain rannpháirtíocht fhairsing leis an gcomhairliúchán trasna sé imeacht faisnéise, dhá sheimineár gréasáin, ceithre thobsheastán agus Turas Taistil breise i mBaile Dhún na nGall. Tharla an rannpháirtíocht sin le páirtithe leasmhara taobh leis an rannpháirtíocht leanúnach le húinéirí talún sna limistéir thionscadail faoi staidéar.	**Torthaí rannpháirtíochta tionscadail an Iarthuaiscirt:** Cheadaigh an comhairliúchán sin dúinn caidreamh a fhorbairt agus a neartú sa réigiún go luath i saol an tionscadail, rud a d'éascaigh comhráite tosaigh faoi na pleananna a bhí beartaithe agus a cheadaíonn dúinn tuiscint a fháil ar na príomhábhair imní i measc na bpobal a ndeachthas i bhfeidhm orthu. Cuirfidh an comhairliúchán sin le straitéis tionscadail níos leithne agus cinnteofar go gcoinneoimid caidreamh láidir sa réigiún agus an tionscadal ag dul ar aghaidh.
Fóram Pobail 'An tIarthuaisceart a Chumhachtú'	**Fóram pobail an Iarthuaiscirt:** Mar chuid dár gcomhairliúchán in 2025, bhunaigh EirGrid foirm léirithe spéise don fhóram pobail don chlár seo. Tosóimid ar phleanáil chun an fóram (na fóraim) a bhunú don chlár oibreacha sin in 2026.	**Fóram pobail an Iarthuaiscirt:** Trínár rannpháirtíochtaí, tá sé mar aidhm againn próiseas trédhearcach agus cothrom a chinntiú chun fóram pobail a thionól atá ionadaíoch ar limistéar an tionscadail.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Baile Átha Cliath a Chumhachtú		
Baile Átha Cliath a Chumhachtú	**Rannpháirtíochtaí an tionscadail 'Baile Átha Cliath a Chumhachtú':** In 2025, lean EirGrid ar aghaidh ag seachadadh bileog do bhailte ar fud limistéir staidéir Fhionnghlaise-an Phoirt Thuaidh, agus Charraig Mhaighin-an Phoill Bhig, agus nuashonrú maidir le dul chun cinn á chur ar fáil faoin dá cheann de na cáblaí atá beartaithe. Sheolamar bileoga chuig pobail freisin laistigh de na criosanna rannpháirtíochta bunaidh ar na trí bhealach atá molta chun dhá chábla a nascadh ó Inse Chór go dtí an Poll Beag. Rinneadh achoimre sa bhileog seo ar rún EirGrid chun micreathollán a thógáil leis an dá chábla sin a óstáil, ós rud é go bhfuil sé léirithe sna staidéir nach bhfuil cábla faoin talamh indéanta ar leibhéal an bhóthair. Tiocfaidh sé sin faoi réir comhairliúchán poiblí in 2026. Rinne EirGrid comhairliúchán freisin maidir le Fostáisiún Lár Bhaile Átha Cliath chun aiseolas a bhailiú maidir le gnéithe dearthóireachta d'fhoirgneamh fostáisiúin agus balla teorann. Bhíothas ag lorg ionchuir faoi na hábhair a úsáideadh mar chumhdach fostáisiúin, agus do dhearadh an bhalla teorann, lena n-áirítear an rogha do thionscadal ealaíne pobail. I dteannta an méid thuas, thug EirGrid ocht gceardlann do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar fud Bhaile Átha Cliath, agus múinteoirí agus scoláirí á gcur ar an eolas faoinár gcuid oibre.	**Rannpháirtíochtaí an tionscadail 'Baile Átha Cliath a Chumhachtú':** Trí mheán na rannpháirtíochtaí sin, bhí EirGrid in ann eolas a chomhroinnt agus feasacht a mhéadú maidir lenár gcuid oibre ar fud cheantar Bhaile Átha Cliath. Tríd an gcaidreamh sin a thógáil cuideofar linn línte cumarsáide a choinneáil ar oscailt le baill den phobal agus le pobail ina n-óstálfar ár mbonneagar sa deireadh thiar, rud a cheadóidh don fhoireann iad a choinneáil suas chun dáta maidir le tograí, amlíne agus gníomhaíochtaí pleanáilte. Trína bheith ag obair le grúpaí pobail agus scoileanna cuideoidh na rudaí sin freisin chun Ciste Sochair Pobail a cheapadh. Leis an gcomhairliúchán ar thionscadal Fostáisiún Lárnach Bhaile Átha Cliath cuireadh ionchur luachmhar ar fáil leis an dearadh deiridh don fhorbairt, chun a chinntiú gur chomhlíon sé éilimh agus ionchais an phobail.
Gníomhaíocht fhóram pobail Bhaile Átha Cliath a Chumhachtú	**Fóram pobail:** I gcaitheamh na bliana 2025, bhuail an fóram pobail Baile Átha Cliath a Chumhachtú trí huaire. Rinneadh plé san fhóram pobail ar an mbealach pleanáilte agus roghanna teicneolaíochta le haghaidh bealaí idir Inse Chór agus an Poll Beag á dtaiscéaladh.	**Fóram pobail:** Cheadaigh na rannpháirtíochtaí sin do EirGrid nuashonruithe tráthrialta a chur ar fáil agus bealaí a fhágáil ar oscailt don chumarsáid agus aiseolas.
Gníomhaíocht chiste sochair pobail Bhaile Átha Cliath a Chumhachtú	**Ciste sochair pobail:** In 2025, bhunaigh EirGrid straitéis agus struchtúr rannpháirtíochta maidir leis an gciste sochair pobail do Bhaile Átha Cliath a Chumhachtú. Comhroinnfimid na pleananna tosaigh don chiste leis an bhfóram agus le príomhpháirtithe leasmhara chun ceadú d'aiseolas in 2026.	**Ciste sochair pobail:** Baineann tábhacht le rannpháirtíocht éifeachtach le páirtithe leasmhara chun ceadú do EirGrid léargais agus aiseolas a bhailiú faoinár bpleananna cistiúcháin sochair pobail atá beartaithe.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Gníomhaíochtaí Fhóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath	**Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath:** Bhuail Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath (DIF) 3 huaire in 2025 le nuashonruithe agus ceachtanna foghlamtha a chomhroinnt, chomh maith le cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh i leith an tseachadta tionscadail.	**Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath:** Tugann Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath deis do EirGrid oibriú go dlúth le gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí reachtúla eile chun deiseanna comhoibrithe a aithint agus chun smaointe agus faisnéis a roinnt maidir le hoibreacha bonneagair atá beartaithe ar fud na cathrach. *(Féach ár gcás-staidéar DIF chun tuilleadh sonraí a fháil maidir leis sin.)*
Gníomhaíochtaí an fhóraim ghnó maidir le Baile Átha Cliath a Chumhachtú	**An fóram gnó maidir le Baile Átha Cliath a Chumhachtú:** Bhuail an Fóram Gnó maidir le Baile Átha Cliath a Chumhachtú le chéile 3 huaire in 2025 chun cúrsaí pleanála a phlé chomh maith le roghanna teicneolaíochta don bhealach cábla ó Inse Chór go dtí an Poll Beag.	**An fóram gnó maidir le Baile Átha Cliath a Chumhachtú:** Trí rannpháirtíocht EirGrid trí bhíthin an fhóraim ghnó maidir le Baile Átha Cliath a Chumhachtú, bhíomar in ann léargas a fháil ar an tionchar a bhíonn ag ár bpleananna ar ghnólachtaí áitiúla agus rinneamar an méid a d'fhoghlaimíomar ó mhórthionscadail bhonneagair eile a chomhroinnt freisin.
Gníomhaíochtaí an fhóraim rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara maidir le Baile Átha Cliath a Chumhachtú	An fóram rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara maidir le Baile Átha Cliath a Chumhachtú:3 Bhuail an Fóram Rannpháirtíochta le Páirtithe Leasmhara maidir le Baile Átha Cliath a Chumhachtú le chéile 3 huaire in 2025.	**An fóram rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara maidir le Baile Átha Cliath a Chumhachtú:** Lenár rannpháirtíocht tríd an bhfóram seo bhíomar in ann dul i dteagmháil le roinnt príomhchomhlachtaí lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Forbartha Talún, Bus Átha Cliath agus Calafort Bhaile Átha Cliath chun eolas a chomhroinnt agus eolas a fháil dár bpleanáil.

Cill Mhantáin a Chumhachtú		
Cill Mhantáin a Chumhachtú	**Rannpháirtíochtaí tionscadail Chill Mhantáin a Chumhachtú:** Leanamar in 2025 leis an obair le pobail ar fud Chill Mhantáin de réir mar a d'fhorbraíomar roinnt príomhthionscadal ar fud an chontae. Mar chuid dár rannpháirtíocht, thug EirGrid tacaíocht agus d'fhreastail sé ar roinnt imeachtaí chun deiseanna a chur ar fáil feasacht a ardú agus caidrimh a fhorbairt. Chuir an fhoireann ceardlanna ar fáil freisin d'os cionn 300 scoláire thar 6 scoil dhifriúla.	**Rannpháirtíochtaí tionscadail Chill Mhantáin a Chumhachtú:** Leanann rannpháirtíocht EirGrid sa réimse seo ag tabhairt tacaíochta chun an Rogha is Fearr Feidhmíochta le haghaidh roinnt príomhphíosaí bonneagair eangaí a shainaithint. Tacóidh na caidrimh láidre a forbraíodh lenár gcomhairliúchán poiblí in 2026.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh		
An tIdirnascaire Ceilteach	**Rannpháirtíochtaí mar chuid den tionscadal Ceilteach:** In 2025, leanamar leis an teagmháil rialta agus thráthúil leis an bpobal lena chinntiú gur coinníodh ar an eolas iad faoi fhorbairtí tionscadal. Mar chuid de chumarsáid an tionscadail bhí siad seo a leanas: • Foláirimh téacs • Tuairiscí seachtainiúla ar an dul chun cinn ar an suíomh gréasáin • Comharthaí faisnéise ar láithreáin • Fógraí raidió, cláir fógraí, meáin chlóite agus dhigiteacha • Rannpháirtíocht ag a raibh daoine i láthair • Postálacha ar LinkedIn agus ar na meáin shóisialta ina ndéantar comóradh ar ócáidí garsprice • Nuachtlitir Ráithiúil Cheilteach • Ríomhphoist rialta ina bhfuil nuashonruithe tionscadail chuig thart ar 600 cónaitheoirí, eagraíochtaí pobail agus páirtithe leasmhara áitiúla • Agallaimh agus nuashonruithe ar an raidió áitiúil Choinnigh EirGrid dlúth-theagmháil freisin le pobail áitiúla trí imeachtaí agus tionscnaimh éagsúla lena n-áirítear cuairteanna ar scoileanna, imeachtaí dírithe ar an aeráid agus ar an innealtóireacht, rannpháirtíocht bithéagsúlachta agus plé phainéil. Chomh maith lena bhfuil thuas, d'eagraigh EirGrid cuairteanna suímh agus turais le haghaidh roinnt páirtithe leasmhara lena n-áirítear baill den Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA), ionadaithe ó DCEE, baill de Sheanad na Fraince, Ambasadóir na Fraince chun na hÉireann agus Leas-Ghobharnóir agus foireann Bhanc Ceannais na hÉireann. Ar deireadh, in 2025, bhí EirGrid i láthair ag an séú Fóram Náisiúnta Aeráide do Pháirtithe Leasmhara, a chuir DCEE ar siúl, i gcomhar le Comhairlí Cathrach agus Contae Chorcaí. Tugadh páirtithe leasmhara ar fud an réigiúin le chéile ag an imeacht agus dhírigh siad ar ghníomhú ar son na haeráide atá ar siúl sa cheantar.	**Rannpháirtíochtaí Thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh:** Trí rannpháirtíocht éifeachtach le páirtithe leasmhara, tá sé d'aidhm againn tacaíocht leanúnach a bheith againn dár gcuid oibre de réir mar a dhéanaimid dul chun cinn ar thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh agus a chinntiú go bhfuil an seachadadh ar aon dul le hamlínte an tionscadail. *(Féach ár gcás-staidéir Cheilteacha agus Bithéagsúlachta chun tuilleadh sonraí a fháil ar na rannpháirtíochtaí sin.)*

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Gníomhaíocht mara cheiltigh	**Suirbhéanna agus rannpháirtíochtaí muirí Cheiltigh:** In 2025, i measc na bpríomhrudaí ar díríodh orthu dár rannpháirtíochtaí bhí oibríochtaí teacht i dtír in Éirinn, réamh-thrinseáil agus réiteach bolláin agus rannpháirtíocht freisin leis an bpobal muirí maidir leis na suirbhéanna fomhuirí ar cuireadh tús leo i mí Lúil. Thugamar nuashonruithe rialta trí na heagraíochtaí iascaigh náisiúnta agus réigiúnacha chomh maith leis an meitheal oibre Bia Mara/ORE.	**Suirbhéanna agus rannpháirtíochtaí muirí Cheiltigh:** I measc na bpríomhthorthaí i gcomhair 2025 bhí cur i gcrích rathúil gníomhaíochtaí suirbhéireachta muirí sula leagtar na cáblaí muirí atá beartaithe le haghaidh 2026. A bhuí don rannpháirtíocht dhlúth a bhí againn le príomhpháirtithe leasmhara, bhí EirGrid in ann a chinntiú nár cuireadh isteach ach go beag ar an gcabhlach iascaigh le linn thréimhse an tsuirbhé. *(Féach ár gCás-Staidéar Iascaigh chun tuilleadh sonraí a fháil ar ár rannpháirtíocht iascaigh.)*
Gníomhaíocht an fhóraim pobail Cheiltigh	**Rannpháirtíocht leis an bhfóram pobail:** Bhí fóraim phobail ag EirGrid gach ráithe in 2025. Thug na cruinnithe sin deis dúinn nuashonruithe a roinnt leis na pobail a ndéanann ár gcuid oibre difear dóibh agus chun aiseolas a fháil uathu. Tríd an bhFóram Pobail Ceilteach, thug EirGrid cuireadh freisin do mhéaraí na gcomún Francach, a mbeidh an tIdirnascaire Ceilteach ag dul tríd, chun cuairt a thabhairt ar oirthear Chorcaí agus bualadh leis na pobail Éireannacha agus le hionadaithe poiblí i mí an Mheitheamh 2025. *(Féach ár gcás-staidéar Ceilteach chun tuilleadh sonraí a fháil maidir leis sin.)*	**Rannpháirtíocht leis an bhfóram pobail:** Ag obair leis an bhFóram Pobail Ceilteach, tá sé mar aidhm againn trédhearcacht a choinneáil agus leanúint ag forbairt muiníne idir EirGrid, agus na pobail dá ndéanann oibreacha tionscadail difear, rud lena mbeifear in ann dul chun cinn a dhéanamh ar an tionscadal.
Gníomhaíocht an chiste sochair pobail Cheiltigh	**Gníomhaíocht an chiste sochair pobail:** Cuireadh tús le Céim 2 den chiste sochair pobail go luath in 2025 agus bronnadh an ciste i mí Mheán Fómhair. Fuair 53 grúpa pobail ar leith cistiú chun tionscadail áitiúla a chur ar bun thar thionscnaimh phobail, inbhuanaitheachta agus bithéagsúlachta. Bhí urraíochtaí áitiúla mar chuid dár straitéis rannpháirtíochta freisin in 2025 de réir mar a leanaimid ag tacú le tionscnaimh áitiúla sna réimsí ábhartha.	**Gníomhaíocht an chiste sochair pobail:** Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm againn tacaíocht a thabhairt do na pobail áitiúla a ndéanann ár gcuid oibre difear dóibh fad is a dhéanaimid caidrimh sa réimse a fhorbairt agus a neartú chun tacú le seachadadh na heangaí anois agus amach anseo. Ar an iomlán, tá an ciste sochair pobail Cheiltigh tar éis tacaíocht a thabhairt do 82 tionscadal agus os cionn €1.6 milliún bronnta ag an gciste.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Forbairt amach ón gcósta		
Forbairt amach ón gcósta Amach ón gCósta a Chumhachtú – An Cósta Theas	**Gníomhaíochtaí na rannpháirtíochta poiblí amach ón gcósta:** I mí Eanáir 2025, bhí an seimineár gréasáin comhairliúcháin deiridh ag EirGrid le haghaidh Chéim 3 den tionscadal Amach ón gCósta a Chumhachtú – An Cósta Theas. Mar chuid de sin bhí rannpháirtíocht mhór i measc páirtithe leasmhara teicniúla agus muirí, údaráis áitiúla, ionadaithe tofa, grúpaí pobail, úinéirí talún agus an pobal i gcoitinne maidir leis na roghanna le haghaidh foranna um nascadh le háiteanna chun teacht i dtír agus leis an eangach i gCorcaigh, Loch Garman agus Port Láirge. Ina dhiaidh sin, chuir EirGrid tús freisin leis an rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara teicniúla amhail Greenlink agus Líonraí Gáis Éireann chun faisnéis thábhachtach a fháil ionas gur féidir linn dul chun cinn a dhéanamh go Céim 4. I dtéarmaí páirtithe leasmhara Comhshaoil, chuir EirGrid tús le cruinnithe le Cairde Éanlaith Éireann agus leis an nGrúpa Éireannach maidir le Míolta Móra agus Deilfeanna (IWDG) chun cúrsaí comhshaoil a phlé. Beidh na rannpháirtíochtaí sin mar eolas do na chéad chéimeanna eile agus don chomhairliúchán amach anseo maidir le roghanna bealaigh don chábla.	**Gníomhaíochtaí na rannpháirtíochta poiblí amach ón gcósta:** Trí na rannpháirtíochtaí seo, bhí EirGrid in ann feasacht a fhorbairt chomh maith le tairbhe ghaolmhar an tionscadail a roinnt in éineacht leis na chéad chéimeanna eile. Trí bheith rannpháirteach le páirtithe leasmhara teicniúla, bhí EirGrid in ann léargas tábhachtach a fháil freisin, rud a chuideoidh i dtreo dhul chun cinn an tionscadail agus eolas a sholáthar dár gcinnteoireacht. Mar thoradh ar ár dteagmháil le Cairde Éanlaith Éireann fuarthas lear mór faisnéise ar na Limistéir Thábhachtacha Éan nua (neamhreachtúil) atá ainmnithe d'éin mhara laistigh de DMAP an Chósta Theas, ar rud ar leithligh é ó na láithreáin Eorpacha atá ann cheana. Ina theannta sin, fuarthas faisnéis mhionsonraithe ónár dteagmháil le IWDG maidir le teicnící suirbhéireachta éagsúla.
Gníomhaíocht suirbhéireachta muirí amach ón gcósta	**Gníomhaíocht suirbhéireachta muirí amach ón gcósta:** Bhronn MARA Iarratas ar Cheadúnas Úsáide Muirí ar EirGrid, chun iniúchadh a dhéanamh ar oiriúnacht na limistéar muirí atá faoi bhreithniú mar chuid den tionscadal seo. Cuireadh tús le gníomhaíochtaí suirbhéireachta i mí Iúil 2025 agus cuimsíodh leo suirbhéanna cuimsitheacha geoifisiceacha, geoiteicniúla, comhshaoil agus meit-aigéin laistigh de limistéar Thonn Nua de Phlean Limistéir Mhuirí Sainithe an Chósta Theas de chuid Rialtas na hÉireann (SC-DMAP). I measc na suirbhéanna breise rinneadh imscrúduithe idirthaoideacha neamhchunóracha maidir le teacht i dtír lenar bhain suirbhéanna geoifisiceacha agus comhshaoil. Tá sé beartaithe suirbhéanna a dhéanamh freisin feadh bhealach an chábla a nascfaidh Tonn Nua ar talamh.	**Gníomhaíocht suirbhéireachta muirí amach ón gcósta:** Cuireadh tús leis an gcéad chéim de shuirbhéanna muirí agus cósta i mí Iúil 2025 agus tá siad tugtha i gcrích anois. Fanfaidh dhá bhaoi Meit-Aigéin a cuireadh in úsáid le déanaí ar an láthair go dtí deireadh 2026. Leanfaidh siad sin ag bailiú sonraí luachmhara muirí agus aimsire, lena n-áirítear tonnta, cáilíocht an uisce, gaoth agus solas na gréine chun tacú le pleanáil amach ón gcósta agus le monatóireacht chomhshaoil. Déanfar measúnú ar na sonraí a gheofar agus déanfar tuilleadh suirbhéanna lena n-áirítear suirbhéanna geoifisiceacha, geoiteicniúla agus ordanáis neamhphléasctha (UXO) in 2026.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Rannpháirtíochtaí muirí amach ón gcósta	**Rannpháirtíochtaí muirí amach ón gcósta:** In 2025, lean EirGrid dá dhlúthchomhar le hiascaigh nua agus iascaigh atá ann cheana agus le páirtithe leasmhara muirí a ndearna na suirbhéanna geoifisiceacha agus comhshaoil a bhí ar siúl idir lúil-Samhain difear dóibh.	**Rannpháirtíochtaí muirí amach ón gcósta:** Trí rannpháirtíochtaí rathúla le húsáideoirí muirí ar feadh 2025, go háirithe, leis an tionscal iascaireachta agus leis na pobail cois cósta, chuir EirGrid na suirbhéanna geoifisiceacha agus comhshaoil muirí i gcrích. Leis an aiseolas a bailíodh le linn na n-idirghníomhaíochtaí sin bhíomar in ann bearta maolaithe a chur i bhfeidhm lenar íoslaghdaíodh suaitheadh, agus a chinntigh oibríochtaí réidh amach ón gcósta dár soithigh suirbhéireachta agus don chabhlach iascaigh araon. Leis an gcur chuige réamhghníomhach sin cinntíodh trédhearcacht, gan cur isteach ach go beag ar oibríochtaí, agus cothaíodh iontaoibh laistigh de na pobail chósta. *(Féach ár gcás-staidéar Iascaigh chun tuilleadh sonraí a fháil maidir leis sin.)*
Gníomhaíocht an fhóraim pobail amach ón gcósta	**Gníomhaíocht an fhóraim pobail amach ón gcósta:** In 2025, d'oibrigh EirGrid i ndlúthchomhar leis na pobail ábhartha chun fóram pobail a bhunú.	**Gníomhaíocht an fhóraim pobail amach ón gcósta:** Bunaíonn EirGrid fóraim phobail ar gach tionscadal chun cumarsáid agus rannpháirtíocht den chéad scoth a chinntiú le páirtithe leasmhara agus le heagraíochtaí sa phobal.
Gníomhaíocht an chiste sochair pobail amach ón gcósta	**Gníomhaíochtaí an chiste sochair pobail:** In 2025, d'ardaigh EirGrid feasacht ar an mbeartas sochair pobail tríd an bhfóram nuabhunaithe.	**Gníomhaíochtaí an chiste sochair pobail:** Bunaítear cistí sochair pobail ar gach tionscadal mar chuid lárnach dár gcur chuige maidir le Rannpháirtíocht Phoiblí.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Rannpháirtíochtaí tionscadail eile		
Rannpháirtíochtaí thionscadal na bhfostáisiún	**Rannpháirtíochtaí thionscadal na bhfostáisiún:** In 2025, bhain roinnt tionscadal le hathfhorbairt nó le síneadh ar fhostáisiúin atá ann cheana. Thug EirGrid faoi rannpháirtíochtaí spriocdhírithe lena n-áirítear dul ó dhoras go doras agus bileoga eolais a thabhairt amach do dhaoine a chónaíonn in aice láimhe, chun páirtithe leasmhara a chur ar an eolas maidir leis na forbairtí tionscadail is déanaí.	**Rannpháirtíochtaí thionscadal na bhfostáisiún:** Tá rannpháirtíocht sna tionscadail seo tábhachtach do EirGrid chun a chinntiú go gcuirtear pobail ar an eolas faoi oibreacha atá ar siúl ina gceantar. Tugann sé deis freisin aon imní nó ceisteanna a bhaineann leis na hoibreacha atá beartaithe a fhreagairt.
Rannpháirtíochtaí uasghrádaithe agus athchóirithe línte cumhachta lastuas (OHL)	**Rannpháirtíochtaí uasghrádaithe agus athchóirithe línte cumhachta lastuas (OHL):** Is tionscadail fhíor-thábhachtacha iad seo don eangach, lena chinntiú go mbainimid an úsáid is fearr is féidir as an mbonneagar atá againn cheana féin. Déanaimid amhlaidh trí athchóiriú chun saolré na sócmhainní a chothabháil agus a fhadú agus/nó chun an tsócmhainn a uasghrádú, nó an bonneagar a uasghrádú chun go bhféadfar níos mó cumhachta a iompar ar na struchtúir chéanna. In 2025, bhíomar páirteach i roinnt de na tionscadail seo, ag bualadh leis na húinéirí talún atá an óstáil an bhonneagair, ag tabhairt comhairle faoi na hoibreacha atá beartaithe agus ag lorg rochtana chun suirbhéanna comhshaoil a dhéanamh de réir mar is gá chun tacú le hiarratas pleanála.	**Rannpháirtíochtaí uasghrádaithe agus athchóirithe línte cumhachta lastuas (OHL):** Trí na rannpháirtíochtaí sin in 2025, bhíomar in ann cead a fháil ó úinéirí talún chun tabhairt faoi na suirbhéanna comhshaoil is gá chun tacú le hiarratais phleanála. Chomh maith leis sin, phléamar ceisteanna/imní ó úinéirí talún maidir le cineál na n-oibreacha..

Slata tomhais na rathúlachta

Sna táblaí thíos, tarraingímid aird ar rogha méadracha chun léiriú a thabhairt ar éifeachtacht ár gcuid rannpháirtíochta in 2025:

Tuairisc ar an méadrach:	Méadrach:	An chúis a léiríonn sé seo rannpháirtíocht éifeachtach:
An líon páirtithe leasmhara reachtúla a rabhthas i dteagmháil leo	Thart ar 160	Trínár rannpháirtíocht fhorleathan le páirtithe leasmhara reachtúla, fuair EirGrid léargas tábhachtach maidir le pleanáil amach anseo. Bhí deis ann freisin do EirGrid aghaidh a thabhairt ar ábhar imní a d'fhéadfadh a bheith ann le páirtithe leasmhara reachtúla sula ndéantar agóidí den ábhar imní sin tar éis iarratais phleanála a chur isteach.
An líon úinéirí talún a rabhthas i dteagmháil leo in 2025	1,500 (go neasach)	Ar feadh 2025 ar fad, bhí EirGrid i dteagmháil le líon mór úinéirí talún mar chuid dár gclár iomlán oibre lena n-áirítear ár bpríomhthionscadail seachadta eangaí chomh maith lenár dtionscadail uasghrádaithe. Tá rannpháirtíocht úinéirí talún ríthábhachtach chun bonneagar eangaí a ghlacadh agus a sholáthar ar an iomlán.
An líon tionscadal ar bronnadh cead pleanála orthu/nó a rinne dul chun cinn	An líon Iarratas a Cuireadh Isteach: 11 An líon a Bronnadh: 13 An líon a Diúltaíodh: 0 An líon Achomharc: 4	Is léir ón líon iarratas a diúltaíodh agus an líon achomharc i gcomparáid leis an líon iarratas a cuireadh isteach agus a bronnadh gur éirigh leis an gcur chuige comhairliúcháin atá ag EirGrid agus ag ár gcomhpháirtithe. Gné lárnach den rath sin is ea an comhairliúchán réamhiarratais a dhéantar le húinéirí talún, leis an bpobal, agus le comhlachtaí reachtúla. Trí dhul i gcomhairle go forleathan agus go luath maidir le tionscadail, bíonn daoine níos toilteanaí glacadh leis na tionscadail. Ina theannta sin, cinntítear leis gur féidir le EirGrid aghaidh a thabhairt ar aon ábhar imní a bhíonn ann sula ndéantar agóidí díobh.
An líon pobal a rabhthas i dteagmháil leo in 2025	**Rannpháirtíocht ar thionscadail ar fud 16 chontae** (Baile Átha Cliath, Laois, Cill Chainnigh, Cill Mhantáin, Cill Dara, an Mhí, Maigh Eo, Ros Comáin, Corcaigh, Port Láirge, Loch Garman, an Cabhán, Muineachán, Dún na nGall, Sligeach, Liatroim)	Trí rannpháirtíocht éifeachtach le páirtithe leasmhara, tá sé d'aidhm againn tacaíocht leanúnach a bhaint amach dár gcuid oibre, agus deiseanna a thairiscint chun freagra a thabhairt ar fhiosruithe agus aiseolas a fháil chun torthaí dearfacha a chruthú do chách.
An líon réigiún inar tionóladh Seónna Bóthair Fuinnimh do Shaoránaigh in 2025	**4 Sheó Bóthair** (Liatroim, Tiobraid Árann, Ceatharlach, Dún na nGall)	Tá na Seónna Bóthair Fuinnimh do Shaoránaigh ríthábhachtach mar thaca lenár misean an tuiscint atá ag pobail ar an gcaoi ar féidir leo tacú le dul chun cinn na hÉireann i dtreo todhchaí níos glaine, níos in-athnuaite a fheabhsú.

Tuairisc ar an méadrach:	Méadrach:	An chúis a léiríonn sé seo rannpháirtíocht éifeachtach:
Méadú ar an gcistiú a bronnadh ar Thionscadail Bithéagsúlachta faoi Chéim 2 den Chiste Sochair Pobail Cheiltigh i gcoibhneas le Céim 1, tar éis forbairtí acmhainne agus gníomhachtú pobal	Méadú 73% ar chistiú do thionscadail bithéagsúlachta faoi Chéim 2 (€344,828) i gcomparáid le Céim 1 (€198,987)	Trí chlár éifeachtach rannpháirtíochta agus forbartha acmhainne, faoi Thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh chonacthas méadú mór ar an gcistiú a eisíodh do thionscadail bithéagsúlachta sa chéim seo. Leis sin bhíomar in ann fanacht tiomanta don chistiú sochair pobail uile a roinnt go cothrom idir na trí shruth, is é sin pobal, inbhuanaitheacht, agus bithéagsúlacht.
An méid iomlán a bronnadh ar thionscadail phobail mar chuid de Scéim Sochair Pobail EirGrid	€821,265	Trí Scéim Sochair Pobail EirGrid, bhíomar in ann ár gcaidreamh le pobail a dhaingniú tuilleadh agus níos mó agus níos mó den phobal ag glacadh lenár gcuid oibre, agus le hobair sa réigiún amach anseo.
An líon scoileanna agus scoláirí a d'fhreastail ar cheardlanna EirGrid	28 scoil, 1,630 scoláire	Tá na seisiúin cheardlainne seo ina bpríomhchuid de Chlár EirGrid um Rannpháirtíocht le Scoileanna, a bhfuil sé mar aidhm aige spéis na ndaltaí san innealtóireacht a spreagadh agus feasacht a mhúscailt faoinár gcuid oibre le daltaí, múinteoirí, foirne scoile agus tuismitheoirí.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár rannpháirtíocht leis an bpobal, déan teagmháil linn tríd ár leathanach teagmhála anseo (le 'Rannpháirtíocht Phoiblí' san ábhar).


EIRGRID

Custaiméirí agus naisc agus tionscadail nasctha



Léargas ginearálta

Is cuid thar a bheith tábhachtach den mhéid a dhéanaimid ag EirGrid custaiméirí nua a nascadh agus bíonn leibhéal suntasach dlúthchomhoibrithe agus cumarsáide rialta ag teastáil, ionas gur féidir linn foinsí nua fuinnimh in-athnuaite agus comhaimseartha a nascadh go rathúil leis an eangach.

Is iad an fhoireann Custaiméirí agus Naisc, agus an fhoireann Tionscadail Nasctha atá i mbun an phróisis seo a bhainistiú, agus le chéile, tacaíonn siad le custaiméirí EirGrid ar fud aistear iomlán an chustaiméara. Áirítear leis seo a bheith ar an aon phointe teagmhála amháin sula ndéanann siad iarratas ar nasc, an próiseas tairisceana naisc agus an chéim sheachadta a bhainistiú, agus a bheith mar phríomhphointe teagmhála tar éis sheachadadh naisc nuair a bhíonn an custaiméir ag feidhmiú go hiomlán.

An chaoi a n-oibrímid

Mar chuid den phróiseas réamh-rannpháirtíochta, cuirimid treoir ar fáil dár gcustaiméirí maidir le hullmhúcháin don phróiseas nasctha (a bhainistítear tríd ár gclinicí míosúla do chustaiméirí). Leanann an tacaíocht seo ar aghaidh le linn chéim an iarratais trí oibriú i gcomhar le chéile chun an rogha nasctha is fearr dá dtionscadail a chinneadh. Tacaímid freisin lenár gcustaiméirí trína chinntiú go gcomhlíonann siad na ceanglais chun a dtairiscint ar nasc a chur i gcrích agus ach a mbeidh sé fuinnmhithe, beimid mar phríomhphointe teagmhála, ag soláthar seirbhís fhairsing bainistíochta cuntas trínár mbainisteoirí cuntas custaiméirí tiomnaithe (CAManna).

Feabhas leanúnach

Leanaimid ag obair freisin ar thionscnaimh cosúil leis an bhfoilseachán i mhí Mheán Fómhair 2025 '[Getting Connected Document]' ar shuíomh gréasáin EirGrid chun ár rannpháirtíocht leis an tionscal agus le páirtithe leasmhara ar custaiméirí iad a neartú agus a fheabhsú. Áirítear leis sin teagmháil a dhéanamh go minic le roinnt comhlachtaí ionadaíocha laistigh den tionscal. Trí na tionscnaimh sin, tá sé mar aidhm againn tuiscint níos fearr a fháil ar an uair a bheidh tacaíocht bhreise ó EirGrid ag teastáil ó chustaiméirí agus é sin a thuar, agus comhsheasmhacht agus soiléireacht a sholáthar inár gcur chuige mar fhreagra ar aiseolas ón bpainéal páirtithe leasmhara. Is iomaí idirghníomhaíocht a bhíonn ar bun idir custaiméirí agus EirGrid mar chuid den phróiseas chun nasc a dhéanamh, agus dírímid go háirithe ar a chinntiú go réitímid aon fhadhbanna a thagann chun cinn chomh tapa agus chomh héifeachtúil agus is féidir, rud a dhéanaimid tríd an tacaíocht thiomnaithe a thugann ár bhfoireann bainistíochta cuntas.

Straitéis

Fís do Chustaiméirí EirGrid

Tá an Fhís do Chustaiméirí EirGrid á reáchtáil ó 2023 agus é dírithe ar fheabhas a chur ar an gcaidreamh réamhghníomhach idir EirGrid agus ár gcustaiméirí. Is é an cuspóir a chinntiú go bhfaighidh an custaiméir eispéireas a bheidh ag feabhsú agus ag forbairt go leanúnach, de réir mar a théimid in oiriúint do na hathruithe tapa laistigh den tionscal.

Ar feadh 2025, d'oibríomar go dlúth le custaiméirí chun leanúint ag seachadadh na bpríomhchuspóirí faoin gclár Fís do Chustaiméirí, lena n-áirítear:

- Rannpháirtíocht réamhghníomhach, cuir i gcás trínár meartheagmháil nua ráithiúil le príomhchustaiméirí, agus é sin á dhéanamh againn chun aiseolas stuama a fháil.
- Rochtain ar shaineolaithe, trí chlinicí custaiméirí, seimineáir ghréasáin agus rannpháirtíochtaí *ad hoc* sceidealaithe.
- Ceachtanna a foghlaimíodh a chur i bhfeidhm.

Le linn 2025, chuireamar dlús freisin faoi thairseach faisnéise do chustaiméirí a scópáil agus a shainiú, rud lena mbeidh custaiméirí agus forbróirí in ann rochtain 'féinfhreastail' a fháil ar fhaisnéis ríthábhachtach de chuid EirGrid. Ach rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin ag céim níos túisce, beidh an tionscal in ann cinnteoireacht níos stuama a dhéanamh. Seo é an chéad chéim ríthábhachtach agus leanfaimid ag obair ar an tionscadal seo ar feadh 2026, tráth a soláthróimid nuashonruithe don tionscal de réir mar a dhéantar forbairtí trínár ndoiciméadacht rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara agus trínár rannpháirtíochtaí sceidealaithe freisin le comhlachtaí ionadaíocha agus le custaiméirí sa tionscal.

Clinicí do chustaiméirí

Is é cuspóir Clinicí Custaiméirí EirGrid chun rannpháirtíocht fhiúntacha éascú idir custaiméirí agus na Saineolaithe Ábhar (SÁnna) ábhartha de chuid EirGrid, sula gcuirtear iarratas ar nasc isteach. Is féidir le custaiméirí atá ann cheana féin ar mian leo a láithreáin a leathnú nó a mhodhnú cruinnithe clinic a iarraidh freisin. Is é cuspóir an Chlinic Custaiméirí luath-idirghníomhaíocht tionscadail le Saineolaithe Ábhar (SÁnna) EirGrid a éascú roimh an iarratas, agus saineolas teicniúil a sholáthar.

Cuirtear Suirbhé maidir leis an gClinic Custaiméirí i gcrích i ndiaidh gach clinic lena chinntiú go bhfaightear aiseolas ón gcustaiméir a bhaineann le héifeachtacht an chlinic. Baintear leas as torthaí na suirbhéanna seo feabhas leanúnach a chur ar chlinicí a bheidh ann amach anseo.

Meon na gCustaiméirí a Thomhas

Mar chuid dár dtiomantas d'fheabhsú leanúnach, déanann EirGrid roinnt suirbhéanna custaiméirí i rith na bliana chun fanacht ar an eolas faoi mheon na gcustaiméirí i leith gnéithe éagsúla dár ngnó.

Is é an suirbhé bliantúil custaiméirí, a úsáidtear chun aiseolas struchtúrtha a bhailiú ar eispéireas na gcustaiméirí thar raon leathan gníomhaíochtaí, an ceann is suntasaí de na suirbhéanna sin. Is cumasóir ríthábhachtach é an t-aiseolas seo chun ceachtanna foghlamtha a aithint a mbíonn feabhsuithe próisis mar thoradh orthu. Sainaithnítear sa suirbhé na bearta ar éirigh leo agus cad ba cheart a dhéanamh arís, chomh maith leis an méid a d'fhéadfaí a dhéanamh níos fearr agus an feabhas a d'fhéadfaí a dhéanamh an chéad uair eile. Déantar torthaí suirbhé a scaipeadh, a rianú agus a chur i láthair go fairsing go hinmheánach laistigh de EirGrid.

Tá leasú ó bhonn á dhéanamh ag foireann chustaiméirí EirGrid ar an suirbhé ar chustaiméirí atá ann cheana chun a chinntiú go bhfuil sé oiriúnach dá fheidhm agus go dtugann sé cur chuige níos saindeartha agus níos saincheaptha maidir le haiseolas fiúntach a fháil ónár gcustaiméirí.

In R4 2025, chuir foireann chustaiméirí EirGrid seiceáil meoin nua custaiméirí i bhfeidhm, ar a dtugtar 'Meartheagmháil le Custaiméirí EirGrid'. Scaipfear an meartheagmháil sin ar bhonn ráithiúil leanúnach. Is é is rún leis an suirbhé sin deis a thabhairt dár gcustaiméirí aiseolas stuama a thabhairt ar a n-eispéireas féin le foireann chustaiméirí EirGrid.

Rannpháirtíochtaí a bhaineann le Bainistíocht Cuntais

Tairgeann EirGrid deiseanna rannpháirtíochta saincheaptha éagsúla dár gcustaiméirí, lena n-áirítear cruinnithe míosúla, seimineáir ghréasáin, agus idirghníomhaíochtaí tréimhsiúla le comhlachtaí sa tionscal.

Leis an mbealach rannpháirtíochta malartach seo, bítear in ann dul in oiriúint d'athruithe, rud atá riachtanach chun fadhbanna a bhainistiú go pras agus a chuidíonn chun éifeachtúlacht a spreagadh. Cuireann bainisteoirí cuntas EirGrid tacaíocht thiomnaithe ar fáil agus bíonn siad mar phointe aonair teagmhála, rud a thugann deis do chustaiméirí ábhar imní ar leith a chur in iúl agus ceanglais aonair a phlé go díreach.

Uirlis do Bhainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí (CRM)

Tá sé ríthábhachtach úsáid iomlán a bhaint as ár n-uirlis do Bhainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí chun eispéireas nua-aimseartha agus feabhsaithe a sholáthar do chustaiméirí. A bhuí d'uirlis CRM cuirtear ar chumas EirGrid cumarsáid agus fiosruithe ó chustaiméirí a bhainistiú go héifeachtach agus saincheisteanna a réiteach go héifeachtúil.

Clár Éartha Seirbhíse Tarchuir (TOP) 2025

Is é an Clár Éartha Seirbhíse Tarchuir an clár atá ann maidir le gach éaradh seirbhíse bonneagair tarchuir atá beartaithe tarlú le linn an tséasúir éartha bhliantúil. Áiríodh leis an TOP25 éarthaí seirbhíse pleanáilte le haghaidh oibreacha caipitil, mar shampla, uasghrádú/athchóiriú gléasra, nascadh gléasraí nua agus naisc chustaiméirí, agus éarthaí seirbhíse le haghaidh obair chothabhála.

Rinneadh lear mór nasc custaiméirí in 2025, agus bhí an tacaíocht agus an ionadaíocht do chustaiméirí le linn TOP25 fíorthábhachtach. Chomh maith leis sin, i gcás aon oibreacha a mbeadh tionchar acu ar ár gcustaiméirí (mar shampla, díluchtú gléasraí custaiméirí le haghaidh oibreacha cothabhála), bhí gá le rannpháirtíocht fhairsing agus deis don chustaiméir agus do EirGrid éaradh seirbhíse a sceidealú ag am a d'oir don dá pháirtí.

Clár Comhpháirteach um Chlaochlú Éartha Seirbhíse (JOTP)

Is uirlis chriticiúil é bainistiú éarthaí seirbhíse maidir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP) de chuid Rialtas na hÉireann a sheachadadh. Is réimse an-dúshlánach é freisin ar chúiseanna éagsúla, mar shampla scála eisceachtúil agus luas an athraithe a theastaíonn chun bonneagar nua a sheachadadh. Thug EirGrid agus Líonraí BSL tosaíocht don obair sin agus iad ag obair i ndlúthchomhar air.

Tá an JOTP i mbun feidhme agus tá tionchair dhearfacha ag eascairt as. Cuimsítear le JOTP 7 sruth oibre le 18 n-idirghabháil chun infhaighteacht éarthaí seirbhíse a mhéadú, úsáid a uasmhéadú agus éifeachtacht na n-éarthaí seirbhíse. Forbrófar na hidirghabhálacha sin agus cuirfear in úsáid iad mar phróisis ghnó mar is gnách chun bainistiú éarthaí seirbhíse a bharrfheabhsú.

Tá sé mar uaillmhian ag JOTP infhaighteacht bhreise éarthaí seirbhíse a sholáthar agus an úsáid a bhaintear as éarthaí seirbhíse a dhéantar ar an gcóras a mhéadú.

Mar chuid den JOTP, sainaithníodh an sruth oibre Custaiméirí agus Tionscail mar shásra éifeachtúil chun dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara maidir le feabhsuithe ar sheachadadh tionscadail. Ó bunaíodh an sruth oibre in 2024, bhí 3 cheardlann ar siúl le EirGrid, Líonraí BSL agus le páirtithe leasmhara an tionscail. De thoradh na gceardlann sin bhíothas in ann roinnt tionscnamh nua a fhorbairt bunaithe ar aiseolas ó na páirtithe leasmhara go léir trínár rannpháirtíochtaí.

(Féach an chaibidil dar teideal 'Ár gComhpháirtíocht leis an TAO' le haghaidh tuilleadh eolais faoi shruthanna oibre laistigh den Chlár Comhpháirteach um Chlaochlú Éartha Seirbhíse).



Cur chun feidhme: An Custaiméir agus Naisc

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Feabhsú leanúnach ar eispéireas custaiméirí EirGrid	**Bainistíocht cuntas:** In 2025, lean EirGrid ag neartú na gcaidreamh le custaiméirí. Chun é sin a dhéanamh, d'oibríomar i ndlúthchomhar lenár gcustaiméirí chun tuiscint iomlán a fháil ar aon saincheisteanna fad is a bhí aiseolas á lorg ag an am céanna. **Rolladh amach na huirlise do Bhainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí (CRM):** In 2025, lean EirGrid de rolladh amach ár n-uirlise do Bhainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí (CRM), agus thugamar tuilleadh tacaíochta do rannpháirtíocht réamhghníomhach agus chaoithiúil idir EirGrid agus ár gcustaiméirí. **Tairseach Faisnéise do Chustaiméirí:** In 2025, chuireamar tús leis an scópáil agus an dearadh ar thairseach faisnéise do chustaiméirí arb é is aidhm dó rochtain féinseirbhíse a chur ar fáil do phríomhchustaiméirí agus forbróirí ar dhoiciméadacht riachtanach de chuid EirGrid.	**Bainistíocht cuntas:** I rith 2025, mhéadaigh EirGrid cuairteanna suímh lenár gcustaiméirí chun a riachtanais a thuiscint níos fearr. Leis an obair sin, fuair EirGrid tuiscint níos doimhne agus tugadh léargas tábhachtach, rud atá ríthábhachtach mar thaca faoi chinntí maidir le saincheisteanna casta cosúil le caibidlíochtaí maidir le héaradh seirbhíse nó saincheisteanna oibríochta. **Rolladh amach na huirlise do Bhainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí (CRM):** Leis sin bhíothas in ann súil níos géire a choinneáil ar shaincheisteanna a thagann chun cinn agus bainistíocht ó cheann go ceann a dhéanamh ar na saincheisteanna go dtí go bhfaightear réiteach orthu. Leis an uirlis CRM bhíothas in ann rannpháirtíocht níos réamhghníomhaí in ionad rannpháirtíocht fhrithghníomhach a ghlacadh trí fhaisnéis IS ionsuite rud a thacaíonn le sruthlíniú na cumarsáide agus na bpróiseas. **Tairseach Faisnéise do Chustaiméirí:** Seo céad chéim thábhachtach, agus leanfaimid ag forbairt an tionscadail ar feadh 2026, agus coinneoimid custaiméirí ar an eolas de réir mar a dhéanfar dul chun cinn.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Leibhéal na n-idirghníomhaíochtaí saincheaptha duine le duine lenár gcustaiméirí a mhéadú	**Aiseolas ó chustaiméirí:** In 2025, chuireamar rannpháirtíochtaí níos rialta, níos intuartha agus níos struchtúrtha i bhfeidhm le custaiméirí, rud a d'iarr custaiméirí trínár suirbhéanna. Mhéadaíomar freisin an líon rannpháirtíochtaí a bhí againn le daoine a bhí i láthair agus an teagmháil shaincheaptha. **Rannpháirtíocht mhéadaithe:** Ar feadh 2025, rinneamar 58 cruinniú míosúil agus ráithiúil a rolladh amach (i gcomparáid le 52 in 2024), agus bhuaileamar leis na daoine féin i gcás roinnt mhaith de na cruinnithe. Rinneamar comhordú freisin agus d'fhreastalaíomar ar thuilleadh cuairteanna ar an láthair ag saoráidí do chustaiméirí chun tuiscint níos fearr a fháil ar shaincheisteanna a bhain le tionscadail agus leis an láithreán.	**Aiseolas ó chustaiméirí:** Trí na rannpháirtíochtaí saincheaptha sin, bhí EirGrid in ann ár dtuiscint a fheabhsú agus táimid in ann a thuar anois cathain a d'fhéadfadh tacaíocht EirGrid a bheith ag teastáil ó chustaiméirí. Bhíomar i dteagmháil le príomhchustaiméirí chun aiseolas ar féidir gníomhú air a bhailiú maidir le gníomhaíochtaí EirGrid, rud a mbíonn tionchar acu ar chustaiméirí agus ar an tionscal i gcoitinne araon. Cinntíodh leis an gcur chuige sin go gcuirtear athruithe a léiríonn ionchur custaiméirí i bhfeidhm. Nuair is féidir é, coinnímid custaiméirí ar an eolas faoi na nuashonruithe sin, rud a dhúnann an bhearna aiseolais agus a chuireann trédhearcacht níos mó chun cinn. Chuir an fhoireann custaiméirí meartheagmhálacha ráithiúla i bhfeidhm freisin, chun ceangal a chruthú leis na custaiméirí is mó a bhí i dteagmháil linn agus chun aiseolas stuama a fháil uathu. Fuaireamar aiseolas stuama den scoth trínár gcéad mheartheagmháil a eisíodh i mí na Nollag 2025. Ag dul chun tosaigh, tá EirGrid ag féachaint ar aghaidh a thabhairt ar an ábhar imní a ardaíodh. **Rannpháirtíocht mhéadaithe:** Trí rannpháirtíochtaí méadaithe, níos pearsanta, mhéadaíomar an comhoibriú lenár gcustaiméirí. Dhíríomar den chuid is mó sna rannpháirtíochtaí sin ar a chinntiú go bhfuil EirGrid réamhghníomhach ó thaobh teagmháil a dhéanamh le custaiméirí nuair a thagann saincheisteanna chun cinn, cosúil le héaradh seirbhíse casta nó saincheisteanna oibríochta. Thacaigh na rannpháirtíochtaí sin freisin le pleanáil agus tuiscint níos fearr ar ionchais custaiméirí. Tá muinín againn go dtacóidh na rannpháirtíochtaí sin le comhsheasmhacht agus iontaofacht fheabhsaithe sna hidirghníomhaíochtaí idir EirGrid agus a chustaiméirí.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Feabhsú leanúnach ar ár seirbhís do chustaiméirí le rolladh amach shuirbhé custaiméirí 2025	**Suirbhéanna custaiméirí 2025:** In 2025, reáchtáil EirGrid ár suirbhé bliantúil custaiméirí chun aiseolas a fháil ar raon réimsí d'eispéireas iomlán an chustaiméara. Is é aidhm an tsuirbhé bhliantúil léargas a fháil ar shaincheisteanna a bhaineann go sonrach lenár gcustaiméirí chun cuidiú le EirGrid pointí tinnis, sainroghanna agus ionchais ár gcustaiméirí a thuiscint. Rinneamar suirbhé freisin ar phleanáil éarthaí seirbhíse lenár gcustaiméirí in R2 2025, chun éifeachtúlacht an chláir éartha seirbhíse a uasmhéadú.	**Suirbhéanna custaiméirí 2025:** Trí aiseolas rialta a bhailiú ó chustaiméirí, tá EirGrid ag leanúint dár ndul chun cinn maidir le heispéireas an chustaiméara linn a shaincheapadh agus seachadadh tionscadal a fheabhsú don chustaiméir ag an am céanna. I measc na bpríomhthéamaí a tháinig ón aiseolas a ardaíodh in 2025 bhí tuilleadh rochtana ar shaineolaithe agus tuilleadh cruinnithe ag a raibh daoine i láthair iad féin. Mar fhreagra ar an aiseolas a fuarthas in 2025, lean EirGrid ag spreagadh na rochtana ar shaineolaithe ábhair (SÁnna) trí rannpháirtíochtaí saincheaptha le custaiméirí de réir mar is gá. Rinneamar óstáil freisin ar rannpháirtíochtaí ag a raibh daoine i láthair agus rannpháirtíochtaí saincheaptha do chustaiméirí, de réir mar ba ghá.
Rolladh amach ár dtairseacha nua eislín do chustaiméirí	**Tairseacha eislín custaiméirí:** In 2025, thug EirGrid próiseas réamh-rannpháirtíochta feabhsaithe isteach le haghaidh custaiméirí ionchasacha atá ag féachaint le hiarratas a dhéanamh tríd an mbeartas nua BNS-SGC. Tugadh isteach tairseach iarratais ar líne freisin i mí na Nollag 2025, a thabharfar isteach do chustaiméirí ar bhonn céimithe, chun aistear níos rianúla agus níos éifeachtúla a éascú ar feadh an phróisis.	**Tairseacha eislín custaiméirí:** Laistigh den phróiseas tairisceana naisc bíonn go leor idirghníomhaíochtaí agus pointí teagmhála idir custaiméirí agus EirGrid, agus is príomhfhócas dúinn a chinntiú go n-aithnímid agus go réitímid aon fhadhbanna féideartha chomh tapa agus chomh héifeachtúil agus is féidir.



Rannpháirtíocht le custaiméirí agus le meitheal tionscail

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Feabhas a chur ar an seachadadh ar naisc chustaiméirí	**Cruinnithe ráithiúla le custaiméirí agus meitheal tionscail:** In 2025, bhí teagmháil ráithiúil againn le comhlachtaí sa tionscal chun dúshláin, feabhsuithe, ceachtanna a foghlaimíodh agus dea-chleachtais a phlé leo.	**Cruinnithe ráithiúla le custaiméirí agus meitheal tionscail:** Bhí sé mar aidhm leis na rannpháirtíochtaí sin dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara sa tionscal chun seachadadh a fheabhsú. I measc na dtopaicí a ardaíodh mar chuid den teagmháil sin bhí athbhreithnithe ar chláir, pleananna comhpháirteacha, athbhreithnithe dearaidh, an clár éartha seirbhíse tarchuir, aistriú sócmhainní agus anailís riosca. Mar chuid den rannpháirtíocht sin, chuidigh meithle ar leithligh chun an próiseas seachadta naisc le custaiméirí a shruthlíniú, rud lenar laghdaíodh moill agus lenar cinntíodh seachadadh uathúil ar thionscadail nua custaiméirí.
Dearbhú cáilíochta na dtógálacha inchoimhlinte a threisiú	**Ceardlanna seachadta naisc:** Ar feadh 2025, d'óstáil EirGrid roinnt ceardlann do chustaiméirí a bhí dírithe ar an bpróiseas seachadta naisc, agus tugadh aghaidh ar fhadhbanna le coimisiúnú, ar shonraíochtaí, ar athbhreithniú dearaidh agus ar aistriú sócmhainní.	**Ceardlanna seachadta naisc:** D'fheabhsaigh na ceardlanna sin feasacht na gcustaiméirí ar shaincheisteanna géara a bhaineann le conairí a dhéanfaidh difear do sheachadadh tionscadal. Bhí na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear Líonraí BSL, ag obair ar cháilíocht tógálacha inchoimhlinte, rud lena laghdaítear na fadhbanna a bhíonn le coimisiúnú agus a íoslaghdaíonn moill le tionscadail. Tríd an bpróiseas sin, bhí EirGrid in ann eolas a chur faoi mhaoluithe chun deireadh a chur leis an riosca a bhaineann le moill ar thionscadail amach anseo.
Feabhas a chur ar ailíniú chlár an Chustaiméara agus an Oibreora Córais	**Athbhreithniú a dhéanamh ar chláir thionscadail:** In 2025, lean EirGrid ag iarraidh agus ag bailiú cláir tionscadail go foirmiúil ó fhorbróirí atá ag seachadadh tionscadail TOP 26 agus ag lorg éarthaí seirbhíse TOP 2026. Tar éis na cláir sin a fháil, rinne EirGrid athbhreithnithe custaiméirí ar bhonn ráithiúil. Chuidigh an teagmháil sin chun coimhlintí, moill, deiseanna agus riachtanais chomhordaithe a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint.	**Athbhreithniú a dhéanamh ar chláir thionscadail:** Mar gheall ar chláir chustaiméirí a fháil go rialta, fuarthas cinnteacht níos mó maidir le gníomhaíochtaí tionscadail agus riachtanais acmhainní, lenar cinntíodh ailíniú níos fearr idir cláir thionscadail do chustaiméirí agus EirGrid. Ba chumasóir mór a bhí sa phróiseas sin freisin chun tacú leis an bpleanáil i gcomhair TOP26. D'fhorbair EirGrid doiciméid phróisis freisin chun léargas a thabhairt ar conas a reáchtálfar rannpháirtíochtaí le custaiméirí. Tacóidh sé seo sa deireadh thiar le seachadadh luathaithe bonneagair tarchuir as seo go ceann cúpla bliain.
Suirbhéanna ar cheachtanna foghlamtha ó thionscadail a eisiúint	**Suirbhéanna ar cheachtanna foghlamtha a eisiúint:** In 2025, d'eisigh EirGrid trí shuirbhé ar cheachtanna a foghlaimíodh chuig forbróirí agus lucht pearsanra ar oibreoirí córais iad, a chuir tionscadail i gcrích in 2024.	**Suirbhéanna ar cheachtanna foghlamtha a eisiúint:** Trí na suirbhéanna sin, déantar doiciméadú ar gach saincheist chomhroinnte agus choitianta chun cuidiú linn athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a seachadfar tionscadail amach anseo. Cuireadh an méid a foghlaimíodh i láthair ag an bhfóram tripháirtí chun éifeachtúlachtaí próisis a chur i bhfeidhm mar thoradh ar an aiseolas a fuarthas. Chuidigh sé sin chun na páirtithe leasmhara uile a chur ar an eolas faoi fheabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an bpróiseas.

Slata tomhais na rathúlachta

Sna táblaí thíos, tarraingímid aird ar rogha méadracha chun léiriú a thabhairt ar éifeachtacht ár gcuid rannpháirtíochta in 2025:

An Custaiméir agus Naisc

Tuairisc ar an méadrach:	Méadrach:	An chaoi a léiríonn sé sin rannpháirtíocht éifeachtach:
An líon clinicí do chustaiméirí a bhí ar siúl	113 clinic 2025 (90 Clinic in 2024)	Léiríonn an líon méadaithe clinicí a reáchtáil EirGrid gur leanamar ag cur lenár gcur chuige, agus deis á tabhairt againn do pháirtithe leasmhara dul i gcomhairle le saineolaithe EirGrid go luath ina gcuid tionscadal. Feicimid freisin go bhfuil custaiméirí ag baint níos mó leasa as sin.

Chomh maith leis an méid thuas, d'éascaigh EirGrid 197 cruinniú ar an iomlán le custaiméirí agus leis an tionscal chun tacú le rannpháirtíocht rialta, bainistiú éifeachtach saincheisteanna agus cumarsáid shoiléir ar leibhéal aonair, rud a chreidimid atá ríthábhachtach chun dul chun cinn leanúnach a chinntiú.

Is iad seo thíos na cineálacha cruinnithe agus an líon cruinnithe a éascaíodh in 2025:

Rannpháirtíochtaí pearsanta leis an gcustaiméir	Rannpháirtíochtaí míosúla/ráithiúla leis an gcustaiméir	Cruinnithe ad hoc leis an gcustaiméir	Cruinnithe pearsanta leis an tionscal	Cruinnithe ar líne leis an tionscal
41	58	42	6	20


Imeachtaí tionscail	Cuairteanna suímh	Iarrataí speisialta	Ionduchtú
24	3	3	1

Tionscadail nasc

Tuairisc ar an méadrach:	Méadrach:	An chaoi a léiríonn sé sin rannpháirtíocht éifeachtach:
An líon fuinnmhithe tionscadail in 2025	8	I measc na dtionscadal a fuinnmhíodh in 2025 bhí tionscadail éagsúla a bhain le slándáil an tsoláthair, tionscadail den Scéim Tacaíochta Leictreachais In-Athnuaite (STLI) agus tionscadail a bhain leis an margadh acmhainne. Ní bheifí in ann na fuinnmhithe sin a bhaint amach murach an rannpháirtíocht ilréimsiúil leanúnach a tharlaíonn go laethúil idir EirGrid agus an tionscal.
An líon MWanna a nascadh leis an gcóras	Thart ar 600 MW	Trína ndlúthchomhar leis an tionscal, bhí EirGrid in ann líon mór giniúna nua a nascadh leis an gcóras in 2025, chun tacú tuilleadh le ról EirGrid maidir le cuspóirí fuinnimh in-athnuaite na hÉireann a bhaint amach. Agus i ngeall ar na tionscadail atá á seachadadh ar mhórscála, léiríonn an figiúr sin méadú suntasach le roinnt blianta anuas.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár rannpháirtíocht le custaiméirí agus le páirtithe leasmhara tionscail, déan teagmháil linn tríd ár leathanach teagmhála anseo (le 'Custaiméir agus Naisc' san ábhar).

Beartas um Nasc Seasmhach (BNS)



Léargas ginearálta

Tá sé ríthábhachtach gineadóirí agus teicneolaíochtaí stórála nua a nascadh leis an eangach chun freastal ar an éileamh leictreachais agus chun tacú leis an aistriú chuig córas cumhachta dícharbónaithe i gcomhréir le spriocanna an rialtais. Mar sin féin, tá na naisc seo casta go teicniúil agus ó thaobh na tráchtála de araon.

Leagtar amach sa Bheartas um Nasc Seasmhach (BNS) an próiseas maidir le nascadh leis an eangach in Éirinn. Mar chuid dár ról, soláthraímid tuarascáil anailíse ar shrianta do chustaiméirí BNS. Sonraítear sa tuarascáil sin na leibhéil giniúna in-athnuaite a d'fhéadfadh a bheith againn amach anseo, lena n-áirítear barrachas, ciorrúchán tarchuir agus srianta. Próiseálfar dhá bhaisc in aghaidh na bliana feasta. Déantar an Staidéar Réamhaisnéise ar Shrianta le haghaidh BNS a nuashonrú go rialta chun slándáil an tsoláthair a chinntiú, an úsáid is fearr a bhaint as bonneagar eangaí atá ann cheana a chur chun cinn, agus tacú le forbairt bonneagair inbhuanaithe amach anseo, agus luach á chinntiú do thomhaltóirí ag an am céanna. Is iad ár bpríomhpháirtithe leasmhara sa phróiseas sin custaiméirí BNS (agus aon fhorbróirí nó comhairleoirí gaolmhara), an CRU, DCEE agus Líonraí BSL. Braitheann custaiméirí BNS ar na tuarascálacha sin chun nuashonruithe ríthábhachtacha a fháil ar leibhéil féideartha seolta anuas. Cinntíonn EirGrid go gcoimeádtar cothrom le dáta iad trí chumarsáid rialta agus thráthúil.

Straitéis

Seimineáir Ghréasáin

I rith na bliana, reáchtálaimid roinnt seimineár gréasáin le teagmháil a dhéanamh le custaiméirí BNS, le páirtithe leasmhara tionscail agus le hinstitiúidí reachtúla amhail CRU agus DCEE. Tá na seimineáir ghréasáin seo dírithe ar an samhaltú srianta a bhaineann leis an mbaisc nasctha BNS atá le teacht. Pléimid an dréacht agus na boinn tuisceana deiridh chun aiseolas a bhailiú agus moltaí feabhsúcháin a chur le chéile, agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuil an próiseas samhaltaithe láidir agus go gcomhlíonann sé riachtanais an tionscail agus ionchais rialála araon. Cuirimid na torthaí tosaigh agus deiridh i láthair na bpáirtithe leasmhara uile lena chinntiú go dtuigeann siad go hiomlán na léargais agus na hanailísí a táirgeadh.

Tuarascálacha ar shrianta

Gach bliain, foilsímid 12 thuarascáil srianta ceantair agus doiciméid tacaíochta bhreise ar shuíomh gréasáin EirGrid. Léiríonn an Tuarascáil Réamhaisnéise ar Shrianta i gcomhair BNS torthaí staidéar do raon cásanna giniúna, lena n-áirítear na leibhéil iomlána laghdaithe seolta a d'fhéadfadh a bheith ag giniúint gréine agus gaoithe amach anseo i gcás rósholáthair, ciorrúcháin agus srianta.



Cur i bhfeidhm

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
	Ceardlann ar na Boinn Tuisceana Tosaigh BNS 2.5: Thug EirGrid faisnéis thábhachtach do pháirtithe leasmhara maidir le boinn tuisceana tosaigh an phróisis samhaltaithe a bhaineann leis na Tuarascálacha Réamhaisnéise ar Shrianta i gcomhair BNS agus lorg siad aiseolas (R2 agus R3 2025).	**Ceardlann ar na Boinn Tuisceana Tosaigh BNS 2.5:** D'oibrigh EirGrid le páirtithe leasmhara ar íogaireachtaí ábhartha le linn chéim bailithe na mbonn tuisceana tosaigh. Chuidigh sé sin chun a chinntiú gur cuireadh na páirtithe leasmhara uile san áireamh sa phróiseas bonn tuisceana samhaltaithe. Tríd na rannpháirtíochtaí seo, táimid ag iarraidh ailíniú níos fearr a bhaint amach agus a chinntiú a oiread agus is féidir go gcomhlíontar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara.
Rannpháirtíocht le custaiméirí BNS agus leis an tionscal a fheabhsú chun custaiméirí a choinneáil i gcroílár na pleanála gnó	**Cur i láthair na dtorthaí deiridh BNS 2.4:** Chuir EirGrid na torthaí deiridh ó na Tuarascálacha Réamhaisnéise ar Shrianta i gcomhair BNS i láthair, mar aon le sonraí faoi na leibhéil laghdaithe seolta anuas a d'fhéadfadh a bheith ann ar bhonn geografach (R2 2025).	**Cur i láthair na dtorthaí deiridh BNS 2.4:** Tríd na rannpháirtíochtaí seo, cuidítear chun cumarsáid shoiléir a chur ar fáil go caoithiúil maidir le torthaí seolta anuas BNS agus ag an am céanna a chinntiú go dtuigeann na páirtithe leasmhara go léir na léargais agus na hanailísí go hiomlán. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach mar go gcabhraíonn sé lena chinntiú go mbíonn deis ag ár gcustaiméirí soiléireacht a fháil ar shonraí an méid atá á mholadh againn agus ag an am céanna an deis a thabhairt dóibh ceisteanna a chur.


Slata tomhais na rathúlachta

Sna táblaí thíos, tarraingímid aird ar rogha méadracha chun léiriú a thabhairt ar éifeachtacht ár gcuid rannpháirtíochta in 2025:

Tuairisc ar an méadrach:	Méadrach:	An chaoi a léiríonn sé sin rannpháirtíocht éifeachtach:
Rannpháirtíochtaí dírithe ar BNS le hionadaithe an tionscail	5	Ó mhí Lúnasa 2025, tá EirGrid ag obair le hionadaithe an tionscail ar bhonn míosúil chun aiseolas a bhailiú chomh maith le léargais agus nuashonruithe a roinnt. Cuireann ionadaithe an tionscail roinnt staidéar ar fáil freisin arna n-iarraidh ag an tionscal in éineacht le mionsonraí/sonraí breise nó feabhsuithe mar thaca le cinnteoireacht sa tionscal, chun tacú le comhroinnt eolais agus chun tacú freisin leis an tuiscint atá ag EirGrid ar riachtanais an tionscail.
Foilseacháin a bhaineann le BNS	5	In 2025, d'fhoilsigh EirGrid 5 dhoiciméad a bhain le BNS ar ár suíomh gréasáin lena n-áirítear doiciméad na mbonn tuisceana (leaganacha tosaigh agus eatramhacha), an pacáiste sleamhnán ón seimineár gréasáin ar bhoinn tuisceana, an doiciméad Ceisteanna Coitianta in éineacht le liosta giniúna tosaigh. Feabhsaíonn na doiciméid sin an chumarsáid a dhéantar le custaiméirí agus tugtar trédhearcacht maidir lenár samhaltú ar shrianta BNS.
Aiseolas a fuarthas ón tionscal	**Fiosruithe iomlána: 47** (36 fiosrú maidir le BNS-2.4 agus 11 fhiosrú maidir le BNS-2.5)	In 2025, fuaireamar 47 fiosrú ar an iomlán ón tionscal. In BNS-2.4, fuair EirGrid 36 fiosrú tar éis dúinn ár dtuarascálacha a fhoilsiú. Tugadh aghaidh ar na fiosruithe uile agus foilsíodh iad inár ndoiciméad Ceisteanna Coitianta. In BNS-2.5, fuair EirGrid 11 fhiosrú le linn ár gcuid rannpháirtíochta maidir leis na boinn thuisceana. Bhíomar ag féachaint ar naoi gcás/n-íogaireacht a shamhaltú, ach cuireadh síneadh leis sin go dtí 15 chás tar éis aiseolas a fháil ón tionscal. Cuireadh an-fháilte roimh iarrachtaí EirGrid oibriú leis an tionscal agus aiseolas na bpáirtithe leasmhara a ionchorprú ag an am céanna inár modheolaíocht agus inár bpróiseas samhaltaithe. Dá bharr sin, beimid ag leanúint den chur chuige comhoibríoch sin maidir le cinnteoireacht i dtimthriallta BNS amach anseo.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár mbeartas um nasc seasmhach, déan teagmháil linn tríd ár leathanach teagmhála anseo (le 'Beartas um Nasc Seasmhach' san ábhar).

An eangach agus an margadh a oibriú agus a fhorbairt



Forléargas

Tá EirGrid freagrach as an eangach leictreachais in Éirinn a fhorbairt agus a bhainistiú agus as sreabhadh an leictreachais ó ghineadóirí go húsáideoirí deiridh a bhainistiú. Tá Oibritheoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEMO), comhfhiontar idir SONI agus EirGrid, freagrach as an margadh leictreachais aonair a riar agus a shocrú.

Is é an margadh leictreachais an áit a ndéanann gineadóirí agus soláthraithe trádáil ar leictreachas. Déantar go leor oibre sa chúlra chun cothromaíocht a bhaint amach idir soláthar agus éileamh. Cabhraíonn trádáil mhargaidh lena chinntiú go bhfuil soláthar leictreachais sábháilte agus iontaofa againn.

Chun a chinntiú go bhfuil oibriú agus forbairt an chórais chumhachta agus an mhargaidh sábháilte, slán agus iontaofa, téimid i mbun oibre ó lá go lá agus comhoibrímid go rialta lenár gcustaiméirí, le comhlachtaí ionadaíocha tionscail agus le príomhpháirtithe leasmhara eile. Tá rannpháirteachas le páirtithe leasmhara ríthábhachtach de réir mar a ghlacann an eangach le foinsí in-athnuaite athraitheacha méadaithe atá ag teacht ar an bhfód, agus de réir mar a théann sí in oiriúint di. Mar an gcéanna, ní mór don mhargadh oiriúnú go tapa chun tacú leis an infheistíocht atá riachtanach chun athruithe nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo a chur i gcrích ar an eangach roimh 2030 agus ina dhiaidh sin.

Straitéis

Scéim Tacaíochta Leictreachais In-Athnuaite (RESS) ar Tír agus Amach ón gCósta - Rannpháirtíocht cheantanna

Buaileann Foireann Ceantanna RESS go rialta le páirtithe leasmhara tábhachtacha DCEE, CRU, Líonraí BSL agus EirGrid chun dearadh, rialacha agus incháilitheacht Cheantanna Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite ar Talamh agus Amach ón gCósta a chomhaontú. Tá rannpháirtíochtaí rialta mar seo ríthábhachtach chun an píblíne a chinntiú agus seachadadh RES-E de réir Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide an rialtais agus treochlár EirGrid, Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú.

Seisiúin eolais faoi cheant RESS

Is tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann é an Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite (STLI). Tacaíonn an scéim le tionscadail leictreachais in-athnuaite in Éirinn. Cuireann an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (DCEE) ceantanna RESS ar fáil, le tacaíocht ó CRU agus EirGrid.

Mar chuid den rannpháirtíocht seo, bíonn EirGrid i gceannas ar sheisiún faisnéise tionscail roimh gach ceant bliantúil (RESS agus ORESS) chun iarratasóirí tionscail a chur ar an eolas faoi phríomhathruithe a tharla ón gceant roimhe sin. Ansin cuirimid na garspriocanna atá le teacht i láthair san amchlár foilsithe agus molaimid clárú luath ar ár nArdán Ceantála

RESS. Is é an rud is tábhachtaí sa seisiún ná aird shoiléir a tharraingt ar an doiciméadacht thábhachtach atá le comhlánú ag an duine ábhartha agus cathain, le linn an phróisis iarratais ar cháilíocht. Chomh maith leis sin, pléimid ceisteanna a cuireadh isteach roimhe seo agus mínímid an próiseas iarratais ar shoiléiriú cáilíochta.

Dearadh ceant RESS a chomhordú

Mar chuid dár gcomhoibriú leanúnach, oibríonn EirGrid leis an DCEE agus le CRU chun téarmaí agus coinníollacha RESS agus ORESS a dhréachtú d'fhonn dréacht deiridh a chomhaontú le haghaidh comhairliúcháin.

Cruinnithe rialta le DCEE agus CRU

Chun a chinntiú go leanfaimid orainn ag ailíniú le beartas in-athnuaite ar talamh agus amach ón gcósta RES-E de chuid an Rialtais, bíonn EirGrid i dteagmháil go rialta lenár rialtóirí a bhfuil ról tábhachtach acu i mbeartas nasctha, sócmhainní agus muirir agus iomaíocht ceantála a chinntiú. Cinntíonn CRU go gcomhlíonann muid na rialacha agus go dtacaíonn sé lenár gcuid oibre chun ár n-uaillmhianta aeráide a bhaint amach.

Oibríochtaí margaidh toillte a chomhordú

Is gné ríthábhachtach den mhargadh mórdhíola leictreachais uile-oileáin iad ceantanna toillte agus tá siad deartha chun soláthar leictreachais iontaofa a sheachadadh ar an gcostas is ísle is féidir. Tá sé mar aidhm ag na ceantanna freisin stáisiúin chumhachta nua agus éifeachtúla a spreagadh chun dul isteach sa mhargadh. Tugtar ceant T-4 air sin toisc go slánaíonn sé acmhainn ar feadh ceithre bliana roimh ré, agus bíonn ceantanna breise ar siúl freisin níos gaire don bhliain acmhainne, má theastaíonn acmhainn bhreise e.g. an bhliain sula dtosaíonn an bhliain acmhainne (T-1), nó dhá bhliain roimh an mbliain acmhainne (T-2). Bíonn na ceantanna ar bun i gcomhar le EirGrid agus SONI (An tOibritheoir Córais do Thuaisceart Éireann) thar ceann ár n-údarás rialála. Mar chuid den obair sin, bímid i dteagmháil leis an dá rialtóir gach seachtain chun na ceantanna ríthábhachtacha seo a eagrú don tionscal.

Tá EirGrid agus SONI freagrach i gcomhpháirt as an gCód Margaidh Toillte a riar lena n-áirítear comhordú an phróisis modhnuithe.

Cruinnithe Ghrúpa Úsáideoirí Oibritheoir an Mhargaidh (MUOG)

Is cruinniú démhíosúil é Grúpa Úsáideoirí Oibritheoir an Mhargaidh (MUOG) (a reáchtáiltear gach 8 seachtaine de ghnáth) a thugann le chéile Oibritheoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEMO), na OCTanna agus rannpháirtithe sa mhargadh, chun nuashonruithe a sholáthar ar raon leathan ábhar amhail socraíochtaí, trádáil, comhéadan an mhargaidh, eisiúintí TF agus margaí ex-ante.

Ceardlanna Thionscal Margaí Cumhachta na Todhchaí

Is fóram tábhachtach iad ceardlanna Thionscal Margaí Cumhachta na Todhchaí d'ionadaithe tionscail agus OCTanna chun teacht le chéile chun eolas a chur ar fáil, plé a dhéanamh, éisteacht leis agus ceisteanna a chur maidir le gnéithe ar nós Beartas an Mhargaidh Fuinnimh, an Clár Sceidealaithe agus Seolta (SDP), Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais (STSC), Stóráil Fhadtréimhseach Fuinnimh (LDES) EirGrid agus Clár na Margaí Straitéiseacha (SMP) agus cláir a bhaineann leo.

Éascaíonn na ceardlanna seo plé faoi na hathruithe ar shocruithe feidhmiúla, teicniúla agus foirmiúla, rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus nuashonruithe ar bhainistíocht clár. Chomh maith leis sin, tugann siad deis do OCTanna a gcaidreamh le rannpháirtithe sa tionscal a neartú, agus cumarsáid shoiléir agus chomhsheasmhach á soláthar ag an am céanna mar a mhol painéal na bpáirtithe leasmhara.

Grúpa Idirchaidrimh Teicniúil Mhargaí Cumhachta na Todhchaí (TLG)

Is é aidhm Ghrúpa Idirchaidrimh Teicniúil (TLG) Mhargaí Cumhachta na Todhchaí cuidiú le riachtanais theicniúla na mórchlár margaidh faoi seach a chomhlíonadh. Is é cuspóir na ngrúpaí faisnéis a sholáthar atá ábhartha do ghrúpa

sainleasa agus fóram plé áit ar féidir tuairimí na Rannpháirtithe Margaidh a chloisteáil, lena n-áirítear tuiscint ar na tionchair a bheidh acu ar a bpleananna seachadta féin.

Nuachtlitreacha

Eisíonn EirGrid nuachtlitir maidir le Margaí Cumhachta na Todhchaí go rialta. Is bealaí cumarsáide tábhachtacha iad na nuachtlitreacha seo chun nuashonruithe a roinnt ar chláir agus ar shruthanna oibre tábhachtacha agus chun nuashonrú leanúnach a sholáthar a chuireann leis na ceardlanna agus chun an léitheoir a threorú chuig obair leanúnach, comhairliúcháin agus tuilleadh.

Painéal Athbhreithnithe an Chóid Eangaí (GCRP)

Ag EirGrid, táimid freagrach as forbairt agus cothabháil an chóid eangaí in Éirinn. Is comhlacht buan tionscail é Painéal Athbhreithnithe an Chóid Eangaí (GCRP) a bhfuil sé mar aidhm aige an cód eangaí a athbhreithniú agus a phlé.

Pléann an GCRP feidhmiúlacht an chóid eangaí go rialta agus cuireann sé moltaí ar fáil maidir le nuashonruithe agus leasuithe. Déanann gach ball den GCRP ionadaíocht ar leasanna a gcomhlachta ceapacháin. Foilsítear nótaí cruinnithe ar líne.

Fóram Infhaighteachta Gineadóirí agus Táirgeachta

Buaileann EirGrid leis an tionscal tríd an bhFóram Infhaighteachta Gineadóirí agus Táirgeachta chun nuashonruithe a thabhairt don tionscal ar thuarascálacha maidir le hinfhaighteacht táirgeachta agus chun ceisteanna ó chustaiméirí gineadóirí a fhreagairt.

Athbhreithniú, Forbhreathnú agus Athbhreithniú Lár Bliana ar an gClár Éartha Tarchuir (TOP)

Buaileann EirGrid leis an tionscal tríd an bhForbhreathnú agus an Breathnú Siar ar an TOP ag deireadh na bliana nuair a fhéachaimid siar ar an TOP atá díreach críochnaithe agus nuair a thugaimid forbhreathnú ar an TOP don bhliain dár gcionn. Buailimid leis an tionscal i lár na bliana freisin chun nuashonrú a thabhairt ar an dul chun cinn sa bhliain reatha agus an plean don chuid eile den bhliain a chur i láthair.

Comhairle Chomhairleach um Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú

Bhunaigh EirGrid agus SONI an Chomhairle Chomhairleach um Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú (TLM) in 2022. Tá ionadaithe ó gach cearn den earnáil fuinnimh ar an gcomhairle, lena n-áirítear forbróirí stórála, gineadóirí traidisiúnta agus in-athnuaite, an lucht acadúil, mórúsáideoirí fuinnimh, ag freagairt don éileamh, teicneolaíocht nua, líonraí gáis, monaraíocht agus sainchomhairleoireacht. Bíonn cruinniú ag an gcomhairle gach ceithre mhí i mBaile Átha Cliath, agus gach ceathrú cruinniú ar siúl i mBéal Feirste.

Tar éis cuireadh i gcomhair ballraíocht a bheith curtha amach níos túisce in 2024, tá 30 ball den chomhairle agus 12 aoi ar Chomhairle Chomhairleach TLM anois. I measc na n-aíonna a fuair cuireadh le bheith i láthair ag na cruinnithe tá an Rialtas, Oibreoirí Córais Dáilte agus na hÚdaráis Rialála as Éirinn agus as Tuaisceart Éireann araon.

Déanann EirGrid agus SONI cathaoirleacht ar an gcruinniú. Is é cuspóir na gcruinnithe seo dul i mbun oibre le páirtithe leasmhara maidir leis an mbealach is fearr chun ár spriocanna TLM a bhaint amach ar fud líonraí, margaí, rannpháirtíocht phoiblí agus oibríochtaí.

Grúpa Chumann na Margaí Seachtracha (EMAG)

Sa bhliain 2024, chruthaigh EirGrid grúpa inmheánach, trasfheidhmeach ar a dtugtar Grúpa Chumann na Margaí Seachtracha (EMAG). Is é is cuspóir ag EMAG gníomhú mar fhoinse aonair fírinne d'ionadaíocht EirGrid laistigh de chumainn sheachtracha (agus tagairt ar leith do ghrúpaí Eorpacha) a bhaineann le forbairt an mhargaidh, rud a chabhraíonn le cumarsáid shoiléir agus chomhsheasmhach a chinntiú ar fud na n-eagraíochtaí seachtracha a mbímid i dteagmháil leo.

Cur chun feidhme

Rannpháirteachas sa mhargadh

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
A bheith ag obair i dtreo Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais (FASS) a sheachadadh	**Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais:** Bhí siad seo a leanas i measc ár gcuid rannpháirtíochta sa réimse seo ar feadh 2025: • Foilsíodh 3 dhréacht den Chód Seirbhísí Córais i mBéarla Simplí i mí Eanáir, i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag le haghaidh athbhreithniú tionscail. • Eisíodh Treochlár um Chur Chun Feidhme Céimnithe V3.0 i mí an Mheithimh chun soiléireacht a thabhairt don tionscal ar thréimhsí ama. • Seachadadh 3 chomhairliúchán poiblí a fuair tacaíocht ó 4 cheardlann thiomnaithe de chuid an tionscail. • Cuireadh isteach 4 Pháipéar Moltaí chuig na húdaráis rialála. • Coinníodh an rannpháirtíocht leanúnach trí mheitheal oibre an Chóid Seirbhísí Córais, ceardlanna míosúla ar Mhargaí Cumhachtaí na Todhchaí, nuachtlitreacha, agus Painéal Tionscadail STSC. • Óstáladh seimineár gréasáin i mí Dheireadh Fómhair agus athbhreithníodh Cóid Eangaí in aghaidh sainmhínithe táirge coimeádta nuashonraithe (SEM-24-074) agus modhnuithe beartaithe. • Cuireadh dréacht-chomhairliúchán ar Sheirbhísí Neamhchúltaca faoi bhráid na n-údarás rialála i mí an Mheithimh.	**Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais:** Trínár rannpháirtíocht leanúnach in 2025, thug EirGrid tacaíocht do na príomhthorthaí seo a leanas: • D'fhoilsigh SEMC ceithre phríomhchinneadh maidir leis an dearadh a bheadh ar an gCeant Seirbhísí Córais Lá Roimh Ré (DASSA). • D'fhág na cinntí a rinneadh go raibh an creat Seirbhísí Córais i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear na Treoirlínte Eorpacha maidir le Cothromú agus an Pacáiste um Fhuinneamh Glan. • Fuarthas léargas príomhpháirtithe leasmhara sna comhairliúcháin chun eolas a dhéanamh do mholtaí OCT maidir le cinntí SEMC. • Neartaíodh trédhearcacht agus comhoibriú idir na OCTanna, Údaráis Rialála, agus páirtithe leasmhara sa tionscal. • Bunaíodh conair shoiléir a thacaíonn le hobair fhorfheidhmiúcháin amach anseo, agus a rannchuidíonn le haistriú ísealcharbóin na hÉireann.
Soláthar Stórála Fadtréimhsí Fuinnimh (LDES) a thiomáint	**Stóráil Fhadtréimhseach Fuinnimh (LDES):** Tugadh faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas in 2025: • Foilsíodh páipéar comhairliúcháin maidir le modh soláthair LDES i mí Dheireadh Fómhair 2025. • Ina dhiaidh sin, bhí seimineár gréasáin ag EirGrid leis an tionscal chun cur ar chumas páirtithe leasmhara ceisteanna a chur. • D'fhoilsigh EirGrid Ceisteanna & Freagraí freisin ar ár suíomh gréasáin chun aghaidh a thabhairt ar aon fhiosruithe eile. • Leanaimid ag bualadh leis an CRU faoi dhó sa tseachtain maidir leis an gceist seo.	**Stóráil Fhadtréimhseach Fuinnimh (LDES):** Trí na rannpháirtíochtaí sin, bhí EirGrid in ann tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt Páipéir Moltaí Soláthair LDES. Ní hamháin gur mar fhreagra ar ghníomh a chuir an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (DCEE) ar an OCT sna Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide agus i gCreat Beartais Stórála Leictreachais le déanaí ón Roinn atá an obair seo, ach tacaíonn sí lenár misean freisin chun am eangach a dhícharbónú. Mar fhocal scoir, cinnteoidh na rannpháirtíochtaí a bhí ar siúl le linn na tréimhse comhairliúcháin go ngabhfar na pointí a rinneadh sna freagraí comhairliúcháin go cruinn, ionas gur féidir leo tacaíocht a thabhairt don phróiseas cinnteoireachta agus do na moltaí a dhéanfar dá bharr sin agus a sheolfar chuig CRU.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Ceardlanna míosúla thionscal margaí cumhachta na todhchaí	**Ceardlanna tionsclaíochta margaí cumhachta todhchaí:** Lean EirGrid dár gceardlanna míosúla ar thionscal margaí cumhachta na todhchaí ar feadh 2025, agus bhí seisiúin againn i rith na bliana. D'óstálamar seisiún amháin hibrideach freisin i mí Lúil agus ceardlann amháin ag a raibh daoine i láthair i mí Dheireadh Fómhair.	**Ceardlanna tionsclaíochta margaí cumhachta todhchaí:** Trí na ceardlanna seo, tá EirGrid chun eolas a thabhairt, plé, éisteacht agus ceisteanna a chur ar ionadaithe an tionscail faoi ábhair mar Beartas an Mhargaidh Fuinnimh, an Clár Sceidealaithe agus Seolta (SDP), Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais (STSC) agus Athchóiriú an Mhargaidh Cothromúcháin. D'éascaigh na ceardlanna seo plé faoi na hathruithe ar shocruithe feidhmiúla, teicniúla agus foirmiúla, rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus nuashonruithe ar bhainistíocht clár. Chuidigh an fóram seo chun ár gcaidreamh le rannpháirtithe sa tionscal a neartú, agus cumarsáid shoiléir agus chomhsheasmhach á soláthar ag an am céanna mar a mhol painéal na bpáirtithe leasmhara.
Nuachtlitir mhíosúil Margaí Cumhachta na Todhchaí	**Nuachtlitir Margaí Cumhachta na Todhchaí:** Lean EirGrid ag eisiúint na Nuachtlitreach maidir le Margaí Cumhachta na Todhchaí gach mí in 2025. Foilsíodh iad sin ar shuíomh gréasáin EirGrid agus déantar fógraíocht orthu trínar gcainéal meán sóisialta.	**Nuachtlitir Margaí Cumhachta na Todhchaí:** Feidhmíonn nuachtlitir EirGrid, Margaí Cumhachta na Todhchaí, mar mheán tábhachtach dúinn chun páirtithe leasmhara a thabhairt cothrom le dáta maidir le forbairtí i mBeartas an Mhargaidh Fuinnimh, an Clár Sceidealaithe agus Seolta, Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais agus Athchóiriú an Mhargaidh Cothromúcháin. Bhí an nuachtlitir sa bhreis ar ár gCeardlanna míosúla um Thionscal Margaí Cumhachta na Todhchaí trí pháirtithe leasmhara a choinneáil ar an eolas faoi na forbairtí is déanaí inár bpríomhréimsí tionscadail agus inár sruthanna oibre.
Caidreamh le comhghleacaithe san AE a neartú agus páirt a ghlacadh i bhforbairtí ábhartha beartais mhargaí todhchaí an AE	**Rannpháirtíocht leis an AE:** In 2025, lean EirGrid lenár rannpháirtíocht i gCoiste Margaidh ENTSO-E agus i ngrúpaí oibre ábhartha, ag plé le forbairtí beartais agus reachtacha ar leibhéal an AE.	**Rannpháirtíocht leis an AE:** Leis na rannpháirtíochtaí seo, fuair EirGrid deis páirt a ghlacadh i bhforbairtí beartais ábhartha ar leibhéal an AE trí rannpháirtíocht i gCoiste Margaidh ENTSO-E agus i nGrúpaí Oibre agus leasanna is fearr an tomhaltóra leictreachais agus spriocanna carbóin á gcur san áireamh, chomh maith lena chinntiú go bhfaigheann EirGrid deis chainte.

Ceantanna fadtéarmacha

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Bailchríoch ar théarmaí agus coinníollacha RESS 5, cruinnithe faisnéise leis an tionscal agus cur i gcrích ceant	**Téarmaí agus coinníollacha RESS 5:** Lean EirGrid ag obair le DCEE in 2025 maidir le comhairliúchán agus foilseachán i dtaca le téarmaí agus coinníollacha RESS 5. Reáchtáladh ceant RESS 5 go rathúil i mí Mheán Fómhair 2025.	**Téarmaí agus coinníollacha RESS 5:** Ba é RESS 5 an ceant RESS is déanaí a ceadaíodh faoin Státchabhair Eorpach reatha a cheadaigh Ard-Stiúrthóir um Iomaíocht an AE. Trí na rannpháirtíochtaí sin, d'éirigh le EirGrid an ceant a reáchtáil arb é an ceant deiridh RESS é ina bhfuil garspriocanna agus dátaí seachadta laistigh de Spriocanna 24/25 Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023. D'fhoilsigh EirGrid, mar Riarthóir an Cheant, tráthchlár RESS 5, na pacáistí eolais ceant agus cáilithe agus bhí sé ina chathaoirleach ar Sheisiún Eolais Cheant an Tionscail.
An Ceant Tonn Nua de chuid na Scéime Tacaíochta Leictreachais In-Athnuaite Amach ón gCósta (STLIAC) a chur i gcrích	**Ceant Tonn Nua:** In 2025, tar éis Téarmaí agus Coinníollacha Tonn Nua STLIAC a fhoilsiú, chuir EirGrid cruinnithe faisnéise agus seisiúin eolais Tonn Nua STILAC i gcrích le DCEE. Chomhlíon EirGrid an clárú do cheant Tonn Nua ORESS, an cáiliú agus an ceant féin a cuireadh i gcrích i mí na Samhna 2025.	**Ceant Tonn Nua:** Trí na rannpháirtíochtaí, agus in éineacht le DCEE, d'éirigh linn buaiteoir aonair Thoilleadh Ceant 900 MW Tonn Nua a shainaithint chun iarratas a dhéanamh ar an Toiliú Limistéir Muirí (MAC) agus litir thairisceana a fháil ó DCEE.
T-1 2025/2026 Ceant um Thoilleadh chun an t-éileamh ar leictreachas a thabhairt slán	**T-1 2025/2026 Ceant um Thoilleadh:** D'fhoilsigh EirGrid Pacáistí Eolais Ceant le haghaidh páirtithe leasmhara an tionscail. Bhí an ceant ar siúl go luath in 2025.	**T-1 2025/2026 Ceant um Thoilleadh:** Ba é aidhm an cheant sin a chinntiú go bhfaightear dóthain MWanna chun freastal ar an éileamh le haghaidh Bhliain Toillte 2025/2026. Cheadaigh na húdaráis rialála Torthaí an Cheant agus foilsíodh iad ar shuíomh gréasáin SEMO.
T-4 2029/2030 Ceant um Thoilleadh chun an t-éileamh ar leictreachas a thabhairt slán	**T-4 2029/2030 Ceant um Thoilleadh:** In 2025, d'fhoilsigh EirGrid Pacáistí Eolais Ceant do pháirtithe leasmhara an tionscail, agus an ceant le tarlú i mí an Mhárta 2026. Bhí seisiún eolais tionscail ag EirGrid freisin roimh oscailt an cháilithe. Ar deireadh, i mí Lúnasa 2025, bhí seisiún eolais rathúil ag EirGrid leis an tionscal agus mar chuid de bhí taispeántas ar Ardán nua Cáilithe Ar Líne.	**T-4 2029/2030 Ceant um Thoilleadh:** Bhí na rannpháirtíochtaí sin ríthábhachtach mar thaca le hullmhú don cheant suas go dtí mí an Mhárta 2026. Ina theannta sin, rud an-áisiúil a bhí san Ardán Cáilithe Ar Líne do pháirtithe leasmhara nuair a tugadh isteach é, agus deis á tabhairt iarratais a chur isteach agus a phróiseáil ar bhealach níos éasca agus níos éifeachtúla. Sábháiltear sonraí stairiúla freisin ar an ardán, mar sin ní gá do na rannpháirtithe ach sonraí riachtanacha a thabhairt cothrom le dáta le haghaidh gach ceant.

Rannpháirtithe Margaidh an Mhargaidh Leictreachais Aonair

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Market Operator User Group (MOUG) engagements	**Grúpaí Úsáideoirí an Oibreora Margaidh:** D'óstáil EirGrid cúig rannpháirtíocht do Ghrúpa Úsáideoirí Oibritheoir an Mhargaidh in 2025.	**Grúpa Úsáideoirí Oibritheoir an Mhargaidh:** Trí na rannpháirtíochtaí sin, tá sé mar aidhm ag EirGrid nuashonruithe a thabhairt a bhaineann le raon leathan ábhar cosúil le socraíochtaí, trádáil, comhéadan margaidh, eisiúintí TF agus margaí ex-ante.
Rannpháirtíocht deisce chabhrach SEMO agus SEMOpx	**Rannpháirtíocht deisce chabhrach SEMO agus SEMOpx:** Chuir EirGrid tacaíocht laethúil margaidh ar fáil trí ríomhphost agus guthán, ag freagairt fiosrúcháin ghinearálta agus socraíochtaí.	**Rannpháirtíocht deisce chabhrach SEMO agus SEMOpx:** Is cainéal oscailte iad na rannpháirtíochtaí seo a ligeann dúinn tacú go díreach le rannpháirtithe le haon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith acu.
Tacaíocht chláraithe SEM	**Tacaíocht chlárúcháin SEMO agus SEMOpx:** Lean EirGrid ag tabhairt tacaíochta laethúla do rannpháirtithe ar feadh 2025.	**Tacaíocht chlárúcháin SEMO agus SEMOpx:** Is céim ríthábhachtach iad na rannpháirtíochtaí seo chun go mbeimid in ann tacú le rannpháirtithe le linn an phróisis clárúcháin margaidh.

Oibríochtaí córais.seirbhísí córais, agus bainistíocht éartha seirbhíse

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Geata Soláthair Seirbhísí Córais 12 & 13	**Soláthar Seirbhísí Córais:** Bhí dhá sheisiún eolais DS3 ag EirGrid in 2025 i dtaca le Geata 12 agus Geata 13 faoi seach. Thug EirGrid tacaíocht laethúil freisin trí ríomhphost agus/nó guthán ar fhiosruithe rannpháirtithe DS3 anois agus amach anseo.	**Soláthar Seirbhísí Córais:** Trínár rannpháirtíochtaí, d'éascaigh EirGrid soláthar rathúil seirbhísí córais, agus thug sé tacaíocht an tráth céanna do pháirtithe leasmhara sa tionscal ar feadh an phróisis.
Pleanáil Éarthaí Seirbhíse Gineadóra	**Pleanáil Éarthaí Seirbhíse:** In 2025, lean EirGrid den teagmháil lena gcustaiméirí giniúna chun éarthaí seirbhíse a sceidealú agus an clár éartha seirbhíse gineadóirí tiomanta bliantúil a sheachadadh le haghaidh 2026 chomh maith le bainistiú phlean éarthaí seirbhíse 2025. Leanamar lenár dtacaíocht freisin d'éarthaí seirbhíse gineadóirí agus fiosrúcháin.	**Pleanáil Éarthaí Seirbhíse:** Trí na rannpháirtíochtaí seo, coinníonn EirGrid custaiméirí cothrom le dáta agus ar an eolas maidir le sceidealú éarthaí seirbhíse gineadóra. Cinntíonn na rannpháirtíochtaí seo trédhearcacht trí fhoilsiú an chláir éartha seirbhíse réamhbhreathnaithigh.
Fóram Infhaighteachta Gineadóirí agus Táirgeachta	**Fóram Infhaighteachta Gineadóirí agus Táirgeachta:** In 2025, bhuail EirGrid le lucht an tionscail tríd an bhFóram Infhaighteachta Gineadóirí agus Táirgeachta chun nuashonruithe a thabhairt ar thuarascálacha infhaighteachta táirgeachta agus chun aghaidh a thabhairt ar fhiosruithe ó chustaiméirí maidir le gineadóirí.	**Fóram Infhaighteachta Gineadóirí agus Táirgeachta:** Leis na rannpháirtíochtaí sin bhí deis thábhachtach ann plé oscailte a dhéanamh maidir le hinfhaighteacht táirgeachta i gcomhair 2025 agus ar fhiosruithe ginearálta maidir le gineadóirí.
Sceidealú agus Seoladh	**Sceidealú agus Seoladh:** In 2025, lean EirGrid den teagmháil le páirtithe leasmhara ar an bpróiseas atá ann faoi láthair maidir le sceidealú agus seoladh lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas: • Foilsiú Leagan 9.0 den Ráiteas maidir le Prionsabail an Mhargaidh Cothromúcháin, tar éis dul i gcomhairle maidir le hathbhreithnithe a moladh. • Foilsíodh na Téarmaí Tagartha don Iniúchadh bliantúil Sceidealú agus Seoladh tar éis dul i gcomhairle maidir le raon feidhme agus príomhdhátaí. • Tuairisciú leanúnach (go seachtainiúil ar a laghad) ar bhacainní oibriúcháin.	**Sceidealú agus Seoladh:** Cuireann na rannpháirtíochtaí seo ar chumas EirGrid aiseolas a bhailiú ó chustaiméirí agus trédhearcacht a sholáthar maidir lenár gcinnteoireacht.
Tuairisciú Seolta Anuas:	**Tuairisciú Seolta Anuas:** Lean EirGrid i mbun anailíse in 2025 ar sheoladh anuas foinsí in-athnuaite leictreachais agus d'fhoilsigh sé tuarascálacha míosúla agus bliantúla.	**Tuairisciú Seolta Anuas:** Trínár n-anailís agus ár dtuairisciú, tá sé mar aidhm ag EirGrid a chinntiú go mbeidh custaiméirí agus an tionscal i gcoitinne ar an eolas i gcónaí maidir le leibhéil seolta anuas agus figiúirí tuairiscithe á gcur i gcomhthéacs go réigiúnach agus go náisiúnta.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Painéal Athbhreithnithe an Chóid Eangaí	**Painéal Athbhreithnithe an Chóid Eangaí:** In 2025, lean EirGrid leis an idirphlé le páirtithe leasmhara maidir le héabhlóid an Chóid Eangaí trínár gcruinnithe le Painéal Athbhreithnithe an Chóid Eangaí, agus trí fhoilsiú ábhar gaolmhar freisin agus na mionathruithe atá beartaithe, in éineacht le foilsiú na leaganacha athbhreithnithe den Chód Eangaí.	**Painéal Athbhreithnithe an Chóid Eangaí:** Tá rannpháirtíochtaí EirGrid trí Phainéal Athbhreithnithe an Chóid Eangaí ríthábhachtach maidir le léargas na bpáirtithe leasmhara a bhailiú, ag cinntiú go gcoinnítear ionadaithe ábhartha an tionscail ar an eolas agus ag cinntiú freisin go gcothaítear agus go bhforbraítear an Cód Eangaí ar bhealach iomchuí.
Athbhreithniú, Forbhreathnú agus Athbhreithniú Lár Bliana ar an gClár Éartha Tarchuir (TOP)	**Clár Éartha Tarchuir:** In 2025, d'oibrigh EirGrid leis an tionscal tríd an bhForbhreathnú TOP lár bliana agus trí Bhreathnú Siar chun nuashonruithe ábhartha a sholáthar.	**Clár Éartha Tarchuir:** Tríd an rannpháirtíocht seo, tá EirGrid in ann trédhearcacht a sholáthar maidir le TOP agus a dhul chun cinn chomh maith le béim a leagan ar an tionchar féideartha ar chustaiméirí i dtéarmaí bacainní.
Ullmhacht Oibríochta Amach ón gCósta	**Ceardlanna ar Chomhlíonadh Oibríochtúil Amach ón gCósta:** In 2025, bhí trí cheardlann ar siúl ag a raibh EirGrid i láthair le Meitheal Oibre Theicniúil Chéim 1 Amach ón gCósta i mí Lúil, i mí Mheán Fómhair, agus i mí na Samhna, inar díríodh ar Róil agus Freagrachtaí Oibríochtaí, Treoracha maidir le Fuinnmhiú agus Tástáil an Chóid Eangaí faoi seach.	**Ceardlanna ar Chomhlíonadh Oibríochtúil Amach ón gCósta:** Trí na ceardlanna sin, tairgeann EirGrid tuiscint shoiléir d'fhorbróirí amach ón gcósta ar cheanglais i ndáil le comhlíonadh oibríochtúil agus soláthraíonn siad ardán chun caighdeáin theicniúla, prionsabail oibriúcháin, agus comhéadain agus teorainneacha amach ón gcósta a shoiléiriú. Cumhdaíonn na seisiúin oibleagáidí maidir leis an gcód eangaí, próisis chomhlíontachta, prótacail tástála, agus nósanna imeachta maidir le fuinnmhiú, agus tugtar aghaidh ag an am céanna ar gharspriocanna atá ag forbróirí a bhaineann le hoibríochtaí mar rud atá ríthábhachtach do EirGrid a bhaint amach chun a gCinneadh Infheistíochta Deiridh (FID) a chumasú.

Oibríochtaí amach anseo

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Éabhlóid an Chóid Eangaí go dtí 2030	**Éabhlóid an Chóid Eangaí go dtí 2030:** In 2025, bhí roinnt ceardlann fíorúil agus duine le duine ag EirGrid le Mórúsáideoirí Fuinnimh maidir le ceanglais Acmhainn Feidhmiúcháin le linn Ísealvoltais.	**Éabhlóid an Chóid Eangaí go dtí 2030:** Trí na rannpháirtíochtaí sin, d'fhorbair EirGrid mionathruithe ar an gCód Eangaí le haghaidh cheanglais Acmhainn Feidhmiúcháin le linn Ísealvoltais a cuireadh faoi bhráid an Phainéil Athbhreithnithe Chomhpháirtigh maidir leis gCód Eangaí (JGCRP) i mí na Nollag 2025.
Tástáil teicneolaíochta nua a sholáthraíonn seirbhísí córais	**Próiseas na Trialach Cáilithe:** D'eisigh EirGrid Próiseas na Trialach Cáilithe in 2025 agus éileamh á dhéanamh ar fhaisnéis ón tionscal.	**Próiseas na Trialach Cáilithe:** Chuir na rannpháirtíochtaí sin ar chumas EirGrid Próiseas na Trialach Cáilithe 2025 a fhoilsiú. Le linn an ghlao ar Fhaisnéis agus le linn d'aiseolas a bheith á lorg maidir leis an bpróiseas QTP reatha bhí EirGrid in ann réimsí i gcomhair feabhais a aithint. Tacóidh na rannpháirtíochtaí sin sa deireadh thiar lenár gcuid oibre i dtreo ár n-uaillmhianta le haghaidh beartas oibríochta córais a bhaint amach in éineacht lenár n-uaillmhianta aeráide.
Seachadadh Seirbhísí Táimhe Ísealcharbóin Céim 2	**Seachadadh Seirbhísí Táimhe Ísealcharbóin Céim 2:** In 2025, bhí EirGrid rannpháirteach trí raon leathan modhanna, lena n-áirítear próisis agus painéil rannpháirtíochta foirmiúla, fóraim thionscail, foilseacháin agus ceardlanna comhairliúcháin. D'fhoilsigh EirGrid Páipéar Comhairliúcháin Chéim 2 LCIS i mí Iúil 2025, agus bhí cruinnithe déthaobhacha ar siúl le OEManna agus forbróirí roimh agus tar éis an chomhairliúcháin lena chinntiú gur cuireadh aiseolas páirtithe leasmhara san áireamh agus gur breithníodh é roimh pháipéar moltaí Chéim 2 LCIS.	**Seachadadh Seirbhísí Táimhe Ísealcharbóin Céim 2:** Is é aidhm na rannpháirtíochtaí sin páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoin bpróiseas soláthair le haghaidh LCIS Céim 2 agus Comhairliúchán Chéim 2 na Seirbhísí Táimhe Ísealcharbóin (LCIS) a fhoilsiú. Tá gá le seachadadh Seirbhísí Táimhe Íseal-Charbóin Céim 2 chun an córas cumhachta a oibriú go daingean ag Treá Neamhshioncronach Córais (SNSP) / leibhéil giniúna in-athnuaite níos airde, ag tacú lenár n-uaillmhianta aeráide agus ag seachadadh coigilteas costais suntasacha do thomhaltóirí.

Slata tomhais na rathúlachta


Sna táblaí thíos, tarraingímid aird ar rogha méadracha chun léiriú a thabhairt ar éifeachtacht ár gcuid rannpháirtíochta in 2025:

Tuairisc ar an méadrach:	Méadrach:	An chaoi a léiríonn sé sin rannpháirtíocht éifeachtach:
Freagraí ar an gcomhairliúchán poiblí agus cruinnithe déthaobhacha le haghaidh LCIS Céim 2	14 fhreagairt chomhairliúcháin 5 chruinniú dhéthaobhacha 1 seimineár gréasáin	Léirigh an ráta ard freagartha agus an obair leantach spriocdhírithe go raibh spéis mhór ag an tionscal sa cheist agus leis sin bhíothas in ann ionchur teicniúil agus tráchtála níos grinne a dhéanamh i ndearadh LCIS Céim 2.
Tuarascálacha ráithiúla a cuireadh isteach chuig CRU maidir le LCIS Céim 1	4 thuarascáil	Chinntigh tuairisciú rialta go raibh trédhearcacht agus ailíniú ann leis an rialtóir maidir le garspriocanna le LCIS Céim 1 agus leis an bpróiseas nasctha eangaí, ag cuidiú chun ionchais a bhainistiú agus an riosca seachadta a laghdú.
Ceardlanna agus nuashonruithe míosúla leis na hÚdaráis Rialála le haghaidh LCIS Céim 2	3 cheardlann 12 thuarascáil	Thacaigh rannpháirtíocht struchtúrtha agus mhinic le forbairt chomhoibríoch shocruithe soláthair LCIS Céim 2 agus leis sin bhíothas in ann ábhar imní maidir le cúrsaí rialála a réiteach go luath
Rannpháirtíocht le Mórúsáideoirí Fuinnimh	25 cruinniú le custaiméirí éilimh (go neasach) 3 sheimineár gréasáin	Trínár rannpháirtíochtaí le Mórúsáideoirí Fuinnimh, bhí EirGrid in ann caidreamh a neartú agus cumarsáid oscailte a chothú freisin ar mhaithe le saincheisteanna a réiteach chomh tapa agus chomh héifeachtúil agus ab fhéidir.
Ceantanna acmhainne bliantúla T-1 & T-4 curtha i gcrích, ceadaithe agus na torthaí foilsithe	2	Trí chomhoibriú leis na Rialtóirí, GNI agus ESBN, na hOibreoirí Córais, bhí EirGrid in ann foilsiú rathúil thorthaí a toillte T-1 agus T-4 maidir le Cáiliú agus Ceantanna a éascú.
Ceantanna Bliantúla ar Talamh (RESS) agus Amach ón gCósta (ORESS) curtha i gcrích, ceadaithe agus na torthaí foilsithe	2	Tá na torthaí ó Cháiliú agus Ceantanna RESS araon foilsithe, a bhuí do phróiseas fada lenar bhain próiseas rannpháirtíochta ag tosú le DECC (Ceachtanna a Foghlaimíodh agus Téarmaí & Coinníollacha Comhairliúcháin). Ina dhiaidh bhí an seisiún eolais don tionscal agus soiléirithe díreacha le linn na measúnuithe don iarratas ar cháiliú. Cuireadh an próiseas i gcrích le hionchur dírithe agus cead ó CRU, DECC agus EirGrid trí Bhord Tionscadal RESS.

Tuairisc ar an méadrach:	Méadrach:	An chaoi a léiríonn sé sin rannpháirtíocht éifeachtach:
Ceardlanna Thionscal Margaí Cumhachta na Todhchaí	12	Is seisiúin eolais iad na ceardlanna míosúla le haghaidh thionscal Margaí Cumhachta na Todhchaí agus deis do rannpháirtithe an tionscail dul i mbun plé, agus aiseolas a thabhairt ar phríomhréimsí tionscadail agus ar shruthanna oibre cosúil le Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais, Sceidealú agus Seoladh (SDP), Clár na Margaí Straitéiseacha (SMP) agus Beartas an Mhargaidh Fuinnimh (EMP).
Nuachtlitir Mhíosúil Margaí Cumhachta na Todhchaí	12	Comhlánaíonn an nuachtlitir mhíosúil ar Mhargaí Cumhachta na Todhchaí Ceardlanna míosúla Thionscal Margaí Cumhachta na Todhchaí trí pháirtithe leasmhara a choinneáil ar an eolas ar na forbairtí is déanaí inár bpríomhréimsí tionscadail agus sruthanna oibre.
Seisiúin Ghrúpa Úsáideoirí Oibritheoir an Mhargaidh (GÚOM)	5	Tugann na seisiúin sin deis do EirGrid labhairt go díreach le rannpháirtithe margaidh chun nuashonruithe a thabhairt ar réimsí cosúil le socraíocht, trádáil, eisiúint TF amach anseo, margaí ex-ante, SEMOpx agus oibríochtaí. Tugann sé an deis freisin do rannpháirtithe ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár n-oibriú ar an eangach agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara sa mhargadh, déan teagmháil linn tríd ár leathanach teagmhála anseo (le 'Eangach agus Margadh' san ábhar).

Rannpháirtíocht Eorpach, Rialtais agus beartais



Léargas ginearálta

Tugann EirGrid faoi chomhairliúchán gníomhach agus leanúnach leis an Rialtas agus le húdaráis rialála maidir le príomhbheartais agus príomh-shaincheisteanna straitéiseacha de réir mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht. Déantar é sin trí chomhfhreagras foirmiúil, rannpháirtíocht déthaobhach agus rannpháirtíocht i dtascfhórsaí, i meithleacha, agus i gcruinnithe.

Príomhchuid dár ról is ea tacaíocht ghníomhach a thabhairt d'fhorbairt beartais ar an leibhéal idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus leanann sé de bheith ag lorg deiseanna chun léargais ábhartha a roinnt agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuil na léargais agus an chomhairle chuí ag lucht ceaptha beartas chun tacú leis an bpróiseas ceaptha beartas. Cinntíonn an rannpháirtíocht sin freisin go bhfuil EirGrid ailínithe le beartas Rialtais agus Eorpach.

Bíonn EirGrid i dteagmháil ghníomhach freisin le comhghleacaithe sa Ríocht Aontaithe agus ar fud mhór-roinn na hEorpa le comhlachtaí amhail an Líonra Eorpach d'Oibritheoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E) agus Comhoibriú OCT Amach ón gCósta (OTC) chomh maith le Comhoibriú Fuinnimh na Mara Thuaidh (NSEC) agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA).

Chomh maith leis an méid thuas, rinneamar teagmháil dhlúth le hOibreoirí Córais Tarchurtha (OCTanna) eile ar fud na hEorpa, ní hamháin chun críoch idirnasctha ach freisin chun léargais a roinnt agus nuálaíocht a chothú.

Oibríonn EirGrid freisin leis an gCoimisinéir Teanga de réir mar a leanaimid ag cur na Gaeilge chun cinn agus ag comhlíonadh ár ndualgais reachtúla agus dlíthiúla laistigh den réimse seo.

Tá rannpháirtíocht éifeachtach le páirtithe leasmhara ríthábhachtach chun go leanfaidh EirGrid ag ailíniú ar leibhéal Rialtais agus rialála, agus ar leibhéal Eorpach chomh maith, chun tacú le dul chun cinn leanúnach i dtreo ár n-uaillmhianta comhroinnte maidir leis an aeráid. Áirítear leis seo 80% dár leictreachas a fháil ó fhoinsí in-athnuaite i gcomhréir le spriocanna an Rialtais agus astaíochtaí neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050. Go praiticiúil, beidh rannpháirteachas nach beag na bpáirtithe leasmhara le ranna Rialtais, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), Líonraí Gáis Éireann (GNI) agus an lucht acadúil i gceist le córas d'astaíochtaí neodrach ó thaobh carbóin de a fhorbairt agus a oibriú chun giniúint, stóráil agus soláthar foinsí fuinnimh in-athnuaite, amhail hidrigin ghlas, a chinneadh.

Straitéis

An Líonra Eorpach d'Oibritheoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E)

Tá oibleagáidí móra ag ENTSO-E faoi rialacháin leictreachais an Aontais Eorpaigh agus dá bharr sin tá ról lárnach aige i bhforbairt na heangaí leictreachais uile-Eorpaí agus na margaí trasteorann chun spriocanna uaillmhianacha dícharbónaithe na hEorpa a bhaint amach faoi 2050. Trí ENTSO-E, bíonn EirGrid ag obair go gníomhach le OCTanna ar fud na hEorpa chun dul i ngleic leis na príomhdhúshláin a eascraíonn as dícharbónú amhail forbairt acmhainní amach ón gcósta, comhtháthú margaidh agus slándáil an chórais a choinneáil.

Tá roinnt coistí ag ENTSO-E a chlúdaíonn raon leathan réimsí ábhartha lena n-áirítear margaí, taighde agus nuálaíocht, forbairt córais, oibríochtaí córais agus teicneolaíocht. In ainneoin gur measartha beag é i gcomparáid le go leor OCTanna Eorpacha, cuireann EirGrid go gníomhach le roinnt de na coistí seo, agus leis na grúpaí oibre tacaíochta. Cinntíonn sé seo go ndéantar na saincheisteanna is tábhachtaí d'Éirinn amhail forbairt bonneagair tarchurtha amach ón gcósta, nó na comhshocraíochtaí margaidh leis an mBreatain Mhór, a thabhairt chun cinn ar bhealach a thacaíonn le spriocanna níos leithne na hÉireann. Maidir le forbairt bonneagair eangaí amach ón gcósta go háirithe, cabhróidh idirghníomhaíocht EirGrid le OCTanna eile trí ENTSO-E le hacmhainní in-athnuaite in Éirinn a chumasú chun cur le spriocanna Eorpacha níos leithne.

Gníomhaireachtaí Eorpacha

Mar chuid de rannpháirtíocht Eorpach EirGrid, oibrímid go dlúth freisin le húdaráis rialála chun tacú lena n-idirghníomhaíochtaí le gníomhaireachtaí amhail an Ghníomhaireacht um Chomhoibriú Rialtóirí Fuinnimh (ACER). Tá rannpháirtíocht ghníomhach againn freisin le Coreso, chun tacú le forbairt leanúnach eangaí agus mhargaidh na hÉireann. Mar Ionaid Chomhordúcháin Réigiúnacha (RCCanna), tacaíonn Coreso le OCTanna chun cuspóirí a chur chun cinn atá i gcomhréir leis na moltaí a rinne an Coimisiún Eorpach.

Comhoibriú OCT amach ón gcósta (OTC)

Is fóram comhoibríoch é OCT ina bhfuil OCTanna ó naoi dTír sa Mhuir Thuaidh, a oibríonn le chéile ar phleanáil chomhpháirteach eangach réigiúnach amach ón gcósta. D'fhorbair an grúpa 'léarscáil eangaí' chomhordaithe de thionscadail idirnascaire hibrideacha trasteorann a bhfuil sé mar aidhm leo pleananna atá ann cheana féin amhail an Plean Forbartha Líonra Deich mBliana (TYNDP) a chomhlánú. Mar bhall, malartaíonn EirGrid saineolas agus cinntíonn sé go gcuirtear riachtanais chóras na hÉireann san áireamh. Ina theannta sin, cuireann sé ar ár gcumas páirt a ghlacadh i bhforbairt eangach réigiúnach amach ón gcósta atá comhroinnte agus cost-éifeachtach agus i modheolaíochtaí cistiúcháin agus maoinithe.

Líonra Oibritheoirí Córais Idirnáisiúnta (ISON)

Is grúpa oibre nua OCT é an Líonra Oibritheoirí Córais Idirnáisiúnta (ISON) atá comhdhéanta de shé oibritheoir córais, faoi stiúir a bPríomhfheidhmeannach, agus le tacaíocht ó ról rothlach Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus Ainmnithe Teicniúla. Is é cuspóir foriomlán an fhóraim seo oibriú córas cumhachta atá 100% bunaithe ar Acmhainní Inbhéartóra (IBR) a chumasú. Tarlaíonn comhoibriú trí athbhreithniú agus seachadadh thuarascáil Tosaíochtaí Idirthréimhseacha an Oibreora Córais, agus trí chur i bhfeidhm tionscnamh tosaíochta, rannpháirtíochtaí teicniúla éagsúla agus forbairt achoimrí comhroinnte eolais, agus tionscnaimh amhail iasacht Oibreora Córais.

Comhoibriú le OCTanna eile

Tá dúshláin den chineál céanna le sárú ag OCTanna i dtíortha ina bhfuil ardleibhéil foinsí in-athnuaite fuinnimh neamhshioncronacha

agus atá ag EirGrid go háirithe i gcás ina bhfuil siad suite i suíomhanna imeallacha agus/nó i gcás ina bhfuil siad sách beag i gcomparáid leis na OCTanna níos mó atá suite níos lárnaí. Trí oibriú go dlúth le OCTanna eile ar fud na Breataine Móire agus mhór-roinn na hEorpa, tá EirGrid ag cumasú comhoibriú fuinnimh níos fearr agus muid ag obair i dtreo ár n-uaillmhianta comhroinnte maidir leis an aeráid. Chomh maith leis na rannpháirtíochtaí iltaobhacha éagsúla le OCTanna, tá EirGrid ag obair ar bhonn réamhghníomhach agus go déthaobhach leis na OCTanna i dtíortha amhail an Ísiltír, an Bheilg, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Ríocht Aontaithe. I gcásanna áirithe, déantar é seo faoi scáth Phleananna Gníomhaíochta Comhpháirteacha Rialtais, agus i gcásanna eile, faoi Mheabhrán Tuisceana sonrach atá forbartha againn.

CIGRE

Mar fhóram comhoibríoch domhanda chun saineolas teicniúil a roinnt agus a fhorbairt, tacaíonn rannpháirtíocht EirGrid le CIGRE go príomha lenár ról i dtreorú aistriú slán eangach leictreachais na hÉireann chuig todhchaí inbhuanaithe ísealcharbóin. Oibríonn EirGrid le baill eile de CIGRE go hidirnáisiúnta, ar ghrúpaí oibre agus ar Choistí Staidéir a bhfuil téamaí sonracha acu. Fágann an comhoibriú sin go bhfaigheann an fhoireann deis oibriú le saineolaithe móra. Cuidíonn sé freisin leis an gclú atá ar EirGrid mar cheann de na OCTanna is nuálaí atá ag gabháil do chomhtháthú foinsí in-athnuaite neamhshioncronacha.

An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA)

Leanann EirGrid de bheith i dteagmháil leis an IEA chun cabhrú le comhtháthú rathúil fuinnimh in-athnuaite a mhúnlú. Ag cur leis an rannpháirtíocht ghníomhach agus cur i láthair do lucht féachana saineolaithe idirnáisiúnta san IEA, leanfaidh an rannpháirtíocht seo ar aghaidh sa bhliain atá romhainn.

An Tionscnamh Eangach In-athnuaite (RGI)

Is comhoibriú uathúil é an Tionscnamh Eangach In-athnuaite idir eagraíochtaí neamhrialtasacha, OCTanna, OCDanna agus páirtithe leasmhara sa tionscal in-athnuaite ó gach cearn den Eoraip atá páirteach in 'éiceachóras gníomhaithe don aistriú fuinnimh'. Tá rannpháirtíocht EirGrid leis an RGI thar a bheith tábhachtach chun comhoibriú dlúth a éascú, chomh maith le cur chuige iomlánaíoch a chumasú chun dúshláin chomhroinnte a réiteach, i dteannta saineolaithe inár réimse ó gach cearn den Eoraip.

Tascfhórsaí agus Grúpaí Oibre Rialtais

Leanann EirGrid leis an idirchaidreamh le páirtithe leasmhara an Rialtais, lena n-áirítear príomh-Thascfhórsaí agus Grúpaí Oibre fadbhunaithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le fuinneamh in-athnuaite, príomhbhonneagar eangaí agus an tírdhreach fuinnimh sa todhchaí a sheachadadh, agus chun nithe a bhaineann le hinacmhainneacht fuinnimh a phlé. Tá na sruthanna oibre sin tábhachtach chun a chinntiú go leantar den ailíniú leanúnach idir EirGrid agus beartas rialtais.

Tá EirGrid gníomhach sna tascfhórsaí seo a leanas agus i gcinn eile de réir mar is gá (má thagann siad chun cinn):

- An Tascfhórsa don Fhorbairt Gaoithe Amach ón gCósta (DCEE)
- An Tascfhórsa um Luathú an Fhuinnimh In-athnuaite (DCEE)
- An Tascfhórsa um Luathú Bonneagair (DPER)
- An Fóram Comhairleach maidir le Costas Gnó (DETE)
- An Oifig Gníomhachtaithe Tithíochta (DHLGH)
- An Tascfhórsa Náisiúnta um Inacmhainneacht Fuinnimh (DCEE)
- Tascfhórsa Hidrigine (DCEE)

Fóraim agus grúpaí stiúrtha

Leanann EirGrid dá theagmháil leis an Rialtas, le CRU, le húdaráis áitiúla, agus le húdaráis phoiblí eile ar réimse ábhar, lena n-áirítear an plean gníomhaithe ar son na haeráide, idirnascadh, slándáil fuinnimh, slándáil an tsoláthair, agus pleanáil agus toiliú, agus cúrsaí comhshaoil. Déantar é seo trí réimse meicníochtaí amhail fóraim phleanála, grúpaí oibre agus grúpaí stiúrtha.

Cumarsáid agus tuairisciú corparáideach

Leanann EirGrid de thacaíocht a thabhairt don Rialtas trí chumarsáid agus tuairisciú rialta, iarratais ar fhaisnéis, foilseacháin, Ceisteanna Parlaiminte agus tuilleadh.

Corparáid Fuinnimh na Mara Thuaidh (NSEC)

Glacann EirGrid páirt mar OCT na hÉireann trí roinnt fóram oibre teicniúil laistigh de thionscnamh aireachta NSEC. Tugann an comhoibriú le chéile aireachtaí agus OCTanna ó naoi dtír ón Muir Thuaidh chomh maith leis an gCoimisiún Eorpach, chun comhordú a dhéanamh ar fhorbairt tionscadal fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta agus ar thionscadail bhonneagair eangaí. Trí rannpháirtíocht sa ghrúpa, bíonn EirGrid rannpháirteach i dtionscnaimh phleanála chomhpháirteacha a bhfuil toil pholaitiúil mar thaca leo trí chuimsiú aireachta, agus a chuireann taca faoi fhorbairt fuinnimh amach ón gcósta san Eoraip i gcoitinne.

Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh (DG ENER)

Leanfaidh EirGrid de thacaíocht a thabhairt do DG ENER agus do Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) ag imeachtaí bliantúla amhail na Laethanta Fuinnimh PCI (Tionscadail Leasa Coitinn). Leanfar le rannpháirtíocht agus nuashonruithe le hoifigigh thábhachtacha freisin, go háirithe maidir le dul chun cinn an Idirnascaire Cheiltigh.

Leanfaimid orainn ag obair le DG ENER freisin chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a bhféadfar tionscadail ghathacha a bhfuil stádas PCI á lorg againn dóibh a mheas. Áireofar ar ghníomhaíochtaí in 2026 ár rannpháirtíocht le DG ENER ar a bPacáiste Eangacha AE.

Coiste Speisialaithe AE-RA um Fhuinneamh (SCE)

Is fóram comhpháirteach idir an AE agus an Ríocht Aontaithe é an SCE AE-RA chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bhforálacha fuinnimh i gComhaontú Trádála agus Comhoibriú (TCA) AE-RA. Reáchtálann an SCE pléití teicniúla, roinneann sé faisnéis agus cinntíonn sé go bhfeidhmíonn an soláthar fuinnimh. Is réimse oibre ríthábhachtach don SCE í ceist na socruithe trádála leictreachais idir an AE agus an Ríocht Aontaithe. Trínár rannpháirtíocht in ENTSO-E, cuireann EirGrid leis an obair seo mar chuid de ghrúpa OCTanna an Aontais Eorpaigh agus bhí sé i gceannas ar an rannpháirtíocht le SCE.

Oibritheoir Córais Fuinnimh Náisiúnta (NESO)

Is é NESO na Breataine Móire (GB) atá freagrach as oibríocht an chórais leictreachais agus pleanáil an chórais gáis. Buaileann EirGrid, SONI agus NESO le chéile go rialta chun eolas agus taithí a roinnt ar mhargaí leictreachais agus ar réimsí gaolmhara. Tá na rannpháirtíochtaí sin tábhachtach go háirithe ag glacadh le hidirnascadh EirGrid le margadh na Breataine Móire ar margadh tríú tír anois é faoi rialacha an Aontais. Bhuail EirGrid agus SONI le NESO ar bhonn ráithiúil le linn 2025 agus mar chuid de sin bhí ceardlanna ar ar fhreastail siad féin i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath.

I mí an Mhárta 2025, d'eisigh Éire agus an Ríocht Aontaithe comhráiteas inar léirigh siad gur túsphointe é seo le haghaidh caidreamh neartaithe. Sa ráiteas, díríodh go háirithe ar "cur chuige straitéiseach agus éifeachtúil a chinntiú maidir lenár spás muirí comhroinnte



chun infheistíocht a shlógadh, tacú le timpeallacht mhuirí shláintiúil agus fuinneamh glan a sholáthar dár n-oileáin". Ainmníodh EirGrid agus oibritheoirí córais eile (GNI, NESO, agus Gás Náisiúnta) go sonrach freisin sa ráiteas comhpháirteach tráth ar cuireadh fáilte roimh "an deis le haghaidh comhar níos foirmiúla idir oibritheoirí córais na Breataine agus na hÉireann".

OCEaN (RGI)

Is eagraíocht neamhbhrabúis eNGO é OCEaN atá ag obair ar leibhéal an Aontais, a thugann grúpa éagsúil páirtithe leasmhara le chéile, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOanna), oibritheoirí córais tarchurtha (OCTanna), agus ionadaithe ón tionscal gaoithe ó bhreis is 40 comhlacht Eorpach. Is é an cuspóir léargais a roinnt agus brú chun cinn ar úsáid na forbartha inbhuanaithe. Is ball bunaitheach de OCEaN é an Tionscnamh um Eangach In-athnuaite. Tá EirGrid ina bhall de OCEaN ó 2021. Trínár rannpháirtíocht, tacaíonn EirGrid le cur chun cinn forbartha amach ón gcósta atá dearfach don dúlra, agus eolas agus dea-chleachtais á roinnt ar bhonn frithpháirteach ag an am céanna.

Rannpháirtíocht Pleanála, Comhshaoil agus Bithéagsúlachta

Bíonn EirGrid i dteagmháil rialta le fóraim idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnacha ar chúrsaí sonracha a bhaineann le pleanáil, cleachtais chomhshaoil, reachtaíocht, beartas, agus nuálaíocht theicniúil. I measc na bpríomhpháirtithe leasmhara tá OCEaN, RGI, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil, agus Oidhreachta, an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí. Oibríonn EirGrid freisin le forbróirí eile a fhorbraíonn bonneagar an stáit chun a chinntiú go ndéanfar seachadadh caoithiúil agus inbhuanaithe ar bhonneagar ríthábhachtach an stáit ar mhaithe leis an leas coiteann, agus mar thaca le plean luathaithe an Rialtais.

Cur i bhfeidhm

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí
80% dár leictreachas a fháil ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030 agus tacaíocht a thabhairt do bheartas an Rialtais an tráth céanna	**Uaillmhianta aeráide:** Bhí EirGrid i dteagmháil leis an Rialtas agus le CRU ar feadh 2025 ar réimse ábhar, lena n-áirítear an straitéis tarchuir amach ón gcósta, tuilleadh idirnasctha, slándáil an tsoláthair agus forbairt straitéiseach na heangaí amach anseo agus tionscnamh Athdhearadh an Mhargaidh Leictreachais faoi stiúir an AE. Cuireadh tús leis an obair chun tacú le hUachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh in 2026. **Ár rannpháirtíocht a leathnú:** Lean EirGrid ag sainaithint deiseanna freisin in 2025 chun teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara níos leithne ar fud an tionscail agus na sochaí maidir le forbairtí a fheicimid mar fhorbairtí riachtanacha chun tacú le cuspóirí aeráide agus fuinnimh an Rialtais. Lean EirGrid de bheith ag gabháil go réamhghníomhach freisin mar bhaill de ENTSO-E, Tionscnamh um Eangach In-athnuaite, Comhrialtas Fuinnimh agus Dúlra Amach ón gCósta agus CIGRE chun cabhrú lenár spriocanna a bhaint amach a luaithe is féidir. **Rannpháirtíocht leis an IEA:** Thacaigh EirGrid freisin le IEA in 2025 le forbairt a tuarascála maidir le 'Powering Ireland's Energy Future - Approaches for a secure, renewables-led electricity system to 2035' trí shonraí agus faisnéis a sholáthar.	**Uaillmhianta aeráide:** I measc na bpríomhchuspóirí tá ailíniú agus muid ag obair le chéile chun ár n-uaillmhianta comhroinnte aeráide a bhaint amach chomh maith le teachtaireachtaí comhsheasmhacha a chinntiú don phobal agus do na páirtithe leasmhara uile. **Ag leathnú ár rannpháirtíochta:** Tríd an rannpháirtíocht sin, lean EirGrid ag cinntiú go rabhthas ailínithe leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta maidir le príomhréimsí teicniúla. Chuidigh an rannpháirtíocht seo freisin chun tuiscint níos fearr a chinntiú ar leibhéal an AE agus ar leibhéal domhanda, ar an méid atá bainte amach ar fud chóras leictreachais na hÉireann maidir le hardleibhéil fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú. **Rannpháirtíocht leis an IEA:** Déantar measúnú sa tuarascáil seo ar cad atá i ndán do shlándáil fuinnimh na hÉireann go dtí 2035 agus tarraingítear ann ar an taithí idirnáisiúnta agus ar shamhaltú mionsonraithe an chórais cumhachta. Lean EirGrid ag obair freisin leis an IEA ar leibhéal níos leithne, chun a léiriú conas a d'éirigh le hÉire dul i bhfód ar fhoinsí in-athnuaite.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí
Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt beartais	**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt beartais:** In 2025, lean EirGrid ag lorg deiseanna go réamhghníomhach chun tacú le forbairt beartais ar fud an Rialtais agus an AE lena n-áirítear iad seo a leanas: • Leanann EirGrid leis an idirchaidreamh le páirtithe leasmhara an Rialtais, trí phríomh-Thascfhórsaí agus Grúpaí Oibre chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le fuinneamh in-athnuaite, príomhbhonneagar eangaí agus an tírdhreach fuinnimh sa todhchaí a sheachadadh. Chomh maith leis sin, phléamar ábhair a bhaineann le inacmhainneacht fuinnimh, agus ag tabhairt léargais thábhachtacha ar na dúshláin agus na deiseanna in earnáil an leictreachais ag an am céanna. • Thugamar tacaíocht freisin don obair a dhéanann an Rialtas le cur i bhfeidhm na Treorach sin maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus RED III. • Tugadh ball foirne EirGrid ar iasacht chun rannchuidiú leis an Tionscadal um Luathú an Bhonneagair agus an Phlean Gníomhaíochta, a foilsíodh i mí na Nollag 2025, chun cuidiú le seachadadh éifeachtúil an bhonneagair ar fud na hÉireann a bhrú ar aghaidh. • Rannchuidíomar le roinnt freagairtí comhairliúcháin ENTSO-E don Choimisiún Eorpach cosúil leis an bPlean Gníomhaithe Leictriúcháin, an Plean Straitéiseach Oibre le haghaidh na hIntleachta Saorga agus Pacáiste Eangacha na hEorpa. • Sholáthraíomar léargas freisin d'fhorbairt Phacáiste Eangacha na hEorpa trí fhreagairt EirGrid ar ghairm fianaise an Choimisiúin Eorpaigh.	**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt beartais:** Tacaíonn EirGrid go gníomhach le forbairt beartais, agus leanann sé ag lorg deiseanna chun léargais ábhartha a roinnt agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuil na léargais agus an chomhairle chuí ag lucht ceaptha beartas chun tacú leis an bpróiseas ceaptha beartas. Tá na rannpháirtíochtaí seo ríthábhachtach chun léargais a roinnt, ailíniú a mhéadú agus cabhrú chun dúshláin chomhroinnte a réiteach. Tá an obair a dhéanaimid ar leibhéal Eorpach tábhachtach go háirithe mar gheall ar Uachtaránacht na hÉireann ar an gComhairle Eorpach sa dara cuid de 2026, ina mbeidh cuid mhaith d'fhorbairtí beartais an Aontais in 2025 ábhartha do Chlár agus do Thosaíochtaí na hUachtaránachta.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí
Leanúint le rannpháirtíocht le OCTanna eile ar fud na hEorpa	**Rannpháirtíocht le OCTanna eile:** Trí rannpháirtíocht fhorleathan agus rialta thar raon leathan eintiteas Eorpach, leithéidí ENTSO-E agus OTC, roinneann EirGrid léargas agus faigheann sé léargas go deimhin ar nuálaíochtaí i dteicneolaíocht, chomh maith le tionchar a imirt ar thorthaí beartais chun a chinntiú go n-aithnítear riachtanais shonracha na hÉireann agus go ndéantar ionadaíocht orthu nuair a bhíonn beartas agus caighdeáin á bhforbairt san Eoraip. Cuidíonn an rannpháirtíocht sin freisin lena chinntiú go mbeidh EirGrid ar aon fhocal i gcónaí le OCTanna eile san Eoraip de réir mar a oibrímid le chéile i dtreo ár gcuspóirí comhroinnte maidir leis an aeráid. Lean EirGrid ag obair freisin le NSEC in 2025 ar leibhéal grúpa oibre chomh maith leis an bPríomhfheidhmeannach a d'fhreastail ar chruinniú aireachta NSEC in Ostend.	**Rannpháirtíocht le OCTanna eile:** Lean EirGrid dá theagmháil ghníomhach laistigh den OTC ar feadh 2025. Go háirithe, bhí EirGrid dírithe i measc rudaí eile ar chomhoibriú a dhéanamh leis an ngrúpa chun sainpháipéar a fhorbairt, páipéar a foilsíodh i mí Aibreáin 2025 ag comhdháil Wind Europe i gCóbanhávan. Thug an páipéar sin léargas inchreidte ar bhonn réigiúnach inar treisíodh seasamh na hÉireann i bpléití maidir leis an idirnascaire amach ón gcósta agus hibrideach in iarracht TYNDP 2026 a mhúnlú.
Straitéis idirnasctha EirGrid a bhrú chun cinn	**Rannpháirtíocht leis an idirnascadh:** In 2025, lean EirGrid dá measúnú ar dheiseanna chun tuilleadh idirnaisc a fhorbairt le dlínsí eile.	**Rannpháirtíocht leis an idirnascadh:** Mar chuid den obair sin, ag déanamh measúnú ar na deiseanna chun an t-idirnasc a fhorbairt tuilleadh, chuir EirGrid tionscadal isteach chuig an bPlean Forbartha Líonra 10 mbliana (TYNDP) lena scrúdú tuilleadh i gcomhar leis na Comhfhiontair Náisiúnta Eangaí (RA), agus é mar aidhm go mbreithneofaí é mar Thionscadal Comhleasa (PMI).
Ár sprioc 95% a bhaint amach **Treá Neamhshioncronach Córais (TNSC)**	**Rannpháirtíocht le ISON:** Lean EirGrid dá rannpháirtíocht in 2025 den Líonra Oibritheoirí Córais Idirnáisiúnta (ISON) atá nuabhunaithe, agus é mar sprioc léargas a roinnt agus cíoradh a dhéanamh ar na réitigh phraiticiúla a d'fhéadfaí a fháil ar na dúshláin a bhaineann le córas cumhachta in-athnuaite a oibriú. Tacaíonn an obair seo le cuspóir EirGrid 95% SNSP a bhaint amach ar an gcóras cumhachta, trí fhaisnéis a roinnt agus ceachtanna foghlamtha.	**Rannpháirtíocht le ISON:** A bhuí dár rannpháirtíocht le ISON tá EirGrid in ann seisiúin theicniúla a rochtain agus doiciméadacht ó OCTanna eile nach mbeadh rochtain againn orthu murach sin. Tá ardleibhéil giniúna neamhshioncronaí freisin ag na OCTanna lena mbaineann I measc roinnt de na hábhair a pléadh i mbliana bhí an dú-thosú ar Acmhainní Inbhéartóir-Bhunaithe, anailís ar theagmhas córais, maolú agus brath ascalaithe, modheolaíochtaí pleanála agus beartais maidir le turais ualaigh mhóra.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí
A chinntiú go gcomhlíontar Acht na dTeangacha Oifigiúla	**Acht na dTeangacha Oifigiúla:** In 2025, choinnigh EirGrid teagmháil rialta leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus leis an gCoimisinéir Teanga. In 2025, bhí EirGrid rannpháirteach freisin le Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge, an líonra náisiúnta d'Oifigigh Gaeilge ar fud na hearnála poiblí. Is bealach straitéiseach atá sa teagmháil sin i gcomhair comhoibriú, malartú eolais, agus ailíniú le dea-chleachtais i mbeartas agus i gcur i bhfeidhm na Gaeilge.	**Acht na dTeangacha Oifigiúla:** Cinntíonn Oifigeach Teangacha Oifigiúla EirGrid go leanann EirGrid ag cur na Gaeilge chun cinn (mar chéad teanga oifigiúil na hÉireann), agus go gcomhlíonaimid ár ndualgais sa réimse seo. Fágann freastal rialta EirGrid ag cruinnithe, ceardlanna, agus fóraim Chumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge, go bhfuilimid ag rannchuidiú freisin leis na comhiarrachtaí arb é is aidhm dóibh infheictheacht agus úsáid na Gaeilge sna seirbhísí poiblí a fheabhsú. Cinntíonn ár rannpháirtíocht go bhfuil ár gcleachtais inmheánacha comhsheasmhach leis an dea-chleachtas agus le hoibleagáidí reachtacha, lena n-áirítear Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (agus reachtaíocht rialaithe).
Tacú le forbairt amach ón gcósta	**Tacú le forbairt amach ón gcósta:** In 2025, rinne EirGrid scrúdú ar dheiseanna trí shruthanna cistiúcháin an Aontais le féachaint cén tacaíocht a d'fhéadfadh tionscadal an Chósta Theas a fháil. Áiríodh leis an obair sin go leor rannpháirtíochtaí ar fud DG ENER agus coistí ábhartha in ENTSO-E. *(Féach ár gcaibidil faoi chúrsaí Amach ón gCósta le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis an méid sin).*	**Tacú le forbairt amach ón gcósta:** Níor éirigh leis an gcéad iarratas, agus tá obair ar siúl chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a ndéantar na tionchair a bhaineann leis an mBreatimeacht ar an mbealach a ríomhtar na sochair don AE a thomhas.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí
Láithreacht a mhéadú ar leibhéal Eorpach chun feasacht a chothú agus bonn eolais a chur faoi straitéis	**Láithreacht a mhéadú ar leibhéal Eorpach:** In 2025, mhéadaigh EirGrid ár ngníomhaíocht ar leibhéal AE agus ar leibhéal domhanda araon. I measc na bpríomhréimsí fócais bhí Parlaimint na hEorpa, chomh maith lenár gcuid oibre chun tacú le forbairt shamhail ISON ina mbíonn deis ag EirGrid eolas agus foghlaim thábhachtach a roinnt lenár gcomhghleacaithe go hidirnáisiúnta. **Comhaontú um rannpháirteachas:** I mí Dheireadh Fómhair 2025, d'fhreastail EirGrid ar an imeacht 'Cumhacht na Rannpháirtíochta - Rannpháirtíocht Phoiblí a Chur Chun Cinn i bPleanáil Eangaí' sa Bhruiséil. Arna eagrú ag an Tionscnamh Eangach In-athnuaite, an Coimisiún Eorpach agus Gníomhaireacht an AE um Chomhar Rialtóirí Fuinnimh, bhí sé mar aidhm ag an ócáid leis an 'gComhaontú um Rannpháirtíocht' a shínigh EirGrid agus roinnt mhaith oibreoirí móra eangaí tarchurtha leictreachais eile ar fud na hEorpa in 2023.	**Láithreacht a mhéadú ar leibhéal Eorpach:** Trí na rannpháirtíochtaí seo, d'éirigh le EirGrid feabhas a chur ar ár gcáil ar leibhéal AE le heagraíochtaí éagsúla ar nós RGI agus ENTSO-E. Labhair EirGrid freisin ag roinnt imeachtaí ar leibhéal an AE chun léargas na hÉireann a thabhairt ar fhorbairt na heangaí leictreachais agus an mhargaidh leictreachais amach anseo i gcomhthéacs leibhéil mhéadaitheacha d'fhoinsí in-athnuaite a bheith ag dul i bhfód ar an margadh. Áirítear leis sin labhairt ag ócáid i bParlaimint an Aontais Eorpaigh le hionadaí sinsearach ó Ard-Stiúrthóireacht ENER. **Comhaontú um rannpháirteachas:** Faoin gComhaontú um Rannpháirtíocht seo, bhunaigh oibreoirí eangaí Eorpacha, lena n-áirítear TenneT ón Ísiltír agus Amprion ón nGearmáin, sraith prionsabal treorach, lena n-áirítear rannpháirtíocht luath, oideachas agus feasacht, trédhearcacht, rannpháirtíocht bhríoch agus comhroinnt sochar áitiúil. Tá roinnt samplaí de dhea-chleachtas ó EirGrid sa chomhaontú, lena n-áirítear bunú comhairlí comhairleacha agus fóraim phobail ag EirGrid. Ag an imeacht i mí Dheireadh Fómhair, ghlac EirGrid páirt i bpainéal plé ar conas tomhas agus tuiscint a fháil ar a bhfuil éifeachtacht rannpháirtíochta poiblí, ag béim ar phríomhábhair foghlama agus ar mhodhanna praiticiúla chun éifeachtacht rannpháirtíochta a mheas sa chleachtas.
Dul i dteagmháil leis an Rialtas agus le MARA maidir le cúrsaí straitéiseacha comhshaoil a bhaineann le toiliú eangaí	**DMAP an Chósta Theas:** Bhí EirGrid rannpháirteach le DCEE ar chúrsaí comhshaoil straitéiseacha a bhaineann le forbairt in-athnuaite mar chuid de DMAP an Chósta Theas agus DMAPanna sa todhchaí. **MARA:** In 2025, chuaigh EirGrid i dteagmháil leis an Údarás Rialála Limistéir Mhuirí (MARA) faoi ábhair toilithe maidir le hiarratais ar cheadúnais. **DHLGH:** Tugadh cuireadh do EirGrid chuig Fóram Cheannairí Éiceachóras Mara faoi chathaoirleacht na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) i mí Mheán Fómhair 2025.	**DMAP an Chósta Theas** Ghlac DCEE le hiarratas EirGrid go rachadh an Grúpa Oibre um Éiceachórais Mhuirí agus Éaneolaíocht atá freagrach as suirbhéanna réigiúnacha sa Mhuir Cheilteach a chomhordú i gcomhairle leis mar phríomhpháirtithe leasmhara. **MARA:** Shoiléirigh EirGrid an stádas agus an treoir atá ar fáil maidir le leasuithe ábhartha ar cheadúnais ábhartha i gcomparáid le ceadúnais neamhábhartha chun bonn eolais a chur faoi chinntí leanúnacha maidir le hathruithe féideartha raon feidhme amach anseo ar fud na dtionscadal. **DHLGH:** Rinne EirGrid athbhreithniú ar na dúshláin agus na rioscaí ó Phlean Athchóirithe Dúlra an Rialtais atá le teacht (bun. R3 2026) sa tuarascáil achoimre d'imeacht na gCeannairí i mí Mheán Fómhair.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí
Rannpháirtíocht le OCTanna maidir le Córas Bainistíochta Comhshaoil an Chláir um Ullmhacht Sócmhainní Amach ón gCósta (OARP) a leagan amach	**An Clár um Ullmhacht Sócmhainní Amach ón gCósta:** Chuaigh EirGrid i dteagmháil le hoibreoirí Idirnascaire agus eangaí lena n-áirítear Greenlink, Tennet, agus National Grid chun tagarmharcáil a dhéanamh ar Chóras Bainistíochta Comhshaoil an Chláir um Ullmhacht Sócmhainní Amach ón gCósta. *(Féach ár gcaibidil faoi chúrsaí Amach ón gCósta le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis an méid sin).*	**An Clár um Ullmhacht Sócmhainní Amach ón gCósta:** Trí na rannpháirtíochtaí seo, bhíomar in ann léargas tábhachtach a bhailiú chun tacú tuilleadh le pleanáil sa todhchaí.
Dul i dteagmháil le OCTanna na hEorpa agus leis an tionscal fuinnimh maidir le maolú agus cleachtas bithéagsúlachta (ar talamh agus amach ón gcósta)	Tionscnamh Eangaí In-athnuaite agus rannpháirtíocht OCEaN: • I mí Iúil 2025, d'fhreastail EirGrid ar fhoghrúpa RGI 'Malartú OCT ar chosaint éan feadh na heangaí'. • I mí Mheán Fómhair 2025, threoraigh EirGrid ceardlann theicniúil nuashonraithe ar chleachtas agus nuálaíocht na hEorpa maidir le cur thar cháblaí HV. • I mí Lúnasa 2025, chuir EirGrid le cruinniú ghrúpa stiúrtha RGI ag críochnú an staidéir rathúil taighde ar thionchar réimsí leictreamaighnéadacha ar an leathóg. • I mí na Nollag 2025, chuidigh EirGrid le Tionól Comhaltaí OCEaN freisin chun an ghníomhaíocht oibre monatóireachta comhshaoil le haghaidh 2026 a leagan amach.	Tionscnamh Eangaí In-athnuaite agus rannpháirtíocht OCEaN:3 D'aithin malartú OCT maidir le cosaint éan sraith staidéar eolaíochta ar éifeachtacht an atreodóra éan ón bPortaingéil, atá á gcomhtháthú i bplé leanúnach le Líonraí BSL maidir le hathbhreithnithe ar ár gcomhchritéir maidir le cineálacha éagsúla atreodóirí a roghnú. Shoiléirigh ceardlann theicniúil an RGI maidir le cur os cionn cháblaí HV sonraí teicniúla chun tacú le forbairt leanúnach na Dréacht-straitéise Plandála Cáblaí le Líonraí BSL. Chuir tionscadal RGI maidir leis an leathóg faisnéis dheiridh an tionscadail ar fáil d'EirGrid (lena n-áirítear páipéar eolaíoch piarmheasúnaithe) a roinneadh le DCEE agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile. Rinne EirGrid príomhghnéithe de 'dhoiciméad treorach comhroinnte OCEaN maidir le Monatóireacht agus Sonraí Comhshaoil' a chomhtháthú i ndoiciméid dhlíthiúla agus phróisis EirGrid ar an ábhar sin. Trí na rannpháirtíochtaí seo go léir, is féidir linn straitéis bithéagsúlachta EirGrid agus beartas eile a ailíniú níos fearr le dea-chleachtas na hEorpa, agus le beartas agus reachtaíocht is déanaí na hEorpa. Aithneoimid nuálaíochtaí freisin chun éifeachtúlacht a mhéadú maidir le spriocanna straitéise bithéagsúlachta EirGrid a sheachadadh.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí
Monatóireacht ar Phlean Cur Chun Feidhme Eangaí EirGrid: Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA)	**Plean Forfheidhmithe um Monatóireacht na hEangaí 2023-2028:** • Ba é 2025 bliain 3 de thimthriall 5 bliana an phlean IP Eangaí. D'oibrigh EirGrid chun eolas a chur ar fáil do mhonatóireacht SEA ar chur i bhfeidhm an phlean. • Fóram Náisiúnta SEA – dhá chruinniú (R1 agus R4) • Fóram Náisiúnta SEA – Foghrúpa Monatóireachta (R4)	**Plean Forfheidhmithe um Monatóireacht na hEangaí 2023-2028:** Ba é príomhthoradh na rannpháirtíochtaí seo aiseolas a chur san áireamh i bhfoilseachán EirGrid ar phainéal monatóireachta SEA (Blianta 1 agus 2) (a foilsíodh in 2025) agus i dtuairisciú mionsonraithe amach anseo.
Cloí le ceanglais dhlíthiúla maidir le Measúnacht Chuí, agus dea-chleachtas a sheachadadh ann	**Fóram Náisiúnta um Measúnacht Chuí:** I mí Aibreáin agus i mí Dheireadh Fómhair 2025, chuir EirGrid leis an bhfóram náisiúnta ráithiúil um Mheasúnú Cuí faoi chathaoirleacht na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, ar fhreastail ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais agus údaráis phoiblí eile air chomh maith.	**Fóram Náisiúnta um Measúnacht Chuí:** Chuir EirGrid nuashonruithe tábhachtacha ar an dlí agus ar an mbeartas i réimse an Mheasúnaithe Chuí i bhfeidhm ar fud a phunann tionscadal chun an riosca a bhaineann le toilithe tionscadail EirGrid a mhaolú. Chuala EirGrid ón gCoimisiún Pleanála ag an ócáid seo chomh maith agus d'oibrigh sé leo ann, maidir le himpleachtaí toilithe a bhaineann le tionscadail a dtugtar tús áite dóibh faoin Treoir um Fhuinneamh In-athnuaite III.
Tacú le Straitéis Sonraí Oscailte an Rialtais	**Straitéis Sonraí Oscailte:** In 2025, chuaigh EirGrid i dteagmháil le foireann gheospásúil MARA maidir le sonraí comhshaoil a roinnt. Chuaigh EirGrid i dteagmháil le DCEE ar an ábhar seo freisin.	**Straitéis Sonraí Oscailte:** Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm againn cur chuige dea-chleachtais a shainiú maidir le bailiú sonraí geospásúla agus struchtúr meiteashonraí, ionas gur féidir linn sonraí comhshaoil ar ardchaighdeán a roinnt.

Slata tomhais na rathúlachta

Sna táblaí thíos, tarraingímid aird ar rogha méadracha chun léiriú a thabhairt ar éifeachtacht ár gcuid rannpháirtíochta in 2025:

Tuairisc ar an méadrach:	Méadrach:	An chaoi a léiríonn sé sin rannpháirtíocht éifeachtach:
An líon OCTanna eile a ndeachaigh muid i dteagmháil leo	7	Trí dhul i ndlúthchomhar le TSOnna eile ar fud na Breataine Móire agus mhór-roinn na hEorpa, tá comhoibriú fuinnimh níos mó á spreagadh ag EirGrid agus muid ag obair i dtreo ár n-uaillmhianta aeráide comhroinnte.
An líon comhairliúchán beartais ar chuireamar leo	7	Chuireamar 7 bhfreagra comhairliúcháin isteach san iomlán in 2025. Ba chomhairliúcháin in Éirinn iad 6 díobh seo; agus ba do chomhlachtaí/eagraíochtaí a bhain leis an AE a bhí ceann amháin. Chuireamar aiseolas ar fáil freisin maidir le freagraí comhoibríocha, mar shampla iad siúd a rinne ENTSO-E. Tugann na rannpháirtíochtaí seo deis dúinn aidhmeanna agus uaillmhianta eagraíochtaí eile a chomhshamhlú chomh maith lena chinntiú go gcuirimid go luath leis an bpróiseas ceaptha beartas. Dá bhrí sin, má bhíonn plé níos déanaí ar phointe beartais nó rialála le heagraíochtaí eile, beidh bonn comhroinnte faisnéise againn cheana féin le bheith ag obair uaidh.
An líon grúpaí stiúrtha agus grúpaí oibre a bhfuilimid páirteach iontu	7	Cuidíonn ár rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre agus stiúrtha ilpháirtithe leasmhara faoi stiúir an Rialtais linn na nithe seo a leanas a dhéanamh: • Páirt a ghlacadh go luath i bhforbairt tionscadail nó beartais. • An méid a fhoghlaímid a roinnt le comhlachtaí eile. • Saineolas a chur ar fáil chun feabhas a chur ar an bpróiseas ceaptha beartas. • Rannpháirtíocht thráthúil a chinntiú.
Pleanáil agus rannpháirtíocht idirnasctha	Pleanáil idirnasctha dhíreach le OCTanna eile: Cruinnithe seachtainiúla agus míosúla Saincheisteanna roinnte ENTSOE-E maidir le pleanáil idirnasctha: 3 ghrúpa a mbíonn cruinnithe seachtainiúla acu Saincheisteanna roinnte ar chomhoibriú Ostend maidir le pleanáil idirnasctha: 4 ghrúpa a mbíonn cruinnithe seachtainiúla acu	Ar feadh 2025, d'oibrigh EirGrid le OCTanna eile maidir le pleanáil idirnasctha, agus díríodh ar na nithe seo a leanas: • Measúnú a dhéanamh ar an luach a bhaineann le hidirnascadh breise idir Éire agus dlínsí eile. • Measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna comhroinnte a mbíonn tionchar acu ar fhorbairt agus ar idirnascadh amach ón gcósta (laistigh de ENTSO-E). • Pleananna sonracha idirnasctha a chinneadh dár n-imchuach farraige (laistigh de OTC).

Tuairisc ar an méadrach:	Méadrach:	An chaoi a léiríonn sé sin rannpháirtíocht éifeachtach:
An líon coistí ENTSO-E a bhfuilimid páirteach iontu	Margaí: 38 Líonra: 14 Oibríochtaí córais: 5 Cumarsáid bheartais: 1	Trí ENTSO-E, bíonn EirGrid ag obair go gníomhach le OCTanna ar fud na hEorpa chun dul i ngleic leis na príomhdhúshláin a eascraíonn as dícharbónú amhail forbairt acmhainní amach ón gcósta, comhtháthú margaidh agus slándáil an chórais a choinneáil. Glacann EirGrid páirt ghníomhach ar leibhéal ceannaireachta sna coistí ENTSO-E seo a leanas a bhaineann le hOibríochtaí Córais agus Forbairt Córais. Áirítear orthu sin: • An Coiste Oibríochtaí Córais (SOC). • Oibríochtaí Athléimneacha an Ghrúpa Stiúrtha (StG RO) – Comhthionólaí EirGrid. • An Grúpa Oibre um Ullmhacht Riosca (WH RP) – Tionólaí EirGrid. • Scála Aicmithe Teagmhais an Ghrúpa Oibre (WG ICS) – Tionólaí EirGrid. • Grúpa Réigiúnach na bhFarraigí Thuaidh (RGNS) - Tionólaí EirGrid. • Grúpa Oibre um Chroíghrúpa Forbartha Amach ón gCósta (ODCG) - Comhthionólaí EirGrid.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara Eorpacha, Rialtais agus beartais, seol ríomhphost chuig strategy@eirgrid.com

Amach ón gcósta



Léargas ginearálta

Geallann Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 go mbainfear amach 5 GW ar a laghad do thoilleadh gaoithe amach ón gcósta atá nasctha leis an eangach i gcomhréir le spriocanna an Rialtais, agus 2 GW breise curtha i leataobh le haghaidh táirgeadh hidrigine glaise agus úsáidí eile nach mbaineann leis an eangach. Áirítear leis freisin sraith gníomhartha chun cumas fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta (ORE) na hÉireann a bhaint amach.

Tacaíonn EirGrid go láidir le huaillmhian an Rialtais trínár gcomhoibriú le páirtithe leasmhara tábhachtacha agus leis an tionscal, agus tríd an obair atá ar bun san eagraíocht.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí ár rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara amach ón gcósta:

- Chun tacú le forbróirí feirmeacha gaoithe amach ón gcósta maidir le gnéithe dá dtionscadail a bhaineann leis an eangach.
- Chun faisnéis a bhailiú chun tacú le hullmhacht EirGrid dár ról mar úinéir na sócmhainní tarchurtha.
- Chun teachtaireacht chomhsheasmhach a chinntiú d'fhorbróirí feirmeacha gaoithe amach ón gcósta, don phobal agus do na páirtithe leasmhara uile maidir leis an méid atá ag tarlú le forbairt an chórais tarchurtha amach ón gcósta agus na buntáistí a thiocfaidh leis.
- Chun a chinntiú go ndéantar forbairt an chórais tarchurtha amach ón gcósta a ailíniú le hobair ghaolmhar eile amach ón gcósta atá á déanamh ag gníomhaireachtaí Rialtais eile, mar shampla, cosaint na bithéagsúlachta mara agus sláinte agus sábháilteacht.

Straitéis

Tascfhórsa um Sheachadadh Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta (OWDT)

In 2022, bunaíodh Tascfhórsa um Sheachadadh Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta (OWDT) tras-rannach chun seachadadh a luathú agus a thiomáint agus chun na deiseanna eacnamaíocha agus gnó níos leithne agus fadtéarmacha a bhaineann le forbairt fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta in Éirinn a thapú. Is balleagraíocht den Tascfhórsa seo é EirGrid.

D'fhorbair an Tascfhórsa an Clár Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta (OWEP) chun gníomhaíochtaí atá ar siúl ar fud an Rialtais a chomhordú i dtaca le fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus chun gach gné den obair ar an gcosán criticiúil, bearnaí, réimsí ina bhfuil dúbláil, deiseanna agus rioscaí a aithint.

Déanann EirGrid bainistíocht ar sheachadadh na ngníomhartha faoi Shruth Oibre 5 – Forbairt Eangaí / Ceadúnú an OWEP i gcomhairle le CRU agus DCEE.

Líonra Eorpach na nOibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E)

Tá ról lárnach ag ENTSO-E i bhforbairt na heangaí leictreachais uile-Eorpaigh agus na margaí trasteorann chun spriocanna uaillmhianacha dícharbónaithe na hEorpa a bhaint amach faoi 2050. Trí ENTSO-E, oibríonn EirGrid go gníomhach le OCTanna ar fud na hEorpa chun dul i ngleic leis na príomhdhúshláin a eascraíonn as dícharbónú, go háirithe forbairt acmhainní amach ón gcósta chomh maith le comhtháthú margaidh agus slándáil an chórais a choinneáil.

Tá roinnt coistí ag ENTSO-E a chlúdaíonn raon leathan réimsí ábhartha lena n-áirítear margaí, taighde agus nuálaíocht, forbairt córais, oibríochtaí córais agus teicneolaíocht. In ainneoin gur measartha beag é i gcomparáid le go leor OCTanna Eorpacha, cuireann EirGrid le roinnt de na coistí seo, agus leis na grúpaí oibre tacaíochta. Déantar é seo chun a chinntiú go dtabharfar chun cinn na saincheisteanna is tábhachtaí d'Éirinn, amhail forbairt bonneagair tarchurtha amach ón gcósta, nó na socruithe margaidh laistigh den Ríocht Aontaithe, agus go ndéanfar é sin ar bhealach a thacaíonn le spriocanna níos leithne na hÉireann. Maidir le forbairt bonneagair eangaí amach ón gcósta go háirithe, cabhróidh idirghníomhaíocht EirGrid le OCTanna eile trí ENTSO-E le hacmhainní in-athnuaite in Éirinn a chumasú chun cur le spriocanna Eorpacha níos leithne.

Comhoibriú OCT Amach ón gCósta (OTC)

Is fóram comhoibríoch de naoi mballstát i réigiún na Mara Thuaidh é an OCT, atá dírithe ar dhlús a chur le forbairt agus cur i bhfeidhm eangach amach ón gcósta chun tacú linn ár spriocanna náisiúnta a bhaint amach.

(Faigh tuilleadh eolais faoinár rannpháirtíocht le ENTSO-E agus an Comhoibriú OCT Amach ón gCósta sa chaibidil ar rannpháirtíocht Eorpach, Rialtais agus beartais.)

Comhordú Chéim 1

Bhunaigh EirGrid an grúpa Comhordaithe Chéim 1 in 2024. Tá cúig ghrúpa oibre ábhair sa ghrúpa comhordaithe seo a bhfuil EirGrid agus tionscadail Chéim 1[3] ag freastal orthu, is é sin, Oibríocht agus Cothabháil, Oibríochtaí Córais, Aistriú Sócmhainní, Teicniúil agus Dlíthiúil. Tá liosta de nithe inseachadta ag gach ceann de na grúpaí oibre ábhair seo. Déantar maoirseacht agus rianú dul chun cinn ar na nithe inseachadta seo gach mí le tionscadail chéim 1 agus EirGrid, cuireadh tús leis na cruinnithe seo i mí an Mheithimh 2025.

Is é aidhm an ghrúpa comhordaithe na príomhghníomhartha a bhaineann leis an eangach agus na garspriocanna gaolmhara atá riachtanach do thionscadail Chéim 1 a chur i gcrích chun a gCinneadh Infheistíochta Deiridh a chomhlíonadh.

Amach ón gCósta a Chumhachtú – An Cósta Theas (Céim 2 Tonn Nua)

I mí an Mhárta 2023, d'fhoilsigh Rialtas na hÉireann a Ráiteas maidir leis an gCreat do Chéim a Dó d'Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta, ag sainaithint EirGrid mar fhorbróir bhonneagar tarchuir eangaí nua amach ón gcósta.

Mar thoradh air sin, chuir EirGrid tús le Tionscadal Tarchurtha Amach ón gCósta don Chósta Theas ('Ag Cumhachtú Amach ón gCósta Theas') arb é an chéad nasc leictreachais in-athnuaite amach ón gcósta faoi stiúir an stáit in Éirinn.

Mar chuid de Thionscadal Tarchurtha Amach ón gCósta an Chósta Theas, tá sé beartaithe ag EirGrid fostáisiúin leictreachais amach ón

3 Baineann Céim 1 leis an gcur chuige faoi stiúir an fhorbróra maidir le forbairt agus tógáil sócmhainní tarchurtha amach ón gcósta. Comhlánóidh forbróirí iad seo sula n-aistreofar iad chuig úinéireacht EirGrid. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach nglacann EirGrid páirt i mbainistiú na bpáirtithe leasmhara agus go háirithe sna comhairliúcháin phoiblí a dhéanann na forbróirí.

gcósta agus cáblaí leictreachais gaolmhara faoin bhfarraige a fhorbairt. Tabharfaidh an bonneagar nua seo an chumhacht a ghineann feirmeacha gaoithe amach ón gcósta isteach inár n-eangach leictreachais náisiúnta. Cabhróidh sé seo le suas le 900 MW de leictreachas breise a ghinfear ó fheirmeacha gaoithe amach ón gcósta ar chósta theas na hÉireann a sheachadadh.

(Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi na rannpháirtíochtaí atá beartaithe maidir leis an tionscadal seo, féach ar ár gcaibidil ar rannpháirtíocht phoiblí.)

Rannpháirtíocht na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE)

Aithníonn EirGrid an deis eacnamaíoch ilghnéitheach shuntasach a chuireann forbairt fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta ar fáil d'Éirinn agus dá bhrí sin táimid fós mar bhaill ghníomhacha d'Fhóram Tionsclaíochta Gaoithe Amach ón gCósta DETE.

Ina theannta sin, mar chuid de na tiomantais a tugadh faoi Powering Prosperity, tá EirGrid ag obair le gníomhaireachtaí stáit eile, Fiontraíocht Éireann agus an GFT. Comhaontaíodh Meabhrán Tuisceana le GFT agus Fiontraíocht Éireann i mí an Mhárta 2025 chun an comhoibriú seo a chur ar bhonn foirmiúil agus chun a chinntiú go frithpháirteach go mbainfear an leas is fearr as tionchar eacnamaíoch fhorbairt gaoithe amach ón gcósta do chuideachtaí Éireannacha.

Rannpháirtíocht níos leithne le páirtithe leasmhara

Leanann EirGrid de bheith i dteagmháil le páirtithe leasmhara ar fud na hÉireann chun plé a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann maidir le forbairt amach ón gcósta agus chun éisteacht le tuairimí páirtithe leasmhara. Áirítear leis seo rannpháirtíochtaí le húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus le comhlachtaí forbartha, le cumainn tionsclaíochta agus leis an lucht acadúil. Cuimsíonn ár ngníomhaíochtaí sa bhliain ghnó atá le teacht tuilleadh rannpháirtíochta le calafoirt chun suíomh stórála a bhunú do cháblaí breise fomhuirí chun tacú le hoibríochtaí amach ón gcósta amach anseo.

Oibríonn EirGrid le páirtithe leasmhara amhail Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), An Institiúid Taighde um Chumhacht Leictreach (EPRI) agus monaróirí trealaimh HVDC (Sruth Díreach Ardvoltais) speisialaithe chun athbhreithnithe teicniúla a dhéanamh ar riachtanais amach ón gcósta, agus chun cabhrú le réitigh a aithint agus a fhorbairt a d'fhéadfaí a úsáid chun forbairt giniúna amach ón gcósta in Éirinn a chumasú.

Mar shampla, táimid ag obair go dlúth le SEAI ar a Staidéar ar an gCóras Leictreachais Dícharbónaithe (DESS) chun riachtanais líonra amach anseo a shamhaltú.

Rannpháirtíocht Ceantanna na Scéime Tacaíochta don Leictreachas In-athnuaite Amach ón gCósta (STILAC)

Buaileann Foireann Ceantanna STLI go rialta le páirtithe leasmhara tábhachtacha DCEE, CRU, agus EirGrid chun dearadh, rialacha agus incháilitheacht Cheantanna Scéim Tacaíochta In-athnuaite amach ón gcósta a chomhaontú. Tá rannpháirtíochtaí rialta mar seo ríthábhachtach chun an píblíne a chinntiú agus seachadadh RES-E de réir Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide an rialtais agus treochlár EirGrid, Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú.

(Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoinár rannpháirtíochtaí ceantanna, féach ar ár gcaibidil maidir le hoibriú agus forbairt na heangaí agus an mhargaidh.)

Meabhrán Tuisceana (MT) le Fiontraíocht Éireann agus GFT

Mar atá leagtha amach in 'Powering Prosperity - Ireland's Offshore Wind Industrial Strategy' ón Rialtas, tá sé mar aidhm ag an Meabhrán Tuisceana seo comhar agus comhoibriú idir na trí ghníomhaireacht a dhoimhniú, chun

tacú le forbairt earnáil na gaoithe amach ón gcósta in Éirinn, agus díriú ar infheistíochtaí isteach a mhealladh, deiseanna a fheabhsú do chuideachtaí san earnáil gaoithe amach ón gcósta, lena n-áirítear oiliúint i réimse na tairisceana soláthair phoiblí, agus slabhra an tsoláthair a thógáil ar rud é atá riachtanach chun sprioc na hÉireann de 37 gigeavata (GW) d'fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta faoi 2050 a bhaint amach.

Rannpháirtíocht chomhshaoil agus bithéagsúlachta

Bíonn EirGrid ag plé go rialta le fóraim idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnacha ar chúrsaí sonracha cleachtais chomhshaoil, reachtaíochta agus beartais, agus nuálaíochta teicniúla. I measc na bpríomhpháirtithe leasmhara tá an Chomhghuaillíocht Amach ón gCósta um Fhuinneamh agus Dúlra, an Tionscnamh um Eangach In-athnuaite, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Mar fhreagra ar an éigeandáil dhúbailte aeráide agus bithéagsúlachta, agus arna chumasú ag EirGrid, tá fócas ar leith ar an mbithéagsúlacht sna rannpháirtíochtaí seo.

Rannpháirtíocht le pobail iascaireachta

Bíonn Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh tiomnaithe EirGrid ag plé leis an bpobal iascaireachta agus mara go sonrach maidir le tionscadail amach ón gcósta amach anseo. Is príomhpháirtithe leasmhara iad na hiascairí fireanna agus baineanna, chomh maith leis an bpobal mara, i bhforbairt fuinnimh amach ón gcósta. Tá EirGrid mar chuid den Ghrúpa Oibre ORE/Bia Mara freisin – grúpa a bhunaigh an Rialtas chun plé a éascú ar chúrsaí a eascraíonn as idirghníomhaíocht na dtionscal bia mara agus fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta, ag cur dea-chleachtas chun cinn agus ag spreagadh idirchaidreamh le hearnálacha eile sa timpeallacht mhuirí.

(Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi seo, féach ar ár gcaibidil maidir le rannpháirtíocht phoiblí.)



Cur i bhfeidhm: Céim 1

Rannpháirtíochtaí Tascfhórsa DCEE

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Na gníomhartha uile atá sannta do EirGrid le haghaidh 2025 a chur i gcrích agus tuairisciú orthu i Sruth Oibre 5 den Chlár Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta (OWEP)	**Clár Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta (OWEP):** In 2025, áiríodh ar ár gcuid oibre: • Rannpháirtíochtaí míosúla le CRU agus DCEE. • Ionadaíocht mhíosúil ag cruinnithe Tascfhórsa an Rialtais. • Ionadaíocht ráithiúil ag cruinnithe Tascfhórsa an Rialtais / Tionscail. • Nuashonruithe ráithiúla ar dhul chun cinn a sholáthar do DCEE lena bhfoilsiú ar a suíomh Gréasáin. *(Féach ár gcaibidil faoi chúrsaí Rialtais, Eorpacha agus Beartais le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis an méid sin).*	**Clár Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta (OWEP):** Tá ról lárnach ag an sruth oibre seo i bhforbairt na ngnéithe a bhaineann leis an eangach (forbairt agus seachadadh eangach amach ón gcósta lena n-áirítear gnéithe ceadúnaithe agus rialála) atá riachtanach chun spriocanna fuinnimh gaoithe amach ón gcósta a bhaint amach. Déanann an sruth oibre monatóireacht freisin ar sheachadadh na n-uasghráduithe riachtanacha ar an eangach ar tír. Mar rannpháirtí lárnach, tá ról ríthábhachtach ag EirGrid laistigh de thascfhórsa OWEP. Is é ár misean ní hamháin cuspóirí an tascfhórsa a bhaint amach ach rannpháirtíocht éifeachtach na bpáirtithe leasmhara a choinneáil ar siúl ar feadh an ama, chun ailíniú leanúnach, cumarsáid shoiléir agus chomhsheasmhach, réiteach fadhbanna, trédhearcacht agus seachadadh tráthúil a chinntiú. Táimid ag obair i gcomhar le chéile freisin lena chinntiú go sainaithnímid aon athruithe, rioscaí agus saincheisteanna a bhaineann leis an sruth oibre agus go dtuairiscímid ar ais orthu seo a luaithe is féidir.
Rannpháirteachas leanúnach chun tacú le spriocanna an Rialtais	**Rannpháirteachais leis an teach imréitigh:** D'fhreastail baill d'Fhoireann Feidhmiúcháin EirGrid, lena n-áirítear Príomhfheidhmeannach EirGrid, ar dhá chruinniú den Teach Imréitigh Amach ón gCósta, faoi chathaoirleacht an Taoisigh in 2025 (i mí Lúil agus i mí na Nollag).	**Rannpháirteachais leis an teach imréitigh:** Tugann na rannpháirtíochtaí seo páirtithe leasmhara tábhachtacha amach ón gcósta agus an tionscal le chéile chun a chinntiú go ndéantar dul chun cinn chun spriocanna an Rialtais a bhaint amach.

Comhaontuithe nasctha

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Rannpháirtíocht a chruthú le CRU i dtaca le rialú dhoiciméadacht an Chomhaontaithe um Nascadh agus an Chomhaontaithe um Cheannach Sócmhainní	**Rialú an Chomhaontaithe um Nascadh Tarchurtha agus an Chomhaontaithe um Cheannach Sócmhainní:** In 2025, d'fhreastail EirGrid ar chruinnithe coicísiúla le CRU chun an próiseas a chinneadh chomh maith le haon rioscaí agus saincheisteanna a bhaineann le doiciméadacht i dtaobh rialú an Chomhaontaithe um Nascadh Tarchurtha agus an Chomhaontaithe um Cheannach Sócmhainní a shainaithint.	**Rialú an Chomhaontaithe um Nascadh Tarchurtha agus an Chomhaontaithe um Cheannach Sócmhainní:** Tá na cruinnithe sin ríthábhachtach chun doiciméadacht an Chomhaontaithe um Nascadh Tarchurtha agus an Chomhaontaithe um Cheannach Sócmhainní a rialáil agus muid ag obair i dtreo ár spriocanna amach ón gcósta a bhaint amach. Cuireadh an Comhaontú um Nascadh Tarchurtha agus an Comhaontú um Cheannach Sócmhainní faoi bhráid CRU lena n-athbhreithniú i mí Feabhra 2025 agus i mí Aibreáin 2025 faoi seach.
Céim 1 - Amach ón gCósta a Sholáthar	**Naisc Chéim 1:** Bhí cruinnithe míosúla ag EirGrid le forbróirí Chéim 1 chun nuashonruithe a thabhairt. Freagairt do cheisteanna i ndáil le naisc tharchuir.	**Naisc Chéim 1:** Trí na cruinnithe sin, chuir forbróirí Chéim 1 dearaí coincheapa ar fáil le haghaidh gach ceann de na naisc tharchuir.

Céim 1 Rannpháirtíocht an Ghrúpa Comhordaithe

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Cúig mheitheal ar leithligh a chur ar bun agus a reáchtáil le forbróirí Chéim 1 (Teicniúil, rialáil, ullmhacht sócmhainní, conarthaí dlíthiúla agus comhlíonadh oibríochtúil)	**Meithleacha forbróirí:** Bhí cruinnithe míosúla ag EirGrid le forbróirí Chéim 1 i ndáil le garspriocanna, amlínte atá leagtha amach i bplean comhordúcháin Chéim 1 agus de réir mar is ábhartha do gach ceann de na cúig mheitheal.	**Meithleacha forbróirí:** Trí na cruinnithe sin, leanaimid de na ceanglais, na gníomhartha agus na garspriocanna go léir atá leagtha amach i bplean comhordúcháin Chéim 1 a chomhlíonadh. Tacaímid freisin leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ag forbróirí Chéim 1 faoi gach ceann de cheannteidil na meithleacha agus ag díriú ar chomhoibriú comhsheasmhach chomh maith le caidreamh níos láidre a chothú. Tá 13 tháirge cúinseachta de chuid Chomhordú Chéim 1 (16%) curtha i gcrích ag EirGrid agus Tionscadail Chéim 1 (ar an mbóthar ceart).

Rannpháirtíochtaí Plean Ullmhachta Sócmhainní Amach ón gCósta

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Clár ollstórála a fhorbairt mar chuid den Phlean Ullmhachta Sócmhainní Amach ón gCósta	**Clár ollstórála a fhorbairt:** In 2025, chuaigh EirGrid i mbun oibre le hOifig Forbartha Muirí na hÉireann (IMDO) a d'éascaigh plé le calafoirt na hÉireann mar ar leag EirGrid amach a chuid riachtanas maidir le stóráil cáblaí. Ina dhiaidh sin, chuathas i mbun rannpháirtíochta leis na calafoirt ionas go bhféadfar meastóireacht a dhéanamh ar oiriúnacht réiteach féideartha a bhaineann le stóráil cáblaí.	**Suíomh stórála a sholáthar le haghaidh páirteanna spártha do chláblaí fomhuirí:** Leis an obair sin éascaíodh calafoirt atá oiriúnach go teicniúil a roghnú agus tá an plé ag dul ar aghaidh anois go plé tráchtála.
Oibriú le heintitis stáit chun forbairtí sna tionscail mhuirí a thuiscint agus caidreamh láidir a thógáil	**Rannpháirtíochtaí muirí:** In 2025, lean EirGrid de bheith i dteagmháil le Foras na Mara maidir le cúrsaí oiliúna.	**Rannpháirtíochtaí muirí:** Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm ag EirGrid deimhniú sábháilteachta muirí ábhartha a sholáthar d'oibrithe sna forbairtí atá le teacht.

Slabhra soláthair, soláthar agus rannpháirtíocht sa mhargadh

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Rannpháirtíocht mhargaidh le margaí baile agus idirnáisiúnta araon chun spéis a mhúscailt ó sholáthraithe agus ó chonraitheoirí sa chomórtas soláthair CIO seo a leanas	**Rannpháirtíocht sa mhargadh:** In 2025, bhí siad seo a leanas i measc ár gcuid rannpháirtíochtaí laistigh den réimse seo: • Wind Europe i gCóbanhávan, mí Aibreáin 2025 (i mbun oibre le 30+ soláthróir le linn an imeachta) • Global Offshore Wind i Londain, mí an Mheithimh 2025 (i mbun oibre le 20+ soláthróir le linn an imeachta) • Taispeántas Fhuinneamh Gaoithe na hÉireann i mBaile Átha Cliath, mí Dheireadh Fómhair 2025 (i mbun oibre le 5 soláthróir le linn an imeachta) Chuamar i mbun oibre freisin trí roinnt mhaith cruinnithe duine le duine le soláthróirí éagsúla (sa bhaile, san Eoraip agus ar an gcoigríoch). Dhíríomar go sonrach ar riachtanais an phacáiste oibríochtaí agus cothabhála.	**Rannpháirtíocht sa mhargadh:** Trí na rannpháirtíochtaí sin, bhí EirGrid in ann tuiscint níos cuimsithí a fhorbairt ar na nithe seo a leanas: • Dul chun cinn teicneolaíoch. • Éilimh agus treochtaí an mhargaidh. • Cineálacha cur chuige i leith tairiscintí agus conraitheoireachta. • Acmhainn agus ábaltachtaí an mhargaidh (laistigh den slabhra soláthair Intíre, Eorpach agus Idirnáisiúnta).
Comhairliúchán margaidh maidir le hOibríochtaí agus Cothabháil	**Comhairliúchán margaidh maidir le hOibríochtaí agus Cothabháil:** In 2025, chuaigh EirGrid i dteagmháil le soláthróirí agus OCTanna eile trínár gcuid oibreacha i dtaobh an chomhairliúcháin margaidh maidir le hoibríochtaí agus cothabháil.	**Comhairliúchán margaidh maidir le hOibríochtaí agus Cothabháil:** Trínár rannpháirtíochtaí, tá tuiscint mhaith faighte ag EirGrid ar na socruithe conraitheoireachta reatha maidir le córais oibríochtaí agus chothabhála ó phiareagraíochtaí OCT ar fud na hEorpa. Leis an obair sin tacaítear lenár straitéisí scóipe agus dáileacháin ar mhaithe le hoibríochtaí agus socruithe cothabhála marthanacha.

Cur i bhfeidhm: Céim 2

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Ceant Gaoithe Amach ón gCósta Tonn Nua STILAC (2.1)	**TONN NUA STLIAC (2.1):** In 2025, leanamar ar aghaidh lenár rannpháirtíocht le DCEE chomh maith le páirtithe leasmhara tábhachtacha sa tionscal chun faisnéis theicniúil ábhartha a sholáthar roimh an gceant a bhí ar siúl in 2025. Cuimsíodh leis sin Pacáiste Faisnéise um Nascadh leis an Eangach (GCI) a sholáthar chomh maith le ceardlanna éagsúla tionscail mar thacaíocht.	**TONN NUA STLIAC (2.1):** Trí na rannpháirtíochtaí sin, chuir EirGrid faisnéis ábhartha ar fáil d'fhorbróirí agus do DCEE roimh an bpróiseas ceantála lena chinntiú go n-éireodh leis an bpróiseas ceantála agus go mbeadh na torthaí i gcomhréir le treoirlínte beartais CRU (CRU2024124). *(Féach ár gcaibidil maidir le hoibriú agus forbairt na heangaí agus an mhargaidh le haghaidh tuilleadh faisnéise air sin.)*
Rannpháirtíocht Forbróirí Feirme Gaoithe Amach ón gCósta (OWF) tar éis cheant TONN NUA STLIAC (2.1)	**Rannpháirtíocht Forbróirí OWF:** Fógraíodh an forbróir ar éirigh leis le haghaidh TONN NUA STLIAC (2.1) i mí na Nollag 2025. (Cuireadh tús le rannpháirtíochtaí leantacha i mí Eanáir 2026).	**Rannpháirtíocht Forbróirí OWF:** Trínár rannpháirtíochtaí leanúnacha, tá sé d'aidhm ag EirGrid tacú le tionscadail a ailíniú chomh maith le bealaí cumarsáide a chomhaontú agus faisnéis thábhachtach a mhalartú.
Teagmháil a dhéanamh le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí reachtúla eile	**Teagmháil a dhéanamh le húdaráis áitiúla:** In 2025, lean EirGrid ag plé le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí reachtúla eile de réir mar ba ghá chun tacú leis an bpróiseas forbartha tionscadail. Áirítear leis sin rannpháirtíocht le Comhairlí Contae Chorcaí, Phort Láirge agus Loch Garman, agus comhlachtaí reachtúla amhail Líonraí Gáis Éireann, Uisce Éireann, Iarnród Éireann agus cinn eile. Chuamar i gcomhar leis an Údarás Rialála Limistéir Mhuirí (MARA), leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) agus le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta freisin i dtaca le comhlíonadh an Cheadúnais Úsáide Muirí (MUL) agus riachtanais eile maidir leis an gceadúnas suirbhéireachta muirí.	**Teagmháil a dhéanamh le húdaráis áitiúla:** Tá comhar ríthábhachtach chun seachadadh rianúil bonneagair amach ón gcósta a chinntiú. Mar chuid den fhócas sin, chuir EirGrid nuashonruithe soiléire agus tráthúla ar fáil do ghníomhaireachtaí ábhartha agus chloígh sé leis na riachtanais cheadúnúcháin go léir an tráth céanna.
Freastal ar chomhdhálacha dírithe ar an tionscal	**Comhdhálacha dírithe ar an tionscal:** In 2025, d'fhreastail EirGrid ar chomhdhálacha tábhachtacha dírithe ar an tionscal ar fud na hEorpa. Cuimsíodh leo sin an t-imeacht WindEurope i gCóbanhávan, agus an séú Lá Fuinnimh mar chuid den Tionscadal Leasa Choitinn sa Bhruiséil.	**Comhdhálacha dírithe ar an tionscal:** Trí fhreastal ar na comhdhálacha seo, tugtar deiseanna ríthábhachtacha do EirGrid bualadh le hionadaithe tionscail, le taobh OCTanna eile, ionas gur féidir linn an t-eolas is déanaí a chur ar fáil maidir lenár bpleananna amach ón gcósta agus dul i gcomhar leis an margadh. Thairis sin, cuirtear ár gcumas dul i dteagmháil le comhlachtaí Rialtais agus trádála chun tacú le huaillmhianta na hÉireann amach ón gcósta.
Freastal ar imeachtaí trádála Fhuinneamh Gaoithe na hÉireann (WEI)	**Imeachtaí trádála Fhuinneamh Gaoithe na hÉireann:** D'fhreastail EirGrid ar imeachtaí éagsúla de chuid Fuinneamh Gaoithe Éireann i rith 2025 agus rinne siad cur i láthair ag na himeachtaí sin, lena n-áirítear an Chomhdháil bhliantúil i mí Eanáir, Comhdháil na Gaoithe Amach ón gCósta i mí na Bealtaine agus an Taispeántas ag an RDS i mí Dheireadh Fómhair.	**Imeachtaí trádála Fhuinneamh Gaoithe na hÉireann:** I gcomhréir lenár bhfreastal ar chomhdhálacha, thug imeachtaí trádála Fhuinneamh Gaoithe na hÉireann deis dúinn bualadh le soláthraithe agus dul i gcomhar leis an margadh, chun tacú lenár ról maidir le bonneagar giniúna leictreachais a nascadh.

Meithleacha eile

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Dul i gcomhar le ENTSO-E i dtaobh ábhair a bhaineann le fuinneamh amach ón gcósta	**Rannpháirtíocht Eorpach:** In 2025, chuaigh EirGrid i mbun comhar le ENTSO-E i dtaobh ábhair éagsúla a bhaineann le fuinneamh amach ón gcósta, lena n-áirítear: • Rannpháirtíochtaí sonracha a bhaineann leis an gcóras cumhachta. • Beartas maidir le fuinneamh amach ón gcósta. • Forbairt córais agus pleanáil.	**Rannpháirtíocht Eorpach:** Le rannpháirtíocht ENTSO-E cothaítear ailíniú idir riachtanais na hÉireann i dtaobh forbairt amach ón gcósta agus creataí Eorpacha níos leithne, agus neartaítear cáilíocht agus comhsheasmhacht ár dtoimhdí pleanála.



Slata tomhais na rathúlachta

Sna táblaí thíos, tarraingímid aird ar rogha méadracha chun léiriú a thabhairt ar éifeachtacht ár gcuid rannpháirtíochta in 2025:

Tuairisc ar an méadrach:	Méadrach:	An chúis a léiríonn sé seo rannpháirtíocht éifeachtach:
An líon gníomhartha a cuireadh i gcrích faoin gClár Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta (OWEP)	12 ghníomh curtha i gcrích	Déanann EirGrid bainistíocht ar sheachadadh na ngníomhartha faoi Shruth Oibre 5 – Forbairt Eangaí / Ceadúnú an OWEP i gcomhairle le CRU agus DCEE. Chuir EirGrid 12 ghníomh i gcrích in 2025. Ina theannta sin, lean EirGrid de bheith i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara den Rialtas tríd an Tascfhórsa um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta agus tríd an Tascfhórsa um Luasghéarú Fuinnimh In-athnuaite araon chun soláthar fuinnimh gaoithe amach ón gcósta agus na spriocanna gaolmhara a bhrú chun cinn, chomh maith le hailíniú agus cumarsáid leanúnach a chinntiú.
An líon rannpháirtíochtaí Tascfhórsa	12 chruinniú ar leibhéal srutha oibre, 10 gcruinniú ar leibhéal piléir 4 chruinniú ar leibhéal aireachta	
Líon na rannpháirtíochtaí maidir le hiascach	381 teachtaireachtaí idir EirGrid agus baill de phobal na hiascaireachta, inár cuireadh agus freagraíodh ceisteanna agus inar roinneadh nuacht agus grianghraif ó EirGrid.	Is páirtí leasmhar lárnach é an pobal iascaireachta i bhforbairt fuinnimh amach ón gcósta. Trínár rannpháirteachas aireach le páirtithe leasmhara muirí agus iascaigh ábhartha, bhí EirGrid in ann na páirtithe leasmhara a choinneáil cothrom le dáta go rialta chun a chinntiú go raibh an t-eolas is déanaí acu.updated. Coinníodh rannpháirtíochtaí trí mheán na ngrúpaí sin chuig cumarsáid a bhaineann le tionscadal, ach áiríodh leo freisin grianghraif faoi bhaoithe iascaigh i gconairí, agus roinnt grianghraif spéisiúla ón tionscadal ar ghrinneall na farraige/tuinnín ar mhaithe le heolas agus spéis a mhúscailt. San iomlán, seoladh 221 teachtaireacht ó EirGrid agus 160 ó iascairí fireanna agus baineanna. Trí rannpháirtíocht a dhéanamh go rialta agus go díreach le páirtithe leasmhara, bhíomar in ann iontaoibh a fhorbairt agus caidreamh a neartú laistigh den limistéar agus timpeall air.
Cruinnithe forbróirí Chéim 1	28 cruinniú den mheitheal 4 chruinniú den lucht bainistíochta 3 Chruinniú Stiúrthóirí Tháinig EirGrid le chéile go déthaobhach le forbróirí Chéim 1 freisin, agus bhí 28 cruinniú ann san iomlán in 2025.	Trí chomhoibriú dlúth, tráthúil agus rialta le forbróirí Chéim 1, táimid ag obair chun a chinntiú go ndéantar Bonneagar Amach ón gcósta Chéim 1 a dhearadh agus a phleanáil sa chaoi is go mbeidh comhtháthú réidh agus comhlíontach ann le Córas Tarchurtha na hÉireann. Tugtar faoin rannpháirtíocht le forbróirí ar bhonn déthaobhach agus iltaobhach araon. Tá 13 tháirge insoláthartha de chuid Chomhordú Chéim 1 curtha i gcrích ag EirGrid agus Tionscadail Chéim 1 (16%) (ar an mbóthar ceart).

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár gcaidreamh le páirtithe leasmhara i gCéim 1 amach ón gcósta, déan teagmháil linn trín ár leathanach teagmhála anseo (Cuir 'Céim 1 Amach ón gcósta' san ábhar). Le haghaidh faisnéise faoin gcaidreamh amach ón gcósta i gCéim 2, seol ríomhphost chuig southcoastoffshore@eirgrid.ie

Ár gcomhpháirtíocht le hÚinéir na Sócmhainní Tarchurtha (ÚST)



Léargas ginearálta

Tá róil agus freagrachtaí ag EirGrid agus Líonraí BSL atá sainmhínithe go soiléir i dtaca leis an ngréasán tarchuir, mar a leagtar amach sa Chomhaontú Bonneagair.

Tá EirGrid, ina ról mar Oibritheoir Córais Tarchurtha (OCT), freagrach as cothabháil agus forbairt a oibriú agus a chinntiú maidir le córas tarchuir leictreachais atá sábháilte, slán agus iontaofa, anois agus amach anseo. Chun é sin a bhaint amach, leanann EirGrid ar aghaidh ag forbairt, ag bainistiú agus ag oibriú na heangaí tarchurtha leictreachais. Ina theannta sin, tá sainordú ag EirGrid anois eangach amach ón gcósta na hÉireann a oibriú, a fhorbairt agus úinéireacht a bheith aici uirthi.

Is é BSL Úinéir na Sócmhainní Tarchurtha (ÚST) agus déanann a aonad gnó Líonraí BSL na feidhmeanna ceadúnaithe ÚST ar talamh. Tá Líonraí BSL freagrach as dearadh mionsonraithe, tógáil agus cothabháil an ghréasáin tarchurtha ar tír a sheachadadh, mar atá aitheanta ag EirGrid.

Oibrímid go dlúth le cinntiú go gcuirtear gach céim in oibriú, i bhforbairt agus i dtógáil bonneagair eangaí i gcrích ar an mbealach is sábháilte, is sláine, is éifeachtúla agus is cost-éifeachtúla agus is féidir. Táimid i gcónaí ag obair chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhar idir EirGrid agus líonraí BSL ar mhaithe lenár gcustaiméirí go léir.

Straitéis

I measc na bpríomhbhealaí rannpháirtíochta idir EirGrid agus Líonraí BSL i réimse Sholáthar an Bhonneagair Tarchuir, tá coistí comhpháirteacha, foirne atá ailínithe go dlúth, meithleacha speisialaithe agus spásanna oibre digiteacha chun cláir oibre bhliantúla agus ilbhliantúla a bhaint amach, amhail an Clár Éartha Tarchuir (TOP) agus an Clár Comhpháirteach um Chlaochlú Éartha Seirbhíse (JOTP). Áirítear leis sin freisin dlúthchomhar maidir le cur i bhfeidhm Comhdhreasachtaí AP5.

An Phunann Seachadta Líonra (NDP)

I láthair na huaire, cuireann NDP achoimre cothrom le dáta ar an gclár ar fáil do pháirtithe leasmhara agus don tionscal maidir le tionscadail chaipitil tarchuir atá ar bun faoi láthair agus atá le teacht agus a chlúdaíonn an tréimhse 2023-2030. Cuireann NDP nuashonrú stádais ráithiúil ar fáil maidir leis na 3 phríomh-gharsprioc: De réir mar a dhruidimid le tréimhse an Athbhreithnithe Praghsanna, AP6, rinneamar amhlaidh agus é ar eolas againn go dtiocfaidh forbairt ar NDP agus go mbeidh sé cosúil le clár tarchurtha comhtháite níos leithne.

An Clár Éartha Tarchuir (TOP)

Is príomhchumasóir é bainistíocht éaradh rathúil chun bonneagar tarchurtha a sheachadadh ar luas agus is saincheist ríthábhachtach é chun Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP) Rialtas na hÉireann a sheachadadh, chun oibriú ag suas le 80% d'fhuinneamh in-athnuaite, de réir spriocanna an Rialtais.

Is clár comhpháirteach é an Clár Éartha Tarchuir dir EirGrid agus líonraí BSL maidir le gach briseadh sa bhonneagar tarchurtha atá beartaithe don bhliain atá le teacht. Is é sprioc ár gclár pleanála éaradh ná an méid oibre caipitil agus cothabhála is féidir a bhaint amach laistigh de bhliain ar leith a uasmhéadú agus a chinntiú ag an am céanna go n-oibrítear an córas tarchurtha go heacnamaíoch agus laistigh de chaighdeáin slándála oibríochtúla. Áirithíonn sé rannpháirtíocht agus cumarsáid éifeachtach na bpáirtithe leasmhara maidir le JOTP, ar príomhchumasóir seachadta é do Thionscadail agus Torthaí Tarchurtha

I gcaitheamh thréimhse AP5, rinneadh clár TOP a thomhas go bliantúil tríd an méadracht TOP i ndreasacht phleanála agus soláthair infheistíochta OCT.

Clár Comhpháirteach um Chlaochlú Éartha Seirbhíse (JOTP)

Is saincheist chriticiúil é bainistiú éarthaí seirbhíse maidir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP) de chuid Rialtas na hÉireann a sheachadadh. Is réimse an-dúshlánach é freisin ar chúiseanna éagsúla, mar shampla scála eisceachtúil agus luas an athraithe a theastaíonn chun bonneagar nua a sheachadadh.

Thug EirGrid agus Líonraí BSL tosaíocht don obair sin agus iad ag obair i ndlúthchomhar air. Tá ár gClár Comhpháirteach um Chlaochlú Éartha Seirbhíse (JOTP) faoi lán seoil agus tá dea-thionchair á mbaint amach aige. Cuimsítear le JOTP 7 sruth oibre le 18 n-idirghabháil chun infhaighteacht éarthaí seirbhíse a mhéadú, úsáid a uasmhéadú agus éifeachtacht na n-éarthaí seirbhíse. Tá na hidirghabhálacha sin á bhforbairt agus cuirfear in úsáid iad mar phróisis 'gnó mar is gnách' chun bainistiú éarthaí seirbhíse a bharrfheabhsú. Tá ceannairí comhpháirteacha sruthanna oibre OCT agus ÚST freagrach as gach sruth oibre agus comhoibríonn siad lena chéile orthu. Tá sé mar uaillmhian ag JOTP infhaighteacht bhreise éarthaí seirbhíse a sholáthar agus an úsáid a bhaintear as éarthaí seirbhíse a dhéantar ar an gcóras a mhéadú.

Plean Comhdhreasachtaí Ilbhlianta OCT/ÚST

Le linn AP5, d'fhorbair EirGrid agus Líonraí BSL na Pleananna Comhdhreasachtaí Ilbhlianta i gcomhréir le CRU/20/154. Leis na pleananna a foilsíodh clúdaíodh na tréimhsí 2021, 2022–2026, 2023–2027, 2024–2028, agus 2025–2029.

Is é is cuspóir don chomhdhreasacht OCT/ÚST ná éifeachtúlachtaí a bhrú chun cinn trí chomhoibriú agus nuálaíocht níos fearr chun feabhsuithe ar an líonra tarchuir a bhaint amach.

Le Cinneadh Deiridh AP6 CRU, a eisíodh i mí na Nollag 2025, leagadh amach an méid a raibh coinne aige leis maidir le creat dreasachta AP6. Tá EirGrid agus Líonraí BSL ag obair le chéile anois chun na próisis mhionsonraithe, na méadracha measúnaithe, agus forbairt pleananna dreasachta sonracha a shainiú don chéad bhliain de AP6 (2026).

Meithleacha/Fóraim

Comhchoistí ÚST/OCT

Tá roinnt Comhchoistí foirmiúla OCT/ÚST i bhfeidhm agus iad leagtha amach thíos. Cumasaíonn na coistí sin rialachas comhpháirteach, rannpháirtíocht agus comhoibriú tráthrialta maidir le saincheisteanna forbartha agus soláthair tionscadal agus clár.

Coiste

- An Coiste Seirbhísí Oibriúcháin
- An Coiste Seachadta Gréasáin
- An Coiste um Beartas agus Caighdeáin Chothabhála
- An Coiste um Straitéis Soláthair
- An Coiste OCT-OCD
- An Coiste Sláinte agus Sábháilteachta
- An Coiste Rannpháirtíochta Seachtraí

An Chairt um Sheachadadh Bonneagair

D'fhormheas ceannaireacht shinsearach EirGrid agus Líonraí BSL an Chairt um Sheachadadh Bonneagair i mí Eanáir 2021. Leagtar amach sa Chairt seo na prionsabail trína mbíonn an dá eagraíocht i dteagmháil lena chéile agus leagtar béim inti ar thiomantas comhroinnte maidir le bheith ag obair i gcomhar le comhar feabhsaithe. Chun tacú le cur chun feidhme na Cairte, bunaíodh Coiste Seachadta Líonra (NDC) agus Comhoifig Bainistíochta Tionscadail (JPMO) athbhunaithe.

An Coiste Seachadta Gréasáin (NDC)

Soláthraíonn An Coiste Seachadta Gréasáin (NDC) maoirseacht agus rialachas comhpháirteach bainistíochta straitéisí do sheachadadh agus d'fheabhsuithe tionscadail ó cheann go ceann. Bealach rannpháirtíochta agus comhair chomhpháirtigh rialta a sholáthar lena chinntiú go mbíonn tionscadail á seachadadh go héifeachtach agus, i gcás inar gá, tionchar a imirt ar threoir straitéiseach agus í a chur i bhfeidhm ar leibhéal an Chláir.

Oifig Chomhpháirteach um Bainistíocht Cláir (JPMO)

Is é príomhchuspóir JPMO ná soláthar AP6 ó cheann go ceann a chur chun feabhais, dlús a chur le soláthar chlár 2030 agus a chinntiú go soláthrófar go tráthúil na garspriocanna tábhachtacha uile ó Chlár Táscach EirGrid chomh fada le Fuinnmhiú Tionscadail. Is gnéithe tábhachtacha de chomhar agus de chomhoibriú OCT/ÚST iad Oifig Chomhpháirteach um Bainistíocht an Chláir (JPMO) agus próisis chomhaontaithe eile a oibriú chun feabhsuithe a shainaithint agus a chur chun feidhme a chuidíonn le seachadadh tionscadal a fheabhsú agus a mhéadú.

Cur i bhfeidhm

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
An Phunann Seachadta Líonra (NDP)	**An Phunann Seachadta Líonra (NDP):** D'fhoilsigh EirGrid nuashonruithe ráithiúla ar NDP ar an rannán Custaiméirí agus Tionscal dár suíomh gréasáin4, mar atá leagtha amach in CRU/20/154.	**An Phunann Seachadta Líonra (NDP):** Formheas Caipitil EirGrid, Comhaontú Tionscadail le Líonraí BSL agus Fuinnmhiú le haghaidh na dtionscadal sin. Bíonn foirne EirGrid i dteagmháil rialta le Líonraí BSL lena chinntiú go ndéantar tionscadail a fhorbairt, a scópáil, a dhearadh agus a thógáil ar bhealach tráthúil.
An Clár Éartha Tarchuir (TOP)	**An Clár Éartha Tarchuir (TOP):** In 2025, d'fhoilsigh EirGrid nuashonruithe rialta ar an rannán Custaiméirí agus Tionscal de shuíomh gréasáin EirGrid5.	**An Clár Éartha Tarchuir (TOP):** Ach é sin a dhéanamh, cuireann EirGrid bealach ar fáil chun cumarsáid a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara uile agus dul i dteagmháil leo, chomh maith le clár trédhearcach d'oibreacha éartha seirbhíse don bhliain atá le teacht.
An Clár Éartha Tarchuir (TOP)	**Rannpháirtíocht le OCTanna/ÚSTanna:** Bhí comhoibriú ann chun clár comhpháirteach OCT/ÚST a fhorbairt do na héarthaí seirbhíse uile ar an mbonneagar tarchuir atá beartaithe don bhliain atá le teacht.	**Rannpháirtíocht le OCTanna/ÚSTanna:** Cinntítear léi rannpháirtíocht agus cumarsáid éifeachtach le páirtithe leasmhara, rud a mhúsclaíonn feasacht faoi na cláir éarthaí seirbhíse dár gcuid atá beartaithe don bhliain atá le teacht.
Clár Comhpháirteach um Chlaochlú Éartha Seirbhíse (JOTP)	**Rannpháirtíochtaí le OCTanna/ÚSTanna:** Tá socruithe rialachais foirmiúla maidir leis an gClár Comhpháirteach um Chlaochlú Éartha Seirbhíse (JOTP) i bhfeidhm agus bíonn ionadaithe ón OCT agus ó ÚST ag gabháil do thimthriallta seachtainiúla, míosúla, ráithiúla, leathbhliantúla agus bliantúla. Áirítear leis na fóraim rialachais sin maoirseacht ar leibhéal Feidhmiúcháin, an Grúpa Stiúrtha agus grúpaí ar leibhéal Srutha Oibre. Rannpháirtíocht chomhpháirteach le OCTanna/ÚSTanna ar bhonn lá go lá ar fud JOTP. Cumarsáid agus rannpháirtíochtaí leanúnacha le páirtithe leasmhara maidir le gach gné den phlean agus tacaíocht a lorg go gníomhach chun acmhainní a fháil agus na bearta uile a chur i bhfeidhm.	**Rannpháirtíochtaí le OCTanna/ÚSTanna:** Tá sé d'aidhm ag rannpháirtíochtaí mar chuid de shruth oibre JOTP aidhmeanna agus cuspóirí JOTP le haghaidh 2025-2029 a bhaint amach, agus déanfar rianú agus tuairisciú orthu sin mar chuid de na Comhdhreasachtaí OCT/ÚST agus an Tuarascáil Chomhpháirteach Bhliantúil ar Fheidhmíocht. Cinntítear leis sin rannpháirtíocht agus cumarsáid éifeachtach le páirtithe leasmhara maidir le JOTP, ar príomhchumasóir seachadta é do Thionscadail Tarchuir agus do Thorthaí sa Phunann Seachadta Líonra (NDP). Cinntítear leis sin trédhearcacht lenár bpáirtithe leasmhara ach nuashonruithe stádais rialta a chur ar fáil maidir leis an dul chun cinn ar JOTP. Amhail ó dheireadh 2025, d'éirigh le naoi gcinn de na hocht n-idirghabháil déag bogadh isteach in oibríochtaí gnó mar is gnách laistigh den OCT agus ÚST, ónar tháinig comhlíonadh 50% don JOTP.

4 An Phunann Seachadta Líonra (NDP) | Faisnéis faoin Eangach | EirGrid
5 Éarthaí Seirbhíse | Faisnéis do Chustaiméirí | EirGrid

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
	Sruth Oibre maidir le Soláthar Tionscadal: Dírithe ar chleachtais oibre a fheabhsú, teicneolaíocht nua a thabhairt isteach agus uaireanta oibre agus úsáid acmhainní a bharrfheabhsú ar fud shaolré an tionscadail, chun deiseanna móra a chur ar fáil chun soláthar oibre a uasmhéadú laistigh den achar/de na hachair éartha seirbhíse atá ar fáil. Le dul chun cinn sa sruth oibre seo cumasaíodh obair ar thionscadail lasmuigh de TOP25 agus tá coinne leis go laghdófar riachtanais maidir le héaradh seirbhíse dá bharr. **Sruth Oibre maidir leis an gCóras Tarchurtha:** Obair a dhéanamh ar fud an OCT/ÚST chun cur chuige rioscabhunaithe athbhreithnithe a ghlacadh i leith staidéir ar an gcóras agus oibriú an chórais cumhachta nuair a bhíonn iarratais ar éaradh ciorcaid beartaithe agus le linn na dtréimhsí éartha. Athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeáin slándála oibriúcháin chun an líon éarthaí atá ar fáil i mbliain féilire a uasmhéadú. Rinneamar na Caighdeáin Slándála Oibriúcháin a thabhairt cothrom le dáta, ar caighdeáin iad a d'fhormheas CRU in 2025, rud a fhágann gur féidir cur chuige rioscabhunaithe lena méadaítear infhaighteacht éarthaí seirbhíse a ghlacadh. **Sruth Oibre an Chláir:** Táimid ag obair i dtreo plean soláthair tarchuir a chur i bhfeidhm atá seicheamhaithe agus a ndearnadh beartú tosaíochta ina leith le go bhféadfar na cláir oibre riachtanacha uile a fhorbairt agus a sholáthar ar bhealach éifeachtach tráthúil. Tá rannpháirtíocht luath idir OCTanna/ÚSTanna i bhfeidhm, agus rinneadh modheolaíocht choiteann chlársceidealúcháin agus nódach a thástáil agus tá sí á foirmiú de réir 'gnó mar is gnách'. **Sruth Oibre Rialála:** Tá an grúpa seo ag déanamh scrúdú ar chreataí dreasachta soláthair bonneagair OCT agus ÚST atá ann cheana agus a bhaineann le héaradh seirbhíse agus tá sé ag moladh socruithe dreasachta athbhreithnithe chun ailíniú OCT agus ÚST a fheabhsú agus chun comhoibriú agus torthaí feidhmíochta a bhrú chun cinn. Chomh maith le rannpháirtíocht luath agus comhroinnt faisnéise idir an OCT agus ÚST a fhorbairt a thuilleadh i gcás tionscadail atá le teacht chun comhoibriú a fheabhsú maidir le cur i bhfeidhm idirghabhálacha JOTP agus barrfheabhsú éarthaí seirbhíse agus soláthair tionscadail ag céim níos luaithe i saolré an tionscadail.	

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
	Sruth Oibre Beartais: Tríd an sruth oibre seo, tá cur chuige bainistíochta rioscabhunaithe á ghlacadh i leith cúrsaí cothabhála, agus caighdeáin nua mar thaca leis sin ar mhaithe le héifeachtúlacht oibriúcháin a fheabhsú. Ach na caighdeáin sin a chur i bhfeidhm, tá coinne leis go mbainfear feabhsuithe nach beag amach maidir le pleanáil éarthaí seirbhíse agus éifeachtacht sholáthar na heangaí tríd is tríd laistigh den sruth oibre beartais. **Sruth Oibre Faisnéise agus Teicneolaíochta:** Tá claochlú digiteach ar bun chun cinntí bunaithe ar éarthaí seirbhíse agus cinntí comhpháirteacha atá dírithe ar shonraí a bhaint amach agus a uasmhéadú, ar cinntí iad sin a chuimsíonn idir ghníomhaíochtaí réamhtheachtacha de chuid EirGrid agus ghníomhaíochtaí iartheachtacha atá á mbainistiú ag Líonraí BSL. Le bliain anuas, d'fhorbair an sruth oibre Faisnéise agus Teicneolaíochta deaiseanna comhpháirteacha, ionchuir sonraí láraithe, agus ardáin rochtana comhroinnte. Rinneadh próisis tuairiscithe agus atriallta deaise a mhionchoigeartú bunaithe ar aiseolas ó úsáideoirí inmheánacha.	
	Sruth Oibre Custaiméirí agus Tionscail: Thug an OCT/ÚST faoi chruinnithe seachadta rialta a bhí dírithe ar thionscadail le custaiméirí i gcaitheamh na bliana. Ionadaithe ó Fhuinneamh Gaoithe na hÉireann (WEI), Cumann Fuinnimh Solar Ireland (ar a dtugtaí ISEA) agus ionadaithe ó Chustaiméirí agus Tionscal (lena n-áirítear dearthóirí, conraitheoirí agus speisialtóirí eile i seachadadh tionscadal). Tionóladh na cruinnithe tábhachtacha sin chun comhoibriú a neartú ar fud an OCT/ÚST, custaiméirí agus an tionscail, rud a chuidigh chun feasacht a mhúscailt ar an tábhacht atá le soláthar tráthúil chun freastal ar an gclár éartha seirbhíse bliantúil ar mhaithe le húsáid éifeachtach TOP a uasmhéadú.	Cuireann Meitheal Custaiméirí agus Tionscail JOTP bealach ar fáil chun feasacht na gcustaiméirí a mhúscailt, feabhas a chur ar cháilíocht na dtógálacha inchoimhlinte, agus úinéireacht an chláir ag na páirtithe leasmhara uile a chinntiú. Cuireann an mheitheal le feasacht na gcustaiméirí ar an gcaoi a dtéann moilleanna tionscadail le linn éarthaí seirbhíse i bhfeidhm ar an gclár tarchuir tríd is tríd. Chomh maith leis sin, tá sé d'aidhm aici feabhas a chur ar ullmhacht na gcustaiméirí, cruinneas cláir, comhlíonadh agus comhordú i measc na bpáirtithe leasmhara uile chun soláthar rathúil tionscadal a chinntiú. Is tionscnamh nua é tabhairt isteach doiciméadú ullmhachta TOP arna fhorbairt ag custaiméirí chun infheictheacht shoiléir a sholáthar ar ullmhacht tionscadail chustaiméirí agus meastar go soláthróidh sé sin cinnteacht níos fearr maidir le briseadh seirbhíse in 2026.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
	Rannpháirtíochtaí an Choimisiúin um Rialáil Fóntais (CRU): Cuirimid nuashonruithe ar fáil maidir le dul chun cinn an chláir do CRU ar bhonn débhliantúil agus bliantúil. **An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (DCEE):** Cuirimid nuashonruithe ar fáil maidir le dul chun cinn an chláir do DCEE ar bhonn débhliantúil.	**Rannpháirtíochtaí an Choimisiúin um Rialáil Fóntais (CRU):** Cinntíonn cumarsáid rialta le Líonraí BSL, CRU agus DCEE go soláthraítear comhdhreasachtaí OCT/ÚST in AP5 go rathúil chun ár gclár uaillmhianach maidir le seachadadh agus claochlú na heangaí a bhaint amach, lena n-áirítear naisc nua agus bainistíocht sócmhainní.
Comhdhreasacht OCT agus ÚST	**Comhdhreasacht OCT agus ÚST:** Chuaigh an OCT agus ÚST i gcomhairle maidir leis na Pleananna Ilbhliantúla comhpháirteacha (2025-2029) agus chuir siad faoi bhráid an CRU iad, ag díriú ar spriocanna seachadta tionscadail líonra i gceithre réimse ar leith: • Teicneolaíocht Nua a Úsáid • Tionscnamh Tionscadail de réir Paraiméadar Cláir Tiomnaithe (CPP) arna Chomhaontú • Malartú Sonraí Sócmhainní agus Clár • Feabhsuithe ar an gComhphróiseas	**Comhdhreasacht OCT agus ÚST:** Rannpháirtíocht rathúil OCT/ÚST as a dtiocfaidh cur i bhfeidhm tráthúil cláir oibre arna fhorbairt i gcomhpháirt, aschuir soláthair tionscadal arna méadú agus arna luathú, agus feabhsuithe ar an gcomhphróiseas. Leis an gcomhoibriú feabhsaithe sin éascaítear úsáid teicneolaíochtaí nua ar mhaithe le spriocanna maidir le fuinneamh in-athnuaite a chomhlíonadh. Tá na gníomhaíochtaí sin ag tacú le soláthar chomhdhreasachtaí AP5 in AP5 maidir le soláthar ár gcláir le haghaidh seachadadh eangaí, lena n-áirítear naisc nua agus bainistíocht sócmhainní.
Comhoibriú Digiteach	**Rannpháirtíochtaí le OCTanna/ÚSTanna:** Tá OCT/ÚST tiomanta do shocruithe comhoibrithe a bharrfheabhsú maidir le malartú faisnéise chun tacú le hinfheistíocht sa líonra tarchuir a sholáthar faoi AP5.	**Rannpháirtíochtaí le OCTanna/ÚSTanna:** Cumasaítear comhroinnt eolais níos mó leo, rud a chuidíonn chun tionscadail agus cláir a sholáthar agus a chuireann dlús lenár gcumas bonneagar a sholáthar go tapa. Dul chun cinn i dtreo tionscadal comhpháirteach um malartú faisnéise digití atá iomlán comhordaithe agus lena gcomhlíontar an mhéadracht maidir le malartú Sonraí Sócmhainní agus Clár mar atá leagtha síos ag CRU faoi phlean comhdhreasachta AP5 idir OCTanna/ÚSTanna. Cumas méadaithe le hailíniú a chinntiú le spriocanna na bpáirtithe leasmhara, rud a chuireann borradh faoi mhuinín na bpáirtithe leasmhara.

Slata tomhais na rathúlachta

Sna táblaí thíos, tarraingímid aird ar rogha méadracha chun léiriú a thabhairt ar éifeachtacht ár gcuid rannpháirtíochta in 2025:

Tuairisc ar an méadrach:	Tionchar ár rannpháirtíochta:
An Phunann Seachadta Líonra (NDP)	Forbraíonn meitheal OCT/ÚST na tionscadail uile atá le teacht i gcomhpháirt chomh fada anonn le 2030 mar atá foilsithe sa Phunann Seachadta Líonra (NDP) ráithiúil. In NDP R3 2025 bhí 391 tionscadal san iomlán inar tuairiscíodh faoi thrí phríomh-gharsprioc mar a bhí Ceadú Caipitil EirGrid, Comhaontú Tionscadail le Líonraí BSL agus Fuinnmhiú. In 2025, lean EirGrid de bheith ag feidhmiú go láidir maidir le cinntí infheistíochta nua a fhormheas. D'fheidhmíomar go láidir i gcomhpháirt maidir le tionscadail a thabhairt ar láimh do Líonraí BSL ag céim an Chomhaontaithe Tionscadail, rud a chinntíonn go mbíonn tionscadail ag bogadh trína gcéimeanna saolré chomh fada leis an bhfuinnmhiú deiridh ar an mbealach is éifeachtaí is féidir.
Rannpháirtíocht Luath ar Chláir	Trí phlé le foirne Líonraí BSL níos luaithe ná mar a dhéantar le linn chéim thraidisiúnta Pharaiméadair Thionscadail Thiomnaithe (CPP), bhí na foirne tionscadail ábalta tairbhe a bhaint as ionchur agus comhairle sna réimsí seo a leanas: bailíochtú cláir, tógáilteacht, éaradh seirbhíse, iniúchtaí suímh agus straitéis soláthair/slabhra an tsoláthair. Leis an idirghníomhaíocht sin cuirtear gach gné den bhainistíocht tionscadail chun feabhais agus fágtar go mbíonn tairbhí ann i gcéimeanna forbartha agus soláthair na dtionscadal. In 2025, tháinig an próiseas sin chun bheith ina phróiseas 'gnó mar is gnách' a corpraíodh i bpróisis saolré tionscadal agus rannpháirtíochta OCT agus ÚST. Le linn 2025, chríochnaíomar rannpháirtíocht luath ar 14 thionscadal, agus thionscnaíomar rannpháirtíocht luath maidir le 6 thionscadal breise nua.
Feidhmíocht Olltoraidh an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP) 25	Sa bhliain 2025, críochnaíodh 23 cinn as na 31 babhta fuinnmhithe tionscadal ar tugadh tiomantas ina leith, agus léiríodh feidhmíocht olltoraidh láidir 74% don mhéadracht CAP25 sin.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár rannpháirtíocht le Líonraí BSL, déan teagmháil linn trín ár leathanach teagmhála anseo (agus 'rannpháirtíocht le Líonraí BSL' san ábhar).

Ár gcomhpháirtíocht leis an Oibreoir Córais Dáileacháin (OCD)



Léargas ginearálta

Tá an ceadúnas ag Líonraí BSL mar Oibreoir an Chórais Dáileacháin Leictreachais in Éirinn. Chun an t-aistriú fuinnimh a bhainistiú go héifeachtach, teastaíonn caidreamh leanúnach agus éifeachtach ó EirGrid ón OCD, inár ról mar Oibreoir Córais Tarchurtha (OCT).

Déantar ár gcomhoibriú le Líonraí BSL le haghaidh 2025 go 2029 a mhionsonrú i bPlean Ilbhliantúil OCD-OCT 2025- 2029. Tugtar mionsonraí sa phlean ilbhliantúil seo ar na príomhchúraimí agus garspriocanna a mbeidh an dá oibreoir córais ag obair ina dtreo. Tá an phleanáil le haghaidh thréimhse AP6 faoi lánseol faoi láthair agus foilseofar in 2026 í.

Mar atá leagtha amach sa phlean ilbhlianta, tá EirGrid agus Líonraí BSL ag obair le chéile chun dul chun cinn breise a dhéanamh ar an tSamhail Oibriúcháin OCT/OCD amach anseo. Tá sé mar aidhm ag an tSamhail Oibriúcháin seo bainistíocht níos fearr ar an gcóras agus comhordú feabhsaithe idir oibreoirí an chórais a chumasú. Tá an bhainistíocht agus an comhordú feabhsaithe seo ríthábhachtach chun cuspóirí aeráide an Rialtais a bhaint amach.

Straitéis

An Clár Comhpháirteach um Oibreoir Córais

Bhunaigh OCT agus OCD an Clár Comhpháirteach um Oibreoirí Córais (JSOP) in 2021 chun a chinntiú go bhfuil na hoibreoirí córais ag obair le chéile ar bhealach comhoibríoch agus éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais chórais go comhpháirteach agus réitigh chórais iomlána a sholáthar. Tá struchtúr láidir rialachais ag an gclár chun rannpháirtíocht leanúnach idir oibreoirí an chórais a chinntiú. Áirítear leis seo cruinnithe bainistíochta tionscadail seachtainiúla, chomh maith le cruinnithe bainistíochta míosúla agus cruinnithe feidhmiúcháin ráithiúla, chomh maith le socruithe ad-hoc, de réir mar is gá.

Meitheal Samhail Oibriúcháin OCT-OCD

D'fhonn dul chun cinn a dhéanamh ar Shamhail Oibriúcháin OCT-OCD, leanfaidh ionadaithe ag bualadh le chéile go rialta trí Mheitheal Samhail Oibriúcháin OCT-OCD. Is é aidhm an ghrúpa seo croí ghníomhaíochtaí dearaidh samhail oibriúcháin a chur chun cinn agus na forbairtí riachtanacha a dhearadh lena gcur i bhfeidhm.

Comhairle Chomhairleach SOEF

Tá ionadaíocht ag OCD ar Chomhairle Chomhairleach Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú (TLM) agus mar an gcéanna tá ionadaíocht ag EirGrid ar Chomhairle Chomhairleach Margaí Dáileacháin agus Oibriú Córais (DMSO) de chuid Líonraí BSL.

Cruinniú ráithiúil feidhmiúcháin

Leis na cruinnithe ráithiúla feidhmiúcháin seo, ligtear dúinn ailíniú leanúnach a dhéanamh le Líonraí BSL mar OCD thar roinnt cuspóirí straitéiseacha. Le chéile, baineann OCT agus OCD úsáid as na cruinnithe seo chun nuashonruithe a roinnt agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna tábhachtacha.

Ullmhacht riosca agus pleanáil éigeandála

Tá cumarsáid rialta agus thráthúil, arna comhordú le Líonraí BSL (mar OCD) agus le GNI, tá sí ríthábhachtach chun freagairt a chinntiú do theagmhais ar an gcóras cumhachta a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shlándáil an tsoláthair in earnáil an fhuinnimh. Oibríonn EirGrid go dlúth le Líonraí BSL agus GNI chun prótacail agus seoladh teachtaireachtaí i dtaca le cumarsáid éigeandála a fheabhsú le haghaidh rioscaí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann do shlándáil an tsoláthair.

Chomh maith leis sin, déanann EirGrid agus Líonraí BSL ár gcomhphlean teachtaireachtaí géarchéime a nuashonrú agus a thástáil go rialta, lena dtacaítear le hearnáil an fhuinnimh freagairt d'éigeandálaí sa chóras cumhachta faoin bPlean Cumarsáide Éigeandála don Chóras Cumhachta.

(Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi seo, féach ar ár gcaibidil maidir le slándáil an tsoláthair.)

Cruinniú de Phainéal Oibríochtaí an Chomhaontaithe Bonneagair

Oibríonn EirGrid agus Líonraí BSL i gcomhar go rialta trí Chruinnithe de Phainéal Oibríochtaí an Chomhaontaithe Bonneagair chun gnéithe oibríochtúla de na córais tarchurtha agus dáileacháin a chomhordú, lena n-áirítear éarthaí seirbhíse, pleanáil éigeandála, nósanna imeachta agus roinnt tionscnamh eile.

Tá na gealltanais thuas sa bhreis ar na rannpháirtíochtaí rialta eile go léir a ghlacann EirGrid agus Líonraí BSL orthu chun dlúthchomhordú leanúnach a chinntiú maidir le pleanáil agus oibriú na gCóras Tarchurtha agus Dáileacháin.

Cur i bhfeidhm

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Comhoibriú leis an gComhchlár um Oibreoir Córais (JSOP) chun aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar riachtanais an chórais agus réitigh chórais iomlána a sholáthar	**An Clár Comhpháirteach um Oibritheoir Córais (JSOP):** In 2025, chuaigh EirGrid i dteagmháil go rialta le páirtithe leasmhara trí chomhchruinnithe seachtainiúla um bainistíocht tionscadal, comhchruinnithe míosúla um bainistíocht, agus cruinnithe ráithiúla le feidhmeannaigh an chláir.	**An Clár Comhpháirteach um Oibritheoir Córais (JSOP):** Ba é toradh na gcruinnithe sin ná beart a dhéanamh de réir briathair ar fud ár gceithre bpríomhshruth oibre clár, lena n-áirítear: • Cur chuige Córais Iomláin. • Teicneolaíocht Nua a Éascú. • Córas Cumhachta Todhchaí Sláine. • Seoladh anuas gaoithe agus gréine a laghdú.
Samhail Oibriúcháin OCT-OCD don todhchaí a fhorbairt lena ndéantar príomhghníomhaíochtaí oibriúcháin maidir le dearadh samhlacha a chur chun cinn agus lena ndéantar na gníomhaíochtaí riachtanacha a scópáil lena gcur i bhfeidhm	**Samhail Oibriúcháin OCT-OCD:** I gcaitheamh 2025, tháinig EirGrid agus Líonraí BSL le chéile trí chruinnithe seachtainiúla, agus bhí grúpa ceannaireachta rannpháirteach uair sa mhí freisin. Rinneadh éascaíocht ar chruinnithe rialta le SÁnna ón dá eagraíocht chun ailíniú a chinntiú de réir mar a rinneadh dul chun cinn ar ghníomhaíochtaí deartha. Eagraíodh cruinnithe *ad hoc* de réir mar ba ghá. Tionóladh cruinnithe rialta leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) agus leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (DCEE) i gcaitheamh na bliana freisin chun iad a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn a rinneamar agus chun aiseolas a bhailiú de réir mar a chuaigh an tionscadal ar aghaidh.	**Samhail Oibriúcháin OCT-OCD:** Trí chomhoibriú leanúnach, lean EirGrid agus Líonraí BSL de Shamhail Oibriúcháin OCT-OCD a fhorbairt, rud a d'fhág gur cuireadh dréacht mionsonraithe ar fáil ag deireadh 2025.
Dul i mbun rannpháirtíochta leis an tionscal maidir le Samhail Oibriúcháin OCT-OCD don todhchaí	**Dul i mbun rannpháirtíochta leis an tionscal maidir le Samhail Oibriúcháin OCT-OCD don todhchaí:** I mí na Nollag 2025, chuir EirGrid agus Líonraí BSL eolas chun dáta ar fáil don tionscal maidir le dul chun cinn Shamhail Oibriúcháin OCT-OCD, lenar áiríodh forbhreathnú ar na 4 phríomhchoincheap laistigh den dearadh, agus eolas chun dáta maidir le pleananna do chur i bhfeidhm.	**Dul i mbun rannpháirtíochta leis an tionscal maidir le Samhail Oibriúcháin OCT-OCD don todhchaí:** Bhí thart ar 110 rannpháirtí páirteach inár seimineár gréasáin tionscail maidir le Samhail Oibriúcháin OCT-OCD na todhchaí. Tá an rannpháirtíocht sin ríthábhachtach toisc go gcuidíonn sí le páirtithe leasmhara sa tionscal tuiscint a fháil ar phríomhchoincheapa a mbeidh tionchar acu ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn siad leis an eangach.


Slata tomhais na rathúlachta

Sna táblaí thíos, tarraingímid aird ar rogha méadracha chun léiriú a thabhairt ar éifeachtacht ár gcuid rannpháirtíochta in 2025:

Tuairisc ar an méadrach:	Méadrach:	An chaoi a léiríonn sé sin rannpháirtíocht éifeachtach:
An tSamhail Oibriúcháin a Sholáthar	Samhail Oibriúcháin Ardleibhéil comhaontaithe, lena n-áirítear bealaí oibre, amlínte, raon feidhme na hoibre, príomhghníomhaíochtaí, agus réimsí riachtanacha saineolais. Trí chomhoibriú leanúnach, lean EirGrid agus Líonraí BSL de Shamhail Oibriúcháin OCT-OCD a fhorbairt, agus bhí dréacht fíoraibí den dearadh coincheapa mionsonraithe ann ag deireadh 2025.	In 2025, tá obair shuntasach seachadta ag EirGrid agus Líonraí BSL chun leanúint leis an dearadh coincheapúil mionsonraithe ar an tsamhail oibriúcháin OCT-OCD a fhorbairt. Leanann an dá oibritheoir córais de bheith ag obair i gcomhar trínár struchtúr láidir rialachais.
An líon cruinnithe/ ceardlann a tionóladh idir Líonraí BSL, CRU agus DECC	Ceardlanna JSOP: 6 CRU: 2 DCEE: 1 Tionscal: 1	Trí na cruinnithe rialta sin, tugann EirGrid agus Líonraí BSL aghaidh le chéile ar chuspóirí an Choimisiúin um Rialáil Fóntais (CRU) maidir le comhordú OCD/OCT, agus an tráth céanna tacaíonn siad le fás na sochaí agus an gheilleagair mar aon le cuspóirí fadtéarmacha na hÉireann i dtaobh an bheartais aeráide agus fuinnimh a bhaint amach.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár rannpháirtíocht le Líonraí BSL, déan teagmháil linn trín ár leathanach teagmhála anseo (agus 'rannpháirtíocht le Líonraí BSL' san ábhar).

Slándáil an tsoláthair



Léargas ginearálta

Tá EirGrid freagrach as córas tarchurtha sábháilte, slán agus iontaofa a oibriú agus a fhorbairt – anois agus sa todhchaí. Oibrímid, forbraímid agus feabhsaímid an eangach leictreachais agus an margadh, rud a threoraíonn aistriú na hÉireann chuig todhchaí fuinnimh in-athnuaite ísealcharbóin.

Déanann Lárionad Náisiúnta Rialaithe EirGrid monatóireacht ar éilimh fuinnimh na hÉireann agus déanann sé soláthar agus éileamh a chomhardú go cúramach i gcónaí. Leanfaidh EirGrid ag freastal ar riachtanais maidir le fás an éilimh ar leictreachas in Éirinn agus é ag bainistiú dinimic chasta agus athraitheach idir an soláthar agus an t-éileamh. Cé go bhfuil feabhas tagtha ar chás leordhóthanacht an chórais le hacmhainn nua agus le giniúint éigeandála neamhmhargaidh a thabhairt isteach, agus d'fhéadfadh sé gur beag an chothromaíocht a bheidh ann idir soláthar agus éileamh ag amanna áirithe.

Tar éis tionscnaimh a forbraíodh faoi Chlár CRU um Shlándáil an tSoláthair a leabú i ngnáthphróisis ghnó, in 2026 leanfaidh EirGrid de bheith ag díriú ar sholáthar slán a chinntiú agus feabhsuithe leanúnacha a dhéanamh ar a phróisis maidir le hullmhacht i leith rioscaí agus práinnfhreagairt.

Sa chlár sin áirítear cumarsáid réamhghníomhach ar ionchas an chórais i gcaitheamh achair éagsúla ama (achair fíor-ama, seachtain roimh ré, séasúracha, agus i gcás tréimhse 10 mbliana).

Déanaimid clár ilbhliantúil um ullmhacht i leith rioscaí agus pleanáil éigeandála a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, ag obair go dlúth lenár bpríomhpháirtithe leasmhara, is iad sin DCEE, CRU, gníomhaireachtaí na hEarnála Fuinnimh (GNI, ESBN, agus NORA), chomh maith leis an Oifig Pleanála Éigeandála, custaiméirí, rannpháirtithe sa mhargadh, agus Ranna Earnála an Rialtais. Tá sceideal na gcleachtaí sin leagtha amach sa Phlean Riosca-Ullmhachta d'Éirinn, arna eisiúint ag CRU.

Straitéis

Leordhóthanacht an chórais agus ceantanna margaidh toillte

Déanann EirGrid dlúthmhonatóireacht ar sheachadadh tionscadail rathúla ceantanna margaidh toillte, agus tacaímid leis an gcéanna (féach ár gcaibidil ar Oibriú agus forbairt na heangaí agus an mhargaidh le haghaidh tuilleadh sonraí fúthu). I gcás ina meastar nach gcomhlíonfar riachtanais an chórais le soláthar na hacmhainne sin, molaimid go ndéanfar gníomhartha chun aghaidh a thabhairt orthu sin.

Giniúint éigeandála shealadach agus ceantanna an mhargaidh acmhainne mar chuid d'aonaid atá ann cheana a choinneáil

Ó bhí 2021 ann, tá EirGrid i gceannas ar sholáthar dhá thráinse de Ghiniúint Éigeandála Shealadach (TEG) arb ionann iad agus 653 Meigeavata san iomlán agus a oibríonn lasmuigh de shocruithe an mhargaidh i gcomhréir le ceanglais Airteagal 16(2) de Rialachán an AE maidir le Riosca-Ullmhacht in Earnáil an Leictreachais.

Ina theannta sin, bhí EirGrid i gceannas ar chlár oibre le BSL chun oibriú gineadóirí níos sine a leathnú ar mhaithe le slándáil an tsoláthair. Ón 1 Iúil 2025 ar aghaidh, oibríonn trí aonad ag Gob na Muine (750 MW san iomlán) lasmuigh de shocruithe an mhargaidh i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin.

Déanaimid monatóireacht ar an gcóras cumhachta i bhfíor-am agus oibrímid le hoibreoirí na n-aonad sin lena chinntiú go ndéantar iad a thástáil agus go bhfuil na prótacail i bhfeidhm le go seolfar iad nuair a cheanglaítear amhlaidh de bharr dhálaí an chórais.

Riosca-Ullmhacht

Tacaímid le CRU chun an Plean Riosca-Ullmhachta (RPP) d'Éirinn a fhorbairt gach 4 bliana, mar a cheanglaítear faoin Rialachán maidir le Riosca-Ullmhacht in Earnáil an Leictreachais, agus glacaimid páirt sa Mheasúnú Riosca Náisiúnta (NRA) d'Éirinn gach 3 bliana.

Tá EirGrid gníomhach freisin ar leibhéal Eorpach i struchtúir stiúrtha agus oibre éagsúla i Líonra Eorpach na nOibreoirí Córais Tarchurtha don Leictreachas (ENTSO-E) a bhaineann le riosca-ullmhacht agus pleanáil éigeandála. Áiríodh leis sin dul i mbun oibre leis an CRU i ndáil le cásanna géarchéime leictreachais réigiúnacha a shainaithint, mar a cheanglaítear faoi Rialachán (AE) 2019/941.

Glacann EirGrid páirt in dhá chruinniú dhébhliantúla le páirtithe leasmhara maidir le pleanáil éigeandála, is é sin an fóram ilghníomhaireachta um Pleanáil Éigeandála Gáis agus Leictreachais (GEEP) arna thionól ag CRU, agus fóram Shlándáil Soláthair Gáis agus Leictreachais na Ríochta Aontaithe / na hÉireann.

Ullmhacht i gcás éigeandála

Tá clár cleachtaí ionsamhlúcháin éigeandála leagtha amach sa Phlean Riosca-Ullmhachta d'Éirinn. Tugann an clár seo aghaidh ar chleachtaí oibríochtúla agus ilpháirtithe leasmhara araon.

D'éirigh linn cleachtaí bliantúla ilpháirtithe leasmhara san earnáil fuinnimh a stiúradh ó 2021 i leith, lena mbaineann DCEE, CRU, Líonraí Gáis Éireann, an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (NORA) agus Líonraí BSL, chun ár bprótacail freagartha éigeandála a thástáil, agus d'ionchorpraíomar ceachtanna a foghlaimíodh agus aiseolas páirtithe leasmhara ó chleachtaí roimhe seo.

Tá freagairt na hearnála fuinnimh, faoi stiúir na Comhfhoirne Freagartha Éigeandála Fuinnimh (JEERT) leagtha amach i bPlean Cumarsáide Éigeandála Chóras Cumhachta EirGrid (PSECP). Thug an plean seo aghaidh freisin ar chomhtháthú le struchtúir NECG agus ar riachtanais chumarsáide le páirtithe leasmhara Eorpacha eile amhail an Coimisiún Eorpach (DG Ener), an Grúpa Comhordaithe Leictreachais (ECG), agus OCTanna Eorpacha, trí Líonra Eorpach na nOibreoirí Córais Tarchurtha don Leictreachas (ENTSO-E).

Thacaigh EirGrid freisin le DCEE agus cleachtaí an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála (NECG) á gcur i gcrích san Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí.

I measc na gcleachtaí oibríochtúla tá rannpháirtíochtaí éigeandála idir-seomraí rialaithe de chuid EirGrid agus Líonraí BSL, chomh maith le treoracha éigeandála agus rannpháirtíochtaí le hÚsáideoirí Móra Fuinnimh (LEUnna) agus gineadóirí.

Comhoibriú le DCEE, CRU agus oibreoirí eile san earnáil fuinnimh

Déanann EirGrid athbhreithniú bliantúil ar Phlean Cumarsáide Éigeandála an Chórais Cumhachta (PSECP), a shainmhíníonn na róil, na freagrachtaí agus na prótacail don earnáil fuinnimh maidir le freagairt d'éigeandálaí móra an chórais cumhachta. Cuimsíonn an plean DCEE, CRU, EirGrid, GNI, Líonraí BSL, agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Chúltaca Ola (NORA). Leagtar amach ann freisin an chaoi a n-idirghníomhaíonn na hOibritheoirí leis an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála (NECG) i gcás géarchéime in earnáil an fhuinnimh.

Comhoibriú le DCEE agus GIS

D'oibrigh EirGrid le DCEE agus le Seirbhís Faisnéise an Rialtais chun an foghrúpa Cumarsáide maidir le hÉigeandáil Fuinnimh a bhunú, ar foghrúpa é a ghníomhachtaítear faoin nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála (NECG) i gcás éigeandála náisiúnta. Leantar den fhoghrúpa sin a fheidhmiú nuair a dhéantar cleachtaí ilpháirtithe leasmhara leis an NECG.

Comhoibriú le Líonraí BSL agus le GNI maidir le cumarsáid éigeandála

Tá cumarsáid rialta agus thráthúil, arna comhordú le Líonraí BSL (mar OCD) agus le GNI, tá sí ríthábhachtach chun freagairt a chinntiú do theagmhais ar an gcóras cumhachta a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shlándáil an tsoláthair in earnáil an fhuinnimh. Oibríonn EirGrid go dlúth le Líonraí BSL agus GNI chun prótacail agus seoladh teachtaireachtaí i dtaca le cumarsáid éigeandála a fheabhsú le haghaidh rioscaí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann do shlándáil an tsoláthair.

Chomh maith leis sin, déanann EirGrid agus Líonraí BSL ár gcomhphlean teachtaireachtaí géarchéime a nuashonrú agus a thástáil go rialta, lena dtacaítear le hearnáil an fhuinnimh freagairt d'éigeandálaí sa chóras cumhachta faoin bPlean Cumarsáide Éigeandála don Chóras Cumhachta.

Staid an chórais agus cumarsáid ionchais

Eisíonn EirGrid Ionchas Corrlaigh an Chórais ar bhonn coicísiúil a sholáthraíonn ionchas ceithre lá do chustaiméirí agus do rannpháirtithe sa mhargadh ar staid an chórais maidir le giniúint in-athnuaite agus theirmeach atá ar fáil chun freastal ar an éileamh arna réamh-mheas.

Eisíonn EirGrid tuarascáil gach 3 mhí freisin maidir le laghduithe ar Ghlan-toilleadh an Aistrithe a cuireadh i bhfeidhm ar onnmhairí Idirnascaire ag amanna nuair a bhí corrlaigh lá roimhe ré docht.

D'eiseofaí cumarsáid Foláirimh Córais agus staide Éigeandála i bhfíor-am i gcás imní maidir le slándáil an tsoláthair. Eiseofar 'Foláireamh Corrlaigh' freisin do rannpháirtithe sa mhargadh i bhfíor-am nuair a sheachnaítear Foláireamh nó staideanna córais Éigeandála leis na haonaid Giniúna Éigeandála Sealadaí atá ar fáil. Cuirfear rannpháirtithe sa mhargadh ar an eolas freisin faoi rioscaí corrlaigh nuair a bhíonn gá féideartha ann glaoch ar Aonaid Reatha Choinnithe (Gob na Muine 1, 2, agus 3). Ós rud é gur féidir go mbeidh os cionn 48 uair an chloig i gceist chun na haonaid sin a thabhairt isteach sa chóras, tá sé beartaithe leis an bhfógra maidir le "Riosca Easnaimh Corrlaigh" a eisítear don Mhargadh, an Margadh a spreagadh chun freastal ar an easnamh féideartha agus na haonaid sin á dtéamh suas chun bearna a líonadh, sa chás nach mbeadh an margadh in ann freastal air sin.

Cur i bhfeidhm

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Dul i mbun rannpháirtíocht le hÚsáideoirí Móra Fuinnimh (LEUnna) maidir le ceanglais i dtaca le solúbthacht éilimh agus laghdú éilimh éigeandála	**Solúbthacht éilimh agus laghdú éilimh éigeandála:** In 2025, lean EirGrid agus CRU ag plé le hÚsáideoirí Móra Fuinnimh (LEUnna) maidir le riachtanais i dtaca le solúbthacht éilimh agus laghdú éilimh éigeandála. **Feidhmíocht LEU:** In 2025, áiríodh ar na rannpháirtíochtaí seo plé sonrach chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe feidhmíochta teicniúla de roinnt Saoráidí Móréilimh le linn lochtanna móra sa chóras.	**Solúbthacht éilimh agus laghdú éilimh éigeandála:** Leis na rannpháirtíochtaí seo, cumasaíodh cumarsáid leanúnach agus thráthúil le hÚsáideoirí Móra Fuinnimh (LEUnna) agus an gá féideartha le ciorrú deonach agus éigeantach araon ar an éileamh de réir mar a leanaimid orainn ag cothromú an tsoláthair agus an éilimh. **Feidhmíocht LEU:** Ba é ba thoradh ar rannpháirtíochtaí teicniúla in 2025 le Saoráidí Móréilimh ná an moladha thug EirGrid i láthair i mí na Samhna 2025.
Ullmhacht riosca agus pleanáil éigeandála	**Riosca-ullmhacht agus pleanáil éigeandála:** Ag EirGrid, déanaimid clár ilbhliantúil ullmhachta riosca agus pleanála éigeandála a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, ag obair go dlúth lenár bpríomhpháirtithe leasmhara, is iad sin DCEE, CRU, gníomhaireachtaí na hEarnála Fuinnimh (GNI, ESBN, agus NORA), an Oifig um Pleanáil Éigeandála, custaiméirí, rannpháirtithe sa mhargadh, agus Ranna Earnála an Rialtais. I measc na rannpháirtíochtaí bhí cleachtaí oibríochtúla amhail rannpháirtíochtaí éigeandála sna seomraí rialaithe idir EirGrid agus Líonraí BSL, chomh maith le treoracha éigeandála agus rannpháirtíochtaí le hÚsáideoirí Fuinnimh Móra (LEUnna) agus gineadóirí.	**Riosca-ullmhacht agus pleanáil éigeandála:** In 2025, leanamar de thacaíocht a thabhairt do CRU maidir leis an bPlean Ullmhachta Riosca nuashonraithe a fhorbairt, mar atá mionsonraithe inár rannán thuas maidir le Riosca-ullmhacht agus pleanáil éigeandála. Rinne CRU comhairliúchán maidir leis an bplean sin in 2025 agus foilsíodh i mí Eanáir 2026 é. Bhí na rannpháirtíochtaí seo ina gcuidiú lena chinntiú go bhfuil prótacail shoiléire i bhfeidhm ar mhaithe le freagairt rianúil i gcás éigeandáil náisiúnta a théann i bhfeidhm ar shlándáil an tsoláthair. Rud atá suntasach san athbhreithniú is déanaí ar RPP ná go bhfuil prótacail ann atá bainteach le glaoch ar Aonaid Reatha Choinnithe chun géarchéim leictreachais a sheachaint.
Comhoibriú le Líonraí BSL chun ár gcumas a chinntiú chun freagairt do theagmhais ar an gcóras cumhachta a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shlándáil an tsoláthair	**Comhoibriú le Líonraí BSL:** I gcaitheamh na bliana, oibríonn EirGrid go dlúth le Líonraí BSL chun prótacail éigeandála a fheabhsú le haghaidh rioscaí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann do shlándáil an tsoláthair. Chomh maith leis sin, déanann EirGrid agus Líonraí BSL a gcomhphlean teachtaireachtaí géarchéime a nuashonrú agus a thástáil go rialta.	**Comhoibriú le Líonraí BSL:** Tá cumarsáid rialta agus thráthúil le Líonraí BSL ríthábhachtach chun freagairt a chinntiú do theagmhais ar an gcóras cumhachta a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shlándáil an tsoláthair. Áiríodh lenár gcuid oibre in 2025 forbairt leanúnach a dhéanamh ar ár gcomhphlean teachtaireachtaí géarchéime chun a chinntiú go seachadfar teachtaireachtaí comhsheasmhacha do lucht féachana níos leithne, lena n-áirítear na meáin agus an pobal i gcoitinne. Baineadh feidhm as i mí Mheán Fómhair 2025.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Foilsiú tráthúil na tuarascála seachtainiúla um Ionchas ar Chorrlaigh Chórais	**Tuarascáil Ionchais ar Chorrlaigh Chórais:** Is tuarascáil faoi dhó sa tseachtain í seo lena soláthraítear comhartha luathrabhaidh maidir le ganntanas an chórais do chustaiméirí éilimh.	**Tuarascáil Ionchais ar Chorrlaigh Chórais:** D'fhorbair EirGrid an tionscnamh seo mar fhreagairt ar aiseolas ó chustaiméirí chun rabhadh a thabhairt nuair a bhíonn ganntanas sa chóras; Is dócha go seolfar Aonaid Éilimh (DSU); agus is féidir Ciorrú Éilimh Éigeantach (MDC) a agairt. Tuigimid go bhfuil cumarsáid shoiléir agus chomhsheasmhach ríthábhachtach agus níl sa tuarascáil Ionchais ar Chorrlaigh Chórais ach ceann de na bealaí a dhéanaimid iarracht é seo a sholáthar.
Foilsiú tráthúil an Mheasúnaithe Uile-Oileáin ar Leordhóthanacht Acmhainní (AIRAA)	**Measúnú Uile-Oileáin ar Leordhóthanacht Acmhainní (AIRAA):** Cuireadh AIRAA, a shonraítear faoi Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2019/943, in ionad an Ráitis bhliantúil maidir le Toilleadh Giniúna (GCS) lena ndéantar réamhaisnéis ar an leordhóthanacht giniúna sna 10 mbliana amach romhainn. Mar chuid den phróiseas seo, déanaimid teagmháil le páirtithe leasmhara chun dul i gcomhairle maidir leis na hionchuir agus na toimhdí a úsáidimid don mheasúnú agus na torthaí a roinnt leo nuair a bheidh an anailís críochnaithe. Áirítear sa tuarascáil Achoimre i mBéarla Simplí chun inrochtaineacht na faisnéise a fheabhsú dár bpáirtithe leasmhara, tar éis dár bpáirtithe leasmhara fáilte dhearfach a chur roimpi agus aiseolas dearfach a thabhairt dúinn air sin le haghaidh GCS.	**Measúnú Uile-Oileáin ar Leordhóthanacht Acmhainní (AIRAA):** Foilsíodh an AIRAA den chéad uair i mí an Mhárta 2025, ag teacht in ionad an Ráitis um Thoilleadh Giniúna. Tugann an tuarascáil seo deis don tionscal, don rialtas, do rialtóirí agus do pháirtithe leasmhara eile an t-aistriú go fuinneamh in-athnuaite a éascú, ag tacú le fás sóisialta agus eacnamaíoch sa todhchaí, agus ag an am céanna oibriú slán agus athléimneach an chórais leictreachais a chinntiú. Baintear úsáid as torthaí an mheasúnaithe seo freisin chun bonn eolais a chur faoi Cheantanna um Thoilleadh an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEM), meicníocht chun a chinntiú go leanfaidh an soláthar leictreachais in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ag freastal ar an éileamh amach anseo. Cuirtear measúnú ar fáil sa tuarascáil freisin ar thionchar na giniúna neamh-mhargaidh i dtaobh aghaidh a thabhairt ar easnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le toilleadh.
Foilsiú tráthúil na tuarascála bliantúla um Ionchas Geimhridh	**Ionchas Geimhridh:** Leis an Ionchas Geimhridh soláthraítear anailís ar an ionchas slándála soláthair don gheimhreadh atá le teacht. Foilsíodh Ionchas Geimhridh 2025 ar an 16 Deireadh Fómhair 2025.	**Ionchas Geimhridh:** Leis an Ionchas Geimhridh cuidítear chun an tionscal leictreachais a chur ar an eolas faoin gcothromaíocht atá le teacht idir soláthar agus éileamh agus tacaítear le hullmhú comhpháirteach do na míonna amach romhainn ag an am céanna. Go háirithe, tugann sé an staid maidir le leordhóthanacht an gheimhridh laistigh den chaighdeán.

Slata tomhais na rathúlachta

Sna táblaí thíos, tarraingímid aird ar rogha méadracha chun léiriú a thabhairt ar éifeachtacht ár gcuid rannpháirtíochta in 2025:

Tuairisc ar an méadrach:	Méadrach:	An chúis a léiríonn sé seo rannpháirtíocht éifeachtach:
Gníomhartha in Earnáil an Fhuinnimh	1	In 2025, bhí EirGrid i gceannas ar ghníomh earnála fuinnimh le GNI, Líonraí BSL, DECC, CRU, agus an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (NORA). Sa ghníomh sin, cuireadh Plean Cumarsáide Éigeandála an Chórais Cumhachta i bhfeidhm maidir le Cás Lándorchaithe (cosúil leis an lándorchú a thit amach ar Leithinis na hIbéire ar an 28 Aibreán 2025). Ceanglaítear leis an bPlean Riosca-Ullmhachta go dtabharfaí faoi cheann de na gníomhartha sin gach bliain. Tháinig saineolaí ábhair ón bPortaingéil isteach sa ghníomh in EirGrid agus san Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí mar bhreathnóir, rud a thugann léargas luachmhar ar an bhfreagairt sa Phortaingéil i mí Aibreáin 2025. Tá sé beartaithe toradh an ghnímh earnála fuinnimh seo a úsáid mar ionchur le dearadh gnímh de chuid an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála (NECG) ag DCEE (mar aon le ranna earnála uile an Rialtais) in 2026. Tá na cleachtaí sin ríthábhachtach mar thaca le hullmhacht riosca agus pleanáil éigeandála na hÉireann.
Tuarascálacha Ionchais ar Chorrlaigh Chórais	104	Mar chuid dá phleanáil éigeandála, eisíonn EirGrid Ionchas Corrlaigh an Chórais dhésheachtainiúil a sholáthraíonn ionchas ceithre lá do chustaiméirí agus do rannpháirtithe sa mhargadh ar staid an chórais maidir le giniúint in-athnuaite agus theirmeach atá ar fáil chun freastal ar an éileamh réamhaisnéise. Is é is aidhm dó sin ná cumarsáid réamhghníomhach maidir le dálaí an chórais cumhachta a fheabhsú. Rinneadh feabhsú ar an tuarascáil seo in 2025 chun TEG agus REU a chuimsiú san ionchas araon, rud a chuireann léargas luachmhar ar fáil ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don chóras, go háirithe le linn tréimhsí ina bhfuil leibhéil ísle FIF, nuair ba ghá glaoch ar na haonaid neamh-mhargaidh seo chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le toilleadh.

Tuairisc ar an méadrach:	Méadrach:	An chúis a léiríonn sé seo rannpháirtíocht éifeachtach:
Foláirimh Chorrlaigh agus fógraí maidir le Riosca Easnaimh Corrlaigh	7 bhFoláireamh Corrlaigh 1 Fholáireamh maidir le Riosca Easnaimh Corrlaigh	Eisítear foláirimh chorrlaigh faoi dhálaí córais daingne nuair a bheadh an córas tar éis dul isteach i Staid Foláirimh murach na haonaid Giniúna Éigeandála Sealadaí (TEG) a bheith ann. In 2025, d'eisigh EirGrid seacht bhfoláireamh corrlaigh (4 cinn in 2024). An 1 Iúil 2025, thug EirGrid isteach cumarsáid maidir le heasnaimh shuntasacha corrlaigh roinnt laethanta roimh ré (fógraí Riosca Easnaimh Corrlaigh), roimh choinníollacha córais an-daingean nuair a d'fhéadfaí glaoch ar aonaid atá ann cheana féin a choinneáil. Eisíodh ceann díobh sin an 22 Samhain agus cealaíodh é an 25 Samhain. Le Foláirimh Chorrlaigh agus fógra maidir le Riosca Easnaimh Corrlaigh, soláthraítear trédhearcacht don mhargadh nuair a bhíonn an tOibritheoir Córais ag brath ar na haonaid Giniúna Éigeandála Sealadaí chun corrlaigh leordhóthanacha a choinneáil ar bun sa chóras. Le Foláirimh Chorrlaigh freisin cinntítear go bhfuil feasacht níos mó ag oibritheoirí aonaid TEG go b'fhéidir go nglaofaí orthu ar fíor-ghearrfhógra. Le fógraí maidir le Riosca Easnaimh Corrlaigh freisin cuirtear an margadh ar an eolas i bhfad roimh thréimhsí daingne go mb'fhéidir go mbeadh toilleadh an chórais atá ar fáil neamhleor, chun níos mó toilleadh margaidh a chur ar fáil (agus ar an gcaoi sin seachnaítear an gá atá leis na hAonaid Reatha Choinnithe a nascadh chun an t-easnamh a chomhlíonadh).
Foláirimh Chórais i gcás rabhaidh aimsire	1	Eisíodh aon Fholáireamh Córais amháin i gcás rabhadh adhaimsire a bhain le Stoirm Éowyn (an 24 Eanáir 2025) chun riosca méadaithe maidir le héaradh tarchuir éigeantach a chur in iúl. Eisítear Foláirimh Chórais do rannpháirtithe sa mhargadh lena chinntiú go bhfuil siad ar fáil agus ullmhaithe i gcás teagmhais i bhfianaise an riosca mhéadaithe atá ann don bhonneagar tarchuir. Leis na foláirimh sin freisin cuirtear Úsáideoirí Móra Fuinnimh (LEUnna) ar an eolas faoin riosca méadaithe sa chóras cumhachta. D'fhéadfaí glaoch ar na LEUnna sin an t-éileamh a laghdú más gá, i gcás ina rachadh na dálaí in olcas. Níor eisíodh aon Fholáireamh Córais in 2025 ar chúiseanna leordhóthanachta (corrlaigh dhochta), mar gheall ar aonaid TEG agus REU a bheith ar fáil.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara maidir le slándáil an tsoláthair, déan teagmháil linn trín ár leathanach teagmhála anseo (cur 'Slándáil an tSoláthair' san ábhar).



Taighde ar fhuinneamh



Léargas ginearálta

Tá go leor dúshlán casta ag baint le freastal ar éilimh fuinnimh an lae amárach agus teastaíonn claochlú suntasach chun dul i dtreo todhchaí níos inbhuanaithe. In 2025, lean EirGrid de bheith ag obair chun réitigh éifeachtacha a shainaithint le linn dó raon leathan teicneolaíochtaí nua a ghlacadh chuige féin. Lenár Straitéis Nuálaíochta agus Rannpháirtíochta, soláthraíodh creat soiléir chun an iarracht sin a threorú ar na bealaí seo a leanas:

- Dul i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí taighde saineolacha chun nuálaíocht na heangaí a bhrú chun cinn.
- Dul i dteagmháil le hInstitiúidí Ardoideachais agus Eagraíochtaí a Dhéanann Taighde chun píblíne láidir tallainne ina bhfuil céimithe agus taighdeoirí a chothú.
- Tacú le treo an taighde ar fud oileán na hÉireann agus na hEorpa le bheith ar aon dul lenár spriocanna straitéiseacha.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí sa taighde agus sa nuálaíocht ar fud an tionscail agus an tsaoil acadúil.
- Léargas agus treochtaí atá ag teacht chun cinn a chomhroinnt le foireann EirGrid chun malartú eolais a éascú.
- Páirtithe leasmhara a choinneáil ar an eolas agus nuálaíocht a chothú ar fud na heagraíochta.

Straitéis

Trí rannpháirtíocht fhairsing, tá sé mar aidhm ag EirGrid nuálaíocht a chothú ar fud ár n-eagraíochta chomh maith lena chinntiú go roinnimid agus go bhfaighimid léargas ar an taighde is déanaí chun tacú lenár ndul chun cinn. I measc na gcainéal seo tá boird chomhairleacha tionscail chomh maith le hinstitiúidí acadúla, fóraim agus painéil éagsúla.

ENTSO-E

Tá EirGrid ina bhall gníomhach den Líonra Eorpach d'Oibritheoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E). Díríodh ar dhá phríomhchoiste lenár rannpháirtíocht in 2025:

- Coiste Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta (RDIC)
- Coiste um Fhorbairt Córais (SDC)

Cinntíonn na struchtúir sin go ndéantar ionadaíocht ar riachtanais agus dearcthaí na hÉireann i nuálaíocht agus pleanáil córais fhadtéarmach na hEorpa.

Coiste Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta (RDIC)

Comhordaíonn RDIC tosaíochtaí nuálaíochta OCTanna na hEorpa. Trí RDIC, oibríonn EirGrid le OCTanna Eorpacha eile maidir le forbairt Threochlár RDI, comhroinnt eolais, iarrachtaí caighdeánaithe, agus comhfhorbairt tionscadal. In 2025, chuaigh EirGrid i dteagmháil le OCTanna comhpháirteacha trí na meithleacha agus tascfhórsaí seo a leanas:

Forbairt Taighde agus Pleanáil Nuálaíochta Lean EirGrid de bheith ag tacú le forbairt an ardáin Technopedia, ar uirlis measúnaithe teicneolaíochta chomhroinnte é d'Oibritheoirí Córais Tarchurtha (OCDanna) agus Oibritheoirí Córais Dáilte (OCDanna).

Is ann do rannpháirtíocht EirGrid trí Thascfhórsa Technopedia chun cuidiú lena chinntiú go mbíonn an t-ardán cruinn agus cuimsitheach i gcónaí maidir le meastóireacht a dhéanamh ar réitigh atá ag teacht chun cinn ar fud eangach na hEorpa.

Slándáil agus Oibríochtaí Mheitheal an Lae Amárach

In 2025, chuaigh EirGrid i dteagmháil le hOibreoirí Córais Eorpacha eile chun comhfhorbairt a dhéanamh ar threochlár ENTSO-E maidir le hoibríocht shlán athléimneach córais, rud a chinntíonn ailíniú le dea-chleachtais Eorpacha eile.

An Mheitheal um Chórais Fuinnimh na Todhchaí

Chuaigh EirGrid i mbun obair chomhoibríoch le páirtithe leasmhara um Chórais Fuinnimh na Todhchaí chun athbhreithniú agus beartú tosaíochta a dhéanamh ar thograí le haghaidh cúig thascfhórsa nua in 2026, rud a mhúnlaíonn clár oibre leanúnach nuálaíochta ENTSO-E go díreach.
Rannchuidigh EirGrid freisin le réitigh bunaithe ar shatailítí a fhiosrú maidir le pleanáil na heangaí agus monatóireacht uirthi.

An Mheitheal Dhigiteach agus Chumarsáide

In 2025, bhí EirGrid gafa leis an Tascfhórsa maidir leis an Intleacht Shaorga faoin Meitheal Dhigiteach agus Chumarsáide, agus chuir sé saineolas ar fáil chun comhfhorbairt a dhéanamh ar threochlár maidir le glacadh theicneolaíochtaí IS ar fud na OCTanna chun oibríochtaí na heangaí a chur chun feabhais.

Coiste um Fhorbairt Córais

Déanann an Coiste um Fhorbairt Córais comhordú ar phleanáil agus forbairt córais tarchuir leictreachais Eorpach atá slán, inbhuanaithe agus eacnamúil. Is é an misean atá aige ná idir-inoibritheacht, iontaofacht agus slándáil a chinntiú agus margadh leictreachais dea-fheidhmiúil á chumasú an tráth céanna. Déanann SDC formhaoirseacht ar phríomhghníomhaíochtaí pleanála amhail an Plean Forbartha Líonra Deich mBliana, Measúnú Eorpach ar Leordhóthanacht Acmhainní, cruthú creatlaí cáis, agus cóid líonra chun eangach Eorpach atá slán, inbhuanaithe agus idir-inoibritheach a chinntiú.

In 2025 bhí EirGrid rannpháirteach in SDC trí roinnt tionscnamh lena n-áirítear:

- **Measúnú Eorpach ar Leordhóthanacht Acmhainní** – Rud a sholáthraíonn sonraí maidir le córas na hÉireann, ionchur ó shaineolaithe agus aiseolas ar mhodheolaíochtaí leordhóthanachta chun tacú le measúnuithe ar fud na hEorpa.
- **Plean Forbartha Líonra Deich mBliana** – Páirt a ghlacadh i bhforbairt cásanna, modheolaíochtaí anailíse costais is tairbhe, agus tionscnaimh um chomhchuibhiú sonraí (lena n-áirítear an Tascfhórsa um Shonraí Straitéiseacha agus Samhlacha WG agus an Chatalóg Sonraí).

Leis na rannpháirtíochtaí sin cinntíodh go ndearnadh ionadaíocht chomhsheasmhach do chóras na hÉireann i bpróisis phleanála na hEorpa.



Tuarascáil Bhliantúil Nuálaíochta

Le Tuarascáil Bhliantúil Nuálaíochta EirGrid tugtar forbhreathnú trédhearcach ar thionscadail a cuireadh i gcrích agus cinn atá ar siúl, mar aon le tosaíochtaí straitéiseacha, agus tionscnaimh atá ag teacht chun cinn.

I mí an Mhárta 2025, d'fhoilsigh EirGrid ár dTuarascáil Bhliantúil Nuálaíochta inar doiciméadaíodh nuálaíocht agus dul chun cinn taighde a rinne EirGrid in 2024. Chlúdaigh an tuarascáil seo 32 tionscadal go mion, ar críochnaíodh 9 gcinn díobh in 2024 (bliain féilire). Sular foilsíodh é, rinne EirGrid comhairliúchán, inar tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara dréacht-tuarascáil a athbhreithniú agus freagairt do cheisteanna ar leith.

In 2025, d'fhoilsigh EirGrid 6 pháipéar taighde agus d'oibrigh sé le hos cionn 20 comhlacht seachtrach, agus 50 smaoineamh á ndoiciméadú lena n-iniúchadh amach anseo.

Díreofar Tuarascáil Bhliantúil Nuálaíochta 2025 (atá le foilsiú in 2026) ar 30 de na tionscadail sin.

Tionscadail taighde roghnaithe agus torthaí

Mar fhreagairt ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara, chuimsíomar roinnt torthaí taighde samplacha ó na tionscadail a shonraítear thuas.

Teideal an tionscadail:	Mionsonraí agus torthaí:
Seiceáil an féidir leis an Intleacht Shaorga/ Meaisínfhoghlaim Cuidiú le Tionscadail Straitéiseacha Stórála, Éilimh nó Ghiniúna a Chinneadh (in éineacht le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath)	**Tionscadal:** Rinneadh iniúchadh ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh an intleacht shaorga agus an mheaisínfhoghlaim tacú le cinnteoireacht maidir le hinfheistíochtaí straitéiseacha a dhéanamh i stóráil, solúbthacht éilimh agus giniúint, agus breithniú á dhéanamh ar chineál, acmhainn agus fad ama na teicneolaíochta. **Torthaí:** Soláthraíodh anailís um chruthúnas coincheapa inar léiríodh gur féidir leis an intleacht shaorga/meaisínfhoghlaim dlús a chur le scagthástáil roghanna agus feabhas a chur ar chruinneas measúnuithe teicnea-eacnamaíocha, rud a chuireann bonn eolais faoi uirlisí pleanála amach anseo.
HyLIGHT (MaREI, Lárionad Taighde um Fhuinnimh, Aeráid agus Muirí FEÉ, COC, OCBÁC agus OÉG)	**Tionscadal:** Staidéar comhoibríoch chun meastóireacht a dhéanamh ar chonairí hidrigine íseal-charbóin agus teicneolaíochtaí cumasúcháin le haghaidh córas cumhachta glan-nialasach. **Torthaí:** Cuireadh léargas atá bunaithe ar bheartas agus oibríochtaí ar fáil maidir le slabhraí soláthair hidrigine, roghanna maidir le comhtháthú córais, agus bearnaí taighde tosaíochta chun bonn eolais a chur faoi staidéir amach anseo.
SCADA sealadach thar APN 4G Príobháideach	**Tionscadal:** Rinneadh nascacht shlán SCADA a phíolótú maidir le tástáil agus coimisiúnú fostáisiúin luathaithe ach úsáid a bhaint as líonraí 4G príobháideacha le haghaidh sócmhainní eangaí atá suiteáilte go sealadach. **Torthaí:** Rinneadh réiteach costéifeachtach athléimneach cumarsáide a bhailíochtú le haghaidh úsáidí gearrthéarmacha nó éigeandála.
Braiteoirí Rátála Dinimiciúla Sreinge Fíorúla	**Tionscadal:** Samhaltú IS sonraí-bhunaithe ar rátálacha dinimiciúla sreang ach úsáid a bhaint as an gcomhthéacs aimsire agus córais chun úsáid braiteoirí fisiciúla a sheachaint. **Torthaí:** Léiríodh faoiseamh féideartha ar phlódú agus méadaíodh acmhainn aistrithe, rud a thacaíonn le trialacha spriocdhírithe agus cinntí infheistíochta.
Uirlis Réamh-mheasa don Mhodheolaíocht Réamhaisnéise Toirte ag baint Úsáid as an Meaisínfhoghlaim	**Tionscadal:** Forbraíodh uirlis réamhaisnéise bunaithe ar an meaisín-fhoghlaim chun toirteanna don ionfhotha aonair is mó agus don easfhotha aonair is mó a réamh-mheas ar mhaithe le slándáil an chórais agus pleanáil. **Torthaí:** Soláthraíodh modh cur chuige réamh-mheasa lena gcuirtear cruinneas agus fadcheann chun feabhais le haghaidh socrú méide teagmhais, rud a thacaíonn le bainistíocht riosca oibríochta agus staidéir phleanála.

Fóram Taighde EirGrid

Is ardán ilréimsiúil, inmheánach comhroinnte eolais é an Fóram Taighde a thionólann EirGrid ar bhonn míosúil chun tacú le taighde agus nuálaíocht ar fud na heagraíochta, iad a chomhordú agus beartú tosaíochta a dhéanamh ina leith. Tá ról lárnach aige maidir le tionscnaimh taighde a ailíniú le Straitéis Nuálaíochta agus Taighde EirGrid, agus comhleanúnachas straitéiseach agus comhoibriú trasrannach a chinntiú. Áirítear le ballraíocht an Fhóraim saineolaithe ábhair agus toscairí ó réimsí gnó éagsúla. Cé gur ardán comhordaithe inmheánach é an Fóram go príomha, tugtar cuireadh do pháirtithe leasmhara seachtracha chuig cruinnithe áirithe chun taighde ábhartha a chur i láthair, rud a chothaíonn rannpháirtíocht níos leithne agus malartú eolais. Tá an Fóram freagrach as na cinntí a bhaineann le Litreacha Tacaíochta a chur amach chuig lucht taighde seachtrach a bhfuil gealladh faoi nuair a ailíníonn siad le spriocanna straitéiseacha EirGrid.

Litreacha Tacaíochta

Tá traidisiún fada ag EirGrid maidir le tacú le taighde in Institiúidí Ardoideachais, Eagraíochtaí a Dhéanann Taighde agus an tionscal. Mar chuid den obair seo, cuireann EirGrid litreacha tacaíochta ar fáil go rialta dá n-iarratais ar chistiú. Trí mheasúnú agus trí litreacha tacaíochta a shíniú do thionscadail atá ábhartha go háirithe don tionscal fuinnimh, tá sé mar aidhm againn taighde a éascú i réimsí nuálacha, ar taighde é a rachaidh ar aghaidh chun tacú le forbairt an chórais cumhachta agus muid ag obair i dtreo ár n-uaillmhianta aeráide.

In 2025, d'eisigh EirGrid 12 Litir Thacaíochta mar aon le Litir Intinne amháin chuig Institiúidí Ardoideachais, Eagraíochtaí a Dhéanann Taighde, agus comhpháirtithe tionscadail. Chuimsigh na tionscadail dár tugadh tacaíocht réimsí criticiúla lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta, stóráil fuinnimh, athléimneacht na heangaí, samhaltú córais cumhachta, cosaint ar éaradh seirbhíse atá bunaithe ar IS, measúnú ar rioscaí aeráide, agus solúbthacht ar thaobh an tsoláthair.

CleanerGrid

Is é CleanerGrid comórtas bliantúil EirGrid do mhic léinn tríú leibhéal. Tugann sé rannpháirtíocht do mhic léinn fochéime agus máistreachta ar fud na hÉireann chun dul i ngleic le dúshláin fhíorshaoil a bhaineann leis an aistriú chuig fuinneamh glan. Féachann an tionscnamh seo le feasacht a ardú ar an obair a dhéanaimid ag EirGrid, chomh maith le rannpháirtíocht acadúil an chomhlachta a mhéadú agus tacú lenár bhfís fuinnimh inbhuanaithe. Tugtar cuireadh do rannpháirtithe tograí teicniúla a chur isteach agus dul san iomaíocht le haghaidh duaiseanna a bhronntar ar dhaoine aonair agus ar a n-institiúidí araon.

Leis an leid le haghaidh CleanerGrid in 2025 tugadh dúshláin do mhic léinn a bhfís a chur i láthair den chuma a chaithfeadh a bheidh ar earnáil mhéadaitheach an fhuinnimh in 2050 le go mbeadh stádas glan-nialasachta bainte amach ar bhonn inbhuanaithe aici. Tháinig an comórtas chun críche le babhta ceannais beo in oifig EirGrid ar an 25 Márta 2025. Rinne cúig fhoireann ceannais cur i láthair do phainéal moltóirí ina raibh saineolaithe seachtracha. Leis an ócáid, cothaíodh idirphlé idir mic léinn, gairmithe agus baill foirne EirGrid, agus taispeánadh léi smaointeoireacht nuálach atá ailínithe le spriocanna fuinnimh náisiúnta agus AE. Mar aitheantas ar an tionchar a bhí aige, cuireadh CleanerGrid sa dara háit le haghaidh Dhuais Dea-chleachtais 2025 an Tionscnaimh Eangach In-athnuaite.

Cuireadh tús leis na hullmhúcháin do chomórtas CleanerGrid 2026 i Meán Fómhair 2025 agus tá sé beartaithe an searmanas bronnta a reáchtáil do Ráithe 1 2026.

Taighde ar leibhéal PhD

In 2025, d'óstáil EirGrid dhá imeacht líonraithe PhD chun ár ngníomhaíochtaí nuálaíochta, tosaíochtaí taighde, agus cosáin ghairme a chur chun cinn. Leis na himeachtaí sin rinneadh éascaíocht ar idirphlé idir saineolaithe EirGrid agus taighdeoirí dochtúireachta, rud a chothaigh comhoibriú agus malartú eolais.

Taighde ar leibhéal baitsiléara agus máistir

In 2025, lean EirGrid de bheith ag tacú le taighde acadúil ar aon dul lenár dtosaíochtaí nuálaíochta, lena n-áirítear na tionscadail seo a leanas:

8. Imscrúdú ar Straitéisí chun Táimhe an Chórais Cumhachta a Fheabhsú i dTreá Ard d'Fhoinsí In-athnuaite Fuinnimh.
9. Fiosrú a dhéanamh ar an Intleacht Shaorga/Meaisínfhoghlaim le haghaidh Tionscadail Straitéiseacha Stórála, Éilimh nó Ghiniúna sa Chóras Tarchurtha, lena n-áirítear roghanna teicneolaíochta, acmhainneachtaí iompórtála/easpórtála, agus fad ama stórála.

Léiríonn na tionscadail sin tiomantas EirGrid do thaighde a chothú lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin chriticiúla san aistriú chuig fuinneamh glan agus lena dtacaítear le córas cumhachta slán inbhuanaithe a fhorbairt.

Líonra OCTanna Eorpacha faoi Oiliúint

In 2025, chuir EirGrid i gcrích a chéad bhliain iomlán de rannpháirtíocht sa Líonra OCTanna Eorpacha faoi Oiliúint (NETT), ar tionscnamh comhoibritheach é a nascann gairmithe luathghairme feadh Oibritheoirí Chórais Tarchurtha na hEorpa (OCTanna).

D'ainmnigh EirGrid beirt ionadaithe le bheith ar Bhord NETT, ag rannchuidiú le tionscnaimh cosúil le NETT Talks (imeachtaí ar líne le ceannairí fuinnimh), Comhdháil bhliantúil NETT, agus cláir mhalartaithe idir OCTanna.

Garsprioc thábhachtach a baineadh amach ea ba nuair a d'fhreastail EirGrid ar a chéad Chomhdháil NETT sa Danmhairg, arna hóstáil ag Energinet, i mí an Mhárta 2025. San imeacht sin tugadh 140 oiliúnaí le chéile ó 13 OCT ar fud na hEorpa agus tugadh faoi cheardlanna teicniúla, seisiúin líonraithe, agus cuairt suímh chun príomhbhonneagar eangaí a fhiosrú.

Leis na rannpháirtíochtaí sin tacaíodh le forbairt iarchéimithe, rinneadh éascaíocht ar mhalartú eolais trasteorann, agus neartaíodh infheictheacht EirGrid laistigh d'éiceachóras nuálaíochta na hEorpa, rud a chinntigh go ndearnadh ionadaíocht ar dhearcthaí na hÉireann maidir le todhchaí an chomhoibrithe fuinnimh a mhúnlú san Eoraip.

Ceannaireacht Faisnéise i gclár um Fhóntais Fuinnimh

Go luath in 2025, chuir EirGrid, in éineacht le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, tús le hobair ar chomhdhearadh féideartha na réiteach creidiúnaithe forbartha tallainne chun tacú linn agus muid ag forbairt tuilleadh cumas EirGrid chun spriocanna atá ag teacht chun cinn agus spriocanna amach anseo a bhaint amach. Tháinig deireadh leis an obair seo le síniú Meabhrán Tuisceana (MoU) i mí an Mheithimh 2025, agus ina dhiaidh sin Comhaontú Comhoibrithe i mí na Nollag 2025. Chuir na comhaontuithe seo ar chumas tionscnamh píolótach go díreach a raibh comhfhorbairt an chláir chreidiúnaithe Ceannaireachta Faisnéise i bhFóntais Fuinnimh mar thoradh air, a thosaigh i mí Eanáir 2026.

Suirbhéanna agus sásraí aiseolais

Gné ríthábhachtach de straitéis Nuálaíochta agus Taighde EirGrid is ea aiseolas.

Rinneadh athbhreithniú córasach ar léargais a bailíodh ó rannpháirtithe i gcomórtas CleanerGrid, ionadaithe NETT, agus comhpháirtithe acadúla chun bonn eolais a chur faoi thionscnaimh amach anseo agus iad a fheabhsú.

Úsáideadh suirbhéanna tar éis imeachtaí, seisiúin aiseolais neamhfhoirmiúla, agus babhtaí faisnéisithe struchtúrtha freisin chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta 2025, réimsí a shainaithint le feabhsú, agus riachtanais atá ag teacht chun cinn ó phobail acadúla agus luathghairme a ghabháil. Cinntíonn an lúb aischothaithe go bhfanann cláir nuálaíochta agus taighde EirGrid freagrach, ionchuimsitheach, agus ailínithe le hionchais páirtithe leasmhara. Trí fheabhsú leanúnach a leabú inár bpróisis rannpháirtíochta, tá sé mar aidhm againn caidreamh a neartú, rannpháirtíocht a mhéadú, agus luach níos fearr a sholáthar do na páirtithe leasmhara uile.

Cur i bhfeidhm

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Tacú le teacht chun cinn an tsaoránaigh fuinnimh trí CleanerGrid	**Rannpháirtíocht CleanerGrid:** In 2025, chuaigh EirGrid i dteagmháil le léachtóirí, mic léinn agus cumainn mac léinn ar fud ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta na hÉireann trí fheachtais ríomhphoist, for-rochtain ar na meáin shóisialta agus teagmháil dhíreach ar champais. D'óstálamar bronnadh duaiseanna in oifigí EirGrid le moltóirí agus ionadaithe acadúla seachtracha freisin.	**Rannpháirtíocht CleanerGrid:** D'fhreastail cúig fhoireann ceannais as ceithre ollscoil ar an mbabhta ceannais. Bhronn EirGrid duaiseanna airgid ar an trí fhoireann is fearr chomh maith le cistí meaitseála dá n-institiúidí. Chomh maith leis an méid thuas, cuireadh CleanerGrid sa dara háit freisin le haghaidh Dhuais Dea-chleachtais an Tionscnaimh Eangach In-athnuaite in 2025. Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm ag EirGrid ár gcaidrimh acadúla a neartú ar fud institiúidí iolracha.
Tacú le nuálaíocht agus taighde ar aon dul le straitéis EirGrid	**Litreacha tacaíochta:** In 2025, lean EirGrid de bheith ag tacú le hInstitiúidí Ardoideachais, Eagraíochtaí a Dhéanann Taighde agus comhpháirtithe tionscail le hathbhreithnithe agus comhairliúcháin i leith tograí. Chuireamar litreacha tacaíochta ar fáil le haghaidh iarratais ar chistiú freisin.	**Litreacha tacaíochta:** In 2025, d'eisigh EirGrid 12 litir thacaíochta mar aon le litir intinne amháin. I measc na bpríomhréimsí fócais bhí foinsí in-athnuaite amach ón gcósta, stóráil fuinnimh, athléimneacht na heangaí, cosaint ar éaradh seirbhíse atá bunaithe ar IS, agus measúnú ar rioscaí aeráide.
Cláir Nuálaíochta Straitéiseacha a Bhrú Chun Cinn	**Rannpháirtíochtaí mar chuid de Chláir Nuálaíochta Straitéiseacha:** In 2025, chuaigh EirGrid i dteagmháil le níos mó ná 20 comhlacht seachtrach lena n-áirítear institiúidí acadúla, fóraim thionscail agus coistí ENTSO-E. Ghlacamar páirt i mbabhtaí éagsúla de chomhoibriú taighde agus imeachtaí malartaithe eolais freisin.	**Rannpháirtíochtaí mar chuid de Chláir Nuálaíochta Straitéiseacha:** In 2025, d'fhoilsigh EirGrid 6 pháipéar taighde agus rinne sé dul chun cinn ar thionscnaimh a bhaineann le IS, Treá Neamhshioncronach Córais (SNSP), fuinneamh amach ón gcósta, HVDC, agus solúbthacht líonra.


Slata tomhais na rathúlachta

Sna táblaí thíos, tarraingímid aird ar rogha méadracha chun léiriú a thabhairt ar éifeachtacht ár gcuid rannpháirtíochta in 2025:

Tuairisc ar an méadrach:	Méadrach:	An chúis a léiríonn sé seo rannpháirtíocht éifeachtach:
Lucht Bhabhta Ceannais CleanerGrid ag an Imeacht i mí an Mhárta 2025	Bronnadh €20,000 de dhuaiseanna 14 mhac léinn ar fud 5 fhoireann ceannais as 4 ollscoil	In 2025, lean CleanerGrid d'fheasacht ar an aistriú chuig fuinneamh glan a chothú agus d'éascaigh sé ár saothar chun caidreamh acadúil a neartú agus rannpháirtíocht á déanamh le tallann na todhchaí an tráth céanna trí chomórtas struchtúrtha.
Páipéir thaighde arna bhfoilsiú	6	Is é is aidhm don taighde a dhéanann foireann EirGrid aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla atá roimh eangach leictreachais na hÉireann, de réir mar a leanaimid de bheith ag tacú le spriocanna an Rialtais i dtaobh gníomhú ar son na haeráide. Trínár gcuid taighde, leanann EirGrid de phríomhléargas a bhrú ar aghaidh chun tacú le dúshláin chomhroinnte a réiteach ar scála idirnáisiúnta.
Líon na dtionscadal comhoibríoch atá ailínithe lenár gcláir nuálaíochta straitéiseacha	31 tionscadal	Chun cuidiú le dul chun cinn agus rath a chinntiú ar bhealach níos fearr araon i dtreo spriocanna EirGrid, táimid tiomanta do bheith ag obair le comhlachtaí acadúla, tionscail agus taighde éagsúla chun na cuspóirí atá leagtha amach inár naoi gClár Nuálaíochta Straitéiseacha a bhaint amach. Tá an 22 tionscadal atá leagtha amach inár dTuarascáil Bhliantúil Nuálaíochta ina dtaca chun cuspóirí na hÉireann i leith na haeráide a bhaint amach.
Líon na gcomhlachtaí aonair a bhfuil tionscadail ghníomhacha againn leo	20+	In 2025, rinne EirGrid a rannpháirtíocht a leathnú ar fud roinnt réimsí taighde éagsúla, chomh maith le léargais a bhailiú, chun tacú lenár gcuid dul chun cinn ar fud ár dtosaíochtaí nuálaíochta agus taighde a thuilleadh.
Tionscadail Taighde Mac Léinn a Cuireadh i gCrích	2	In 2025, thacaigh EirGrid le haschur acadúil inláimhsithe a sholáthar lena ndírítear ar tháimhe sa chóras a shainaithint mar aon le feidhmchláir intleachta saorga/ meaisínfhoghlama le haghaidh pleanáil straitéiseach, rud a neartaíonn tiomantas EirGrid don taighde feidhmeach.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár gcaidreamh le páirtithe leasmhara nuálaíochta agus taighde, déan teagmháil linn trín ár leathanach teagmhála anseo (Cuir 'Nuálaíocht agus Taighde' san ábhar).

Inbhuanaitheacht



Léargas ginearálta

Cuid dár misean ag EirGrid is ea bheith ceannasach in earnáil leictreachais an oileáin maidir le hinbhuanaitheacht agus dícharbónú. Agus déanaimid é seo trínár Straitéis Inbhuanaitheachta Grúpa.

Gabhtar gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta EirGrid feadh trí cholún leathana: Comhshaol, Sóisialta agus Rialachas. Tacaíonn ár ngníomhaíochtaí um rannpháirteachas le páirtithe leasmhara leis na trí chuspóir a leanas:

1) Gníomhú ar son na haeráide agus claochlú an chórais leictreachais a bhrú chun cinn

Is iad na haidhmeanna atá againn faoin gcolún seo:

- An t-athrú seasmhach chuig córas leictreachais ísealcharbóin a sheachadadh.
- An smaointeoireacht chriticiúil is gá chun an t-athrú sa chóras leictreachais a thacú agus a leabú.
- A chinntiú go gcuirtear oiriúnú don athrú aeráide san áireamh i bpleanáil chun tosaigh ár mbainistíochta sócmhainne.

2) Tiomantas a thabhairt do shochaí inbhuanaithe

Is iad na haidhmeanna atá againn faoin gcolún seo:

- Feasacht shochaíoch a chruthú agus bonn eolais a chur faoi maidir leis na dúshláin atá romhainn agus an ról is féidir linn uile a imirt.
- Tacú le foghlaim agus forbairt scileanna ar fud na sochaí chun an t-athrú a bhaint amach
- Tacú le héagsúlacht agus ionchuimsitheacht agus iad a chur chun cinn.
- Cultúr sláinte agus sábháilteachta a chur chun cinn.

3) A bheith mar eagraíocht atá freagrach

Is iad na haidhmeanna atá againn faoin gcolún seo:

- Inbhuanaitheacht a leabú tuilleadh i rialachas, cinntí, agus seachadadh ar fud an ghnó.
- Ár lorg carbóin féin a bhainistiú agus a laghdú.
- Na caighdeáin eiticiúla is airde a bhaint amach.
- Trédhearcacht a mhéadú maidir lenár bhfeidhmíocht neamhairgeadais.

Straitéis

Comhpháirtíochtaí agus príomhpháirtithe leasmhara

Bímid i dteagmháil lenár gcomhpháirtithe, lena n-áirítear Gnó sa Phobal in Éirinn (BITCI) agus SciFest, chun comhoibriú a chur chun cinn a mbíonn tionscnaimh chomhshaoil, shochaíocha, agus rialachais (ESG) ag a bhfuil tionchar dá mbarr. Trí na comhpháirtíochtaí straitéiseacha seo, tá sé mar aidhm againn athrú bríoch a chruthú trí thacú le pobail, tionscnaimh oideachais inbhuanaithe a chur ar aghaidh, agus cleachtais fhreagracha ghnó a chur chun cinn. Is é an sprioc atá againn an comhoibriú seo a ghiaráil chun ár lorg coise ESG a bhreisiú, luach comhroinnte a chruthú, agus rannchuidiú le sochaí inbhuanaithe agus chothrom.

Ina theannta sin, comhoibríonn EirGrid le réimse páirtithe leasmhara agus piarghrúpaí tionscail chun eolas a mhalartú agus príomhfhoghlaim a bhaineann lenár straitéis inbhuanaitheachta agus ceisteanna eile inbhuanaitheachta a chomhroinnt lena n-áirítear tuairisciú inbhuanaitheachta agus ár n-oibleagáidí faoin Treoir maidir le Tuairisciú Corparáideach i dtaca le hInbhuanaitheacht mar shampla. Tá EirGrid ina bhall de Ghrúpa Fóraim Ceannairí Inbhuanaitheachta Ibec, a thagann le chéile go rialta chun léargais a chomhroinnt agus tairbhe a bhaint as líonra ceannairí inbhuanaitheachta. Leanaimid freisin le rannpháirtíocht rialta le comhlachtaí Leathstáit Tráchtála, le fócas ar leith ar an gCreat Gníomhaíochta Aeráide Leathstáit Tráchtála le NewEra.

Gnó sa Phobal in Éirinn (BITCI)

Tá EirGrid ina chomhpháirtí bródúil ag Gnó sa Phobal in Éirinn (BITCI). Trína mballraíocht agus rannpháirtíocht i dtionscnaimh BITCI áirithe cosúil le Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach, Gealltanas Ardaithe agus an Clár Gníomhaíochta don Oideachas, léirímid ár dtiomantas d'oibríochtaí gnó freagracha agus rannpháirtíocht phobail. Bíonn rannpháirtíocht rialta againn le BITCI trí nuashonruithe ráithiúla agus riachtanais éagsúla atá sonrach don chlár.

SciFest

Cuireann clár ETIM SciFest oideachas eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (ETIM) chun cinn agus cuireann sé ardán ar fáil do mhic léinn chun a n-imscrúduithe eolaíocha a chur i láthair ar leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Is Comhpháirtí Tionscadail é EirGrid le SciFest ina léirítear Gradam Aeráide Níos Glaine EirGrid a bhronntar ag SciFest@School, SciFest@College agus ag an gCluiche Ceannais Náisiúnta SciFest.

Cur i bhfeidhm

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Tiomanta do shochaí inbhuanaithe	**SciFest:** In 2025, lean EirGrid dá chomhpháirtíocht le SciFest trí urraíocht don Ghradam Aeráide Níos Glaine, agus bhí sé i dteagmháil go gníomhach le scoláirí agus oideoirí chun réitigh nuálacha a chur chun cinn ar mhaithe le todhchaí inbhuanaithe.	**SciFest:** In 2025, neartaigh EirGrid a chomhpháirtíocht le SciFest chun oideachas eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) a chur chun cinn ar fud na hÉireann. Cuireann SciFest ardán cuimsitheach ar fáil do scoláirí dara leibhéal chun a n-imscrúduithe eolaíocha a chur i láthair agus a thaispeáint ar leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Tríd an gcomhoibriú sin, leanann EirGrid de spreagadh a thabhairt do nuálaithe óga chun fiosrú a dhéanamh ar réitigh a chuireann le todhchaí fuinnimh inbhuanaithe agus níos glaine. Mar chuid den chomhpháirtíocht sin, bronnadh an Gradam Aeráide Níos Glaine de chuid EirGrid ag SciFest@School, SciFest@College agus Babhta Ceannais Náisiúnta SciFest. Spreagann an gradam sin scoláirí le tionscadail a thugann aghaidh ar dhúshláin aeráide agus a thacaíonn le haistriú na hÉireann chuig córas fuinnimh ísealcharbóin a fhorbairt. Ach aitheantas agus luach a saothair a thabhairt do na hiarrachtaí sin, cuidíonn EirGrid le cruthaitheacht agus feasacht a chothú i measc na chéad ghlúine eile d'eolaithe agus innealtóirí. Anuas ar bheith ag tacú le hoideachas ETIM, bíonn ról ríthábhachtach ag na rannpháirtíochtaí sin maidir le feasacht a mhúscailt ar obair EirGrid agus muinín a chothú taobh istigh de phobail. Ach eolas a chomhroinnt agus dul i ngleic le scoláirí, oideoirí agus teaghlaigh go díreach, neartaíonn EirGrid na caidrimh atá riachtanach le haghaidh ghlacadh an phobail agus chun tionscadail fuinnimh a sholáthar go rathúil amach anseo. Léiríonn an comhoibriú sin tiomantas EirGrid don inbhuanaitheacht, don oideachas agus do rannpháirtíocht leis an bpobal, rud a chinntíonn go dtuigtear na tairbhí a bhaineann leis an aistriú fuinnimh ar fud na tíre agus go bhfuil glacadh leo.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Tiomanta do shochaí inbhuanaithe	**Clár um Rochtain ar an Áit Oibre DCU:** Leanadh ar aghaidh le rannpháirtíocht rialta i gcaitheamh 2025 mar aon le hintéirneach samhraidh.	**Clár um Rochtain ar an Áit Oibre DCU:** Tá sé mar aidhm lenár gcomhpháirtíocht le hIontaobhas Oideachais DCU maidir lena gClár um Rochtain ar an Áit Oibre an t-oideachas a dhéanamh inrochtana agus indéanta do dhaoine óga ó chúlraí faoi ghannionadaíocht. Mar chuid dár gcomhpháirtíocht, thug mac léinn ó Chlár OCBÁC um Rochtain ar an Áit Oibre faoi intéirneacht in EirGrid le linn shamhradh 2025, rud a chuir taithí ghairmiúil thar a bheith luachmhar ar fáil agus a d'fhág go raibh siad in ann scileanna tábhachtacha a fhorbairt a bheidh siad in ann a chur i bhfeidhm agus iad ag filleadh ar a mbliain deiridh den staidéar. Táimid ag súil le bheith ag obair le OCBÁC tríd an gclár sin arís in 2026.
Tiomanta do Shochaí Inbhuanaithe	**Clár Intéirneachta Múinteoirí STEM:** Thug EirGrid tiomantas go mbeadh sé rannpháirteach i gclár Intéirneachta na Múinteoirí ETIM (STInt) in 2025. Fógraíodh ár róil go luath in 2025 trí Thairseach STInt.	**Clár Intéirneachta Múinteoirí STEM:** Clár náisiúnta is ea Clár STInt a chuireann DCU ar fáil chun intéirneachtaí samhraidh íoctha a chur ar fáil do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile i róil STEM. In 2025, d'earcaíomar beirt mhúinteoirí a thosaigh ag obair linn i mí an Mheithimh 2025 agus chuir siad a gcuid intéirneachtaí i gcrích go rathúil. Táimid ag súil le bheith ag obair le Clár Intéirneachta na Múinteoirí ETIM arís in 2026.
Tiomanta do shochaí inbhuanaithe	**Coláiste Pobail Achadh Eibhlín, Baile Átha Cliath:** In 2025, leanamar lenár gclár meantóireachta, Domhan na hOibre, le scoláirí sa dara bliain trí Chlár Gníomhaíochtaí don Oideachas de chuid Gnó sa Phobal in Éirinn (BITCI). Cuimsíodh sa rannpháirtíocht seisiúin mheantóireachta hibrideacha i ngrúpaí ar raon ábhar, lena n-áirítear deiseanna gairme, éifeachtacht phearsanta, agus forbairt scileanna tábhachtacha saoil. Trí na seisiúin sin tugadh léargas praiticiúil do na scoláirí ar shaol na hoibre agus cuidíodh leo ullmhú do chonairí gairme amach anseo, rud a neartaigh ár dtiomantas don oideachas agus do rannpháirtíocht leis an bpobal.	**Coláiste Pobail Achadh Eibhlín, Baile Átha Cliath:** Trí na rannpháirtíochtaí seo, chuidíomar le scoláirí dearcthaí nua agus éagsúla a fheiceáil agus cumarsáid, féinmhuinín agus féinfheasacht á bhfeabhsú an tráth céanna. Leis na tionscnaimh seo neartaíodh ár gcomhpháirtíochtaí le pobail áitiúla freisin agus cumhachtaíodh daoine óga ó chúlraí tearcionadaithe, rud a chinntíonn go mbíonn teacht ar dheiseanna fáis agus forbartha ag cách.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Tiomanta do Shochaí Inbhuanaithe	**Marian College (BITCI):** Ba é 2025 an chéad bhliain a rinne EirGrid a chlár meantóireachta (ar a dtugtar 'Domhan na hOibre') a phíolótú le scoláirí sa dara bliain trí Chlár Gníomhaíochtaí don Oideachas de chuid Gnó sa Phobal in Éirinn (BITCI). Cuimsíodh sa rannpháirtíocht seisiúin cheardlainne ar réimse topaicí lena n-áirítear seisiún 'Lá i Saol' in Oifigí EirGrid, ceardlanna maidir le fuinneamh in-athnuaite agus cleachtais inbhuanaithe chomh maith le forbairt scileanna tábhachtacha saoil.	**Marian College (BITCI):** Trí na rannpháirtíochtaí seo, cabhraímid le mic léinn dearcthaí nua agus éagsúla a fheiceáil fad is a fheabhsaítear cumarsáid, féinmhuinín agus a spéis in STEM a spreagadh. Cuidíonn na rannpháirtíochtaí seo linn ár gcomhpháirtíochtaí le pobail áitiúla a bhreisiú i gceantar Baile Átha Cliath a Chumhachtú.
Tiomanta do shochaí inbhuanaithe	**Nuálaithe Sóisialta Óga (YSI):** In 2022, bhí EirGrid ina chomhpháirtí nua um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Fuinneamh leis an eagraíocht neamhbhrabúis Nuálaithe Sóisialta Óga (YSI), ar feadh trí bliana (ag críochnú in 2025). In 2025, chuaigh EirGrid ar phainéal de mholtóirí le haghaidh 'The Den', ciste tionchair shóisialta a chuireann tacaíocht ar fáil d'fhoirne a chuireann smaoineamh rathúil i láthair maidir le cúnamh chun an smaoineamh, táirge nó fiontar sin a fhorbairt.	**Nuálaithe Sóisialta Óga (YSI):** Tríd an gcomhpháirtíocht YSI, aithnímid an tábhacht atá le páirt a thabhairt do dhaoine óga san idirphlé maidir le hiarrachtaí chun gníomhú ar son na haeráide.
Tiomanta do Shochaí Inbhuanaithe	**Rannpháirtíocht le Foróige:** In 2025, thosaíomar ag obair le Foróige ar raon tionscadal spriocdhírithe do dhaoine óga timpeall Bhaile Átha Cliath.	**Rannpháirtíocht le Foróige:** Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé d'aidhm ag EirGrid difear a dhéanamh ach tacú le daoine óga ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath páirt a ghlacadh i gclár agus in idirghabhálacha lena gcuirtear chun cinn ceannaireacht, rannpháirtíocht shibhialta, forbairt pobail, agus lena bhforbraítear scileanna réitigh fadhbanna.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Tiomanta do Shochaí Inbhuanaithe	**Téama Fuinnimh na Scoileanna Glasa:** In 2025 chonacthas an chéad bhliain d'urraíocht EirGrid ar an téama Fuinneamh Scoileanna Glasa de chuid An Taisce. Mar chuid den tionscnamh sin, chuaigh EirGrid i bpáirt le hiar-bhunscoileanna agus bunscoileanna ar fud na tíre. Bhí 40 scoil ag obair ar fhuinneamh an scoilbhliain seo agus tiocfaidh méadú air sin go 100 scoil sa scoilbhliain 2025-26. **Ceardlanna réigiúnacha maidir le fuinneamh (scoilbhliain 24-25):** Rinne ionadaithe ó EirGrid cur i láthair ag ceardlanna réigiúnacha i gcaitheamh na bliana, agus thug siad eolas do scoláirí faoin ról atá ag EirGrid maidir leis an eangach a bhainistiú agus a oibriú, agus é ag claochlú na heangaí do na glúnta atá le teacht an tráth céanna. Tugadh faoi thrí cheardlann réigiúnacha do bhunscoileanna, mar aon le ceann amháin eile do mheánscoileanna. San iomlán, d'fhreastail 11 scoil ar fud na tíre ar na ceardlanna fuinnimh réigiúnacha, agus ba iad 70 scoláire agus 18 múinteoir a bhí páirteach iontu tríd is tríd. Ina theannta sin, rinne EirGrid ceardlann fuinnimh i nGaeilge a éascú i Scoil Éinne sa Spidéal i gContae na Gaillimhe agus d'fhreastail sé ar an searmanas ardaithe brataí ag an scoil. **An Fhéile Fuinnimh ar Líne:** Ba é 2025 an bhliain inar seoladh an chéad seachtain thiomnaithe riamh ar théama an Fhuinnimh do Scoileanna Glasa freisin agus an Fhéile Fuinnimh ar líne ar siúl mar chuid de chlár na Scoileanna Glasa. Mar chuid den fhéile bhí seimineáir ghréasáin idirghníomhacha ar siúl a bhí dírithe ar scoláirí bunscoile sinsearacha. Ghlac ionadaithe EirGrid páirt i roinnt seimineáir ghréasáin, lena n-áirítear caint ar ghairmeacha beatha, agus tá na físeáin fós ar fáil ar chainéal YouTube na Scoileanna Glasa.	**Téama Fuinnimh na Scoileanna Glasa:** Tá sé d'aidhm ag clár na Scoileanna Glasa feasacht a mhúscailt ar shaincheisteanna timpeallachta trí staidéir sa seomra ranga agus amuigh faoin aer agus an t-eolas sin a thiontú ina ghníomhú dearfach ar son an chomhshaoil sa scoil agus sa phobal i gcoitinne. Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé d'aidhm againn feasacht a mhúscailt ar an ról atá ag EirGrid maidir le heangach leictreachais na hÉireann a bhainistiú agus a oibriú, chomh maith le caidrimh a neartú mar a bhfuil an eangach á forbairt againn nó a bhfuil sé beartaithe againn í a fhorbairt.
Tiomanta do shochaí inbhuanaithe	**Gealltanas Ardaithe (BITCI):** Leanadh ar aghaidh in 2025 le rannpháirtíocht EirGrid le Gnó sa Phobal in Éirinn (BITCI) maidir le Gealltanas Ardaithe, agus ar deireadh chuireamar ár gcuid sonraí isteach i mí Feabhra agus foilsíodh an tuarascáil níos déanaí sa bhliain.	**Gealltanas Ardaithe (BITCI):** Gealltanas BITCI is ea Gealltanas Ardaithe chun tacú le gnólachtaí chun áit oibre níos ionchuimsithí a fhorbairt. Mar shínitheoir leis an ngealltanas seo, leanamar de bheith ag tacú le Gealltanas Ardaithe in 2025.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Tiomanta do shochaí inbhuanaithe	**Cairde na Cruinne/Tionscnamh um Eangach In-athnuaite:** In 2025, leanamar lenár dtionscadal comhoibríoch dar teideal 'Todhchaí ár bhFuinnimh' in éineacht le Cairde na Cruinne agus an Tionscnamh um Eangach In-athnuaite chun pobail agus grúpaí a chur i ngleic le haistriú fuinnimh na hÉireann. Díríodh an phríomhchuid den tionscadal ar phlé agus machnamh cuimsitheach le pobail, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, grúpaí áitiúla agus páirtithe leasmhara eile.	**Cairde na Cruinne/Tionscnamh um Eangach In-athnuaite:** Tháinig deireadh leis an tionscadal seo in 2025 nuair a reáchtáladh ceardlann deiridh, agus foilsíodh dearbhú comhpháirteach maidir le dlús a chur le fuinneamh in-athnuaite, agus cosaint an chomhshaoil á cinntiú an tráth céanna. Go hachomair, sainaithníodh cúig phríomhréimse sa dearbhú chun Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta atá inbhuanaithe agus cothrom ó thaobh cúrsaí sóisialta de a sholáthar, is é sin: dlús a chur le bonneagar in-athnuaite agus an dúlra cuimsithe leis sin, sonraí atá trédhearcach, cothrom le dáta agus inrochtana maidir leis an gcomhshaol, rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, ceadú agus pleanáil chomh maith le hinfheistíocht in oideachas faoin gcomhshaol.
Tiomanta do Shochaí Inbhuanaithe	**Electric Aid:** Ciste ceartais shóisialta agus forbartha idir EirGrid agus fostaithe BSL is ea Electric Aid. Tacaíonn Electric Aid le 76 tionscadal ar shé mhór-roinn. Tá na tionscadail uile a mhaoinítear nasctha le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.	**Electric Aid:** Dírítear an tacaíocht a chuireann Electric Aid ar fáil ar fhorbairt, agus tacaíonn sé le pobail trí fhéinchabhair agus, nuair is gá, trí fhaoiseamh éigeandála.
Gníomhú ar son na haeráide agus claochlú na heangaí leictreachais a bhrú chun cinn	**Measúnú ar ár lorg carbóin:** In 2025, leanamar orainn lenár measúnú ar ár lorg carbóin ar aon dul le tionscnamh na Spriocanna Eolaíochtbhunaithe (SBTi).	**Measúnú ar ár lorg carbóin:** Ach leanúint orainn lenár measúnú ar ár lorg carbóin in 2025, cuireadh ar ár gcumas dul chun cinn ar spriocanna astaíochtaí a rianú. Tacaíonn an obair sin lenár gcuid iarrachtaí leanúnacha chun ár lorg carbóin foriomlán a laghdú.
Gnó atá freagrach	**Monatóireacht agus Tuairisciú (M&T) ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI):** In 2025, lean EirGrid de bheith ar aon dul le spriocanna M&T SEAI don bhliain 2030 ach bearta bainistithe fuinnimh a reáchtáil i gcomhairle le SEAI.	**Monatóireacht agus Tuairisciú ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI):** Leis an gcóras Monatóireachta agus Tuairiscithe de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), cuirtear ar a gcumas do chomhlachtaí poiblí sonraí maidir le fuinneamh, astaíochtaí agus sonraí bainteacha a thuairisciú do SEAI gach uile bhliain ionas gur féidir leis dul chun cinn gach eagraíochta i dtreo na spriocanna beartais fuinnimh agus aeráide a rianú.
Gnó atá Freagrach	**Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach:** Ó bhí 2010 ann, tá EirGrid creidiúnaithe le Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach, ar creidiúnú neamhspleách seachtrach é ar an gcaoi a mbíonn EirGrid ag idirghníomhú leis an margadh, leis an ionad oibre, leis an gcomhshaol agus leis na pobail a mbímid i dteagmháil leo agus mar mheasúnú ar ár gcur chuige straitéiseach i leith na hinbhuanaitheachta. Lean ár rannpháirtíocht ar aghaidh i gcaitheamh 2025 de réir mar a d'oibríomar chun ár gcreidiúnú Séala a athnuachan.	**Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach:** Deimhníodh EirGrid go rathúil ar leibhéal Shéala BWR in 2025. A bhuí le Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach, cuirtear ár mbranda agus ár gclú chun feabhais agus sa mhullach air sin, bíonn tóir orainn mar fhostóir ar an margadh.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Gnó atá freagrach	**Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide don Earnáil Tráchtála Leath-Stáit (CSS-CAF) (NewERA):** In 2025, lean EirGrid air i mbun teagmháil le NewERA agus chuir sé aighneacht CSS-CAF i gcrích.	**Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide don Earnáil Tráchtála Leath-Stáit (CSS-CAF) (NewERA):** I mí Lúnasa 2022, d'fhormheas an Rialtas Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide don earnáil tráchtála leathstáit. Beidh feidhm ag an gcreat maidir leis an uile chuideachta tráchtála leathstáit agus cumhdaítear cúig thiomantas ann: • Rialachas cuspóirí um ghníomhú ar son na haeráide • Sprioc um thomhas agus laghdú astaíochtaí • Luacháil Astaíochtaí i mBreithmheas Infheistíochta • Geilleagar ciorclach agus soláthar glas • Nochtuithe a bhaineann leis an aeráid Chun stádas cur i bhfeidhm an Chreata a ghabháil agus monatóireacht a dhéanamh air, iarrann NewERA ionchuir ar bhonn débhliantúil. Déantar na freagairtí sin a chur i dtoll a chéile ansin i dtuarascáil cur i bhfeidhm lena soláthraítear léargas ginearálta ar fheidhmíocht na gcuideachtaí tráchtála leathstáit in aghaidh na gcúig thiomantas.
Gnó atá freagrach	**Comhartha um Thaisteal níos Cliste an Údaráis Náisiúnta Iompair (ÚNI):** Mar Chomhpháirtí san Áit Oibre faoin gClár um Thaisteal Níos Cliste de chuid TFI, chomhoibríomar go dlúth le ÚNI i gcaitheamh 2025 chun tionscnaimh um chomaitéireacht inbhuanaithe a bhrú chun cinn. Sa chomhpháirtíocht seo díríodh ar ár bPlean um Thaisteal chuig an Áit Oibre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, lenar cuimsíodh na nithe seo a leanas: • Tabhairt faoi shuirbhéanna maidir le socruithe taistil na bhfostaithe chun tuiscint a fháil ar phatrúin chomaitéireachta. • Roghanna iompair inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud ár n-eagraíochta. • Acmhainní airgeadais agus neamhairgeadais a leithdháileadh chun tacú le tionscnaimh. • An Comhartha Óir um Thaisteal níos Cliste coinnithe.	**Comhartha um Thaisteal níos Cliste an Údaráis Náisiúnta Iompair (ÚNI):** Mar thoradh ar ár rannpháirtíocht le ÚNI, d'éirigh linn an Comhartha um Thaisteal níos Cliste a choinneáil ar leibhéal Óir, rud a léirigh ár gceannaireacht leantach i gcleachtais taistil inbhuanaithe. Neartaíomar ár dtiomantas eagraíochtúil ach acmhainní a leithdháileadh agus iompar gníomhach agus iompar poiblí a chur chun cinn, rud a thacaigh lenár sprioc maidir le spleáchas ar charranna a laghdú. In 2025, leanamar orainn ag obair ar fheabhsuithe inár mbonneagar chun fostaithe a spreagadh leis an turas chun na hoibre a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe, amhail seomra triomúcháin tiomnaithe a chur ar fáil chun tacú le taisteal gníomhach.

Slata tomhais na rathúlachta


Sna táblaí thíos, tarraingímid aird ar rogha méadracha chun léiriú a thabhairt ar éifeachtacht ár gcuid rannpháirtíochta in 2025:

Tuairisc ar an méadrach:	Méadrach/Garsprioc:	An chúis a léiríonn sé seo rannpháirtíocht éifeachtach:
Rannpháirtíocht in SciFest	**Is mar a leanas atá an miondealú ar ghradaim EirGrid don bhliain 2025:** • Bronnadh an tríú bliain de Mhórghradam Aeráide Níos Glaine de chuid EirGrid ag Babhta Ceannais Náisiúnta SciFest. • SciFest@School: 87 Buaiteoir don Ghradam Aeráide Níos Glaine de chuid EirGrid (le haghaidh 177 scoláire) ar fud 80 scoil. • SciFest@College: 19 nGradam Aeráide Níos Glaine de chuid EirGrid (le haghaidh 31 scoláire) ar fud na 15 ionad tionóil réigiúnacha.	Trínár rannpháirtíocht lenár gcomhpháirtithe inbhuanaitheachta amhail SciFest, tá sé d'aidhm againn comhoibriú a chothú lena spreagtar tionscnaimh chomhshaoil, shóisialta agus rialachais (ESG) a bhfuil tionchar acu. Trí na comhpháirtíochtaí straitéiseacha seo, féachaimid le hathrú bríoch a chruthú trí thacú le pobail, tionscnaimh inbhuanaithe a bhrú chun cinn san oideachas, agus cleachtais inbhuanaithe ghnó a chur chun cinn.
Comhpháirtíocht le Coláiste Pobail Achadh Eibhlín	In 2025 cheiliúramar 12 bhliain dár gcomhpháirtíocht le hAchadh Eibhlín. In 2025, chuamar i dteagmháil le 23 scoláire sa dara bliain mar chuid den tionscnamh seo.	Ba é 2025 an 12ú bliain de chomhpháirtíocht eisceachtúil EirGrid le Coláiste Pobail Achadh Eibhlín, agus táimid ríshásta a fheiceáil go bhfuil an chomhpháirtíocht sin fós faoi bhláth agus ag forbairt, rud a chuirfidh borradh faoin bhfás agus faoin rath go ceann i bhfad.
Comhpháirtíocht le Marian College	Ba é 2025 an chéad bhliain dár gcomhpháirtíocht le Marian College. In 2025, chuamar i dteagmháil le 47 scoláire mar chuid den tionscnamh sin.	Bhí ríméad orainn i mbliana ár gcomhpháirtíocht le Marian College a sheoladh chomh maith le scoil nua a chuimsiú sa chlár.
Taisteal inbhuanaithe	• In 2025, choinnigh EirGrid an Comhartha Óir um Thaisteal níos Cliste ón Údarás Náisiúnta Iompair. • Rinne 85% d'fhostaithe EirGrid a mbealach chun na hoibre trí chóracha inbhuanaithe in 2025. • Tháinig méadú orthu ó 45 foireann go 66 foireann, arb ionann é agus ardú 46.7% sa rannpháirtíocht. Bhí idir triúr agus seisear rannpháirtithe ar gach foireann, rud a fhágann gurb ionann an borradh atá tagtha faoi líon na bhfoirne agus méadú mór ar rannpháirtíocht na mball foirne tríd is tríd.	Cuid dár misean ag EirGrid is ea bheith ceannasach in earnáil leictreachais an oileáin maidir le hinbhuanaitheacht agus dícharbónú. Príomhghné den tiomantas sin ná an inbhuanaitheacht a bhrú chun tosaigh laistigh dár n-eagraíocht féin. Cruthúnas ar an rath atá ar ár gcuid tionscnamh inmheánach agus ár rannpháirtíocht leanúnach leis an Údarás Náisiúnta Iompair is ea an Comhartha Óir um Thaisteal níos Cliste a choinneáil.
Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach	In 2025, d'eirigh le EirGrid Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach a athnuachan do na trí bliana amach romhainn.	In 2025, ghnóthaigh EirGrid Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach, lena ndeimhnítear ár n-eagraíocht do na trí bliana amach romhainn. Is léiriú é sin ar ár dtiomantas don inbhuanaitheacht agus do chleachtais ghnó inbhuanaithe a leabú ar fud ár gcuid oibríochtaí uile.

I gcomhair tuileadh eolais ar rannpháirtíocht inbhuanaitheachta, seol ríomhphost chuig sustainability@eirgrid.com



Pleanáil straitéiseach agus líonraí amach anseo



Léargas ginearálta

Mar Oibritheoir Córais Tarchurtha (OCT) d'Éirinn, tá ról uathúil ag EirGrid maidir lenár gcóras cumhachta a athrú ó bhonn chun freastal ar riachtanais an lae inniu agus na todhchaí. De réir mar a leanaimid orainn ag obair i dtreo 80% dár bhfuinneamh a fháil ó fhoinsí in-athnuaite i gcomhréir le spriocanna an Rialtais, is amhlaidh freisin atáimid ag obair i dtreo na gcuspóirí aeráide náisiúnta a bhaint amach idir seo agus 2050. Is mór an dúshlán a bheidh os ár gcomhair chun na spriocanna dícharbónaithe sin a chomhlíonadh, agus soláthar slán leictreachais a chur a fáil an tráth céanna. Tá comhoibriú leanúnach leis na páirtithe leasmhara uile dár gcuid ríthábhachtach le go bhféadfaidh EirGrid an córas cumhachta a athrú ó bhonn do na glúnta atá le teacht.

In 2025, bhí na nithe seo a leanas i measc na gcuspóirí a bhí againn maidir le pleanáil straitéiseach agus líonra amach anseo:

Staidéar Straitéiseach ar an Líonra (ar a dtugtaí Pleanáil don líonra glan-nialasach)

Sa mhullach ar Chásanna Fuinnimh an Lae Amárach, 2023, agus ag forbairt ar Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú, tá fiosrú déanta ag EirGrid ar chásanna den chuma a d'fhéadfadh a bheidh ar réimse éilimh agus giniúna cumhachta na hÉireann amach anseo. Agus méadú ag teacht ar an éileamh ar leictreachas maille le dul i bhfód méadaitheach foinsí in-athnuaite inathraitheacha ar an gcóras, is léir go mbeidh forbairt nach beag ar thoilleadh an líonra agus ar sholúbthacht an chórais ag teastáil in Éirinn.

In 2025, chuireamar leis an anailís a rinneamar roimhe seo chun í a fhorbairt a thuilleadh ar leibhéal réigiúnach agus líonra, ar talamh agus amach ón gcósta araon, agus anseo in Éirinn agus idirnasctha leis na tíortha is comharsana linn.

Ag EirGrid ag obair le páirtithe leasmhara, chuidigh sé le príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha feasacht níos fearr a chothú ar an ngá atá leis an líonra tarchuir amach anseo, agus an scála a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis sin, ar mhaithe le córas cumhachta iomlán dícharbónaithe in Éirinn. Is leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (DCEE) a bhí an rannpháirtíocht de chuid is mó. I measc na bpríomhpháirtithe leasmhara bhí Líonraí BSL (OCD) agus Líonraí Gáis Éireann. Tá EirGrid i dteagmháil le comhlachtaí ionadaíocha ábhartha ón tionscal freisin.

Táthar i mbun rannpháirteachas freisin le DCEE chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige i leith córas fuinnimh na todhchaí a phleanáil.

Forbairt ar hidrigin ghlas agus stóráil fuinnimh

In 2025, rinne EirGrid idirphlé le príomhpháirtithe leasmhara chun an fhéidearthacht a bhaineann le hidrigin ghlas agus stóráil fuinnimh in Éirinn a fhiosrú. Rinneamar fiosrú ar idirghníomhaíocht fhéideartha na hidrigine leis an gcóras leictreachais, a ról sa mheascán breosla don ghiniúint, mar aon le forbairt níos leithne an gheilleagair hidrigine.

Cuimsíodh leis an rannpháirtíocht cruinnithe le Líonraí Gáis Éireann, SEAI agus institiúidí acadúla, chun tuiscint a fháil ar na héilimh agus na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo maidir le hidrigin ghlas agus breoslaí in-athnuaite gaolmhara a tháirgeadh, a tharchur, a stóráil agus a sholáthar, mar aon le roghanna eile chun fuinneamh a stóráil. Beidh na rannpháirtíochtaí sin ag teacht le forbairt phleanáil straitéiseach EirGrid mar a thuairiscítear thuas agus cuirfidh siad bonn eolais faoi na pleananna céanna.

Comhoibriú idirnáisiúnta

In 2025, lean EirGrid de ról gníomhach a imirt laistigh de ENTSO-E, agus rinne sé comhordú le OCTanna ar fud na hEorpa maidir le riachtanais córas trasteorann mar aon le forbairt ar an gcéad Phlean Forbartha Líonra Deich mBliana eile (2026).

D'oibrigh EirGrid go dlúth laistigh den Chomhoibriú OCT Amach ón gCósta (OTC) freisin, agus rinne sé comhordú ar phleanáil líonra amach ón gcósta i réigiún na bhFarraigí Thuaidh.

Lenár rannpháirtíocht sna heagraíochtaí sin cuidítear lena chinntiú go bhfuil tuiscint ann ar dheiseanna tionscadal na hÉireann atá ag teacht chun cinn agus go ndéantar iad a chorprú sna straitéisí réigiúnacha um fhorbairt amach ón gcósta.

Le taobh ár gcuid gníomhaíochtaí ENTSO-E agus OTC, i gcaitheamh 2025, chuaigh EirGrid i dteagmháil go déthaobhach le OCTanna is comharsana linn chun léargas ar an gcóras a mhalartú agus fiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le tionscadail idirnasctha amach anseo. Cuidíonn sé sin lena chinntiú go bhfanann Éire i riocht mhaith laistigh de chóras fuinnimh na hEorpa atá de shíor ag forbairt.

Ina theannta sin, leanfaidh EirGrid den teagmháil le DCEE agus leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) chun breithniú a dhéanamh ar phleanáil straitéiseach agus anailís cháis maidir le forbairt agus feidhmiú córas cumhachta amach anseo. Meastar go gcuimseofar leis sin breithniú ar mhargaí fuinnimh agus ceisteanna maidir le slándáil an tsoláthair le haghaidh na gcóras cumhachta dícharbónaithe.

(Féach ár gcaibidil maidir le rannpháirtíocht Eorpach, Rialtais agus Beartais le haghaidh tuilleadh sonraí faoinár rannpháirtíocht leis na comhlachtaí sin.)

Taighde agus staidéir maidir leis an gcóras cumhachta

In 2025, lean EirGrid an teagmháil leis an saol acadúil agus le comhlachtaí a thugann faoi thaighde is ábhartha maidir le pleanáil straitéiseach le haghaidh líonra tarchuir agus chórais fuinnimh na hÉireann. Áiríodh leis sin rannpháirtíochtaí le húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus le comhlachtaí forbartha, le cumainn tionsclaíochta agus le hinstitiúidí acadúla.

Ghlac EirGrid páirt in athbhreithnithe teicniúla ar an gcumas agus ar an ullmhacht amach ón gcósta i gcomhar le SEAI, leis an Institiúid Taighde um Chumhacht Leictreach (EPRI) agus le sainmhonaróirí trealaimh Srutha Dhírigh Ardvoltais (SDAV). I gcomhar le SEAI agus le

páirtithe leasmhara eile, thacaigh EirGrid le forbairt na Straitéise um Chóras Leictreachais Dícharbónaithe (DESS) de chuid SEAI.

Chuaigh EirGrid i bpáirt le comhlachtaí reachtúla agus tionsclaíocha freisin chun fiosrú a dhéanamh ar an éileamh ar fhuinneamh amach anseo, go háirithe i ndáil le hÚsáideoirí Móra Fuinnimh (LEUnna) chomh maith le hiompar agus téamh leictrithe.

Ráiteas Réamhaisnéise Tarchuir Deich mBliana 2025

D'oibrigh EirGrid le CRU, SONI agus RF chun Ráiteas Réamhaisnéise Tarchuir Deich mBliana 2024 a fhorbairt agus a fhoilsiú (foilsíodh i mí Lúnasa 2025 é).

Staidéir ar Chomhlíontacht an Chóid Eangaí (SCCE)

Tá Staidéir ar Chomhlíontacht an Chóid Eangaí mar chuid den phróiseas chun gineadóirí a nascadh leis an gcóras tarchurtha.

Tá rannpháirtíocht ina príomhchuid den phróiseas sin agus trínár ndlúth-chomhoibriú le páirtithe leasmhara sa tionscal in 2025, rinne EirGrid thart ar 20 úsáideoir a nascadh.

Straitéis

Bhain EirGrid leas as raon bealaí chun rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a éascú, lena n-áirítear Comhairle Chomhairleach 'Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú', an Tascfhórsa um Sheachadadh Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta agus an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta le haghaidh Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta.

I gcás príomhpháirtithe leasmhara, cuir i gcás DCEE, CRU agus comhlachtaí tionscail, bunaíodh cruinnithe rialta chun an fhaisnéis is déanaí maidir le dul chun cinn a chur ar fáil agus chun aiseolas a lorg.



Cur i bhfeidhm

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí 2025:	Torthaí:
Tús a chur le Plean Forbartha Tarchurtha 2026 a fhorbairt	**Plean Forbartha Tarchurtha 2026:** Chuaigh EirGrid i dteagmháil le CRU agus i mbun comhairle leis an tionscal maidir leis an ábhar agus an struchtúr athbhreithnithe do Phlean Forbartha Tarchurtha 2026.	**Plean Forbartha Tarchurtha 2026:** Trí rannpháirtíocht éifeachtach, tá sé d'aidhm againn Plean Forbartha Tarchurtha 2026, a bhfuil struchtúr nua ann, a fhoilsiú.

Slata tomhais na rathúlachta

Sna táblaí thíos, tarraingímid aird ar rogha méadracha chun léiriú a thabhairt ar éifeachtacht ár gcuid rannpháirtíochta in 2025:

Tuairisc ar an méadrach:	Méadrach:	An chúis a léiríonn sé seo rannpháirtíocht éifeachtach:
Comhairliúchán maidir le hábhar agus struchtúr Pleananna Forbartha Tarchurtha amach anseo – freagairtí a fuarthas	10	Fuaireamar aiseolas ó raon páirtithe leasmhara sa tionscal, ó ghrúpaí ionadaíocha agus ó dhaoine aonair. Foilsíodh achoimre ar an aiseolas a fuarthas sa tuarascáil chomhairliúcháin agus bainfear úsáid as chun bonn eolais a chur faoi ábhar agus struchtúr athbhreithnithe PFT in 2026.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár bpleanáil straitéiseach agus faoinár ngréasáin amach anseo, déan teagmháil linn tríd ár leathanach teagmhála anseo (le 'Gréasáin Amach Anseo' san ábhar).





Aguisíní Comhairliúcháin 2025

05

Tabhair faoi deara go liostaítear gach mír de réir spriocphobail agus ansin de réir bliain féilire:	C1 = Eanáir – Márta C2 = Aibreán – Meitheamh C3 = Iúil – Meán Fómhair C4 = Deireadh Fómhair – Nollaig

Comhairliúchán	Dáta	Léargas ginearálta
Dréacht-Tuarascáil Bhliantúil Nuálaíochta 2024 EirGrid	R1 2025	Chun an dul chun cinn maidir le cláir nuálaíochta agus thaighde a bhí ar bun i gcaitheamh na bliana a chur in iúl, chomh maith lenár n-uaillmhian le haghaidh cláir agus tionscnaimh amach anseo.
Dréacht-tuarascáil ar rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara 2024	R1 2025	Déantar comhairliúchán maidir leis an Tuarascáil ar Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara mar chuid de dhreasacht NSEE CRU. Is é is aidhm don chomhairliúchán ná aiseolas a bhailiú ar ghníomhaíochtaí EirGrid i dtaobh rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara.
Comhairliúchán STSC - An Bhearna	R1 2025	Tá sé beartaithe go rachaidh Socruithe Rialáilte DS3 in éag roinnt míonna roimh thosach feidhme an Cheant Seirbhísí Córais Lá Roimh Ré (DASSA) atá fós ar bun agus na socruithe amach anseo chun seirbhísí neamh-chúltaca a sholáthar. Dá bhrí sin, d'éiligh na OCTanna sásra chun leanúint de mhéid agus cainníocht cheart na seirbhísí a sholáthar, lena chinntiú gur féidir an córas a bhainistiú go slán agus ardleibhéal foinsí fuinnimh in-athnuaite ann le linn na bearna sin. Leis an gComhairliúchán Bearna sin fiosraíodh roinnt roghanna agus moladh go gcuirfí síneadh leis na Socruithe Rialaithe DS3 atá i bhfeidhm faoi láthair.
Straitéis EirGrid maidir leis an mBithéagsúlacht	R1 agus R2 2025	Chuaigh EirGrid i dteagmháil leis an bpobal i gcaitheamh tréimhse 12 sheachtain chun léargas agus aiseolas a bhailiú maidir le Plean Straitéiseach nua EirGrid don Bhithéagsúlacht.
Sásra breisithe STSC-DASSA	R1 agus R2 2025	I mí an Mhárta 2025, rinne na OCTanna comhairliúchán maidir le Sásra Breisithe DASSA, agus chuir siad fáilte roimh aiseolas maidir leis an sásra atá beartaithe chun Infhaighteacht Iarmharach a Chinneadh (RAD). Bhí sé beartaithe leis na tograí RAD aghaidh a thabhairt ar aon bhearna idir torthaí DASSA, riachtanais fíor-ama an chórais, agus infhaighteacht fíor-ama iarbhír Shealbhóirí Orduithe DASSA, glan ar riachtanais eile an mhargaidh.
Measúnú uile-oileáin i dtaca le leordhóthanacht acmhainní 2026-2035 Comhairliúchán maidir le Modheolaíocht agus Ionchuir & Toimhdí	R2 2025	Ba é aidhm an chomhairliúcháin seo ná dul i gcomhairle maidir leis an modheolaíocht, na hionchuir agus na toimhdí le haghaidh AIRAA 2026-2035.
Criosanna fostáisiúin – Tionscadal Treisithe Eangaí Cill Dara Baile Átha Cliath	R2 2025	Ba é aidhm an chomhairliúcháin seo ná aiseolas a lorg maidir leis na criosanna a shainaithnítear laistigh den limistéar staidéir maidir le suíomh dhá Fhostáisiún Ghásinslithe (GIS), ceann amháin acu i gceantar Bhaile Stíl agus an ceann eile i gceantar Bhaile Uí Eidhin.

Comhairliúchán	Dáta	Léargas ginearálta
STSC: Paraiméadair agus scálaigh DASSA	R2 2025	I mí Mheán Fómhair 2024, d'fhoilsigh Coiste MLA (SEMC) a chinneadh i ndáil leis an dearadh molta le haghaidh Ceantanna Seirbhísí Córais Lá Roimh Ré (DASSA), a chuir na hOibreoirí Córais Tarchurtha (OCTanna) faoi bhráid CMLA i mí Iúil 2024. Tá forbairt DASSA á brú chun cinn ag na OCTanna mar fhreagairt ar an gcinneadh ó SEMC. Leis an gcinneadh ó SEMC ordaíodh do na OCTanna freisin dul i gcomhairle maidir le gnéithe de dhearadh an cheant laethúil, a bhfuil roinnt díobh clúdaithe sa pháipéar seo.
Páipéar comhairliúcháin maidir le Muirir chomhchuibhithe chórais eile (OSC) le haghaidh 2025/26	R2 2025	Ba é cuspóir an chomhairliúcháin seo ná deis a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chomhroinnt maidir leis an gcaoi a n-oibríonn 'Muirir Chórais Eile' agus cé acu a fheidhmíonn siad go héifeachtach i gcónaí nó nach bhfeidhmíonn. Tríd an gcomhairliúchán seo, lorg EirGrid aiseolas ar dhearadh, cur i bhfeidhm agus oiriúnacht fhoriomlán na muirear lena chinntiú go bhfuil siad ar aon dul le riachtanais an chórais i gcónaí, go dtacaíonn siad le hoibriú éifeachtúil, agus go léiríonn siad eispéireas na bpáirtithe leasmhara.
Struchtúr agus ábhar an Phlean Forbartha Tarchurtha	R2 2025	Is ceanglas reachtúil é an Plean Forbartha Tarchurtha (PTF) mar atá leagtha amach i gceadúnas OCT EirGrid agus i reachtaíocht na hÉireann agus an AE freisin, agus táirgtear laistigh de thimthriall dhá bhliain é. Tuairiscítear in PFT na tionscadail bonneagair tarchuir atá beartaithe lena dtógáil nó lena n-uasghrádú i gcaitheamh tréimhse deich mbliana. Ba é aidhm an chomhairliúcháin seo ná aiseolas a lorg ón tionscal agus ó pháirtithe leasmhara maidir leis an gcaoi ar féidir PFT freastal níos fearr ar a lucht spéise amach anseo agus a chuid oibleagáidí reachtúla á gcomhlíonadh i gcónaí aige. Leis an léargas a fuaireamar rannchuideofar leis an struchtúr agus ábhar athbhreithnithe le haghaidh leaganacha de PFT amach anseo.
TLAFanna beartaithe 2025/26	R2 2025	D'fhoilsigh EirGrid a thacar beartaithe d'Fhachtóirí Coigeartaithe Caillteanais Tarchurtha (TLAFanna) le haghaidh 2024/25 i gcomhair comhairliúcháin. Is éard is Fachtóirí Coigeartaithe Caillteanais Tarchurtha ann ná an chaoi a leithdháilimid caillteanais tarchurtha ar ghineadóirí/idirnascairí.
Céim 2 de Sholáthar LCIS - Riachtanais, socruithe conarthacha agus soláthair	R3 2025	Ba é aidhm an chomhairliúcháin seo ná léargas a bhailiú maidir le riachtanais LCIS, lena n-áirítear socruithe conarthacha agus soláthair. Chun tacú leis an gcomhairliúchán seo, tionóladh seimineár gréasáin ar an 19 Lúnasa chun an cur chuige beartaithe i leith Chéim 2 de Sholáthar LCIS a chur i láthair agus chun rannpháirtithe a ghlacadh isteach trí sheisiún Ceisteanna agus Freagraí.
Comhairliúchán Scálach Ganntanais Ama maidir le Seirbhísí Córais DS3	R3 2025	Faoin gcreat cinntí lena rialaítear Seirbhísí Córais DS3, ceanglaítear ar na OCTanna leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus costais na socruithe taraife agus tuairisciú do na Ranna go ráithiúil, de réir SEM-23-103 agus, más cuí, athbhreithnithe ar rátaí taraife reatha agus/nó scálaigh ghaolmhara a mholadh. Ba é aidhm an chomhairliúcháin seo ná ionchur agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara sa tionscal a bhailiú ar an méid thuas.

Comhairliúchán	Dáta	Léargas ginearálta
Comhairliúchán maidir leis an Dréacht-Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht Tarchuir Leictreachais 2024 agus an Dréacht-Tuarascáil faoi Phleanáil agus Seachadadh Infheistíochta 2024	R3 2025	An Dréacht-Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht Tarchuir Leictreachais 2024 agus an Dréacht-Tuarascáil faoi Phleanáil agus Seachadadh Infheistíochta 2024, arna bhfoilsiú i gcomhair comhairliúcháin ón 20 Lúnasa go dtí an 17 Meán Fómhair 2025, ullmhaítear i gcomhpháirt le Líonraí BSL mar ÚST iad. Leagtar amach sna tuarascálacha sin feidhmíocht bhliantúil maidir le hoibriú agus forbairt an Chórais Tarchurtha agus soláthraítear forbhreathnú soiléir cuimsitheach neamhtheicniúil do pháirtithe leasmhara ar fheidhmíocht i gcaitheamh na bliana féilire.
Dréachtphlean EirGrid um Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara 2026	R4 2025	Déantar comhairliúchán maidir leis an bPlean um Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara mar chuid de dhreasacht NSEE CRU. Is é is aidhm don chomhairliúchán ná aiseolas a bhailiú ar ghníomhaíochtaí beartaithe EirGrid i dtaobh rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara.
Páipéar maidir le Rátaí Taraife Tástála Beartaithe don Bhliain Féilire 2026	R4 2025	Cuirtear taraifí tástála i bhfeidhm ar Aonaid Faoi Thástáil (AFT) sa Mhargadh Leictreachas Aonair (MLA) bunaithe ar thoilleadh MW an aonaid ghineadóra. Bíonn na taraifí ag brath ar chineál na tástála atá ar bun agus an tionchar ar shlándáil an chórais. Tá roinnt costas ann a mheasann na hOibritheoirí Córais Tarchurtha (OCTanna) a bheith iomchuí lena n-áireamh sna taraifí tástála. Baineann na costais sin le rannán F.13 den Chód Tráchtála agus Socraithe. Ba é aidhm an chomhairliúcháin seo ná tuairimí a lorg ón tionscal maidir le tograí EirGrid atá mionsonraithe inár ndoiciméadacht chomhairliúcháin.
An tIarthuaisceart a Chumhachtú Céim 3 Comhairliúchán	R3 2025	I gcomhairliúchán EirGrid dar teideal An tIarthuaisceart a Chumhachtú, iarradh ar phobail ar fud Dhún na nGall, Shligigh, Liatroma agus Ros Comáin a dtuairimí a thabhairt maidir le dhá líne lasnairde nua 220 kV atá beartaithe chun freastal ar an éileamh méadaitheach ar leictreachas agus chun tacú le fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú sa réigiún.
Comhairliúchán maidir le modh soláthair um Stóráil Fhadtréimhseach Fuinnimh (LDES)	R3 2025	Comhairliúchán maidir le Cur Chuige Soláthair LDES - d'eisigh EirGrid comhairliúchán poiblí inar leagadh amach an Cur Chuige Soláthair atá beartaithe le haghaidh Stóráil Fhadtréimhseach Fuinnimh, mar fhreagairt ar an gCreat Beartais um Stóráil Leictreachais de chuid Rialtas na hÉireann, Gníomh 6 de go sonrach, ina n-iarrtar go soláthrófaí suas le 500 MW de theicneolaíochtaí stórála fuinnimh 4 uair an chloig láithreach, ar teicneolaíochtaí iad sin lenar féidir leictreachas a iompórtáil, a stóráil agus a easpórtáil chuig an gcóras tarchurtha. Bhí an comhairliúchán ar oscailt ar feadh 6 seachtaine agus tacaíodh leis le seimineár gréasáin don tionscal agus rinneadh cur i láthair ina leith ag an gceardlann Margaí Cumhachta na Todhchaí, ar freastalaíodh air go pearsanta ar an láthair, i mí Dheireadh Fómhair 2025.



EirGrid

The Oval, 160 Shelbourne Road,
Ballsbridge, Dublin 4, D04 FW28, Ireland
+353 (0) 1 627 1700 | eirgrid.ie

WORLD LAND TRUST™
www.carbonbalancedpaper.com
CBP002856